Uimhir 18 *de* 2009

AN tACHT CRAOLACHÁIN 2009

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

Nithe Réamhráiteacha agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Mínithe.
3. Aisghairm.
4. Caiteachais.

CUID 2

Údarás Craolacháin na hÉireann

5. An lá bunaithe.
6. An tÚdarás, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh a bhunú.
7. Comhlacht corpraithe agus séala.
8. An tÚdarás, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh a cheapadh.
9. Critéir le haghaidh comhaltais.
10. Téarmaí agus cur as oifig.
11. Cathaoirleach an Údaráis nó cathaoirleach coiste reachtúil.
12. Eisiamh ó chomhaltas an Údaráis nó coiste reachtúil.
13. Cruinnithe den Údarás nó de choiste reachtúil.
14. Príomhoifigeach feidhmiúcháin an Údaráis.
15. Foireann.
16. Aoisliúntas.
17. Coistí comhairleacha.

18. Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.

19. Cuntasacht an phríomhfheidhmeannaigh don Choiste um Chuntais Phoiblí.

20. Cuntasacht phríomhfheidhmeannach agus chathaoirleach an Údaráis agus cathaoirleach coistí reachtúla do Choistí Oireachtais eile.

21. Comhaltaí den Údarás agus de choiste reachtúil do nochtadh leasanna áirithe.

22. Foireann an Údaráis do nochtadh leasanna áirithe.

23. Cód iompair.

24. Neamhspleáchas.

25. Cuspóirí an Údaráis.

26. Feidhmeanna an Údaráis.

27. Feidhmeanna an Choiste um Dheonú Conarthaí.

28. Feidhmeanna an Choiste um Chomhlíonadh.

29. Ráitis straitéise.

30. Cumarsáidí beartais.

31. Cumhachtaí.

32. Dualgais an Údaráis agus coistí reachtúla.

33. Tobhach.

34. Maoiniú ón Státchiste.

35. Iasachtaí.

36. Éarlaisí agus muirir i leith seirbhísí.

37. Cuntais agus iniúchtaí.

38. Tuarascálacha don Aire.

CUID 3

CRAOLTÓIRÍ — DUALGAIS, CÓID AGUS RIALACHA

39. Dualgais craoltóirí.

40. Craoltaí a thaifeadadh.

41. Fógraíocht.

42. Cóid chraolacháin.

43. Rialacha craolacháin.

44. Dréachtchóid chraolacháin agus dréachtrialacha craolacháin a iniúchadh.

45. Cóid chraolacháin agus rialacha craolacháin a thíolacadh don Aire.

46. Comhoibriú le páirtithe eile — caighdeáin agus féinrialáil.

CUID 4

Sásamh

47. Cód cleachtais — déileáil le gearáin.

48. Próiseas gearán.

49. Ceart freagartha.

CUID 5

Forfheidhmiú

Caibidil 1

Comhlíonadh téarmaí conartha

50. Gnóthaí conraitheora a imscrúdú.

51. Conradh faoi *Chuid 6* nó *8* a fhoirceannadh nó a fhionraí.

Caibidil 2

Smachtbhannaí Airgeadais

52. Mínithe (*Caibidil 2*).

53. Imscrúdú ar ghnóthaí craoltóra.

54. Tuarascáil, fionnachtana, moltaí agus nósanna imeachta a bhaineann le toradh imscrúdaithe.

55. Smachtbhannaí airgeadais.

56. Nithe atá le breithniú le linn méid smachtbhanna airgeadais a chinneadh.

Caibidil 3

Fógraí

57. Fógraí.

CUID 6

Conarthaí Craolacháin agus Conarthaí Soláthair Lánais — Craoltóirí Tráchtála agus Pobail.

58. Léiriú (*Cuid 6*).

59. Ceadúnas craolacháin.

60. Ceadúnas craolacháin a athrú.

61. Staideanna práinne.

62. Srian ar chonradh craolacháin fuaime a dheonú.

63. Conarthaí craolacháin fuaime.

64. Conarthaí craolacháin fuaime pobail.

65. Iarratais ar chonarthaí craolacháin fuaime.

66. Iarratais go ndeonófaí conarthaí craolacháin fuaime agus conradh seirbhíse clár teilifíse a chinneadh.

67. Mear-phróiseas iarratais chun conarthaí craolacháin fuaime a dheonú.

68. Conarthaí craolacháin fuaime i gcomhair seirbhísí craolacháin fuaime sealadacha nó institiúideacha.

69. Téarmaí agus coinníollacha conartha craolacháin.

70. Conradh seirbhíse clár teilifíse.

71. Conarthaí soláthair lánais.

72. Conarthaí soláthair lánais pobail.

73. Riachtanais phobail i leith craolacháin a mheasúnú.

74. Eolaithe clár leictreonacha.

75. Rialacha maidir le conarthaí um eolaí clár.

76. Seirbhísí craolacháin a tharchur trí chóras MMD.

77. Oibleagáidí iompair éigeantaigh agus tairisceana éigeantaí.

78. Cionta (*Cuid 6*).

CUID 7

CRAOLACHÁN SEIRBHÍSE POIBLÍ

CAIBIDIL 1

Corparáidí Craolacháin Seirbhíse Poiblí — Forálacha Comhchoiteanna

79. Comhlachtaí corpraithe.

80. Séalaí corparáidí.

81. An bord a cheapadh.

82. Critéir le haghaidh comhaltais boird.

83. Comhalta foirne a cheapadh.

84. Téarmaí agus cur as oifig.

85. Cathaoirleach.

86. Eisiamh ó chomhaltas boird.

87. Dualgais comhaltaí boird.

88. Cruinnithe.

89. Ardstiúrthóir.

90. Foireann.

91. Aoisliúntas.

92. Cuntasacht an ardstiúrthóra agus an chathaoirligh do Choistí Oireachtais.

93. Comhaltaí corparáide do nochtadh leasanna áirithe.

94. Foireann agus conraitheoirí le haghaidh seirbhísí do nochtadh leasanna áirithe.

95. Cód iompair.

96. Comhairle lucht féachana agus éisteachta.

97. Coistí comhairleacha.

98. Neamhspleáchas.

99. Ráiteas straitéise.

100. Measúnachtaí tionchair rannaigh ag an Údarás.

101. Ráiteas seirbhíse poiblí.

102. Ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanas feidhmíochta.

103. Toiliú an Aire le seirbhísí nua agus le hathruithe ar bhealaí.

104. Fochuideachtaí agus comhfhiontair a bhunú.

105. Dualgas corparáide maidir lena hioncam.

106. Fógráin.

107. Iasachtaí.

108. Idirbhearta idir an tseirbhís phoiblí agus deiseanna tráchtála.

109. Cuntais agus iniúchadh.

110. Tuarascálacha agus faisnéis.

111. Rochtain ar chartlanna.

112. Cód cleachtais cóirthrádála.

CAIBIDIL 2

Forálacha a bhaineann go sonrach le RTÉ

113. Raidió Teilifís Éireann.

114. Príomhchuspóirí agus cumhachtaí gaolmhara RTÉ.

115. Bonneagar craolacháin.

116. Cuntas clár neamhspleách.

Caibidil 3

Forálacha a bhaineann go sonrach le TG4

117. Teilifís na Gaeilge a bhuanú.

118. Príomhchuspóirí agus cumhachtaí gaolmhara TG4.

119. Cuntasacht ardstiúrthóir TG4 don Choiste um Chuntais Phoiblí.

Caibidil 4

Bunábhar Clár a Mhalartú agus Ceadúnú Speictrim

120. Dualgas bunábhar clár a sholáthar.

121. Ceadúnas craolacháin seirbhíse poiblí.

122. Staideanna Práinne.

Caibidil 5

Maoiniú Poiblí a Leithroinnt ar RTÉ agus ar TG4

123. Maoiniú poiblí a leithroinnt.

124. Moltaí maidir le hathruithe ar mhaoiniú poiblí.

Caibidil 6

Bealach Thithe an Oireachtais agus Bealach Scannán na hÉireann

125. Bealach Thithe an Oireachtais (*Houses of the Oireachtas Channel*).

126. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003.

127. Bealach Scannán na hÉireann (*Irish Film Channel*).

128. Formhaoirsiú ar mhaoiniú poiblí Bhealach Thithe an Oireachtais agus Bhealach Scannán na hÉireann.

CUID 8

Craolachán Digiteach agus an Craolachán Analóige a Mhúchadh

129. Mínithe (*Cuid 8*).

130. Feidhmeanna breise RTÉ.

131. Feidhmeanna breise an Údaráis.

132. Dualgas an Rialálaí Cumarsáide maidir le hilphléacsanna teilifíse trastíre digití.

133. Dualgas an Rialálaí Cumarsáide maidir le hilphléacsanna craolacháin fuaime trastíre dhigitigh.

134. Leasú ar chonarthaí craolacháin fuaime i gcomhair seirbhísí comhchraolacháin liostaithe.

135. Rialacháin lena bhforordaítear táillí.

136. Iarratais ar chonarthaí ilphléacs.

137. Iarratais go ndeonófaí conarthaí ilphléacs a chinneadh.

138. Téarmaí agus coinníollacha conarthaí ilphléacs.

139. Craolachán analóige a mhúchadh.

CUID 9

AN CEADÚNAS TEILIFÍSE

140. Mínithe (*Cuid 9*) — ordú — "áit shonraithe".

141. Rialacháin agus orduithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais — *Cuid 9*.

142. Srianta ar ghléas teilifíse a shealbhú.

143. Ceadúnais teilifíse a dheonú.

144. Rialacháin maidir le ceadúnais teilifíse.

145. Gníomhaire d'eisiúint ceadúnais teilifíse.

146. Iarraidh ceadúnas teilifíse a thaispeáint.

147. Dearbhú reachtúil.

148. Cionta i dtaobh gan ceadúnas teilifíse a bheith ag duine.

149. Fógra meabhrúcháin agus fógra i dtaobh íocaíochta seasta.

150. Fógra meabhrúcháin — dáta éifeachtach ceadúnais teilifíse agus táillí ceadúnais a ghnóthú.

151. Cionta a ionchúiseamh.

152. Leasuithe ilghnéitheacha.

CUID 10

AN CISTE CRAOLACHÁIN

153. Mínithe (*Cuid 10*).

154. An scéim um maoiniú craolacháin.

155. Cuspóirí scéime.

156. Méideanna a bheidh le híoc ag an Aire le scéim.

157. Ciste craolacháin.

158. Athbhreithnithe ar scéim.

159. Scéim a fhoirceannadh agus a dhíscaoileadh.

CUID 11

TUAIRISCIÚ TEILIFÍSE MÓRÓCÁIDÍ

160. Mínithe (*Cuid 11*).

161. Feidhm.

162. Mórócáidí a ainmniú.

163. Comhchomhairle.

164. Dualgais chraoltóirí maidir le mórócáidí ainmnithe.

165. Dualgais chraoltóirí maidir le hócáidí Ballstát.

166. Leigheasanna sibhialta.

167. Rátaí margaidh réasúnacha.

168. Féadfaidh craoltóir cáilitheach iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun cearta a fháil ó eagraí ócáide chun tuairisciú ar an ócáid ainmnithe a sholáthar ar sheirbhísí teilifíse in aisce sa Stát, etc.

169. Eadráin i leith rátaí margaidh réasúnacha i gcás go mbeidh eagraí ócáide toilteanach cearta craolacháin chun ócáide ainmnithe a dhíol le craoltóir cáilitheach.

170. Critéir chun rátaí margaidh réasúnacha a chinneadh.

171. Oibleagáid cóip de chomhaontú nó de shocrú maidir le cearta craolacháin a thabhairt don Aire.

172. Ordacháin agus fógra a sheirbheáil.

173. Athbhreithniú ar ócáidí ainmnithe.

CUID 12

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

174. CCÉ a dhíscaoileadh agus cosaint.

175. CGC a dhíscaoileadh agus cosaint.

176. Forálacha idirthréimhseacha — CCÉ.

177. Forálacha idirthréimhseacha — CGC.

178. Cuntais chríochnaitheacha CCÉ.

179. Toilithe Aire a tugadh i leith craoltóirí seirbhíse poiblí do leanúint i bhfeidhm.

CUID 13

RAIDIÓ-THEILEAGRAFAÍOCHT

180. Comhlua — Na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta.

181. Leasú ar na hAchtanna Craolacháin agus Raidió-Theileagrafaíochta (míneálacha a mhéadú, etc.)

182. Nithe a bhaineann le raidió-theileagrafaíocht.

CUID 14

Ilghnéitheach

183. Leasú ar mhínithe san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000.

184. Feidhmeanna an Aire i ndáil le líonraí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

185. Leasú ar alt 5 d'Acht 1998 (fógrán, etc., ag an gCoimisiún Reifrinn).

SCEIDEAL 1

Achtacháin a Aisghairtear

SCEIDEAL 2

Ailt 5 go 9 den Acht Radio-Thelegrafaíochta 1926

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999	1999, Uimh. 1
An tAcht Craolacháin (Leasú) 2007	2007, Uimh. 15
An tAcht Craolacháin (Maoiniú) 2003	2003, Uimh. 43
An tAcht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí) (Leasú) 2003	2003, Uimh. 13
An tAcht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí) 1999	1999, Uimh. 28
An tAcht Craolacháin (Cionta) 1968	1968, Uimh. 35
Na hAchtanna Craolacháin (Cionta) 1968 agus 1988	
An tAcht Craolacháin 1990	1990, Uimh. 24
An tAcht Craolacháin 2001	2001, Uimh. 4
An tAcht Craolacháin agus Raidió-Theileagrafaíochta 1988	1988, Uimh. 19
An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1964	1964, Uimh. 4
An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1966	1966, Uimh. 7
An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1971	1971, Uimh. 2
An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1973	1973, Uimh. 1
An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1974	1974, Uimh. 33
An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1976	1976, Uimh. 37
An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1979	1979, Uimh. 36
An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1993	1993, Uimh. 15
An tAcht um Údarás Craolacháin 1960	1960, Uimh. 10
An tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002	2002, Uimh. 20
An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007	2007, Uimh. 22
Acht na gCuideachtaí 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí 1990	1990, Uimh. 33
Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000	2000, Uimh. 28
An tAcht um Míchumas 2005	2005, Uimh. 14
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	1995, Uimh. 22
Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 1993	1993, Uimh. 25
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997	1997, Uimh. 2

An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003	2003, Uimh. 28
An tAcht Deochanna Meisciúla 2003	2003, Uimh. 31
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí 2005	2005, Uimh. 11
An tAcht Loingis Thráchtála 1955	1955, Uimh. 29
Police (Property) Act 1897	60 & 61Vic. c. 30.
An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983	1983, Uimh. 24
An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha 1989	1989, Uimh. 19
An tAcht Raidió agus Teilifíse 1988	1988, Uimh. 20
Acht an Reifrinn 1998.	
Registration of Clubs (Ireland) Act 1904	4 Edw. 7, c. 9
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht Radio-Thelegrafaíochta 1926	1926, Uimh. 45
An tAcht Radio-Thelegrafaíochta 1956	1956, Uimh. 4
An tAcht Raidio-Theileagrafaíochta 1972	1972, Uimh. 5
Na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 1988	

Uimhir 18 *de* 2009

AN tACHT CRAOLACHÁIN 2009

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT D'ATHMHEAS AN DLÍ A BHAINEANN LE SEIRBHÍSÍ CRAOLACHÁIN AGUS LE hÁBHAR CRAOLACHÁIN AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO BHUNÚ ÚDARÁIS AR A dTABHARFAR, SA BHÉARLA, *THE BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND* NÓ, SA GHAEILGE, ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN, DO DHÍSCAOILEADH CHOIMISIÚN CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN AGUS AN CHOIMISIÚIN UM GHEARÁIN CHRAOLACHÁIN, DO LEASÚ AGUS D'AISGHAIRM ACHTACHÁN ÁIRITHE A BHAINEANN LE CRAOLACHÁN, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE NITHE A BHAINEANN LE CEADÚNAIS TEILIFÍSE, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE RIALÁIL AGUS SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.

[12 *Iúil*, 2009]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Nithe Réamhráiteacha agus Ginearálta

Gearrtheideal.

1.—Féadfar an tAcht Craolacháin 2009 a ghairm den Acht seo.

Mínithe.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1926" an tAcht Radio-Thelegrafaíochta 1926;

ciallaíonn "Acht 1972" an tAcht Raidio-Theileagrafaíochta 1972;

ciallaíonn "Acht 1988" an tAcht Craolacháin agus Raidió-Theileagrafaíochta 1988;

ciallaíonn "Acht 1998" Acht an Reifrinn 1998;

ciallaíonn "Acht 2001" an tAcht Craolacháin 2001;

ciallaíonn "Údarás" Údarás Craolacháin na hÉireann;

ciallaíonn "CGC" an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin;

ciallaíonn "CCÉ" Coimisiún Craolacháin na hÉireann;

ciallaíonn "craoladh" tarchur, leaschraoladh nó leathadh a dhéanamh, trí líonra cumarsáide leictreonaí, ar chumarsáidí, fuaimeanna, síneacha, amharcíomhánna nó comharthaí, a bhfuil sé beartaithe go nglacfar go díreach iad ag an bpobal i gcoitinne, cibé acu a ghlactar nó nach nglactar na cumarsáidí, na fuaimeanna, na síneacha, na hamharcíomhánna nó na comharthaí sin iarbhír;

ciallaíonn "craoltóir" duine a sholáthraíonn teaglaim de bhunábhar clár chun í a tharchur, a leaschraoladh nó a leathadh mar sheirbhís craolacháin (cibé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh an duine sin an bunábhar sin a tharchur, a leaschraoladh nó a leathadh mar sheirbhís den sórt sin);

ciallaíonn "cód craolacháin" cód arna ullmhú faoi *alt 42*;

ciallaíonn "conradh craolacháin" conradh arna dhéanamh faoi *alt 63*, *64*, *68* nó *70*;

ciallaíonn "conraitheoir craolacháin" duine a mbeidh conradh craolacháin aige nó aici;

ciallaíonn "rialacha craolacháin" rialacha arna n-ullmhú faoi *alt 43*;

ciallaíonn "seirbhís craolacháin" seirbhís arb é atá inti teaglaim de bhunábhar clár de thuairisc ar bith agus a tharchuirtear, a leaschraoltar nó a leatar trí líonra cumarsáide leictreonaí, go díreach nó go neamhdhíreach lena ghlacadh go comhuaineach nó go comhuaineach nach mór ag an bpobal i gcoitinne, cibé acu a ghlactar an bunábhar sin nó nach nglactar iarbhír, agus i gcás ina soláthraítear na cláir in ord réamhsceidealta líneach, ach ní fholaíonn sé:

(*a*) seirbhís a sholáthraítear ar mhodh neamhlíneach is seirbhís ina roghnaíonn gach úsáidire de chuid na seirbhíse clár as catalóg clár, nó

(*b*) clos-seirbhísí agus seirbhísí closamhairc eile a sholáthraítear tríd an Idirlíon;

ciallaíonn "leanaí" daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois;

ciallaíonn "Rialálaí Cumarsáide" an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide;

ciallaíonn "meáin chumarsáide"—

(*a*) seirbhís craolacháin a sholáthar,

(*b*) léibheann seirbhísí craolacháin a sholáthar, nó

(*c*) nuachtáin nó tréimhseacháin a fhoilsiú arb é atá iontu go substaintiúil nuacht agus tráchtaireacht ar chúrsaí reatha;

ciallaíonn "craoltóir pobail" duine a mbeidh conradh aige nó aici faoi *ailt 64*, *68(1)(b)* nó *72*;

ciallaíonn "pobal comhleasa" grúpa daoine a bhfuil leas, comhcheangal nó nasc i bpáirt acu lena chéile;

ciallaíonn "Coiste um Chomhlíonadh" an coiste den Údarás arna bhunú chun na feidhmeanna atá leagtha amach in *alt 28* a ghabháil de láimh;

tá le "conradh soláthair lánais" an bhrí a shanntar dó in *alt 71*;

ciallaíonn "Coiste um Dheonú Conarthaí" an coiste den Údarás arna bhunú chun na feidhmeanna atá leagtha amach in *alt 27* a ghabháil de láimh;

ciallaíonn "corparáid" RTÉ nó TG4 nó iad araon, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn "Treoir ón gComhairle" Treoir 89/552/CEE an 3 Deireadh Fómhair 1989 ón gComhairle[1]maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh gníomhaíochtaí craolacháin teilifíse a shaothrú, arna leasú le Treoir 97/36/CE an 30 Meitheamh 1997 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]agus le Treoir 2007/65/CE an 11 Nollaig 2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3];

ciallaíonn "ardstiúrthóir" duine a cheapfar ina ardstiúrthóir nó ina hardstiúrthóir ar chorparáid faoi *alt 89(1)*;

ciallaíonn "líonra cumarsáide leictreonaí" córais tarchuir lena n-áirítear, más infheidhme—

(*a*) trealamh lascacháin,

(*b*) trealamh ródúcháin, nó

(*c*) acmhainní eile,

trínar féidir comharthaí a sheoladh de shreang, ar raidió, trí mheán optúil nó meán leictreamaighnéadach eile, agus folaíonn seoladh den sórt sin úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas—

(i) líonraí satailíte,

(ii) córais cáblaí leictreachais, a mhéid a úsáidtear iad chun comharthaí a tharchur,

(iii) líonraí fosaithe trastíre (idir líonraí ciorcadlasctha agus líonraí paicéadlasctha, lena n-áirítear an tIdirlíon),

(iv) líonraí trastíre soghluaiste,

(v) líonraí a úsáidtear le haghaidh craolacháin raidió nó craolacháin teilifíse nó lena n-aghaidh araon, agus

(vi) líonraí cáblatheilifíse agus teilifíse prótacail idirlín,

is cuma cén cineál faisnéise a sheoltar;

tá le "Comhaontú LEE" an bhrí a shanntar dó in Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 1993;

tá le "eolaí clár leictreonach" an bhrí a shanntar dó le *halt 74*;

tá le "conradh um eolaí clár leictreonach" an bhrí a shanntar dó le *halt 74*;

folaíonn "fostaíocht"—

(*a*) fostaíocht lánaimseartha,

[1]IO Uimh. L. 298/23, 17.10.1989
[2]IO Uimh. L. 202/60, 30.07.1997
[3]IO Uimh. L. 332, 18.12.2007

(*b*) fostaíocht pháirtaimseartha íoctha, i gcás go mbeidh an fhostaíocht sin ar siúl i mbliain an cheaptha nó go n-éiríonn sí i mblianta ina dhiaidh sin,

(*c*) fostaíocht shealadach íoctha, ar fostaíocht í ar feadh tréimhse 16 sheachtain nó níos mó i mbliain an cheaptha nó i mblianta ina dhiaidh sin, nó

(*d*) a bheith ar áirithiú faoi chonradh, go díreach nó go neamhdhíreach, in aon cháil mar chomhairleoir, sainchomhairleoir nó brústocaire, nó chun seirbhísí a sholáthar ag aon ghnó nó in aon ghnó a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí lena mbaineann;

ciallaíonn "lá bunaithe" an lá a cheapfaidh an tAire faoi *alt 5* chun bheith ina lá bunaithe chun críocha *Chuid 2*, *ailt 49*, *157* agus *Chuid 12*;

ciallaíonn "duine eiscthe" duine atá faoi dhlínse Ballstáit eile agus, chun críocha an mhínithe seo, tá feidhm ag an Treoir ón gComhairle chun an stát ar faoina dhlínse a thagann an duine a chinneadh;

ciallaíonn "cuspóir maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú" gníomhaíocht arna gabháil de láimh ag corparáid de bhun *mhír (j) d'alt 114(1)* nó *mhír (i) d'alt 118(1)*;

ciallaíonn "seirbhís saorchraolta" seirbhís craolacháin nach ngearrann an duine atá ag soláthar na seirbhíse aon mhuirear as í a ghlacadh;

ciallaíonn "sealbhóir"—

(*a*) i ndáil le conradh a dhéantar faoin Acht seo, an duine a bhfuil an conradh déanta ag an Údarás leis nó léi,

(*b*) i ndáil le ceadúnas arna dheonú faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, an duine ar deonaíodh an ceadúnas dó nó di;

tá le "cuideachta shealbhaíochta" an bhrí chéanna atá leis in Acht na gCuideachtaí 1963;

folaíonn "leasanna"—

(*a*) fostaíocht leo seo a leanas nó thar a gceann—

(i) aon ghnó a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí lena mbaineann,

(ii) aon eagraíocht atá ionadaitheach d'aon ghnó a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí lena mbaineann,

(*b*) úinéireacht aon ghnó a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí lena mbaineann,

(*c*) scaireanna in aon ghnó, nó bannaí nó bintiúir de chuid aon ghnó, nó infheistíochtaí eile dá samhail in aon ghnó, a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, i gcás gur mó ná €13,000 comhiomlán na sealúchas sin,

(*d*) stiúrthóireacht nó stiúrthóireacht fholaitheach (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) in aon ghnó a bhaineann

le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, agus atá ar teachtadh i láthair na huaire nó a bhí ar teachtadh i rith an dá bhliain roimhe sin, nó

(*e*) bronntanais taistil, laethanta saoire, iompair nó sochair eile (de bhreis ar €650), lena n-áirítear sochair ó aon leas tairbhiúil in aon ghnó, nó i dtaca le haon ghnó, a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, i rith an dá bhliain roimhe sin, a fuair an duine lena mbaineann nó a fuair a chéile nó a céile;

ciallaíonn "Comhchoiste Oireachtais" Comhchoiste de Thithe an Oireachtais dár shann na Tithe sin an ról maidir le nithe a bhaineann le craolachán a scrúdú;

ciallaíonn "pobal áitiúil" pobal baile nó limistéir eile uirbigh nó tuaithe;

ciallaíonn "litearthacht ó thaobh na meán" tuiscint níos fearr a thabhairt i gcrích i measc an phobail ar na nithe seo a leanas:

(*a*) cineál agus tréithe bunábhair a fhoilsítear tríd an gcraolachán agus trí mheáin leictreonacha ghaolmhara,

(*b*) na próisis trína ndéantar an bunábhar sin a roghnú, nó a chur ar fáil, lena fhoilsiú ag meáin chraolacháin agus ag meáin leictreonacha ghaolmhara,

(*c*) na próisis trínar féidir le daoine aonair agus pobail bunábhar fuaime agus closamhairc a chruthú agus a fhoilsiú tríd an gcraolachán agus trí mheáin leictreonacha ghaolmhara, agus

(*d*) na córais atá ar fáil lena ndéantar rialú, nó lenar féidir rialú a dhéanamh, ar rochtain ar bhunábhar a fhoilsítear tríd an gcraolachán agus trí mheáin leictreonacha ghaolmhara;

folaíonn "Ballstát" stát is stát conarthach sa Chomhaontú LEE;

ciallaíonn "Aire" an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha;

ciallaíonn "córas MMD" córas leata micreathonnach ilphointe a úsáidtear chun seirbhísí craolacháin a tharchur ar bhonn pointe go hilphointe;

tá le "ilphléacs" an bhrí a shanntar dó le *halt 129*;

ciallaíonn "conraitheoir ilphléacs" sealbhóir conartha arna dhéanamh faoi *alt 131*;

tá le "ceadúnas ilphléacs" an bhrí a shanntar dó le *halt 129*;

ciallaíonn "staid práinne náisiúnta" staid phráinne is strusócáid arna fógairt faoi alt 10 d'Acht 1926;

folaíonn "úinéireacht" aon leas dílseánaigh in aon ghnó a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, cibé acu is leas ruílse, léasach nó tairbhiúil an leas sin, agus beidh feidhm aige más rud é, maidir leis an leas—

(*a*) nach bhfuil sé ar teachtadh ach ag an duine lena mbaineann nó go bhfuil sé ar teachtadh i bpáirt le duine amháin eile nó níos mó, agus

(*b*) i gcás gur €5,000 nó níos mó a luach;

ciallaíonn "bunábhar clár" bunábhar closamhairc nó clos-bhunábhar agus folaíonn sé fógráin agus bunábhar arb é a bheidh ann, nuair a tharchuirtear é, tairiscint dhíreach don phobal earraí nó maoin eile (cibé acu réadach nó pearsanta) nó seirbhísí a dhíol leo nó a chur ar fáil dóibh;

ciallaíonn "seirbhís craolacháin a sholáthar" teaglaim de bhunábhar clár a chur ar fáil chun í a tharchur, a leaschraoladh nó a leathadh mar sheirbhís craolacháin;

ciallaíonn "craoltóir seirbhíse poiblí" RTÉ, TG4, Bealach Thithe an Oireachtais agus Bealach Scannán na hÉireann;

ciallaíonn "ceadúnas craolacháin seirbhíse poiblí" ceadúnas arna eisiúint faoi *alt 121*;

ciallóidh "cuspóirí seirbhíse poiblí" gníomhaíocht a ghabhfaidh corparáid de láimh de bhun *mhíreanna (a)* go *(i) d'alt 114(1)* nó *mhíreanna (a)* go *(h) d'alt 118(1)*;

ciallaíonn "Raidió Teilifís Éireann" an t-údarás a bunaíodh faoi alt 3 den Acht um Údarás Craolacháin 1960;

ciallaíonn "RTÉ" Raidió Teilifís Éireann;

ciallaíonn "rannach" a bheith bainteach le seirbhísí craolacháin agus seirbhísí atá gaolmhar le craolachán a sholáthar;

ciallaíonn "seirbhís craolacháin fuaime" seirbhís craolacháin a dhéanann tarchur, leaschraoladh nó leathadh, trí raidió-theileagrafaíocht, ar chumarsáidí, fuaimeanna, síneacha nó comharthaí a bhfuil sé beartaithe go nglacfar go díreach iad ag an bpobal i gcoitinne, cibé acu a ghlactar nó nach nglactar na cumarsáidí, na fuaimeanna, na síneacha nó na comharthaí sin iarbhír;

ciallaíonn "coiste reachtúil" an Coiste um Dheonú Conarthaí nó an Coiste um Chomhlíonadh nó iad araon, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn "bonn suibscríofa nó íoc ar amharc", i ndáil le seirbhís craolacháin a chur ar fáil, bonn ar bith le muirear a ghearradh ar dhuine maidir leis nó léi do ghlacadh seirbhís craolacháin, agus folaíonn sé an bonn le muirear den sórt sin a ghearradh faoi threoir líon na míreanna de bhunábhar clár ar ar amharc sé nó sí;

tá le "fochuideachta" an bhrí chéanna atá leis in Acht na gCuideachtaí 1963;

ciallaíonn "sochair aoisliúntais" pinsin, aiscí nó liúntais eile is iníoctha ar éirí as, ar scor nó ar bhás;

ciallaíonn "Teilifís na Gaeilge" an comhlacht a bunaíodh le halt 44 d'Acht 2001;

ciallaíonn "TG4" Teilifís na Gaeilge;

ciallaíonn "seirbhís clár teilifíse" seirbhís arb é atá inti teaglaim de bhunábhar clár closamhairc de thuairisc ar bith agus a tharchuirtear, a leatar nó a leaschraoltar trí raidió-theileagrafaíocht lena glacadh go díreach nó go neamhdhíreach ag an bpobal i gcoitinne;

tá le "conradh seirbhíse clár teilifíse" agus "conraitheoir seirbhíse clár teilifíse" an bhrí chéanna atá leo in *alt 70*;

ciallaíonn "táillí ceadúnais teilifíse" táille arna híoc ar cheadúnas arna dheonú faoi *alt 143* i leith gléis teilifíse (de réir bhrí *alt 140*);

ciallaíonn "modh trastíre", i ndáil le seirbhís craolacháin a tharchur, aon mhodh chun seirbhís den sórt sin a tharchur le raidió-theileagrafaíocht, seachas ar mhodh córais MMD nó feiste satailíte agus léifear "modh trastíre digiteach" dá réir sin;

folaíonn "tarchur", i gcás córais MMD, leathadh agus léifear an briathar "tarchuir" agus an briathar "atarchuir" dá réir sin;

ciallaíonn "suíomh gréasáin" suíomh gréasáin arna chothabháil ar an Idirlíon;

tá le "raidió-theileagrafaíocht" an bhrí chéanna atá le "radio-thelegrafaíocht" in Acht 1926.

Aisghairm.

3.—Aisghairtear na hachtacháin a luaitear sa i *Sceideal 1* a mhéid a shonraítear sa *tríú colún* de *Sceideal 1*.

Caiteachais.

4.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

Údarás Craolacháin na hÉireann

An lá bunaithe.

5.—Féadfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha na Coda seo, *ailt 49, 157* agus *Chuid 12*.

An tÚdarás, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh a bhunú.

6.—Ar an lá bunaithe—

(*a*) beidh arna bhunú comhlacht ar a dtabharfar, sa Bhéarla, *the Broadcasting Authority of Ireland*, nó, sa Ghaeilge, Údarás Craolacháin na hÉireann, chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh, agus

(*b*) beidh arna mbunú dhá choiste de chuid an Údaráis ar a dtabharfar an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh, chun na feidhmeanna a thugtar do na coistí sin leis an Acht seo a chomhlíonadh.

Comhlacht corpraithe agus séala.

7.—(1) Beidh an tÚdarás ina chomhlacht corpraithe le comharbas suthain agus beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha agus beidh cumhacht aige talamh agus maoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(2) Soláthróidh an tÚdarás séala dó féin a luaithe is féidir tar éis a bhunaithe.

(3) Déanfar séala an Údaráis a fhíordheimhniú—

(*a*) le síniú chathaoirleach an Údaráis nó le síniú comhalta eile den Údarás, nó

(*b*) le síniú comhalta d'fhoireann an Údaráis,

a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin.

(4) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartaíonn a bheith ina ionstraim a rinne an tÚdarás agus a bheith séalaithe le séala an Údaráis agus measfar gur ionstraim den sórt sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura suífear a mhalairt.

(5) Féadfaidh aon duine a bheidh údaraithe ag an Údarás chuige sin i gcoitinne nó go speisialta aon chonradh nó ionstraim a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann an Údaráis, ar conradh nó ionstraim é nó í nár ghá a bheith faoi shéala dá ndéanfadh nó dá bhforghníomhódh duine nach comhlacht corpraithe é nó í.

(6) Is faoi shéala an Údaráis a chomhlíonfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

An tÚdarás, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh a cheapadh.

8.—(1) 9 is líon do chomhaltaí an Údaráis—

(*a*) a ndéanfaidh an Rialtas 5 díobh a cheapadh ar ainmniú ón Aire, agus

(*b*) faoi réir *fho-alt (2)*, a ndéanfaidh an Rialtas 4 díobh a cheapadh ar ainmniú ón Aire.

(2) I gcás ina bhfuil ceapachán le déanamh ag an Rialtas faoi *fho-alt (1)(b)* nó faoin mír sin ag eascairt as folúntas dá dtagraítear in *alt 10(11)*—

(*a*) cuirfidh an tAire an ceapachán beartaithe in iúl don Chomhchoiste Oireachtais,

(*b*) déanfaidh an tAire, maidir le ceapachán faoi *fho-alt (1)(a),* ráiteas a chur ar fáil don Chomhchoiste Oireachtais ina léireofar taithí agus saineolas iomchuí na ndaoine nó an duine a bheidh ainmnithe ag an Aire lena gceapadh nó lena cheapadh nó lena ceapadh nó a bheidh ceaptha ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire, agus cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is iomchuí,

(*c*) déanfaidh an Comhchoiste Oireachtais, laistigh den tréimhse 90 lá ón tráth a chuirfear an méid sin in iúl dó, ainmneacha na ndaoine nó ainm an duine a bheartaíonn sé ba chóir don Aire a ainmniú faoi *fho-alt (1)(b)* a chur in iúl don Aire agus tabharfaidh sé cúiseanna, amhail taithí agus saineolas iomchuí, i ndáil leis na daoine nó leis an duine beartaithe a bheidh ainmnithe,

(*d*) beidh aird ag an Aire ar an gcomhairle agus féadfaidh sé nó sí glacadh leis na daoine beartaithe a bheidh ainmnithe nó le cuid díobh nó leis an duine a bheidh ainmnithe nó cinneadh a dhéanamh daoine eile nó duine eile de réir mar is cuí leis nó léi a ainmniú, agus

(*e*) a chinneadh nó a cinneadh a chur in iúl don Chomhchoiste Oireachtais.

(3) Fir a bheidh i 4 chomhalta ar a laghad de chomhaltaí an Údaráis agus mná a bheidh i 4 chomhalta ar a laghad díobh.

(4) 8 is líon chomhaltaí an Choiste um Dheonú Conarthaí—

(*a*) a ndéanfaidh an Rialtas 4 chomhalta acu a cheapadh, ar ainmniú ón Aire, agus

(*b*) a ndéanfaidh an tÚdarás 4 chomhalta acu a cheapadh, ar 2 chomhalta de chomhaltaí an Údaráis agus 2 chomhalta de chomhaltaí foirne an Údaráis iad.

(5) Féachfaidh an Rialtas agus an tÚdarás lena áirithiú, a mhéid is indéanta, go mbeidh cóimheá chomhionann ann idir fir agus mná i measc chomhaltaí an Choiste um Dheonú Conarthaí.

(6) 8 is líon chomhaltaí an Choiste um Chomhlíonadh—

(*a*) a ndéanfaidh an Rialtas 4 chomhalta acu a cheapadh, ar ainmniú ón Aire, agus

(*b*) a ndéanfaidh an tÚdarás 4 chomhalta acu a cheapadh, ar 2 chomhalta de chomhaltaí an Údaráis agus 2 chomhalta de chomhaltaí foirne an Údaráis iad.

(7) Féachfaidh an Rialtas agus an tÚdarás lena áirithiú, a mhéid is indéanta, go mbeidh cóimheá chomhionann ann idir fir agus mná i measc chomhaltaí an Choiste um Chomhlíonadh.

(8) Féadfaidh an Comhchoiste Oireachtais, d'fhonn comhairle a chur ar fáil don Aire faoi *fho-alt (2)*, painéal a bhunú, go ceann cibé tréimhse, agus ar a mbeidh cibé líon daoine, is cuí leis an gComhchoiste Oireachtais.

(9) Maidir le daoine a chuirfear ar phainéal arna bhunú faoi *fho-alt (8)*, beidh taithí acu ar réimse amháin nó níos mó, nó beidh cumas léirithe acu i réimse amháin nó níos mó, de na réimsí a luaitear in *alt 9(1)*, agus roghnófar iad d'fhonn a bheith ionadaitheach do leas an phobail i leith nithe a bhaineann le craolachán.

(10) Féachfaidh an Comhchoiste Oireachtais lena chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbeidh cóimheá chomhionann ann idir fir agus mná i measc na ndaoine a chuirfear ar phainéal faoi *fho-alt (8)*.

(11) Is ar an gComhchoiste Oireachtais amháin a bheidh freagracht as iarrthóirí a roghnú agus a chur ar phainéal arna bhunú faoi *fho-alt (8)*.

Critéir le haghaidh comhaltais.

9.—(1) Ní cheapfaidh an Rialtas duine chun a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil mura mbeidh taithí aige nó aici ar réimse amháin nó níos mó, nó mura mbeidh cumas léirithe aige nó aici i réimse amháin nó níos mó, de na réimsí seo a leanas—

(*a*) gnóthaí na meán,

(*b*) craolachán seirbhíse poiblí, craolachán tráchtála nó craolachán pobail,

(*c*) táirgeadh lánais craolacháin,

(*d*) teicneolaíochtaí na meán digiteach,

(*e*) gnóthaí ceardchumainn,

(*f*) gnóthaí gnó nó tráchtála,

(*g*) nithe a bhaineann le forbairt na Gaeilge,

(*h*) nithe a bhaineann le míchumas,

(*i*) ealaíona, ceol, spórt nó cultúr,

(*j*) eolaíocht, teicneolaíocht nó nithe comhshaoil,

(*k*) gnóthaí dlí nó rialála, agus

(*l*) gnóthaí sóisialta, oideachais nó pobail nó gnóthaí Gaeltachta.

(2) Ceapfar gach comhalta den Údarás agus de choiste reachtúil ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana agus beidh sé nó sí ionadaitheach do leas an phobail i leith nithe craolacháin.

(3) Le linn don Rialtas agus don Údarás téarma ceapacháin a shocrú faoi *fho-alt (2)*, breithneoidh siad an gá atá le leanúnachas comhaltais de chuid an Údaráis agus de chuid coiste reachtúil.

(4) Aon chomhalta den Údarás nó de choiste reachtúil a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire, beidh sé nó sí in-athcheaptha.

(5) Ní fhónfaidh comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil ar feadh níos mó ná 2 théarma oifige chomhleanúnacha.

(6) Féadfaidh comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil a cheapfaidh an Rialtas, éirí as oifig tráth ar bith trí litir a bheidh dírithe chuig an Rialtas, agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a shonrófar sa litir, nó ar an dáta a gheobhaidh an Rialtas an litir, cibé acu is déanaí.

(7) Féadfaidh comhalta den Údarás nó comhalta d'fhoireann an Údaráis a cheapfaidh an tÚdarás chun fónamh ar choiste reachtúil, éirí as a phost nó a post ar an gcoiste sin trí litir a bheidh dírithe chuig cathaoirleach an Údaráis, agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a shonrófar sa litir, nó ar an dáta a gheobhaidh cathaoirleach an Údaráis an litir, cibé acu is déanaí.

Téarmaí agus cur as oifig.

10.—(1) Íocfar le comhaltaí an Údaráis agus le comhaltaí coiste reachtúil arna cheapadh ag an Rialtas, as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás, cibé luach saothair (más ann) a chinnfidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Íocfar le comhaltaí an Údaráis agus le comhaltaí coiste reachtúil, as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás, cibé liúntais i leith caiteachas arna dtabhú acu i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna a chinnfidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Faoi réir na Coda seo, beidh comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil i seilbh oifige ar cibé téarmaí (seachas luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a íoc) a chinnfidh an tAire tráth a cheaptha nó a ceaptha.

(4) Cuirfidh an tAire faoi deara ráiteas i scríbhinn ina sonrófar saineolas nó taithí, téarmaí oifige agus luach saothair chomhaltaí an Údaráis agus comhaltaí de choiste reachtúil a leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.

(5) Féadfaidh an Rialtas, aon tráth, comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil a chur as oifig mar chomhalta den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh, más rud é, i dtuairim an Rialtais, go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó más dealraitheach don Rialtas gur gá é nó í a chur as oifig mar chomhalta chun go gcomhlíonfaidh an tÚdarás nó an coiste reachtúil, de réir mar a bheidh, a fheidhmeanna go héifeachtach, agus ní dhéanfar sin ach amháin sa chás go ndéanann gach Teach den Oireachtas rúin a rith ina n-éileofar é nó í a chur as oifig mar chomhalta.

(6) Scoirfidh comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, nó den choiste reachtúil, agus beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, más rud é, maidir leis an gcomhalta sin—

(*a*) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,

(*b*) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

(*c*) ar é nó í a chiontú ar díotáil ag cúirt dlínse inniúla, go ngearrfar téarma príosúnachta air nó uirthi,

(*d*) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, nó

(*e*) go ndícháileofar nó go srianfar é nó í ó bheith ina stiúrthóir ar aon chuideachta.

(7) Maidir le comhalta d'fhoireann an Údaráis a cheapfaidh an tÚdarás chun fónamh ar choiste reachtúil, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den choiste ar scor dá chonradh seirbhíse nó dá conradh seirbhíse leis an Údarás.

(8) I gcás ina mainneoidh comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil—

(*a*) ar feadh tréimhse comhleanúnaí 6 mhí, freastal ar chruinniú den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh, mura léireoidh an comhalta chun sástacht an Aire gur de dheasca breoiteachta a mhainnigh sé nó sí freastal,

(*b*) ceanglais *alt 21* a chomhlíonadh, nó

(*c*) dearbhú a thabhairt de réir cheanglais alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995,

féadfaidh an tAire, le toiliú an Rialtais, le hordú, an comhalta a chur as oifig mar chomhalta den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh.

(9) (*a*) Aon ordú a dhéanfar faoi *fho-alt (8),* leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is indéanta tar éis é a dhéanamh.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae ar ar leagadh an t-ordú faoi bhráid an Tí sin de réir *mhír (a)*, rún a rith ag neamhniú an ordaithe.

(*c*) Tiocfaidh neamhniú ordaithe faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin ordú roimh an rún a rith.

(10) Más rud é, maidir le comhalta (seachas comhalta dá dtagraítear i *bhfo-alt (11)*) den Údarás, nó de choiste reachtúil arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire, go bhfaighidh sé nó sí bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith faoi dhícháilíocht nó go gcuirfear as oifig é nó í, nó ar aon chúis eile go scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh, féadfaidh an Rialtas, ar ainmniú ón Aire, duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh don tréimhse a bheidh gan chaitheamh de théarma comhaltais an chomhalta den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh, arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire ba chúis leis an gcorrfholúntas, agus ar an dóigh chéanna ar ar ceapadh é nó í.

(11) Más rud é, maidir le comhalta den Údarás arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire faoi *mhír (b) d'alt 8(1)*, go bhfaighidh sé nó sí bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith faoi dhícháilíocht nó go gcuirfear as oifig é nó í, nó ar aon chúis eile go scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, féadfaidh an Rialtas, ar ainmniú ón Aire agus an tAire ag féachaint do chomhairle an Chomhchoiste Oireachtais, duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh don tréimhse a bheidh gan chaitheamh de théarma comhaltais an chomhalta den Údarás arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire faoi *mhír (b) d'alt 8(1)* ba chúis leis an gcorrfholúntas agus ar an dóigh chéanna ar ar ceapadh é nó í.

(12) Más rud é, maidir le comhalta de choiste reachtúil arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Údarás, go bhfaighidh sé nó sí bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith faoi dhícháilíocht nó go gcuirfear as oifig é nó í, nó ar aon chúis eile go scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den choiste, féadfaidh an tÚdarás duine dá chomhaltaí nó comhalta d'fhoireann an Údaráis a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den choiste chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh don tréimhse a bheidh gan chaitheamh de théarma comhaltais an chomhalta den choiste arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Údarás ba chúis leis an gcorrfholúntas agus ar an dóigh chéanna ar ar ceapadh é nó í.

Cathaoirleach an Údaráis nó cathaoirleach coiste reachtúil.

11.—(1) Déanfaidh an Rialtas ó am go ham de réir riachtanas na hócáide na daoine seo a leanas a cheapadh, ar ainmniú ón Aire—

(*a*) comhalta den Údarás chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach air,

(*b*) comhalta den Choiste um Dheonú Conarthaí arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas faoi *alt 8(4)(a)* chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach air, agus

(*c*) comhalta den Choiste um Chomhlíonadh arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas faoi *alt 8(6)(a)* chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach air.

(2) Beidh cathaoirleach i seilbh oifige, mura túisce a éagfaidh sé nó sí, a éireoidh sé nó sí as oifig an chathaoirligh nó a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach faoi *fho-alt (4)*, go dtí deireadh a thréimhse oifige nó a tréimhse oifige mar chomhalta den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh.

(3) Féadfaidh cathaoirleach éirí as a oifig nó as a hoifig mar chathaoirleach tráth ar bith trí litir a sheolfar chuig an Rialtas agus beidh éifeacht leis an éirí as, mura dtarraingeofar siar é roimhe sin i scríbhinn, nuair a thosóidh an cruinniú den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh, is túisce a thionólfar tar éis don Rialtas an t-éirí as a chur in iúl don chomhlacht.

(4) I gcás ina scoirfidh cathaoirleach le linn a théarma oifige nó a téarma oifige mar chathaoirleach de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar bheidh, scoirfidh sé nó sí freisin de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcomhlacht.

(5) San alt seo ciallaíonn "cathaoirleach" cathaoirleach an Údaráis nó cathaoirleach coiste reachtúil, de réir mar a bheidh.

Eisiamh ó chomhaltas an Údaráis nó coiste reachtúil.

12.—(1) I gcás ina n-ainmneofar comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh chuig Parlaimint na hEorpa, nó chuig ceachtar Teach den Oireachtas, beidh sé nó sí air sin ar fionraí ó chomhaltas an Údaráis nó an choiste reachtúil, de réir mar a bheidh, agus ní bheidh sé nó sí i dteideal páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Údarás nó den choiste reachtúil nó aon luach saothair nó liúntais a fháil ón Údarás i leith na tréimhse dar tosach an t-ainmniú sin agus dar críoch an tráth a mheasfar amhlaidh maidir leis an duine sin nár toghadh é nó í, de réir mar a bheidh.

(2) Más rud é, maidir le comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh.

(3) Más rud é, maidir leis an duine arb é nó í príomhfheidhmeannach an Údaráis nó ar comhalta é nó í d'fhoireann an Údaráis—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an Údarás agus ní íocfaidh an tÚdarás leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Údarás, aon luach saothair nó liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar amhlaidh é nó í, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh an duine sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(4) Aon duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal, faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas, suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil nó ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar an Údarás nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, léifear an fo-alt sin mar ní lena dtoirmisctear, *inter alia*, tréimhse a luaitear san fho-alt sin a ríomh mar sheirbhís leis an Údarás chun críocha aon sochar aoisliúntais.

(6) Aon duine a shealbhaíonn fostaíocht nó leas i ngnóthas craolacháin, lena n-áirítear craoltóir seirbhíse poiblí ach gan a bheith teoranta dó sin, nó i ngnóthas a shealbhaíonn conradh faoin Acht seo, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil.

(7) Aon duine a shealbhaíonn leas i ngnóthas a fhoilsíonn nuachtán sa Stát, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste reachtúil.

(8) Aon duine a shealbhaíonn comhaltas den Choiste um Dheonú Conarthaí, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste um Chomhlíonadh.

(9) Aon duine a shealbhaíonn comhaltas den Choiste um Chomhlíonadh, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste um Dheonú Conarthaí.

Cruinnithe den Údarás nó de choiste reachtúil.

13.—(1) Tionólfaidh an tÚdarás agus coiste reachtúil cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

(2) Féadfaidh an tAire dáta, tráth agus ionad a shocrú don chéad chruinniú den Údarás agus de choiste reachtúil.

(3) Faoi réir na Coda seo, déanfaidh an tÚdarás agus coiste reachtúil a nós imeachta agus a gcleachtas a rialáil le rialacha arna ndéanamh faoin alt seo.

(4) Foilseofar aon rialacha a dhéanfar faoin alt seo ar shuíomh gréasáin ar an Idirlíon a bheidh le cothabháil ag an Údarás.

(5) Ag cruinniú den Údarás nó de choiste reachtúil—

(*a*) is é nó is í cathaoirleach an Údaráis nó an choiste, de réir mar a bheidh, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, agus

(*b*) mura bhfuil agus fad nach bhfuil an cathaoirleach i láthair nó má tá agus fad atá oifig an chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí den Údarás nó den choiste, de réir mar a bheidh, atá i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(6) Ag cruinniú den Údarás nó de choiste reachtúil, beidh vóta ag gach comhalta den Údarás nó den choiste, de réir mar a bheidh, atá i láthair, lena n-áirítear an cathaoirleach agus, maidir le haon cheist ar gá vótáil ina leith chun tuairim an Údaráis nó an choiste a shuíomh, déanfar í a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Údarás nó den choiste reachtúil, de réir mar a bheidh, atá i láthair nuair a dhéantar an vótáil agus a vótálann ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh dara vóta agus vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(7) 5 is córam do chruinniú den Údarás.

(8) 5 is córam do chruinniú den Choiste um Dheonú Conarthaí, ar comhaltaí 2 chomhalta acu arna gceapadh ag an Rialtas faoi *alt 8(4)(a)*.

(9) 5 is córam do chruinniú den Choiste um Chomhlíonadh ar comhaltaí 2 chomhalta acu arna gceapadh ag an Rialtas faoi *alt 8(6)(a)*.

(10) Féadfaidh an tÚdarás nó coiste reachtúil gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a chomhaltaí.

(11) Faoi réir aon rialach a dhéanfar faoi *fho-alt (3)*, féadfar cruinnithe den Údarás nó de choiste reachtúil a thionól ar an teileafón nó trí mheán leictreonach oiriúnach eile trínar féidir le gach comhalta den Údarás nó den choiste reachtúil iomchuí cloisteáil agus trínar féidir gach comhalta den sórt sin a chloisteáil.

Príomhoifigeach feidhmiúcháin an Údaráis.

14.—(1) Beidh príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás ("príomhfheidhmeannach").

(2) Comhlíonfaidh an príomhfheidhmeannach a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi réir cibé beartas a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus beidh sé nó sí freagrach don Údarás as an Údarás, as an gCoiste um Dheonú Conarthaí agus as an gCoiste um Chomhlíonadh a bhainistiú go héifeachtúil éifeachtach agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

(3) Féadfaidh an príomhfheidhmeannach a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a tharmligean chuig comhalta foirne den Údarás, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an bpríomhfheidhmeannach, mura rud é go dtarmligtear chuig an bpríomhfheidhmeannach iad faoi réir

an choinníll nach ndéanfar iad a fho-tharmligean, agus beidh an comhalta foirne lena mbaineann cuntasach don phríomhfheidhmeannach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a tharmligtear amhlaidh chuige nó chuici.

(4) D'ainneoin aon tarmligin faoi *fho-alt (3)*, leanfaidh an príomhfheidhmeannach de bheith cuntasach gach tráth don Údarás as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a tharmligtear amhlaidh.

(5) Beidh príomhfheidhmeannach an Údaráis i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(6) Déanfaidh an tÚdarás an príomhfheidhmeannach a cheapadh, le toiliú an Aire, trí chomórtas poiblí.

(7) Féadfaidh an tAire príomhfheidhmeannach CCÉ a cheapadh chun bheith ina phríomhfheidhmeannach eatramhach nó ina príomhfheidhmeannach eatramhach ar an Údarás.

(8) Faoi réir *fho-alt (10)*, beidh príomhfheidhmeannach eatramhach an Údaráis i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse (is tréimhse nach faide in aon chás ná aon bhliain amháin tar éis bhunú an Údaráis) agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire.

(9) I gcás go scoirfidh príomhfheidhmeannach eatramhach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *fho-alt (7)* de bheith i seilbh oifige ar aon chúis (seachas faoi *fho-alt (10)*) roimh dhul in éag do thréimhse a cheapacháin nó a ceapacháin, féadfaidh an tAire duine a cheapadh ar a dtabharfar an príomhfheidhmeannach eatramhach agus a bheidh i seilbh oifige go ceann cibé tréimhse (is tréimhse nach rachaidh in aon chás thar a mbeidh fágtha de théarma oifige an duine ba chúis leis an bhfolúntas a gceapfar é nó í lena líonadh) agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire.

(10) Nuair a cheapfar príomhfheidhmeannach faoi *fho-alt (6)* nó *(12)*, scoirfidh príomhfheidhmeannach eatramhach an Údaráis d'oifig a shealbhú.

(11) Go dtí go gceapfar príomhfheidhmeannach ar an Údarás faoi *fho-alt (6)* nó *(12)*, déanfaidh príomhfheidhmeannach eatramhach an Údaráis feidhmeanna uile príomhfheidhmeannaigh faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(12) D'ainneoin *fho-alt (6)*, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus gan roghnú a dhéanamh trí chomórtas poiblí, duine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar CCÉ, a cheapadh chun bheith ina chéad nó ina céad phríomhfheidhmeannach ar an Údarás.

(13) Ní shealbhóidh an príomhfheidhmeannach aon oifig nó fostaíocht eile ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó eile gan toiliú an Údaráis.

(14) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach cibé faisnéis (lena n-áirítear faisnéis airgeadais) a éileoidh an tÚdarás ó am go ham i

ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a thabhairt don Údarás.

(15) Féadfaidh cibé comhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh ainmnithe ó am go ham ag an Údarás chun na críche sin feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh a chomhlíonadh le linn don phríomhfheidhmeannach a bheith as láthair nó nuair a bheidh post an phríomhfheidhmeannaigh folamh.

(16) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, an príomhfheidhmeannach a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe.

Foireann.

15.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, chomh maith leis an bpríomhfheidhmeannach a cheapadh, cibé daoine agus cibé líon daoine eile is cuí leis an Údarás ó am go ham a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis, faoi réir réamhthoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(2) Ní cheapfar duine faoin alt seo chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis mura rud é go ndearnadh é nó í a roghnú trí chomórtas poiblí.

(3) Níl feidhm ag an gceanglas faoi *fho-alt (2)* go roghnófar duine trí chomórtas poiblí:

(*a*) i ndáil le duine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann CCÉ,

(*b*) i ndáil le ceapachán arb éard atá ann ardú céime do dhuine is comhalta cheana féin d'fhoireann an Údaráis,

(*c*) i ndáil le hoifig ar gá, i dtuairim an Údaráis, saincháilíochtaí chuici nach gnách ag daoine, nó

(*d*) i ndáil le hoifig nach ndéantar ceapacháin chuici ach amháin go ceann tréimhsí teoranta, is tréimhsí nach faide ná 2 bhliain.

(4) Sealbhóidh comhalta d'fhoireann an Údaráis a oifig nó a hoifig nó a fhostaíocht nó a fostaíocht ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham, faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(5) Féadfaidh an tÚdarás aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh trí aon duine dá chomhaltaí foirne a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chuige sin.

(6) Glacfaidh an tÚdarás isteach ina fhostaíocht ar an lá bunaithe, de réir an ailt seo, gach duine atá, díreach roimh an lá bunaithe, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann CCÉ.

(7) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon chomhalta d'fhoireann CCÉ a aistreofar ar an lá bunaithe chuig an Údarás, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an Údaráis, ní lú an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na coinníollacha seirbhíse a mbeidh sé nó sí faoina réir ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na coinníollacha seirbhíse a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá bunaithe.

(8) Go dtí cibé tráth a dhéanfaidh an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle le ceardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta, athrú

ar scálaí pá agus coinníollacha seirbhíse comhaltaí foirne a aistreofar amhlaidh, leanfaidh na scálaí pá a raibh teideal acu chucu agus na coinníollacha seirbhíse, na srianta, na ceanglais agus na hoibleagáidí a raibh siad faoina réir sular aistríodh iad d'fheidhm a bheith acu maidir leo agus féadfaidh an tÚdarás nó príomhfheidhmeannach an Údaráis, de réir mar a bheidh, iad a fheidhmiú nó a fhorchur fad a bheidh siad i seirbhís an Údaráis. Mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (7)*, ní oibreoidh aon athrú den sórt sin chun gur measa na scálaí pá agus na coinníollacha seirbhíse a bhain leis na comhaltaí foirne sin díreach roimh an lá bunaithe, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann.

(9) Na coinníollacha maidir le seilbh oifige a dheonóidh an tÚdarás i ndáil le comhalta foirne a aistreofar amhlaidh ní lú fabhar dó nó di iad, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an Údaráis, ná na coinníollacha a bheidh i réim ar an lá bunaithe i CCÉ. Aon athrú ar na coinníollacha maidir le seilbh oifige aon chomhalta den sórt sin ní lú fabhar dó nó di é ná na coinníollacha a bheidh i réim i CCÉ tráth an athraithe sin, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann. Má bhíonn aon díospóid idir an tÚdarás agus aon chomhalta foirne den sórt sin i dtaobh na gcoinníollacha a bhí i réim i CCÉ ar an lá bunaithe, is é nó is í an tAire Airgeadais a chinnfidh an ní.

Aoisliúntas.

16.—(1) A luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe, déanfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí foirne an Údaráis, lena n-áirítear príomhfheidhmeannach an Údaráis, nó ina leith.

(2) Socróidh scéim aoisliúntais an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim aoisliúntais lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Maidir le scéim aoisliúntais a chuirfidh an tÚdarás faoi bhráid an Aire, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, déanfaidh an tÚdarás í a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(5) Beidh ar áireamh i ngach scéim aoisliúntais foráil le haghaidh achomharc i gcoinne breithe a bhaineann le sochar aoisliúntais faoin scéim.

(6) Ní dheonóidh an tÚdarás aon sochair aoisliúntais do dhuine nó ina leith, ar scor dó nó di de bheith ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar an Údarás nó de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis, ar shlí seachas—

(*a*) de réir scéime nó scéimeanna aoisliúntais, nó

(*b*) le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(7) Beidh foráil i ngach scéim aoisliúntais maidir le coinníollacha i leith daoine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina gcomhaltaí

d'fhoireann CCÉ ar coinníollacha iad nach lú fabhar ná na coinníollacha a raibh teideal acu chucu díreach roimh an lá bunaithe.

(8) Maidir leis na sochair aoisliúntais a fhéadfar a dheonú do dhaoine nó i leith daoine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina gcomhaltaí d'fhoireann CCÉ, eisíocfar iad ar choinníollacha nach lú fabhar ná na coinníollacha a mbeadh feidhm acu dá leanfaí de na sochair dá dtagraítear a íoc as airgead arna sholáthar ag CCÉ.

(9) I gcás go mbeidh sochar aoisliúntais le híoc le duine lena mbaineann *fo-alt (7)*, nó ina leith, sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh theacht i ngníomh do scéim arna cur faoi bhráid an Aire agus arna ceadú faoin alt seo, déanfaidh an tÚdarás an liúntas a ríomh agus a íoc de réir cibé socruithe aoisliúntais nó cibé achtacháin i ndáil le haoisliúntas, a bhain leis an duine sin díreach roimh an lá bunaithe agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís inphinsin nó a seirbhís inphinsin leis an Údarás a chomhiomlánú lena sheirbhís inphinsin nó lena seirbhís inphinsin roimhe sin.

(10) (*a*) Déanfaidh an tAire scéim aoisliúntais a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh scéim faoi bhráid an Tí sin de réir *mhír (a),* an scéim a neamhniú.

(*c*) Tiocfaidh neamhniú scéime faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin scéim roimh an rún a rith.

Coistí comhairleacha.

17.—(1) Féadfaidh an tÚdarás coistí comhairleacha a bhunú chun comhairle agus cabhair a thabhairt dó nó do choiste reachtúil i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(2) I gcás ina mbeidh comhaltaí seachas comhaltaí den Údarás nó de choiste reachtúil nó d'fhoireann an Údaráis ar áireamh ar choistí comhairleacha, féadfar cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas a mheasfaidh an tÚdarás a bheith réasúnach a íoc leis na comhaltaí sin faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(3) Féadfaidh an tÚdarás nós imeachta a choistí comhairleacha a rialáil ach, faoi réir na rialála sin, féadfaidh coiste comhairleach a nós imeachta féin a rialáil.

(4) Beidh aird ag an Údarás nó ag coiste reachtúil agus ag an bpríomhfheidhmeannach ar an gcomhairle a thabharfaidh aon choiste comhairleach faoin alt seo ach ní bheidh siad faoi cheangal déanamh dá réir.

Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.

18.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, ó am go ham, cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh an tÚdarás nó coiste reachtúil is gá chun feidhmeanna an Údaráis nó coiste reachtúil a chomhlíonadh, agus déanfaidh an tÚdarás aon táillí a bheidh dlite do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir a fhostófar faoin alt seo a íoc as airgead a bheidh faoina réir aige.

(2) Beidh aird ag an Údarás nó ag coiste reachtúil agus ag an bpríomhfheidhmeannach ar an gcomhairle a thabharfaidh aon

sainchomhairleoir nó comhairleoir faoin alt seo ach ní bheidh siad faoi cheangal déanamh dá réir.

Cuntasacht an phríomh-fheidhmeannaigh don Choiste um Chuntais Phoiblí.

19.—(1) Aon uair a éileoidh Coiste de Dháil Éireann air nó uirthi déanamh amhlaidh, ar Coiste é arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann orthu, tabharfaidh an príomhfheidhmeannach fianaise don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, le reacht nó faoi reacht, ar an Údarás a ullmhú,

(*b*) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis i dtaca le húsáid a chuid acmhainní,

(*c*) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a oibríochtaí a mheasúnú,

(*d*) aon ní a fhearann ar an Údarás agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhainfidh sé le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann, agus

(*e*) gach ní a bhaineann leis an Údarás do chaitheamh an airgid a gheofar faoi *alt 34*.

(2) Ní dhéanfaidh an príomhfheidhmeannach, má éilítear air nó uirthi fianaise a thabhairt faoi *fho-alt (1)*, ceist a chur nó tuairim a nochtadh i dtaobh thuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó i dtaobh tuillteanas cuspóirí beartais den sórt sin.

Cuntasacht phríomhfheidhm-eannach agus chathaoirleach an Údaráis agus cathaoirleach coistí reachtúla do Choistí Oireachtais eile.

20.—(1) San alt seo, ciallaíonn "Coiste" Coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar (seachas an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann) nó fochoiste de Choiste den sórt sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, freastalóidh an príomhfheidhmeannach os comhair Coiste, ar iarraidh i scríbhinn uaidh, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis agus coiste reachtúil.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, freastalóidh cathaoirleach an Údaráis nó coiste reachtúil os comhair Coiste, ar iarraidh i scríbhinn uaidh, chun léiriú a thabhairt ar thuairimí an Údaráis nó coiste reachtúil.

(4) Ní cheanglófar ar an bpríomhfheidhmeannach nó ar an gcathaoirleach cuntas a thabhairt os comhair Coiste, nó léiriú a thabhairt ar thuairimí an Údaráis nó coiste reachtúil do Choiste, i leith aon ní is ábhar d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát nó ab ábhar d'imeachtaí den sórt sin nó a fhéadfaidh a bheith ina ábhar d'imeachtaí den sórt sin sa todhchaí.

(5) Más é tuairim an phríomhfheidhmeannaigh nó an chathaoirligh gur ní lena mbaineann *fo-alt (4)* aon ní a n-iarrtar ar an bpríomhfheidhmeannach nó ar an gcathaoirleach cuntas a thabhairt ina leith os comhair Coiste, nó léiriú a thabhairt ar thuairimí an Údaráis nó coiste reachtúil do Choiste, cuirfidh sé nó sí an tuairim sin in iúl don Choiste mar aon leis na cúiseanna atá leis an tuairim agus, mura dtabharfar an fhaisnéis don Choiste tráth a mbeidh an príomhfheidhmeannach nó an cathaoirleach os a chomhair, tabharfar an fhaisnéis amhlaidh i scríbhinn.

(6) I gcás ina mbeidh an príomhfheidhmeannach nó an cathaoirleach tar éis a thuairim nó a tuairim a chur in iúl do Choiste de réir *fho-alt (5)* agus nach dtarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó i *bhfo-alt (3)* a mhéid a bhainfidh sí le ní is ábhar don tuairim sin—

(*a*) féadfaidh an príomhfheidhmeannach nó an cathaoirleach, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Choiste an bhreith uaidh gan déanamh amhlaidh a chur in iúl dó nó di, iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte chun an cheist a chinneadh i dtaobh an ní é an ní a bhfuil feidhm ag *fo-alt (4)* maidir leis, nó

(*b*) féadfaidh cathaoirleach an Choiste iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an Choiste,

agus féadfaidh an Ard-Chúirt an ní a chinneadh.

(7) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (6)*, ní fhreastalóidh an príomhfheidhmeannach nó an cathaoirleach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas nó tuairimí an Údaráis nó coiste reachtúil a léiriú maidir leis.

(8) Má chinneann an Ard-Chúirt, maidir leis an ní lena mbaineann, gur ní é a bhfuil feidhm ag *fo-alt (4)* maidir leis, tarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó i *bhfo-alt (3),* ach má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (4),* freastalóidh an príomhfheidhmeannach nó an cathaoirleach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní nó chun léiriú a thabhairt ar thuairimí an Údaráis nó coiste reachtúil maidir leis.

Comhaltaí den Údarás agus de choiste reachtúil do nochtadh leasanna áirithe.

21.—(1) Aon chomhalta den Údarás nó de choiste reachtúil—

(*a*) ag a bhfuil aon leas in aon chomhlacht nó gnólacht lena ndearna an tÚdarás conradh nó lena mbeartaíonn an tÚdarás conradh a dhéanamh, nó

(*b*) ag a bhfuil aon leas in aon chonradh a rinne an tÚdarás nó a bheartaíonn an tÚdarás a dhéanamh,

nochtfaidh sé nó sí don Údarás nó don choiste go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é cineál an leasa agus ní bheidh sé nó sí i láthair ag aon phlé nó breith ag an Údarás nó ag an gcoiste maidir leis an gconradh.

(2) Más rud é, ag cruinniú den Údarás nó de choiste reachtúil, go n-éiríonn aon cheann de na nithe seo a leanas, eadhon—

(*a*) socrú ar páirtí ann an tÚdarás nó an coiste nó socrú den sórt sin atá beartaithe, nó

(*b*) conradh nó comhaontú eile leis an Údarás nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,

ansin, maidir le haon chomhalta den Údarás nó de choiste reachtúil atá i láthair ag an gcruinniú agus a bhfuil leas aige nó aici sa ní ar shlí eile seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin—

(i) ag an gcruinniú, nochtfaidh sé nó sí don Údarás nó don choiste go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é cineál an leasa,

(ii) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh le tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt i ndáil leis an ní,

(iii) fanfaidh sé nó sí as láthair ón gcruinniú nó ón gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléitear an ní,

(iv) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon phlé a dhéanfaidh an tÚdarás nó an coiste i ndáil leis an ní, agus

(v) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(3) I gcás go nochtfar leas faoin alt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an ní lena mbaineann an nochtadh á bhreithniú nó á phlé ag an gcruinniú, ní áireofar an comhalta a dhéanann an nochtadh sa chóram don chruinniú.

(4) I gcás go n-éireoidh ceist ag cruinniú den Údarás nó de choiste reachtúil i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag comhalta den Údarás, nó de choiste reachtúil den Údarás, dá ndéanfadh sé nó sé dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* nó *(2)* a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás nó an coiste an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an Údaráis nó an choiste, agus i gcás go gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(5) Chun críocha an ailt seo agus *alt 22* ní mheasfar leas in aon ní a bheith ag duine de bhíthin amháin go bhfuil leas ag an duine sin, nó ag aon chuideachta a bhfuil leas aige nó aici inti, atá chomh cianda nó chomh beagthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dóigh dó tionchar a imirt ar dhuine le linn dó nó di breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist maidir leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm a chomhlíonadh i ndáil leis an ní sin.

Foireann an Údaráis do nochtadh leasanna áirithe.

22.—(1) Más rud é, maidir le comhalta d'fhoireann an Údaráis nó sainchomhairleoir nó comhairleoir atá fostaithe faoi *alt 18*, in earnáil arna sonrú sular fhostaigh an tÚdarás é nó í, go bhfuil leas aige nó aici ar shlí eile seachas ina cháil nó ina cháil mar chomhalta, sainchomhairleoir nó comhairleoir den sórt sin, in aon chonradh, nó in aon chonradh beartaithe, ar páirtí ann, nó a mbeartaítear gur páirtí ann, an tÚdarás, nó in aon chomhaontú nó socrú nó in aon chomhaontú nó socrú beartaithe ar páirtí ann, nó a mbeartaítear gur páirtí ann, an tÚdarás nó coiste reachtúil—

(*a*) nochtfaidh sé nó sí don Údarás go bhfuil leas aige nó aici agus cad é cineál an leasa,

(*b*) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt i gcaibidil an chonartha, an chomhaontaithe nó an tsocraithe nó in aon phlé ag

comhaltaí an Údaráis nó an choiste nó ag comhaltaí d'fhoireann an Údaráis i ndáil leis,

(*c*) ní imreoidh sé nó sí tionchar ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt ar bhreith a bheidh le tabhairt ar an ní, agus

(*d*) ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine i dtaca le conradh nó conradh beartaithe fostaíochta de chuid an duine sin mar chomhalta d'fhoireann an Údaráis.

(3) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine i dtaca le conradh nó conradh beartaithe le haghaidh seirbhísí i leith an duine sin.

(4) San alt seo folaíonn "comhalta d'fhoireann" an príomhfheidhmeannach.

(5) I gcás ina mainneoidh duine lena mbaineann *fo-alt (1)* ceanglas den alt seo a chomhlíonadh, tabharfaidh an tÚdarás breith maidir leis an mbeart cuí (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) a bheidh le déanamh.

Cód iompair.

23.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is féidir, cód iompair a tharraingt suas agus a ghlacadh i leith rialuithe ar leasanna agus iompair eiticiúil a mbeidh feidhm aige maidir le gach comhalta den Údarás, de choiste reachtúil, de choiste comhairleach agus gach comhalta d'fhoireann an Údaráis.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is féidir, cód iompair a tharraingt suas i leith rialuithe ar leasanna agus iompair eiticiúil a mbeidh feidhm aige maidir le cibé earnálacha conraitheoirí le haghaidh seirbhísí a shonróidh an tÚdarás roimh an bhfostú.

(3) Foilseoidh an tÚdarás ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás aon chód iompair a tharraingeofar suas faoi *fho-ailt (1)* agus *(2)*.

Neamhspleáchas.

24.—Faoi réir an Achta seo, beidh an tÚdarás agus gach coiste reachtúil neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Cuspóirí an Údaráis.

25.—(1) Déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú—

(*a*) maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh,

(*b*) go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus

(*c*) go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla—

(*a*) soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh,

(*b*) a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach san Acht seo a chomhall,

(*c*) éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó ag a bhfuil tionchar,

(*d*) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú,

(*e*) timpeallachta rialaitheach a sholáthar dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú,

(*f*) leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a ghéilliúla agus atá leanaí agus an óige do shaothrú tráchtála míchuí.

(*g*) timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, agus

(*h*) forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

(3) Féachfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena chinntiú, maidir leis na bearta a dhéanfar—

(*a*) go mbeidh siad comhréireach ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach san alt seo,

(*b*) go gcuirfear chun feidhme iad thar an raon seirbhísí craolacháin le linn an méid tionchair ar féidir leis na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin a imirt maidir le múnlú tuairimí lucht féachana agus éisteachta sa Stát a chur i gcuntas,

(*c*) go gcoimeádfar i gcuimhne iontu na cuspóirí, na feidhmeanna agus na dualgais atá leagtha amach do chraoltóirí seirbhíse poiblí i *gCodanna 7* agus *8*,

(*d*) go mbeidh mar thoradh orthu socruithe rialaitheacha a bheidh cobhsaí agus intuartha, agus

(*e*) go bhfreastalófar leo go réidh ar fhorbairt na teicneolaíochta, agus ar fheidhmiú na forbartha sin, ag an earnáil chraolacháin agus go ndéanfar leo an céanna a spreagadh go réidh.

Feidhmeanna an Údaráis.

26.—(1) Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis—

(*a*) straitéis a ullmhú maidir le seirbhísí craolacháin a sholáthar sa Stát de bhreis ar na seirbhísí craolacháin a

sholáthraíonn RTÉ, TG4, Bealach Thithe an Oireachtais agus Bealach Scannán na hÉireann,

(*b*) ráiteas a ullmhú faoi *alt 29(1)*,

(*c*) idirchaidreamh a dhéanamh leis an Rialálaí Cumarsáide agus dul i gcomhairle leis nó léi le linn an plean leithroinnte a ullmhú le haghaidh an raoin minicíochta atá tiomnaithe don chraoladh fuaime agus teilifíse,

(*d*) ordú tobhaigh a dhéanamh faoi *alt 33(1)*,

(*e*) cóid agus rialacha craolacháin a ullmhú nó a dhéanamh,

(*f*) scéim a ullmhú maidir leis an gceart freagartha a fheidhmiú,

(*g*) a ordú don Choiste um Dheonú Conarthaí socruithe a dhéanamh, de réir C*hodanna 6* agus *8*, chun tograí a lorg, a bhreithniú agus a mholadh don Údarás, agus leanfaidh an tÚdarás an moladh sin, ar tograí iad—

(i) maidir le seirbhísí craolacháin a sholáthar de bhreis ar aon seirbhísí craolacháin a sholáthraíonn RTÉ, TG4, Bealach Thithe an Oireachtais agus Bealach Scannán na hÉireann faoi *Chuid 7*, agus

(ii) maidir le seirbhísí ilphléacs a sholáthar de bhreis ar aon seirbhísí ilphléacs a sholáthraíonn RTÉ faoi *Chodanna* 7 agus *8*,

(*h*) rialacha a ullmhú agus conarthaí a dhéanamh i leith eolaithe clár leictreonacha,

(*i*) díospóidí a eascraíonn faoi *alt 76(2)* agus *alt 77(5)* a chinneadh,

(*j*) tuarascáil a thabhairt don Aire faoi *alt 77(15)*,

(*k*) dul i gcomhairle leis an Aire faoi *ailt 101(3)*, *102(3)*, *103(4)*, *104(1)*, *(2)* agus *(3)*, *106(3)*, *107(3)*, *111(4)*, *112(2)*, *(7)* agus *(11)*, *116(5)*, *127(6)*, *130(1)* agus *130(12)*,

(*l*) treoir a ullmhú agus a eisiúint chuig RTÉ agus TG4 maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi *ailt 109(11)* agus *112(2)*,

(*m*) athbhreithniú a ghabháil de láimh faoi *alt 124(2)* agus *(8)* agus *alt 128(3)*,

(*n*) moladh a dhéanamh faoi *alt 124(5)* agus *(12)*,

(*o*) iarraidh a dhéanamh faoi *alt 115*, *alt 130(10)*, *alt 132(3)* nó *alt 133(3)* nó *(4)*,

(*p*) tuarascáil a thabhairt don Aire faoi *alt 139(1)* maidir le hullmhacht le haghaidh craolachán analóige a mhúchadh,

(*q*) faisnéis a sholáthar don phobal maidir le seirbhísí a bheith ar fáil trí mheán ilphléacsanna teilifíse, agus

(*r*) scéimeanna chun cistí a dheonú faoi *Chuid 10* a ullmhú agus a chur i ngníomh.

(2) Tá na feidhmeanna coimhdeacha seo a leanas ag an Údarás—

(*a*) faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh maidir leis an earnáil chraolacháin sa Stát,

(*b*) faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ar an gcraolachán go hidirnáisiúnta,

(*c*) taighde a thionscnamh, a eagrú, a éascú agus a chur chun cinn maidir le nithe craolacháin,

(*d*) faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh i ndáil le riachtanais na hearnála craolacháin maidir le scileanna,

(*e*) comhoibriú le comhlachtaí eile, lena n-áirítear comhlachtaí ionadaíocha laistigh den earnáil chraolacháin, chun gníomhaíochtaí oiliúna a chur chun cinn i réimsí san earnáil chraolacháin ina bhfuil easpaí ó thaobh scileanna de,

(*f*) comhoibriú le comhlachtaí eile lasmuigh den Stát a chomhlíonann feidhmeanna atá comhchosúil le feidhmeanna an Údaráis, agus

(*g*) taighde, bearta agus gníomhaíochtaí a ghabháil de láimh, a spreagadh agus a chothú, atá dírithe ar litearthacht ó thaobh na meán a chur chun cinn, lena n-áirítear comhoibriú le craoltóirí, le hoideachasóirí agus le daoine iomchuí eile.

(3) Le linn don Údarás a fheidhm faoi *fho-alt (1)(a)* a chomhlíonadh, déanfaidh sé riachtanais craoltóirí pobail maidir le craoladh digiteach a bhreithniú.

(4) D'fhonn a gcuid feidhmeanna agus dualgas, mar a leagtar amach sa Chuid seo iad, a chomhall go neamhspleách, féadfaidh an tÚdarás nó coiste reachtúil comhaontuithe a dhéanamh lena chéile.

(5) Féadfaidh an tAire le hordú cibé feidhmeanna breise eile i ndáil le seirbhísí craolacháin a thabhairt don Údarás a mheasfaidh sé nó sí is gá ó am go ham.

(6) (*a*) Aon ordú a dhéanfar faoi *fho-alt (4)*, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh ordú faoina bhráid de réir *mhír (a)*, rún a rith ag neamhniú an ordaithe.

(*c*) Tiocfaidh neamhniú ordaithe faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanfaidh sé difear d'aon ní a rinneadh faoin ordú roimh an rún a rith.

Feidhmeanna an Choiste um Dheonú Conarthaí.

27.—Is iad príomhfheidhmeanna an Choiste um Dheonú Conarthaí socruithe a dhéanamh, ar ordú ón Údarás, de réir *Chodanna 6* agus *8*, chun tograí a lorg, a bhreithniú agus a mholadh don Údarás, agus leanfaidh an tÚdarás an moladh sin, ar tograí iad—

(*a*) maidir le seirbhísí craolacháin a sholáthar de bhreis ar aon seirbhísí craolacháin a sholáthraíonn RTÉ, TG4, Bealach Thithe an Oireachtais agus Bealach Scannán na hÉireann faoi *Chuid 7*, agus

(*b*) maidir le seirbhísí ilphléacs a sholáthar de bhreis ar aon seirbhísí ilphléacs a sholáthraíonn RTÉ faoi *Chodanna 7* agus *8*.

Feidhmeanna an Choiste um Chomhlíonadh.

28.—(1) Is iad príomhfheidhmeanna an Choiste um Chomhlíonadh—

(*a*) faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ag conraitheoirí ar théarmaí agus coinníollacha aon chonartha arna dhéanamh ag an Údarás ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí faoin Acht seo,

(*b*) téarmaí agus coinníollacha aon chonartha arna dhéanamh ag an Údarás ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí faoin Acht seo a fhorfheidhmiú,

(*c*) faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh—

(i) ag craoltóirí ar *ailt 39, 40* agus *41*,

(ii) ag RTÉ agus TG4 ar *alt 106(3),* agus

(iii) ag Bealach Scannán na hÉireann ar *alt 127(6)*,

(*d*) comhlíonadh—

(i) ag craoltóirí ar *ailt 39*, *40* agus *41* a fhorfheidhmiú,

(ii) ag RTÉ agus TG4 ar *alt 106(3)* a fhorfheidhmiú, agus

(iii) ag Bealach Scannán na hÉireann ar *alt 127(6)* a fhorfheidhmiú,

(*e*) faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ag craoltóirí ar aon chód craolacháin nó riail chraolacháin,

(*f*) comhlíonadh aon chóid craolacháin nó aon rialach craolacháin ag craoltóirí a fhorfheidhmiú,

(*g*) gearán arna dhéanamh faoi *alt 48* a imscrúdú agus breith a thabhairt air, agus

(*h*) iarraidh arna déanamh faoi *alt 49* a imscrúdú agus breith a thabhairt uirthi.

(2) Tá na feidhmeanna breise seo a leanas ag an gCoiste um Chomhlíonadh—

(*a*) ar iarraidh ón Aire, tuarascáil a thabhairt ar an gcomhlíonadh ag corparáid faoi *ailt 108(3), 109(13), 111(11)* agus *112(10),*

(*b*) ar iarraidh ón Aire, tuarascáil a thabhairt ar an gcion de sheirbhís clár teilifíse craoltóra a dhéantar—

(i) a tháirgeadh sa Stát nó i mBallstát eile, agus

(ii) a chaitheamh ar bhunábhar clár bunúil arna tháirgeadh sa Stát nó i mBallstát eile ag daoine seachas an craoltóir, a fhochuideachta nó a fochuideachta, a mháthairchuideachta nó a máthairchuideachta nó eagraíochtaí craolacháin láithreacha.

(3) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis gCoiste um Chomhlíonadh, cuid dá fheidhmeanna a tharmligean chun comhalta d'fhoireann an Údaráis, nach comhalta den Choiste um Chomhlíonadh é nó í, agus beidh an comhalta den fhoireann lena mbaineann cuntasach don Choiste um Chomhlíonadh as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a tharmligfear amhlaidh chuige nó chuici.

(4) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh cuid dá fheidhmeanna a tharmligean chun fochoiste den Choiste um Chomhlíonadh, faoi réir cibé coinníollacha is dóigh leis an gCoiste um Chomhlíonadh is cuí.

(5) Déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar a mhéid a dhéanann craoltaí teilifíse de chuid craoltóirí atá faoi dhlínse Ballstáit eile agus atá dírithe go hiomlán nó go príomha ar luchtanna féachana sa Stát cóid chraolacháin, na cóid dá dtagraítear in *alt 42(2)(g)* agus *(h)* go háirithe, a chomhlíonadh.

(6) Déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh tuarascáil a thabhairt don Aire gach bliain maidir leis na nithe i *bhfo-alt (5)*.

(7) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip den tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Ráitis straitéise.

29.—(1) Déanfaidh an tÚdarás ráiteas straitéise ("ráiteas straitéise") a tharraingt suas agus a ghlacadh ina léireofar feidhmeanna reachtúla an Údaráis, an Choiste um Dheonú Conarthaí, agus an Choiste um Chomhlíonadh.

(2) Maidir le ráiteas straitéise—

(*a*) beidh ann na cuspóirí fíorthábhachtacha, na haschuir agus na straitéisí gaolmhara, lena n-áirítear úsáid acmhainní,

(*b*) ullmhófar é i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordachán arna n-eisiúint ag an Aire ó am go ham,

(*c*) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní,

(*d*) ach amháin i gcás an chéad ráitis straitéise, áireofar ann athbhreithniú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an ráitis le linn na tréimhse 3 bliana roimhe sin,

(*e*) glacfar é laistigh de 12 mhí ón lá bunaithe agus gach 3 bliana dá éis sin,

(*f*) breithneofar ann aon chumarsáid bheartais faoi *alt 30*, agus

(*g*) áireofar ann pleananna an Údaráis maidir le líon, le cineál agus le scóip na gconarthaí a bheartaíonn sé a dhéanamh

ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas.

(3) Tíolacfaidh an tÚdarás cóip den ráiteas straitéise don Aire agus do cibé coistí de cheachtar Teach den Oireachtas nó den dá Theach acu, a ordóidh an tAire ó am go ham.

(4) Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leis na comhaltaí den Choiste um Dheonú Conarthaí agus den Choiste um Chomhlíonadh le linn dó ráiteas straitéise a tharraingt suas faoi *fho-alt (1)*.

(5) Roimh ráiteas straitéise a ghlacadh agus a thíolacadh don Aire, déanfaidh an tÚdarás próiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le dréacht den ráiteas straitéise a ghabháil de láimh.

Cumarsáidí beartais.

30.—(1) Ar mhaithe le rialáil chuí éifeachtach na hearnála craolacháin agus le beartas a fhoirmliú is infheidhme maidir le rialáil chuí éifeachtach den sórt sin, féadfaidh an tAire cibé cumarsáidí beartais a eisiúint chuig an Údarás a measfaidh sé nó sí gur cuí go ndéanfadh an tÚdarás dá réir le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tabharfaidh an tÚdarás aird ar aon chumarsáidí den sórt sin le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Sula n-eiseoidh an tAire cumarsáid, déanfaidh sé nó sí dréacht den chumarsáid atá beartaithe a thabhairt don Údarás agus a fhoilsiú agus—

(*a*) na cúiseanna a bhí leis a thabhairt, agus

(*b*) an tréimhse (nach lú ná 21 lá ón dáta a thabharfar an dréacht don Údarás nó a fhoilseofar é, cibé acu is déanaí) a shonrú a bhféadfaidh páirtithe leasmhara uiríll i ndáil leis an togra a dhéanamh laistigh di.

(3) Féadfaidh an tAire, tar éis aon uiríll a bheidh déanta chuige nó chuici faoi *fho-alt (2)* a bhreithniú, an chumarsáid a eisiúint fara leasú nó gan leasú.

(4) I gcás go mbeartaíonn an tAire cumarsáid a ullmhú ar dóigh leis an Aire ina leith go bhfuil baint aici, nó go bhféadfadh baint a bheith aici, le feidhmeanna Aire eile den Rialtas, ní dhéanfaidh an tAire dréacht den togra a eisiúint chuig an Údarás nó a fhoilsiú faoi *fho-alt (2)* gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Aire eile sin den Rialtas.

(5) Ní eiseoidh an tAire cumarsáid i leith chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis i leith gnóthas aonair nó daoine aonair.

(6) Ní eiseoidh an tAire cumarsáid faoi *fho-alt (1)* i leith chomhlíonadh fheidhmeanna an Choiste um Dheonú Conarthaí nó an Choiste um Chomhlíonadh.

(7) Leagfaidh an tAire cumarsáid faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis í a thabhairt.

(8) San alt seo ciallaíonn "cumarsáid" cumarsáid bheartais faoin alt seo.

Cumhachtaí.

31.—(1) Beidh ag an Údarás agus ag coiste reachtúil na cumhachtaí go léir atá riachtanach, teagmhasach nó cuiditheach maidir lena fheidhmeanna.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, beidh ag an Údarás cumhacht atá riachtanach, teagmhasach nó cuiditheach maidir lena fheidhmeanna—

(*a*) chun conarthaí, comhaontuithe, agus socruithe a dhéanamh,

(*b*) chun a cheangal ar chonraitheoirí dul i mbannaí airgeadais leis an Údarás ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí,

(*c*) chun cóipchearta, paitinní, ceadúnais, pribhléidí agus lamháltais a fháil agus leas a bhaint astu,

(*d*) chun bunábhar clóite, clos-bhunábhar agus bunábhar closamhairc a thiomsú, a ullmhú, a fhoilsiú agus a dháileadh, fara muirear nó gan mhuirear,

(*e*) chun socrú a dhéanamh, faoi réir thoiliú an Aire, maidir le seirbhísí craolachán agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar d'aon Aire den Rialtas agus thar ceann aon Aire den Rialtas, agus

(*f*) chun taighde a ghabháil de láimh, a urrú nó a choimisiúnú.

(3) Féadfaidh an tÚdarás aon chistí dá chuid a infheistiú in aon slí ina gcumhachtaítear le dlí d'iontaobhaí cistí iontaobhais a infheistiú.

Dualgais an Údaráis agus coistí reachtúla.

32.—(1) San alt seo ciallaíonn "faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de"—

(*a*) faisnéis airgeadais, tráchtála, theicniúil nó faisnéis eile a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil go mbeadh de thoradh ar í a nochtadh caillteanas nó gnóchan airgeadais ábhartha don pháirtí lena mbaineann an fhaisnéis, nó a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do staid iomaíochta an pháirtí sin i seoladh na gairme nó an ghnó atá aige nó aici, nó

(*b*) faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do sheoladh nó do thoradh caibidlí conarthacha nó caibidlí eile ag an bpáirtí lena mbaineann an fhaisnéis.

(2) Tá sé de dhualgas ar an Údarás a ghnóthaí a sheoladh ar shlí a áiritheoidh go dtiocfaidh a ioncam chun bheith, a luaithe is féidir, agus go leanfaidh sé de bheith dá éis sin, leordhóthanach, ar a laghad, chun freastal dá chaiteachais.

(3) Beidh sé de dhualgas ar an Údarás agus ar a choistí reachtúla comhlíonadh a bhfeidhmeanna a choimeád faoi athbhreithniú d'fhonn a áirithiú nach mbeidh i gceist sa rialáil ag an Údarás agus ag a choistí reachtúla go ndéanfar—

(*a*) ualaí riaracháin atá neamhriachtanach a fhorchur, nó

(*b*) ualaí riaracháin atá tagtha chun bheith neamhriachtanach a choimeád ar bun.

(4) Le linn dó athbhreithniú a dhéanamh ar a dhualgas faoi *fho-alt (3)* déanfaidh an tÚdarás agus a choistí reachtúla ráiteas a fhoilsiú, ó am go ham, ina leagfar amach an chaoi a mbeartaíonn siad, a chinntiú, le linn na tréimhse a ndéantar an ráiteas ina leith, nach mbeidh i gceist sa rialáil ag an Údarás agus ag na coistí reachtúla go ndéanfar ualaí riaracháin atá neamhriachtanach a fhorchur nó a choimeád ar bun.

(5) Ní foláir an chéad ráiteas a fhoilseofar faoin alt seo a fhoilsiú laistigh de thréimhse 2 bhliain tar éis an lae bunaithe agus is ráiteas i leith tréimhse 3 bliana a bheidh ann.

(6) Maidir le ráiteas dá éis sin—

(*a*) ní foláir é a fhoilsiú le linn na tréimhse lenar bhain an ráiteas roimhe sin, agus

(*b*) is é a bheidh ann ráiteas don tréimhse 3 bliana dar tosach deireadh na tréimhse roimhe sin.

(7) Is é dualgas an Údaráis agus na gcoistí reachtúla i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna dóibh tráthanna le linn tréimhse dá bhfuil ráiteas i bhfeidhm faoin alt seo, aird a thabhairt ar an ráiteas sin.

(8) Féadfaidh an tÚdarás nó coiste reachtúil, más cuí leo, ráiteas faoin alt seo a athmheas tráth ar bith roimh an tréimhse dá ndéantar é nó lena linn.

(9) I gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás nó coiste reachtúil ráiteas a athmheas, ní foláir dóibh an t-athmheas a fhoilsiú a luaithe is indéanta.

(10) Ní nochtfaidh an tÚdarás faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de arna fáil ó chorparáid nó ó shealbhóir conartha faoi *Chuid 6* nó *8* de bhun fheidhmeanna an Údaráis faoin Acht seo.

(11) Níl an tÚdarás ag sárú *fho-alt (10)* más rud é maidir leis an nochtadh —

(*a*) go ndéanfar é le toiliú na corparáide nó an tsealbhóra conartha faoi *Chuid 6* nó *8* lena mbaineann sé, nó

(*b*) go gceanglaítear le dlí é a dhéanamh.

Tobhach.

33.—(1) D'fhonn caiteachais arna dtabhú go cuí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna ag an Údarás, ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí agus ag an gCoiste um Chomhlíonadh a íoc, déanfaidh an tÚdarás ordú lena bhforchuirfear tobhach ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin.

(2) Aon uair a dhéanfar ordú tobhaigh, déanfaidh craoltóirí seirbhíse poiblí agus gach conraitheoir craolacháin cibé méid is cuí ag féachaint do théarmaí an ordaithe tobhaigh a íoc leis an Údarás.

(3) Féadfaidh an tÚdarás orduithe tobhaigh ar leithligh a dhéanamh do chraoltóirí seirbhíse poiblí, do chraoltóirí tráchtála agus do chraoltóirí pobail agus d'aicmí áirithe conraitheoirí craolacháin.

(4) Déanfar socrú in ordú tobhaigh maidir le tobhach a bhailiú, a íoc agus a riaradh, lena n-áirítear gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) an modh ina ríomhfar an tobhach,

(*b*) na tráthanna a ndéanfar an íocaíocht agus foirm na híocaíochta,

(*c*) taifid a bhaineann leis an tobhach a choimeád, a iniúchadh agus a sholáthar, agus

(*d*) aon díolúintí, iarchur nó aisíocaíochtaí tobhaigh.

(5) Maidir le haon bharrachas ar ioncam tobhaigh de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú ag an Údarás i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe—

(*a*) coinneoidh an tÚdarás é lena fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí i leith tobhaigh i gcomhair na bliana dá éis sin, nó

(*b*) déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a bhforchuirtear an tobhach.

(6) Féadfaidh an tÚdarás tobhach a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ó aon duine a mbeidh sé iníoctha aige nó aici.

(7) (*a*) Déanfaidh an tÚdarás ordú tobhaigh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae ar leagadh ordú tobhaigh faoina bhráid de réir *mhír (a)*, rún a rith lena neamhneofar an t-ordú.

(*c*) Tiocfaidh an neamhniú faoi *mhír (b)* ar ordú tobhaigh in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin ordú roimh an rún a rith.

(8) San alt seo, ciallaíonn "ordú tobhaigh" ordú lena bhforchuirtear tobhach faoi *fho-alt (1)*.

Maoiniú ón Státchiste.

34.—(1) Más rud é, gur caiteachas de chineál eisceachtúil, i dtuairim an Aire, caiteachas arna thabhú ag an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás agus le toiliú an Aire Airgeadais, cibé méid a chinnfidh sé nó sí a bheith réasúnach chun caiteachais a ghlanadh ar caiteachais iad arna dtabhú ag an Údarás agus ag a choistí reachtúla i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo a íoc leis an Údarás ó am go ham.

(2) Féadfaidh an tAire, le ceadú an Aire Airgeadais, cibé méid a íoc leis an Údarás a mheasfaidh sé nó sí a bheith réasúnach i leith chaiteachais an Údaráis agus a chuid coistí reachtúla don tréimhse bliana ón lá bunaithe.

Iasachtaí.

35.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suimeanna a bheidh ag teastáil uaidh a fháil ar iasacht go sealadach d'fhonn soláthar a dhéanamh do chaiteachas reatha.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, airgead a fháil ar iasacht trí stoc nó cineálacha eile urrúis a bhunú a bheidh le eisiúint, le haistriú agus le fuascailt agus a ndéileálfar leo i cibé slí agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tÚdarás le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Féadfar na cumhachtaí chun iasachtaí a fháil a thugtar don Údarás le *fo-alt (2)* a fheidhmiú, faoi réir thoiliú an Aire, chun críche ar bith a eascróidh i dtaca le comhlíonadh a fheidhmeanna, ach féadfar coinníoll a chur le toiliú chun airgead a fháil ar iasacht á rá nach n-úsáidfear an t-airgead ach amháin chun críche cláir oibreacha caipitiúla arna cheadú ag an Aire.

(4) Maidir leis na téarmaí ar a bhfaighfear airgead ar iasacht faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh forálacha chun an t-airgead agus an t-ús ar an gcéanna a mhuirearú ar gach maoin, is cuma cén cineál, a bheidh dílsithe de thuras na huaire don Údarás, nó ar aon mhaoin áirithe de chuid an Údaráis, agus forálacha ag bunú thosaíocht na muirear sin eatarthu, a bheith iontu.

Éarlaisí agus muirir i leith seirbhísí.

36.—(1) Féadfaidh éarlais a bheith iníoctha ag duine, ina mbeidh cibé méid a mheasfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí a bheith réasúnach, i leith iarratais a dhéanfaidh an duine chuig an gCoiste um Dheonú Conarthaí go ndéanfaidh an tÚdarás ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí, conradh craolacháin leis an duine.

(2) Féadfaidh an tÚdarás muirear a ghearradh i leith seirbhísí nó saoráidí arna soláthar aige.

(3) Aon bharrachas ar ioncam thar na caiteachais a thabhóidh an tÚdarás i leith *fho-alt (2)* i mbliain airgeadais áirithe, cuirfear chun feidhme é i cibé slí a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás agus le ceadú an Aire Airgeadais, agus féadfar a cheangal le haon ordachán den sórt sin go ndéanfar an bhreis sin go léir, nó cuid di mar a bheidh sonraithe san ordachán, a íoc isteach sa Phríomh-Chiste.

(4) Féadfaidh an tÚdarás aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul dó faoin alt seo a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ón duine a mbeidh sé iníoctha aige nó aici.

Cuntais agus iniúchtaí.

37.—(1) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach, tar éis comhaontú an Údaráis a fháil, tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair i ngach bliain, meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid an Aire i cibé foirm a cheanglóidh an tAire, i leith na dtrí bliana airgeadais dá éis sin a agus déanfaidh sé nó sí aon fhaisnéis a éileoidh an tAire i ndáil leis na meastacháin sin, lena n-áirítear tograí agus pleananna todhchaí a bhaineann leis an Údarás, leis an gCoiste um Dheonú Conarthaí agus leis an gCoiste um Chomhlíonadh do chomhall a bhfeidhmeanna, a thabhairt don Aire de réir mar a éileofar.

(2) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach, faoi stiúradh an Údaráis, a chur faoi deara go gcoimeádfar, ar bhonn leanúnach, na leabhair agus na taifid chuntais go léir is cuí ar ioncam agus ar chaiteachas uile an Údaráis, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar

ábhar an chaiteachais sin, agus ar mhaoin, ar shócmhainní agus ar dhliteanais an Údaráis agus coimeádfaidh sé nó sí na cuntais speisialta sin go léir a cheanglaítear le *Cuid 10*, agus a n-ordóidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, nó an tAire ina leith, ó am go ham, gur ceart iad a choimeád agus tabharfaidh sé nó sí cuntas don Údarás ina leith.

(3) (*a*) Aon uair a iarrfaidh an tAire orthu amhlaidh, ceadóidh an tÚdarás, an príomhfheidhmeannach agus aon chomhalta iomchuí d'fhoireann an Údaráis d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire leabhair nó taifid chuntais eile an Údaráis a scrúdú i leith aon bhliana airgeadais nó tréimhse eile agus éascóidh siad aon scrúdú den sórt sin.

(*b*) San fho-alt seo ciallaíonn "comhalta iomchuí d'fhoireann an Údaráis" comhalta d'fhoireann an Údaráis ar sannadh dualgais ina leith go cuí a bhaineann leis na leabhair chuntais nó na taifid chuntais eile dá dtagraítear i *mír (a)*.

(4) Déanfar cuntais an Údaráis do gach bliain airgeadais a choimeád i cibé foirm agus modh a shonróidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais agus ullmhóidh an príomhfheidhmeannach na cuntais agus ceadóidh an tÚdarás iad a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad, lena gcur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

(5) Déanfar cóip de na cuntais dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, díreach tar éis iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a thíolacadh do chomhaltaí an Údaráis agus don Aire a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip de na doiciméid sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(6) Is é a bheidh i mbliain airgeadais an Údaráis an tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig in aon bhliain, agus chun críocha an ailt seo measfar gur bliain airgeadais an tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch an 31 Nollaig dá éis sin.

(7) Déanfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, cibé meastacháin ar ioncam agus caiteachas a cheanglaítear a ullmhú faoi *fho-alt (1)* nó achoimre orthu, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna choimeád ag an Údarás.

Tuarascálacha don Aire.

38.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a thabhairt don Aire (dá ngairtear "tuarascáil bhliantúil" san alt seo) i cibé foirm a cheadóidh an tAire, i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna agus i dtaobh a ghníomhaíochtaí, le linn na bliana roimhe sin. Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de gach tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Beidh i dtuarascáil bhliantúil sonraí aon scéime a cheadófar faoi *Chuid 10*.

(3) Beidh i dtuarascáil bhliantúil tuarascáil chun an Aire ag gach coiste reachtúil i cibé foirm a cheadóidh an tAire, i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna agus i dtaobh a ghníomhaíochtaí, i gcaitheamh na bliana roimhe sin.

(4) Beidh i dtuarascáil bhliantúil tuarascáil chun an Aire i dtaobh an dul chun cinn a bheidh déanta chun inrochtaineacht seirbhísí craolacháin ag daoine faoi mhíchumas a mhéadú, agus go háirithe, i dtaobh an dul chun cinn a bheidh déanta chun na spriocanna atá leagtha amach in aon rialacha craolacháin a bhaint amach.

(5) Beidh i dtuarascáil bhliantúil tuarascáil chun an Aire i leith conarthaí a dhéanfaidh an tÚdarás faoi *alt 67* agus i leith aon straitéise dá ndroim sin a bheartóidh an tÚdarás a ghlacadh chun iomaíochas a spreagadh maidir le deonú conarthaí craolacháin fuaime, ach gan conarthaí a dhéanfar faoi *ailt 64* agus *68* a áireamh.

(6) Beidh i dtuarascáil bhliantúil tuarascáil chun an Aire i dtaobh freastail comhaltaí den Údarás agus de gach coiste reachtúil ar a gcruinnithe le linn na bliana roimhe sin.

(7) Beidh i dtuarascáil bhliantúil faisnéis i cibé foirm agus i dtaobh cibé nithe a ordóidh an tAire.

(8) Féadfaidh an tÚdarás agus gach coiste reachtúil, ó am go ham, cibé tuarascálacha eile a thabhairt don Aire i ndáil lena bhfeidhmeanna de réir mar is cuí leo nó mar a éileoidh an tAire.

(9) I dteannta na faisnéise a sholáthróidh an tÚdarás ina thuarascáil bhliantúil agus in aon tuarascálacha a dhéanfar faoi *fho-alt (8)*, déanfaidh an tÚdarás agus gach coiste reachtúil cibé faisnéis a éileoidh an tAire ó am go ham maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna a sholáthar don Aire.

CUID 3

Craoltóirí — Dualgais, Cóid agus Rialacha

Dualgais craoltóirí.

39.—(1) Cinnteoidh gach craoltóir—

(*a*) go ndéanfar an nuacht go léir a chraolfaidh an craoltóir a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a chur in iúl,

(*b*) go ndéanfar, nuair a bheifear ag déileáil i gcraolacháin le cúrsaí reatha, lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar a chraolfar i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí dá chuid féin nó dá cuid féin a nochtadh, ach amháin i gcás nach mbeidh sé indéanta an mhír seo a chur i bhfeidhm i ndáil le haon chraolachán aonair, go bhféadfar a mheas gur aonad amháin dhá chraolachán ghaolmhara nó níos mó, má tharchuirtear na craolacháin laistigh de thréimhse réasúnach óna chéile,

(*c*) i gcás craoltóirí fuaime, go ndéanfar ar a laghad—

(i) méid nach lú ná 20 faoin gcéad den am craolacháin, agus

(ii) má dhéantar an tseirbhís craolacháin fuaime a sholáthar ar feadh breis agus 12 uair an chloig in aon

lá amháin, dhá uair an chloig den am craolacháin idir 07.00 uaire agus 19.00 uaire,

a chaitheamh ag craoladh clár nuachta agus clár cúrsaí reatha, mura n-údaraíonn an tÚdarás maolú ar an gceanglas seo faoi *fho-alt (3)*,

(*d*) nach gcraolfaidh an craoltóir aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní is cúis le díobháil nó col, nó gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit, agus

(*e*) nach ndéanfar, i gcláir a chraolfaidh an craoltóir, agus sna modhanna a úsáidfear chun na cláir sin a dhéanamh, cúngú míréasúnach ar phríobháideachas aon phearsan aonair.

(2) Ní choiscfidh aon ní i *bhfo-alt (1)(a)* nó *(b)* ar chraoltóir craolacháin páirtithe polaitíochta a tharchur ar choinníoll nach ndéanfaidh craoltóir, le linn dó an t-am le haghaidh craolacháin den sórt sin a leithroinnt, tosaíocht mhíchothrom a thabhairt d'aon pháirtí polaitíochta.

(3) D'ainneoin *fho-alt 1 (c)*, féadfaidh an tÚdarás maolú a údarú go hiomlán nó go páirteach ar an gceanglas atá i gceist i gcás seirbhíse craolacháin fuaime, ach sin amháin sa chás gur deimhin leis gurbh shochar d'éisteoirí na seirbhíse craolacháin fuaime é maolú den sórt sin a údarú.

(4) Meastar gur aon seirbhís craolacháin fuaime amháin chun críocha *fho-alt (1)(c)* na seirbhísí craolacháin fuaime arna mbunú agus arna gcothabháil ag RTÉ.

(5) Cinnteoidh craoltóir, nuair a bheifear ag déileáil i gcraolacháin le haon togra, ar togra é a bhaineann le beartas i leith craoladh, is ábhar conspóide poiblí nó díospóireachta reatha poiblí, atá faoi bhreithniú ag an Rialtas nó ag an Aire, go ndéanfar é a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.

(6) Níl feidhm ag *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (1),* a mhéid a cheanglaíonn siad ar an gcraoltóir gan a thuairimí féin nó a tuairimí féin a chur in iúl, maidir le haon chraoladh faoi *fho-alt (5).*

Craoltaí a thaifeadadh.

40.—(1) Déanfaidh craoltóir, trína shaoráidí féin, agus ar dhóigh a bheidh ceadaithe chun críocha an ailt seo ag an gCoiste um Chomhlíonadh, gach aon chraoladh a dhéanfaidh an craoltóir nó gach mír de bhunábhar clár a sholáthróidh sé nó sí faoi chonradh craolacháin nó faoi chonradh soláthair lánais a thaifeadadh.

(2) Déanfaidh an craoltóir taifeadtaí arna ndéanamh i gcomhlíonadh *fho-alt (1)* a choimeád go ceann cibé tréimhse a bheidh arna cinneadh ag an gCoiste um Chomhlíonadh chun críocha an ailt seo.

(3) Nuair a bheidh gearán á imscrúdú ag an gCoiste um Chomhlíonadh faoi *alt 48,* déanfaidh an craoltóir an taifeadadh ar chraoladh lena mbaineann an gearán, mar aon leis an taifeadadh, a bheidh déanta agus á choimeád faoin alt seo, ar aon chraoladh eile atá, i dtuairim an Choiste um Chomhlíonadh, iomchuí maidir leis an gcraoladh sin, a sholáthar don Choiste um Chomhlíonadh ar iarraidh arna déanamh ag an gCoiste um Chomhlíonadh aon tráth le linn na tréimhse sin.

(4) Ní sárú ar an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 é taifeadadh a dhéanamh nó a choimeád i gcomhlíonadh *fho-alt (1)*.

Fógraíocht.

41.—(1) Féadfar fógráin a chur isteach i gclár a chraolfar ar sheirbhís craolacháin.

(2) Maidir leis na hamanna iomlána in aghaidh an lae chun fógráin a chraoladh ar sheirbhís craolacháin fuaime, ní rachaidh siad thar 15 faoin gcéad ar a mhéad den am iomlán craolacháin in aghaidh an lae agus ní mó ná 10 nóiméad ar a mhéad an t-uasmhéid ama a thabharfar d'fhógráin in aon uair an chloig.

(3) Ní chraolfaidh craoltóir fógrán a bheidh dírithe ar chuspóir polaitíochta nó a mbeidh aon bhaint aige le díospóid tionscail.

(4) Ní chraolfaidh craoltóir fógrán a dhíríonn ar shaincheist na dtuillteanas nó a mhalairt a bhaineann le haon reiligiún nó creidimh a leanúint nó le teacht chun bheith mar chomhalta d'aon reiligiún nó eagraíocht reiligiúnach.

(5) Ní léifear aon ní i *bhfo-alt (3)* mar ní a choiscfidh craolachán páirtí polaitíochta a chraoladh ar choinníoll nach ndéanann craoltóir, le linn dó nó di an t-am le haghaidh craolacháin den sórt sin a leithroinnt, tosaíocht mhíchothrom a thabhairt d'aon pháirtí polaitíochta.

(6) Ní bhaineann *fo-alt (3)* le fógráin a chraolfar ar iarraidh ón gCoimisiún Reifrinn i ndáil le ní dá dtagraítear in alt 3 d'Acht 1998 a bhaineann le reifreann.

(7) San alt seo, déanfar tagairtí d'fhógráin a léamh mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d'ábhar fógraíochta i gcláir faoi choimirce, is é sin le rá, i gcláir arna soláthar ag fógróir nó thar ceann fógróra chun críocha fógraíochta.

Cóid chraolacháin.

42.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, de réir an ailt seo, cód nó cóid lena rialófar caighdeáin agus cleachtas ("cód craolacháin") a bheidh le comhlíonadh ag craoltóirí a ullmhú agus, ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, a athmheas.

(2) Déanfar a fhoráil le cóid chraolacháin—

(*a*) go ndéanfar an nuacht go léir a bheidh á craoladh ag craoltóir a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a nochtadh,

(*b*) go ndéanfar, nuair a bheifear ag déileáil i gcraolacháin le cúrsaí reatha, lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar a chraolfar i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a nochtadh,

(*c*) nach gcraolfaidh craoltóir aon ní gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit,

(*d*) nach ndéanfar, i gcláir a chraolfaidh craoltóir agus sna modhanna a úsáidfear chun na cláir sin a dhéanamh,

cúngú míréasúnach ar phríobháideachas aon phearsan aonair,

(*e*) nach ndéanfaidh craoltóir, le linn dó nó di an t-am a leithroinnt le haghaidh craolacháin páirtithe polaitíochta a tharchur, tosaíocht mhíchothrom a thabhairt d'aon pháirtí polaitíochta,

(*f*) go ndéanfar, maidir le bunábhar clár a chraolfaidh craoltóir, luchtanna féachana agus éisteachta a chosaint ar bhunábhar dochrach nó colúil, go háirithe, go ndéanfaidh craoltóir bunábhar clár i leith léiriú ar fhoréigean agus iompar gnéasach, a chur i láthair—

(i) le híogaireacht chuí maidir le háitiúis nó le mothúcháin an lucht féachana nó an lucht éisteachta, agus

(ii) ag féachaint go cuí d'éifeacht clár den sórt sin ar fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí,

(*g*) maidir le fógraíocht, bunábhar teilishiopadóireachta, urraíocht agus cineálacha eile cuir chun cinn tráchtála a úsáidtear in aon seirbhís craolacháin, go háirithe fógraíocht agus gníomhaíochtaí eile den sórt sin a bhaineann le nithe ar dóigh dóibh a bheith ina ndíol suime do leanaí go díreach nó go neamhdhíreach, go ndéanfaidh siad leasanna leanaí a chosaint ag féachaint go háirithe do leasanna leanaí i gcoitinne ó thaobh sláinte an phobail de,

(*h*) maidir le fógraíocht, bunábhar teilishiopadóireachta, urraíocht agus cineálacha eile cuir chun cinn tráchtála a úsáidtear in aon seirbhís craolacháin, seachas fógraíocht agus gníomhaíochtaí eile mar a dúradh a thagann faoi réim *mhír (g)*, go ndéanfaidh sí leasanna an lucht féachana nó an lucht éisteachta a chosaint,

(*i*) maidir le haon seirbhís craolacháin a sholáthar a mbeidh cur chun cinn leasanna aon eagraíochta mar cheann dá príomhchuspóirí, go ndéanfaidh sé leasanna an lucht féachana nó an lucht éisteachta a chosaint, agus

(*j*) do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh dóibh le Caibidlí IIA, IV agus V den Treoir ón gComhairle.

(3) Le linn dó cód craolacháin a ullmhú nó a athmheas, beidh aird ag an Údarás ar gach ceann de na nithe seo a leanas—

(*a*) an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gcláir i gcoitinne nó i gcláir de thuairisc áirithe,

(*b*) méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh clár a bheidh ar áireamh i seirbhísí craolacháin teilifíse agus fuaime i gcoitinne nó i seirbhísí craolacháin teilifíse agus fuaime de thuairisc áirithe,

(*c*) ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht

féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár,

(*d*) an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin,

(*e*) a inmhianaithe atá sé a áirithiú go léirítear i lánas seirbhíse craolacháin an tráth a bhfuil athrú ann a dhéanann difear do chineál na seirbhíse a bhfuiltear ag féachaint uirthi nó ag éisteacht léi agus, go háirithe, athrú is iomchuí maidir le cur chun feidhme na gcód a shocraítear faoin alt seo, agus

(*f*) a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

(4) Féadfar le cód craolacháin a ullmhóidh an tÚdarás faoi *fho-alt (2)(g)* toirmeasc a chur ar fhógraíocht a dhéanamh i seirbhís craolacháin ar aicme nó aicmí áirithe bianna agus deochanna ar dóigh leis an Údarás gur ábhar imní ag an bpobal iad i leith leasanna leanaí i gcoitinne ó thaobh sláinte an phobail de, go háirithe na bianna agus na deochanna sin ina bhfuil saill, aigéid thras-sailleacha, salainn nó siúcraí.

(5) Féadfaidh an tÚdarás le linn dó cód craolacháin a ullmhú faoi *fho-alt (2)(g)* dul i gcomhairle leis na húdaráis sláinte poiblí iomchuí.

(6) Aon uair a ullmhóidh nó a athmheasfaidh an tÚdarás cód craolacháin a bhainfidh leis an ní a bheidh i gceist, déanfaidh gach craoltóir an cód craolacháin sin agus aon athmheas air a chomhlíonadh.

(7) Déanfar cóip d'aon chód craolacháin a thíolacadh don Aire a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(8) San alt seo agus in *alt 43*, ciallaíonn "bunábhar teilishiopadóireachta" bunábhar arb ionann é, nuair a tharchuirfear é, agus tairiscint dhíreach a dhéanamh don phobal ar earraí nó maoin eile (cibé acu maoin réadach nó maoin phearsanta) nó seirbhísí a dhíol leo nó a sholáthar dóibh.

(9) Maidir leis na cóid seo a leanas arna n-ullmhú faoi alt 19 d'Acht 2001, eadhon—

(*a*) an Cód Caighdeán Clár (10 Aibreán 2007),

(*b*) an Cód Fógraíochta do Pháistí (1 Eanáir 2005), agus

(*c*) an Cód Fógraíochta (10 Aibreán 2007),

má tá siad i bhfeidhm ar an Acht seo a rith, leanfaidh siad i bhfeidhm amhail is dá ndearnadh iad faoin bhforáil chomhréire den alt seo agus beidh éifeacht leo dá réir sin.

Rialacha craolacháin.

43.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, faoi réir cheanglais *alt 41(2)*, agus de réir *fho-alt (4)*, rialacha ("rialacha craolacháin") a ullmhú, agus a athmheas ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) na hamanna iomlána in aghaidh an lae a lamhálfar chun fógráin agus bunábhar teilishiopadóireachta a tharchur ar sheirbhís craolacháin, maidir le conradh faoi *Chuid 6*,

(*b*) an tréimhse uasta a lamhálfar in aon uair an chloig áirithe chun fógráin agus bunábhar teilishiopadóireachta (de réir bhrí *alt 42(8)*) a tharchur ar sheirbhís craolacháin den sórt sin, agus féadfaidh an tÚdarás rialacha éagsúla den sórt sin a dhéanamh maidir le haicmí éagsúla seirbhíse craolacháin,

(*c*) na bearta sonracha a cheanglaítear ar gach craoltóir a dhéanamh chun an tuiscint agus an taitneamh a chur chun cinn a bhainfidh—

(i) daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu,

(ii) daoine atá dall nó caoch, agus

(iii) daoine a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus atá caoch,

as cláir a tharchuirtear ar aon seirbhís craolacháin a sholáthraíonn an craoltóir.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)(c)*, ceanglófar le rialacha craolacháin maidir leis an mír sin ar gach craoltóir bunábhair closamhairc bearta sonraithe a dhéanamh chun rochtain a sholáthar ar an mbunábhar sin ag daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, ag daoine atá dall nó caoch, agus ag daoine a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus atá caoch trí sheirbhísí sonraithe ar nós na seirbhísí seo leanas—

(*a*) teanga chomharthaíochta,

(*b*) seirbhísí teilitéacs,

(*c*) fotheidealú, agus clostuairisc, agus

(*d*) aird a thabhairt ar cibé acu atá an bunábhar roimhe seo á sholáthar—

(i) go laethúil nó ag tráthanna rialta eile,

(ii) ag amanna féachana móréilimh chomh maith le hamanna eile, agus

(iii) i gcomhair nuachta agus nithe a bhaineann le nuacht chomh maith le nithe eile.

(3) Féadfar le rialacha faoi *fho-alt (1)(c)*, maidir le haon tréimhse a bheidh sonraithe iontu dar tosach tráth rite an Achta seo nó dá éis, a cheangal ar chraoltóir a chinntiú go ndéanann céatadán sonraithe clár a tharchuirtear ar sheirbhís craolacháin a sholáthraíonn sé nó sí sa tréimhse sin modhanna sonraithe a úsáid trína bhféadfar an tuiscint agus an taitneamh a chur chun cinn a bhainfidh daoine dá dtagraítear i *bhfomhíreanna (i)*, *(ii)* agus *(iii)* den mhír sin as an gcéatadán sin clár.

(4) Déanfar foráil le rialacha craolacháin maidir leis na nithe a gceanglaítear le Caibidlí IIA, IV agus V den Treoir ón gComhairle foráil a dhéanamh maidir leo.

(5) Aon uair a dhéanfaidh an tÚdarás riail chraolacháin a bhaineann leis an ní atá i gceist a ullmhú nó a athmheas déanfaidh gach craoltóir an riail sin agus aon athmheas uirthi a chomhlíonadh de réir mar a cheanglaítear.

(6) Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú gach dhá bhliain, nó cibé tréimhse is giorra ná sin a chinnfidh sé, ar riail chraolacháin a dhéanfar faoi *fho-alt (1)(c)*.

(7) Le linn dó athbhreithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (6)* breithneoidh an tÚdarás cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn craoltóirí agus iad ag iarraidh riail chraolacháin arna déanamh faoi *fho-alt (1)(c)* a chomhlíonadh.

(8) Maidir leis na rialacha seo a leanas, eadhon—

(*a*) Rialacha Rochtana (1 Eanáir 2005) arna n-ullmhú faoi alt 19 d'Acht 2001, agus

(*b*) rialacha i leith na n-uasteorainneacha in aghaidh an lae agus in aghaidh na huaire ar fhógraíocht agus ar theilishiopadóireacht a choimeádtar i bhfeidhm faoi alt 19 d'Acht 2001,

má bhíonn siad i bhfeidhm ar an Acht seo a rith, leanfaidh siad i bhfeidhm amhail agus dá mba faoin bhforáil chomhréire den alt seo a rinneadh iad agus beidh éifeacht leo dá réir sin.

Dréachtchóid chraolacháin agus dréachtrialacha craolacháin a iniúchadh.

44.—(1) Sula n-ullmhóidh sé cód craolacháin nó sula ndéanfaidh sé riail chraolacháin, déanfaidh an tÚdarás dréacht den chód craolacháin a bheartaíonn sé a ullmhú nó den riail chraolacháin a bheartaíonn sé a dhéanamh a chur ar fáil lena iniúchadh nó lena hiniúchadh ar aon duine d'iarraidh sin air agus beidh aird aige ar aon aighneachtaí a dhéanfaidh an duine sin chuige, laistigh de cibé tréimhse a shonróidh sé chun na críche, i ndáil leis an dréacht sula n-ullmhóidh sé an cód craolacháin nó sula ndéanfaidh sé an riail chraolacháin lena mbaineann.

(2) Cuirfidh an tÚdarás faoi deara fógra a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás, agus féadfaidh sé a chur faoi deara fógra a fhoilsiú i nuachtán a scaiptear sa Stát, á chur in iúl go bhfuil dréacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ar fáil lena iniúchadh faoin bhfo-alt sin, i dtaobh na háite nó an mhodha inar féidir an dréacht a iniúchadh agus i dtaobh na tréimhse a bheidh sonraithe aige faoin bhfo-alt sin ar laistigh di a fhéadfar aighneachtaí a dhéanamh chuige i ndáil leis an dréacht.

Cóid chraolacháin agus rialacha craolacháin a thíolacadh don Aire.

45.—(1) Déanfar cóip d'aon chód craolacháin nó riail chraolacháin a thíolacadh don Aire a luaithe is féidir tar éis a dhéanta nó a déanta.

(2) (*a*) A luaithe is féidir tar éis don Aire cóip d'aon chód craolacháin nó d'aon riail chraolacháin a bheidh déanta a fháil, cuirfidh sé nó sí faoi deara cóipeanna di a leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh cód craolacháin nó riail chraolacháin faoi bhráid an Tí sin de réir *mhír (a)*, an cód nó an riail a neamhniú.

(*c*) Tagann neamhniú cóid nó rialach craolacháin faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach tar éis an rún lena mbaineann a rith ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin gcód nó faoin riail roimh an rún a rith.

(3) Faoi réir cheanglais *alt 43(6)*, déanfaidh an tÚdarás, uair amháin i ngach tréimhse 4 bliana ag tosú leis an tréimhse 4 bliana dar tosach an dáta a ullmhaítear an cód craolacháin nó an riail chraolacháin, athbhreithniú ar éifeacht an chóid nó na rialach craolacháin agus ullmhóidh sé tuarascáil i ndáil leis an athbhreithniú sin agus tabharfaidh sé an tuarascáil don Aire.

(4) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil, a chur faoi deara cóipeanna di a leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

Comhoibriú le páirtithe eile — caighdeáin agus féinrialáil.

46.—(1) San alt seo ciallaíonn "córas féinrialála" córas ina gcloíonn comhaltaí grúpa daoine ag a bhfuil leas i bpáirt go deonach le rialacha nó cód iompair a bhunaigh an grúpa sin.

(2) Féadfaidh an tÚdarás comhoibriú le duine amháin nó níos mó nó cúnamh a thabhairt do dhuine amháin nó níos mó (cibé acu atá conaí orthu, nó atá a bpríomh-áit ghnó acu, sa Stát nó in áit eile)—

(*a*) le linn don duine sin nó do na daoine sin caighdeáin a ullmhú, nó

(*b*) le linn don duine sin nó do na daoine sin córas féinrialála a bhunú agus a riaradh,

i leith lánais craolacháin nó meán leictreonach gaolmhar.

CUID 4

Sásamh

Cód cleachtais — déileáil le gearáin.

47.—(1) Déanfaidh craoltóir leorbhreithniú cuí ar ghearán, ar cheann amháin nó níos mó de na forais a shonraítear in *alt 48(1)*, a dhéanfaidh duine maidir leis an tseirbhís craolacháin a sholáthraíonn an craoltóir, is gearán arb é tuairim an chraoltóra ina leith gur de mheon macánta a rinneadh é agus nach gearán suaibhreosach nó cráiteach é.

(2) Déanfar gearán faoi *fho-alt (1)* leis an gcraoltóir tráth nach déanaí ná 30 lá—

(*a*) i gcás ina mbaineann an gearán le craoladh amháin, tar éis dháta an chraolta,

(*b*) i gcás 2 chraoladh neamhghaolmhara nó níos mó, tar éis dháta an chraolta is luaithe de na craoltaí sin, nó

(*c*) i gcás ina mbaineann an gearán le 2 chraoladh ghaolmhara nó níos mó a ndéantar 2 cheann ar a laghad díobh ar dhátaí éagsúla, tar éis an dáta is déanaí de na dátaí sin.

(3) Déanfaidh craoltóir cód cleachtais a ullmhú agus a chur i ngníomh chun déileáil le gearáin a dhéanfar faoi *fho-alt (1)*. Déanfar foráil leis an gcód cleachtais maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) pointe teagmhála tosaigh do ghearánaigh, lena n-áirítear seoladh poist leictreonaigh,

(*b*) tréimhse ama ar laistigh di a thabharfaidh an craoltóir freagra ar ghearáin, agus

(*c*) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag an gcraoltóir le linn gearáin a réiteach.

(4) Déanfaidh craoltóir cóip den chód cleachtais a ullmhófar faoi *fho-alt (3)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an gcraoltóir agus a chur ar fáil i gcoitinne.

(5) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh treoir a ullmhú agus a fhoilsiú do chraoltóirí chun a chinntiú go gcomhlíonfar *fo-alt (3)*.

(6) Déanfaidh craoltóir an fhaisnéis a éilítear faoi *fho-alt (3)* a sholáthar don Choiste um Chomhlíonadh agus cuirfidh an Coiste um Chomhlíonadh faoi deara an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás.

(7) Coimeádfaidh craoltóir taifead ar ghearáin a dhéanfar faoi *fho-alt (1)* agus ar aon fhreagra a thabharfar orthu go ceann tréimhse 2 bhliain ón dáta a bhfaighfear an gearán.

(8) Déanfaidh craoltóir, má ordaíonn an Coiste um Chomhlíonadh dó é, na taifid go léir arna gcoimeád ag an gcraoltóir faoi *fho-alt (7)* a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an gCoiste um Chomhlíonadh.

Próiseas gearán.

48.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh aon cheann de na gearáin seo a leanas a imscrúdú agus breith a thabhairt air—

(*a*) gearán nár chomhlíon craoltóir ceanglas amháin nó níos mó de cheanglais *alt 39(1)(a*) agus *(b)* le linn dó nuacht arna thabhairt aige, agus a bheidh sonraithe sa ghearán, a chraoladh,

(*b*) gearán nár chomhlíon craoltóir ceanglas amháin nó níos mó de na ceanglais sin nó gur sháraigh sé an toirmeasc in *alt 39(1)(d)* le linn dó clár a bheidh sonraithe sa ghearán a chraoladh,

(*c*) gearán go ndearna craoltóir, ar ócáid a bheidh sonraithe sa ghearán, cúngracht contrártha *d'alt 39(1)(e),*

(*d*) gearán gur mhainnigh craoltóir, ar ócáid a bheidh sonraithe sa ghearán, foráil de chód craolacháin lena ndéantar foráil maidir leis na nithe dá dtagraítear in *alt 42(2)(a)* go *(d)* agus in *alt 42(2)(f), (g)* agus *(h)* a chomhlíonadh.

(2) Is i scríbhinn a bheidh gearán faoi *fho-alt (1)* agus déanfar é leis an gCoiste um Chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 30 lá—

(*a*) i gcás ina mbaineann an gearán le craoladh amháin, tar éis dháta an chraolta,

(*b*) i gcás 2 chraoladh neamhghaolmhara nó níos mó, tar éis dháta an chraolta is luaithe de na craoltaí sin, nó

(*c*) i gcás ina mbaineann an gearán le 2 chraoladh ghaolmhara nó níos mó a ndéantar 2 cheann ar a laghad díobh ar dhátaí éagsúla, tar éis an dáta is déanaí de na dátaí sin.

(3) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, dá rogha féin, an gearán a tharchur ar an gcéad ásc chuig an gcraoltóir lena bhreithniú de réir cóid cleachtais arna ullmhú faoi *alt 47(3)*.

(4) I gcás ina mbeartaíonn an Coiste um Chomhlíonadh gearán arna dhéanamh faoin alt seo a imscrúdú, tabharfaidh an Coiste don chraoltóir lena mbaineann an gearán (dá ngairtear an "craoltóir lena mbaineann" ina dhiaidh seo san alt seo) 7 lá nó cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an Coiste chun trácht ar an ngearán.

(5) I gcás ina ndéanfar gearán leis an gCoiste um Chomhlíonadh faoi *fho-alt (1)* agus ina n-iarrfaidh—

(*a*) duine a bheidh fostaithe ag an gcraoltóir lena mbaineann chun aon chlár is ábhar don ghearán a dhéanamh, nó

(*b*) más rud é gur ar choimisiún ón gcraoltóir lena mbaineann a rinneadh aon chlár is ábhar don ghearán, an duine a coimisiúnaíodh chun an clár sin a dhéanamh,

ar an gCoiste um Chomhlíonadh, ar chúiseanna a shonróidh sé nó sí, deis a thabhairt dó nó di trácht ar an ngearán, déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, tar éis na cúiseanna a sonraíodh amhlaidh a bhreithniú, 7 lá a thabhairt don duine, nó cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an Coiste, chun trácht ar an ngearán, más rud é, agus ar an gcoinníoll sin amháin, gur deimhin leo, de réir mar is cuí—

(i) maidir le leas de chuid an duine dá dtagraítear i *mír (a)*, ar leas é a mheasfaidh an Coiste um Chomhlíonadh a bheith iomchuí i leith fhostaíocht an duine ag an gcraoltóir lena mbaineann, nó

(ii) maidir le hionchais an duine dá dtagraítear i *mír (b)* i dtaobh coimisiúin eile i leith clár a fháil ón gcraoltóir lena mbaineann,

go bhféadfaí dochar a dhéanamh dó nó dóibh mar gheall ar an ngearán.

(6) Nuair a bheartóidh an Coiste um Chomhlíonadh gearán a bhreithniú gur mhainnigh craoltóir an fhoráil de chód craolacháin lena bhforáiltear do na nithe dá dtagraítear in *alt 42(2)(g)* nó *(h)* a chomhlíonadh, tabharfaidh an Coiste um Chomhlíonadh 7 lá don fhógróir iomchuí, nó cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an Coiste, chun trácht ar an bhfógrán iomchuí.

(7) A luaithe is féidir tar éis dóibh breith a thabhairt ar ghearán arna dhéanamh faoin alt seo, seolfaidh an Coiste um Chomhlíonadh—

(*a*) chuig an duine a rinne an gearán, agus

(*b*) chuig an gcraoltóir lena mbaineann,

ráiteas i scríbhinn faoina mbreith, lena n-áirítear na cúiseanna a bhí lena mbreith.

(8) I gcás inarb í an bhreith a thabharfaidh an Coiste um Chomhlíonadh ar ghearán gur mhainnigh craoltóir an fhoráil de chód

craolacháin lena bhforáiltear do na nithe dá dtagraítear in *alt 42(2)(g)* nó *(h)* a chomhlíonadh, déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, a luaithe is féidir tar éis a mbreith a thabhairt (chomh maith le ceanglais *fho-alt (7)* a chomhlíonadh) ráiteas i scríbhinn maidir lena mbreith a sheoladh chuig an duine lenar chomhaontaigh an craoltóir lena mbaineann an fógrán iomchuí a chraoladh (más rud é nach é nó í an duine a rinne an gearán).

(9) Maidir le breithniú an Choiste um Chomhlíonadh ar ghearán arna dhéanamh leo faoin alt seo, féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh é a dhéanamh go príobháideach.

(10) Murar dóigh leo go mbeadh sé mí-chuí déanamh amhlaidh, déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, a luaithe is féidir tar éis an bhreith a thabhairt, sonraí faoina mbreith ar ghearán a fhoilsiú i cibé slí is dóigh leo a bheith oiriúnach agus, gan dochar *d'fho-alt (11)*, i gcás inar dóigh leo gur cóir don chraoltóir lena mbaineann an foilsiú a dhéanamh, nó gur cóir foilsiú ag an gcraoltóir lena mbaineann a bheith ar áireamh san fhoilsiú, déanfaidh an craoltóir lena mbaineann na sonraí a fhoilsiú i cibé slí a chomhaontóidh an Coiste um Chomhlíonadh agus an craoltóir lena mbaineann.

(11) Gan dochar *d'fho-alt (10)*, déanfaidh an craoltóir lena mbaineann, murar dóigh leis an gCoiste um Chomhlíonadh go mbeadh sé mí-chuí don chraoltóir déanamh amhlaidh, breith an Choiste um Chomhlíonadh a chraoladh maidir le gach gearán ar a ndearna an Coiste um Chomhlíonadh breithniú agus inar chinn an Coiste um Chomhlíonadh i bhfabhar an duine a rinne an gearán, go hiomlán nó go páirteach, laistigh de 21 lá ón tráth a thugtar an bhreith sin agus sin tráth agus ar mhodh a fhreagróidh don tráth agus don mhodh inar tharla an craoladh lena mbaineann an gearán.

(12) Maidir le himeachtaí faoin alt seo, níl aon chumhacht ag an gCoiste um Chomhlíonadh costais nó caiteachais a dhámhachtain d'aon pháirtí.

(13) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le gearán nach ndéantar, i dtuairim an Choiste um Chomhlíonadh, de mheon macánta nó atá suaibhreosach nó cráiteach, ná ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt sin maidir le gearán a tharraingeofar siar mura gceapann an Coiste um Chomhlíonadh go bhfuil cúiseanna speisialta ann chun an gearán a imscrúdú (agus luafaidh an Coiste um Chomhlíonadh na cúiseanna sin nuair a bheidh a mbreith á tabhairt acu).

(14) I gcás gur ábhar é ní de ghearáin iomadúla arna ndéanamh—

(*a*) faoin alt seo, nó

(*b*) i leith craolta arna tharchur ó dhlínse eile agus a bheidh dírithe ar lucht féachana nó lucht éisteachta sa Stát,

féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh an ní lena mbaineann a athbhreithniú agus, de réir mar is cuí leis, na fionnachtana a éireoidh as an athbhreithniú sin a thuairisciú don Aire agus don chomhlacht poiblí iomchuí i cibé foirm agus modh is cuí leis an gCoiste.

(15) Féachfaidh an Coiste um Chomhlíonadh le breith a thabhairt i leith gearáin a luaithe is indéanta tar éis gearán den sórt sin a fháil.

(16) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, i gcás gur cuí leis é, éisteacht ó bhéal a thionól i leith imeachtaí faoin alt seo.

(17) Maidir le gearán arna dhéanamh le craoltóir laistigh de na tréimhsí ama a shonraítear in *alt 47(2)*, féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh é a mheas mar ghearán a rinneadh laistigh de na tréimhsí ama a shonraítear i *bhfo-alt (2)*.

Ceart freagartha.

49.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "iarrthóir" duine a dhéanann iarraidh faoi *fho-alt (6)*;

ciallaíonn "ceart freagartha" craoltóir do chraoladh ráiteas arna ullmhú de réir scéime;

ciallaíonn "scéim" scéim faoi *fho-alt (3)*.

(2) Faoi réir an ailt seo, beidh ceart freagartha ag aon duine ar caitheadh amhras ar a onóir nó a honóir nó a dhea-chlú nó a dea-chlú le dearbhú fíoras nó faisnéise atá míchruinn.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de 6 mhí ón lá bunaithe, agus tar éis tréimhse comhchomhairle poiblí, scéim a ullmhú chun an ceart freagartha a fheidhmiú.

(4) Leagfar amach i scéim na nósanna imeachta a leanfar le linn an ceart freagartha a fheidhmiú.

(5) Le linn scéim a ullmhú, déanfaidh an tÚdarás a áirithiú—

(*a*) go gcraolfar ceart freagartha—

(i) laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis an iarraidh ar cheart freagartha a dhéanamh, agus

(ii) tráth agus ar mhodh is cuí maidir leis an gcraoladh dá dtagraíonn an iarraidh, agus

(*b*) maidir le ceart freagartha—

(i) go ndéarfar ann a mhéid atá an fhaisnéis a bhí sa chraoladh faoi *fho-alt (2)* míchruinn nó míthreorach, agus

(ii) go mbeidh sé teoranta do dhearbhuithe fíorasacha is gá chun dearbhú atá neamhiomlán nó a dhéanann saobhadh ar shlí eile a cheartú.

(6) Aon duine ar mian leis nó léi ceart freagartha a fheidhmiú de réir scéime, déanfaidh sé nó sí iarraidh i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an gcraoltóir lena mbaineann—

(*a*) á rá go bhfuil an iarraidh á déanamh faoin alt seo,

(*b*) ina mbeidh dóthain sonraí lena chumasú an chuid den chraoladh inar dearbhaíodh fíorais mhíchruinne lenar caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú an iarrthóra a aithint trí bhearta réasúnacha a dhéanamh, agus

(*c*) má éilíonn an t-iarrthóir go dtabharfar an ceart freagartha i bhfoirm áirithe nó ar mhodh áirithe (ar foirm í nó ar modh é a bheidh de réir téarmaí aon scéime), ina sonrófar foirm nó modh an chirt freagartha.

(7) Déanfar iarraidh ar cheart freagartha tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an craoladh dá dtagraítear san iarraidh a dhéanamh, mura gcomhaontóidh an t-iarrthóir agus an craoltóir lena mbaineann ar a mhalairt.

(8) Déanfaidh an craoltóir, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis iarraidh faoi *fho-alt (6)* a fháil—

(*a*) breith a thabhairt i dtaobh cibé acu a ghéillfear don iarraidh nó a dhiúltófar géilleadh di, agus

(*b*) a chur faoi deara go dtabharfar fógra i scríbhinn i dtaobh na breithe don iarrthóir.

(9) I gcás nach dtabharfar fógra i dtaobh breithe faoi *fho-alt (8)* don iarrthóir roimh dhul in éag don tréimhse a shonrófar chun na críche sin, measfar gur thug an craoltóir lena mbaineann breith ag diúltú géilleadh don iarraidh faoi *fho-alt (6)* ar an dul in éag sin.

(10) Déanfaidh craoltóir leorbhreithniú cuí ar aon iarraidh faoi *fho-alt (6)* a bheidh, i dtuairim an chraoltóra, déanta de mheon macánta agus nach iarraidh shuaibhreosach nó chráiteach, agus a dhéanfaidh duine den phobal maidir leis an tseirbhís craolacháin a sholáthraíonn an craoltóir agus coimeádfaidh sé nó sí taifid chearta chuí ar feadh tréimhse 2 bhliain ar na hiarrataí sin go léir agus ar aon fhreagra a tugadh orthu nó ar aon ghníomh a rinneadh ar scór na n-iarrataí sin.

(11) Déanfaidh craoltóir, má ordaíonn an Coiste um Chomhlíonadh dó nó di é, na taifid go léir a bheidh á gcoimeád aige nó aici faoi *fho-alt (10)* a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an gCoiste um Chomhlíonadh.

(12) Ní ghearrfar aon mhuirear i leith próiseála iarrata faoi *fho-alt (6)* ag craoltóir.

(13) I gcaingean mar gheall ar chlúmhilleadh, maidir le géilleadh ag cosantóir d'iarraidh ar cheart freagartha faoin alt seo i leith ráitis lena mbaineann an chaingean—

(*a*) ní admháil dliteanais go sainráite nó go hintuigthe ag an gcosantóir sin é, agus

(*b*) níl sé ábhartha maidir le cinneadh dliteanais sa chaingean.

(14) I gcaingean mar gheall ar chlúmhilleadh, féadfaidh an cosantóir fianaise a thabhairt de mhaolú ar dhamáiste, gur dheonaigh sé nó sí ceart freagartha don ghearánaí faoin alt seo i leith an ráitis lena mbaineann an chaingean, nó gur thairg sé nó sí é a dheonú—

(*a*) sular tionscnaíodh an chaingean, nó

(*b*) a luaithe ab fhéidir dá éis sin, in imthosca inar tionscnaíodh an chaingean sula raibh deis ann ceart freagartha a dheonú nó tairiscint é a dheonú.

(15) I gcaingean mar gheall ar chlúmhilleadh, déanfaidh cosantóir a bheartaíonn fianaise lena mbaineann *fo-alt (14)* a thabhairt, tráth an chosaint in aghaidh na caingne a chomhdú nó a sheachadadh, fógra a thabhairt don chosantóir i scríbhinn i dtaobh é a bheith beartaithe aige nó aici an fhianaise sin a thabhairt.

(16) Ní bheidh fianaise ar chraoltóir do dheonú ceart freagartha faoin alt seo i leith ráitis lena mbaineann an chaingean inghlactha in aon imeachtaí sibhialta mar fhianaise ar dhliteanas an chosantóra.

(17) Faoi réir an ailt seo, féachfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, ar iarratas chuige sin chucu, i scríbhinn, ag iarrthóir, le hathbhreithniú a dhéanamh, laistigh de 21 lá tar éis iarratas den sórt sin a fháil, ar bhreith ag craoltóir diúltú faoi *fho-alt (8)* nó *(9)* agus, de réir mar is cuí leo—

(*a*) an bhreith a dhaingniú, nó

(*b*) an bhreith a neamhniú, agus a cheangal ar an gcraoltóir lena mbaineann breith an Choiste um Chomhlíonadh, lena n-áirítear ceartú ar bith ar fhíorais mhíchruinne nó ar fhaisnéis mhíchruinn maidir leis an duine lena mbaineann, a chraoladh laistigh de 7 lá ón tráth a chuirtear an bhreith sin in iúl don chraoltóir agus sin tráth agus ar mhodh a fhreagraíonn don tráth a tharla an craoladh lena mbaineann an iarraidh agus don mhodh ar a ndearnadh é,

de réir an ailt seo.

(18) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (17)* chuig an gCoiste um Chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis breith maidir le diúltú faoi *fho-alt (8)* nó *(9)* a fháil.

(19) I gcás go mbeartaíonn an Coiste um Chomhlíonadh iarratas arna dhéanamh faoi *fho-alt (17)* a imscrúdú, tabharfaidh an Coiste an Chomhlíonadh deis don chraoltóir lena mbaineann an t-iarratas (dá ngairtear "an craoltóir lena mbaineann" ina dhiaidh seo san alt seo) trácht a dhéanamh ar an iarratas.

(20) A luaithe is féidir tar éis dóibh breith a thabhairt ar iarratas arna dhéanamh faoi *fho-alt (17)*, cuirfidh an Coiste um Chomhlíonadh—

(*a*) chuig an duine a rinne an t-iarratas, agus

(*b*) chuig an gcraoltóir lena mbaineann,

ráiteas i scríbhinn faoina mbreith, lena n-áirítear na cúiseanna a bhí lena mbreith.

(21) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh aon iarraidh ar cheart freagartha a dhiúltú i gcás gurb é a thuairim *inter alia*—

(*a*) gur iarraidh de chineál suaibhreosach ná cráiteach í nó nach de mheon macánta a rinneadh í,

(*b*) gur léir nach bhfuil gá le ceart freagartha, de bhrí gur beag tábhacht atá leis an earráid sa chraoladh a bhfuiltear ag gearán mar geall air,

(*c*) go luaitear faisnéis nó dearbhuithe nach bhfuil fíor sa cheart freagartha beartaithe,

(*d*) gur tuairim phearsanta an ceart freagartha beartaithe,

(*e*) gur measúnacht ar dhuine nó rabhadh i gcoinne iompair duine sa todhchaí an ceart freagartha beartaithe,

(*f*) go ngabhfadh gníomh inphionóis le sásamh an chirt freagartha bheartaithe,

(*g*) gurbh ábhar dochair nó coil é sásamh an chirt freagartha beartaithe,

(*h*) go ndlífí imeachtaí dlí shibhialta a shaothrú i gcoinne an chraoltóra mar gheall ar an gceart freagartha a beartaithe a shásamh,

(*i*) go sáródh sásamh an chirt freagartha bheartaithe oibleagáid reachtúil de chuid craoltóra,

(*j*) go sáródh sásamh an chirt freagartha bheartaithe téarmaí conartha craoltóra leis an Údarás faoi *Chuid 6*,

(*k*) nach bhfuil aon leas iarbhír is inchosanta le dlí i bhfoilsiú cirt freagartha ag an duine dá ndearna an fhaisnéis atá faoi aighneas díobháil,

(*l*) go raibh ráiteas sa chraoladh bunaidh freisin ón duine dá ndearnadh difear agus gurb ionann an méid a bhí ansin agus ceart freagartha,

(*m*) go ndearnadh ceartúchán eagarthóireachta comhionann agus gur cuireadh é sin in iúl don duine dá ndearnadh difear,

(*n*) go sáródh an méid atá le bheith sa cheart freagartha beartaithe cearta tríú páirtí,

(*o*) go mbaineann an ní áirithe le tuarascálacha ar sheisiúin phoiblí de Thithe an Oireachtais nó de na Cúirteanna,

(*p*) go mbaineann an ní áirithe le craoladh páirtí polaitíochta,

(*q*) go mbaineann an ní áirithe le craoladh faoi alt 3 d'Acht 1998,

(*r*) nach é leas an phobail é ceart freagartha a chraoladh, nó

(*s*) nach ndearnadh an t-iarratas laistigh den tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (18)*.

(22) I gcás go bhfionnfaidh an Coiste um Chomhlíonadh gur mhainnigh an craoltóir breith faoi *fho-alt (17)* a chomhlíonadh tabharfaidh an Coiste um Chomhlíonadh fógra i dtaobh na bhfionnachtana sin don chraoltóir agus tabharfaidh sé deis don chraoltóir uiríll a dhéanamh i ndáil leis an bhfógra nó aon neamhchomhlíonadh a leigheas, tráth nach déanaí ná—

(*a*) 10 lá tar éis an fógra a eisiúint, nó

(*b*) deireadh cibé tréimhse is faide ná sin ar a gcomhaontóidh an Coiste um Chomhlíonadh leis an gcraoltóir lena mbaineann.

(23) Más rud é gurb é tuairim an Choiste um Chomhlíonadh, ag deireadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (22)*, nár leigheas an craoltóir a neamhchomhlíonadh, féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh a mholadh don Údarás, agus déanfaidh an tÚdarás de réir molta den sórt sin, go ndéanfaidh an tÚdarás iarratas chun

na hArd-Chúirte ar cibé ordú is cuí chun a chinntiú go gcomhlíontar breith faoi *fho-alt (17)*.

(24) Féadfaidh an Ard-Chúirt, de réir mar is cuí léi, ar an iarratas a éisteacht, ordú a dhéanamh—

(*a*) lena gcuirfear iallach breith faoi *fho-alt (17)* a chomhlíonadh,

(*b*) lena n-athrófar ceanglas faoi *fho-alt (17)*, nó

(*c*) lena ndiúltófar an t-iarratas.

(25) Maidir le scéim—

(*a*) foilseoidh an tÚdarás í ar shuíomh gréasáin a choimeádann an tÚdarás, agus

(*b*) déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh í a chur i gcrích de réir théarmaí na scéime.

(26) (*a*) Déanfaidh an tAire scéim a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis í a ullmhú.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas scéim a neamhniú le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh an scéim faoina bhráid de réir *mhír (a)*.

(*c*) Tá éifeacht le neamhniú scéime faoi *mhír (b)* díreach ar an rún lena mbaineann a rith ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin scéim roimh an rún a rith.

(27) Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar fheidhmiú, ar éifeachtacht agus ar thionchar scéime agus tabharfaidh sé tuarascáil don Aire i dtaobh an mhéid sin tráth nach déanaí ná 3 bliana ón dáta a thagann sí i ngníomh agus gach 5 bliana dá éis sin nó cibé tráth a iarrfaidh an tAire.

(28) Déanfaidh an tAire cóip de thuarascáil faoi *fho-alt (27)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis í a thabhairt dó nó di.

CUID 5

Forfheidhmiú

Caibidil 1

Comhlíonadh téarmaí conartha

Gnóthaí conraitheora a imscrúdú.

50.—(1) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, ar aon cheann de na cúiseanna a shonraítear i *bhfo-alt (2)*, imscrúdú a sheoladh ar ghnóthaí oibríochta, clár, airgeadais, teicniúla nó ar ghnóthaí eile sealbhóra conartha faoi *Chuid 6* nó *8* ("conraitheoir").

(2) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh imscrúdú a sheoladh faoin alt seo trí chomhalta d'fhoireann an Údaráis nó duine eile a mheasfaidh an Coiste a bheith cáilithe go hoiriúnach a cheapadh mar imscrúdaitheoir chun imscrúdú den sórt sin a sheoladh, má tá forais réasúnacha ag an gCoiste lena chreidiúint nach bhfuil seirbhís á

soláthar ag conraitheoir de réir théarmaí chonradh an chonraitheora,.

(3) Tabharfaidh an Coiste um Chomhlíonadh fógra don chonraitheoir lena mbaineann maidir leis an ní atá faoi imscrúdú agus tabharfaidh sé deis don chonraitheoir freagra a thabhairt, laistigh de 7 lá ó dháta an fhógra, nó cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an Coiste, ar an ní atá faoi imscrúdú. Beidh sé de dhualgas ar an gconraitheoir comhoibriú leis an imscrúdú.

(4) Féadfaidh imscrúdaitheoir, chun críocha imscrúdaithe faoin alt seo, a cheangal ar an gconraitheoir lena mbaineann—

(*a*) cibé faisnéis nó taifid atá i seilbh an chonraitheora nó faoina rialú agus is iomchuí maidir leis an imscrúdú a thabhairt ar aird don imscrúdaitheoir,

(*b*) a cheadú don imscrúdaitheoir dul isteach in áitreabh an chonraitheora chun iniúchtaí den sórt sin a dhéanamh agus scrúduithe den sórt sin a dhéanamh ar threalamh craolacháin a gheofar ann, agus

(*c*) más cuí, freastal os comhair an imscrúdaitheora chun críocha an imscrúdaithe.

(5) I gcás ina dtiocfaidh imscrúdaitheoir ar an tuairim, tar éis dó nó di imscrúdú a sheoladh faoi *fho-alt (2),* nach bhfuil conraitheoir ag soláthar na seirbhíse dá dtagraítear san fho-alt sin de réir théarmaí chonradh an chonraitheora, ansin déanfaidh sé nó sí an fhionnachtain a chur in iúl don chonraitheoir agus deis a thabhairt don chonraitheoir sin aighneachtaí a dhéanamh de réir aon rialacha arna ndéanamh faoi *fho-alt (8)* ag éisteacht os comhair an Choiste um Chomhlíonadh i leith an ní a bheidh faoi imscrúdú.

(6) Déanfaidh an conraitheoir lena mbaineann cibé faisnéis agus taifid a mheasfaidh an Coiste um Chomhlíonadh is gá chun críocha éisteachta a sholáthar don Choiste um Chomhlíonadh.

(7) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, tar éis breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí (más ann) arna ndéanamh ag an gconraitheoir lena mbaineann faoi *fho-alt (5)*—

(*a*) a fhionnadh nach bhfuil an conraitheoir ag soláthar na seirbhíse dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* de réir théarmaí chonradh an chonraitheora, nó

(*b*) cibé fionnachtain eile a dhéanamh is cuí leis sna himthosca.

(8) Déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh rialacha lena ndéanfar foráil maidir le héisteacht a sheoladh faoi *fho-alt (5)*. Déanfar foráil leis na rialacha maidir leis an tréimhse ina mbeidh aighneachtaí faoi *fho-alt (5)* le déanamh. Féadfaidh foráil a bheith sna rialacha maidir le héisteacht ó bhéal nó cineál eile éisteachta, de réir mar is cuí.

(9) San alt seo, ciallaíonn "imscrúdaitheoir" duine a cheapfar mar imscrúdaitheoir faoi *fho-alt (2)*.

Conradh faoi *Chuid 6* nó *8* a fhoirceannadh nó a fhionraí.

51.—(1) Gan dochar d'aon fhoráil shonrach de chuid an Achta seo, nó de chonradh arna dhéanamh faoi, féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh a mholadh don Údarás go ndéanfaidh an tÚdarás conradh arna dhéanamh ag an Údarás faoi *Chuid 6* nó *8* a fhoirceannadh nó a fhionraí, ar feadh cibé tréimhse fionraí a mheasfaidh an Coiste um Chomhlíonadh a bheith réasúnach agus a shonróidh sé sa mholadh—

(*a*) más rud é go ndearna sealbhóir an chonartha, nó go ndearnadh thar ceann shealbhóir an chonartha, aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach de chineál ábhartha a thabhairt don Choiste um Dheonú Conarthaí sula ndearnadh an conradh, nó

(*b*) más rud é gur mhainnigh sealbhóir an chonartha, ar fhionnachtain ón gCoiste um Chomhlíonadh faoi *alt 50(7)*, ag féachaint don imscrúdú lena mbaineann faoin alt sin, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, téarma nó coinníoll den chonradh a chomhlíonadh, agus go bhfuil an mhainneachtain sin de chineál chomh tromchúiseach sin, gur ceart, i dtuairim an Choiste um Chomhlíonadh, go ndéanfaí an conradh a fhoirceannadh nó a fhionraí,

agus déanfaidh an tÚdarás—

(i) i gcás go molfaidh an Coiste um Chomhlíonadh go ndéanfar an conradh a fhionraí, an conradh lena mbaineann a fhionraí ar feadh cibé tréimhse a mholfaidh an Coiste um Chomhlíonadh nó, ag féachaint do na himthosca go léir, ar feadh cibé tréimhse is lú is cuí leis an Údarás, nó

(ii) i gcás go molfaidh an Coiste um Chomhlíonadh go ndéanfar an conradh a fhoirceannadh, an conradh lena mbaineann a fhoirceannadh nó, ag féachaint do na himthosca go léir, an conradh a fhionraí ar feadh cibé tréimhse is cuí leis an Údarás.

(2) I gcás go mbeartóidh an Coiste um Chomhlíonadh moladh a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an Coiste, le fógra, deis a thabhairt do shealbhóir an chonartha lena mbaineann aighneachtaí a dhéanamh, de réir aon rialacha arna ndéanamh faoi *fho-alt (3)*, ag éisteacht os comhair an Choiste i leith an ní atá faoi bhreithniú.

(3) Déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh rialacha ina mbeidh foráil maidir le héisteacht a sheoladh faoi *fho-alt (2)*. Déanfar foráil sna rialacha maidir leis an tréimhse ina mbeidh aighneachtaí faoi *fho-alt (2)* le déanamh. Féadfaidh foráil a bheith sna rialacha maidir le héisteacht ó bhéal nó aon chineál eile éisteachta, de réir mar is cuí.

(4) Maidir le cinneadh ag an Údarás conradh a fhoirceannadh nó a fhionraí faoin alt seo, faoi aon fhoráil eile den Acht seo nó faoi fhoráil den chonradh, féadfaidh sealbhóir an chonartha achomharc a dhéanamh ina aghaidh chuig an Ard-Chúirt.

(5) Ní bheidh comhalta den Choiste um Chomhlíonadh a rinne an moladh don Údarás ar áireamh ar na comhaltaí den Údarás a dhéanann cinneadh faoi *fho-alt (1)(i)* nó *(ii)* i ndáil le conradh a fhionraí nó a fhoirceannadh. Féadfaidh an tÚdarás a cheadú do shealbhóir an chonartha lena mbaineann aighneachtaí breise a dhéanamh chuige, más cuí leis é, de réir aon rialacha a dhéanfaidh

sé (a bhféadfaidh an fhéidearthacht go mbeidh éisteacht ann a bheith san áireamh iontu).

(6) Aon chonradh a fhoirceannfar nó a fhionrófar faoin alt seo, faoi aon fhoráil eile den Acht seo nó faoi fhoráil den chonradh—

(*a*) i gcás go bhfoirceannfar é, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis, agus

(*b*) i gcás go bhfionrófar é, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis ar feadh na tréimhse dá mbeidh sé ar fionraí.

CAIBIDIL 2

Smachtbhannaí Airgeadais

Mínithe (*Caibidil 2*).

52.—Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn "Cúirt" Ard-Chúirt;

ciallaíonn "sárú" mainneachtain thromchúiseach nó mainneachtain arís agus arís eile ag craoltóir ceanglas dá dtagraítear in *alt 53 (1)* a chomhlíonadh;

ciallaíonn "smachtbhanna airgeadais" méid sonraithe a bheidh le híoc ag craoltóir mar gheall ar shárú ag an gcraoltóir de réir mar a ordóidh an Chúirt faoi *alt 55 (1)* nó an tÚdarás faoi *alt 55 (3)* dó nó di;

ciallaíonn "imscrúdú" imscrúdú ag oifigeach imscrúdúcháin ar aon cheann de na nithe dá dtagraítear in *alt 53 (1)*;

ciallaíonn "oifigeach imscrúdúcháin" duine a cheapfar mar oifigeach imscrúdúcháin faoi *alt 53 (1)*.

Imscrúdú ar ghnóthaí craoltóra.

53.—(1) Déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, faoi réir *fho-alt (2)*, comhalta d'fhoireann an Údaráis, nó cibé duine eile a mheasfaidh an Coiste a bheith cáilithe go hoiriúnach, a cheapadh chun bheith ina oifigeach imscrúdúcháin nó ina hoifigeach imscrúdúcháin chun críocha na Caibidle seo i gcás inar dóigh leis go bhfuil imthosca ann a thugann le fios gur cuí aon sárú dealraitheach ag craoltóir ar cheanglas de chuid *alt 39 (1)*, *40 (1)*, *(2)* nó *(3)*, *41(2)*, *(3)* nó *(4)*, *106(3)* nó *127(6)* nó ar chód craolacháin nó riail chraolacháin a imscrúdú agus tuarascáil a thabhairt faoi.

(2) Bainfidh téarmaí ceapacháin oifigigh imscrúdúcháin faoin alt seo leis an sárú dealraitheach áirithe a bheidh á imscrúdú, agus féadfar scóip imscrúdú an oifigigh imscrúdúcháin a mhíniú leo, cibé acu maidir leis na nithe nó leis an tréimhse a bheidh faoi réim an imscrúdaithe, nó ar shlí eile, agus féadfar go háirithe an t-imscrúdú a theorannú leo do nithe a bhfuil baint acu le himthosca áirithe.

(3) I gcás go gceapfaidh an Coiste um Chomhlíonadh oifigeach imscrúdúcháin chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú dealraitheach ag craoltóir agus chun tuarascáil a thabhairt faoi, déanfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin—

(*a*) fógra a thabhairt don chraoltóir ("an craoltóir lena mbaineann") faoin ní a bheidh á imscrúdú,

(*b*) cóipeanna d'aon doiciméid atá iomchuí maidir leis an imscrúdú a sholáthar don chraoltóir, agus

(*c*) deis a thabhairt don chraoltóir freagra a thabhairt, laistigh de 7 lá ó dháta an fhógra, nó cibé tréimhse bhreise nach mó ná 21 lá, a cheadóidh an Coiste, ar an ní a bheidh á imscrúdú.

(4) Tá sé de dhualgas ar an gcraoltóir lena mbaineann comhoibriú le haon imscrúdú den sórt sin, agus cibé faisnéis a sholáthar don oifigeach imscrúdúcháin is dóigh leis nó léi is gá chun críocha an imscrúdaithe.

(5) I gcás go gceapfaidh an Coiste um Chomhlíonadh oifigeach imscrúdúcháin chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú dealraitheach agus chun tuarascáil a thabhairt faoi, agus—

(*a*) go n-iarrfaidh duine atá fostaithe ag an gcraoltóir lena mbaineann, nó

(*b*) más rud é gur choimisiúnaigh an craoltóir lena mbaineann déanamh cláir ar bith is ábhar d'imscrúdú den sórt sin, go n-iarrfaidh an duine a coimisiúnaíodh chun an clár sin a dhéanamh,

ar chúiseanna a shonróidh an duine, go dtabharfadh an Coiste um Chomhlíonadh deis dó nó di trácht a dhéanamh laistigh de 7 lá, nó cibé tréimhse bhreise nach mó ná 21 lá, a cheadóidh an Coiste, ar an ní a bheidh á imscrúdú, ansin déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, tar éis dó na cúiseanna a shonrófar amhlaidh a bhreithniú, a cheangal ar an oifigeach imscrúdúcháin deis den sórt sin a thabhairt don duine, más deimhin leis an gCoiste—

(i) i gcás duine dá dtagraítear i *mír (a)*, go bhfuil leas de chuid an duine, a mheasfaidh an Coiste um Chomhlíonadh a bheith iomchuí maidir le fostaíocht an duine ag an gcraoltóir lena mbaineann, i gceist,

(ii) i gcás duine dá dtagraítear i *mír (b)*, go mb'fhéidir go ndéanfaí dochar don ionchas go bhfaigheadh an duine coimisiúin eile i leith clár ón gcraoltóir lena mbaineann, de dheasca an ní a bheidh faoi imscrúdú, nó

(iii) i gcás duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)*, gur ceart déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gcothroime, ag féachaint d'aon iarmhairtí a d'fhéadfadh teacht as do dhea-chlú an duine.

(6) I gcás go mbeartóidh an Coiste um Chomhlíonadh imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh ag craoltóir ar chód craolacháin lena ndéantar foráil maidir le haon cheann de na nithe dá dtagraítear in *alt 42 (2)(g)* nó *(h)*, tabharfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin deis don duine a bheidh ag úsáid an ní sin i seirbhís craolacháin trácht a dhéanamh laistigh de 7 lá tar éis fógra a fháil, nó cibé tréimhse bhreise nach faide ná 21 lá a cheadóidh an Coiste, i ndáil leis an ní a bheidh faoi imscrúdú.

(7) Féadfaidh oifigeach imscrúdúcháin chun críocha an ailt seo a cheangal ar an gcraoltóir lena mbaineann—

(*a*) cibé faisnéis nó cibé taifid a bheidh i seilbh an chraoltóra nó faoina rialú agus is iomchuí maidir leis an imscrúdú a sholáthar don oifigeach imscrúdúcháin, agus

(*b*) más cuí, freastal os comhair an oifigigh imscrúdúcháin chun críocha an imscrúdaithe.

Tuarascáil, fionnachtana, moltaí agus nósanna imeachta a bhaineann le toradh imscrúdaithe.

54.—(1) (*a*) I gcás ina dtiocfaidh oifigeach imscrúdúcháin ar an tuairim go ndearnadh sárú i leith aon ní atá á imscrúdú aige nó aici nó gur mhainnigh an craoltóir lena mbaineann comhoibriú leis an imscrúdú, déanfaidh an t-oifigeach é sin a thuairisciú don Choiste um Chomhlíonadh.

(*b*) Áireofar i dtuarascáil a thabharfaidh oifigeach imscrúdúcháin don Choiste um Chomhlíonadh i ndáil le himscrúdú—

(i) fionnachtana an oifigigh imscrúdúcháin i ndáil leis an ní,

(ii) aon fhreagra a gheofar faoi *alt 53(3)* nó aon trácht a gheofar faoi *alt 53(5)* nó *(6)*,

(iii) mionsonraí i dtaobh aon mhainneachtana ag an gcraoltóir lena mbaineann *alt 53(7)* a chomhlíonadh, agus

(iv) moladh an oifigigh imscrúdúcháin.

(2) I gcás go dtiocfaidh oifigeach imscrúdúcháin ar thuairim go ndearna an craoltóir lena mbaineann sárú nó nár chomhoibrigh an craoltóir leis an imscrúdú, tabharfar an deis don chraoltóir aighneacht a dhéanamh chuig an gCoiste um Chomhlíonadh laistigh de 10 lá tar éis fógra i dtaobh thuairimí agus moladh an oifigigh imscrúdúcháin a bheith tugtha dó nó di.

(3) I gcás go gcinnfidh an Coiste um Chomhlíonadh, tar éis tuarascáil faoi *fho-alt (1)* agus aon aighneachtaí a bheidh déanta faoi *fho-alt (2)* a bhreithniú—

(*a*) go ndearna an craoltóir lena mbaineann sárú, nó

(*b*) gur mhainnigh an craoltóir lena mbaineann comhoibriú in imscrúdú,

féadfaidh an Coiste a mholadh don Údarás go dtabharfaidh an tÚdarás fógra don chraoltóir lena mbaineann de réir *fho-alt (4)*. Déanfaidh an tÚdarás an moladh a chomhlíonadh.

(4) Maidir le fógra faoi *fho-alt (3)*—

(*a*) déanfar na cúiseanna atá leis an bhfógra a leagan amach ann,

(*b*) luafar ann go bhfuil ar intinn ag an Údarás iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar chinneadh go ndearnadh sárú nó gur mainníodh comhoibriú le himscrúdú, mura n-iarrfaidh an craoltóir lena mbaineann, i scríbhinn laistigh de 14 lá ó dháta an fhógra nó de cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an tÚdarás, go ndéileálfaidh an tÚdarás leis an ní faoi *alt 55(2)*, agus

(*c*) déanfar méid an smachtbhanna airgeadais (nach mó ná €250,000) a mholann sé, má dhéileálann an tÚdarás leis an ní faoi *alt 55(2)* a chur in iúl ann,

agus féadfaidh an tÚdarás méid an smachtbhanna airgeadais (nach mó ná €250,000) a bheartaíonn sé a mholadh don Chúirt má dhéileálann an Chúirt leis an ní faoi *alt 55 (1)* a chur in iúl san fhógra.

(5) I gcás go mainneoidh an craoltóir lena mbaineann iarraidh a dhéanamh faoi *fho-alt (4)*(*b*) laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa mhír sin nó go gcuireann sé in iúl don Údarás nach ndéanfar aon iarraidh den sórt sin, déanfaidh an tÚdarás iarratas chun na Cúirte ar chinneadh go ndearna an craoltóir lena mbaineann sárú nó gur mhainnigh an craoltóir lena mbaineann comhoibriú le himscrúdú.

(6) I gcás go ndéanann craoltóir iarraidh faoi *fho-alt (4)(b)*, tabharfaidh an tÚdarás deis don chraoltóir aighneachtaí a dhéanamh ag éisteacht os comhair an Údaráis, i leith an ní.

(7) I gcás go nglacann craoltóir leis an deis aighneachtaí a dhéanamh ag éisteacht faoi *fho-alt (6)*, ní áireofar ar na comhaltaí den Údarás a bheidh ag seoladh na héisteachta aon duine ba chomhalta den Choiste um Chomhlíonadh a cheap oifigeach imscrúdúcháin faoi *alt 53(1)* chun an sárú líomhnaithe a imscrúdú agus moladh a dhéanamh faoi *fho-alt (3)*.

(8) Déanfaidh an tÚdarás rialacha lena ndéanfar foráil maidir le héisteacht faoi *fho-alt (6)* a sheoladh. Féadfar foráil a bheith sna rialacha maidir le héisteacht ó bhéal nó maidir le héisteacht de chineál eile, de réir mar is cuí, agus maidir le fianaise a ghlacadh, cibé acu ó bhéal nó ar shlí eile, de réir mar is cuí, agus maidir leis na rialacha fianaise is infheidhme.

(9) Ní fhéadfaidh an tÚdarás costais ná caiteachas a dhámhachtain d'aon pháirtí i ndáil le héisteacht faoi *fho-alt (6)*.

Smachtbhannaí airgeadais.

55.—(1) In aon iarratas arna dhéanamh chun na Cúirte faoi *alt 54(5)*—

(*a*) féadfaidh sí—

(i) a chinneadh go ndearna an craoltóir lena mbaineann sárú nó gur mhainnigh sé nó sí comhoibriú le himscrúdú,

(ii) más cuí léi é, ag féachaint d'aon mhéid a mholann an tÚdarás agus ag cur na nithe dá dtagraítear in *alt 56* san áireamh, a ordú go n-íocfadh an craoltóir lena mbaineann leis an Údarás smachtbhanna airgeadais nach mó ná €250,000, maidir leis an sárú nó leis an mainneachtain comhoibriú leis an imscrúdú atá i gceist, agus

(iii) cibé ordú is cuí léi a dhéanamh,

nó

(*b*) féadfaidh sí an t-iarratas a dhíbhe,

agus féadfaidh an Chúirt cibé ordú is cuí léi a dhéanamh i dtaobh costas maidir leis an iarratas.

(2) I gcás ina mbeidh iarraidh i scríbhinn déanta ag craoltóir chuig an Údarás faoi *alt 54(4)*, féadfaidh an tÚdarás a chinneadh go ndearna nó nach ndearna an craoltóir lena mbaineann sárú nó gur mhainnigh nó nár mhainnigh sé nó sí comhoibriú le himscrúdú agus

féadfaidh an tÚdarás ráiteas ar fhionnachtana a eisiúint chuig an gcraoltóir.

(3) I gcás ina gcinnfidh an tÚdarás faoi *fho-alt (2)* go ndearna an craoltóir lena mbaineann sárú nó gur mhainnigh sé nó sí comhoibriú le himscrúdú, féadfaidh an tÚdarás a ordú, ag cur na nithe dá dtagraítear in *alt 56* san áireamh agus ag féachaint dóibh, go n-íocfaidh an craoltóir leis an Údarás smachtbhanna airgeadais nach mó ná an méid a mholtar i bhfógra arna thabhairt don chraoltóir de réir *alt 54(4)(c)*, maidir leis an sárú nó leis an mainneachtain comhoibriú le himscrúdú.

(4) Féadfaidh an tÚdarás cibé mionsonraí is cuí leis a bhaineann le breith ón gCúirt faoi *fho-alt (1)* nó cibé ráiteas ar fhionnachtana arna dhéanamh aici faoi *fho-alt (2)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás.

(5) Féadfaidh craoltóir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt in aghaidh ráitis ar fhionnachtana arna eisiúint i leith an chraoltóra faoi *fho-alt (2)* nó smachtbhanna airgeadais arna fhorchur i gcoinne an chraoltóra faoi *fho-alt (3)*, nó ina n-aghaidh araon.

(6) Féadfar suim atá dlite faoin alt seo a ghnóthú in aon chúirt dlínse inniúla mar fhiach conartha shimplí.

(7) Déanfar na híocaíochtaí go léir a thabharfar don Údarás faoin alt seo a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste i cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais.

Nithe atá le breithniú le linn méid smachtbhanna airgeadais a chinneadh.

56.—Le linn breithniú a dhéanamh ar an méid (más ann) d'aon smachtbhanna airgeadais a bheidh le forchur ar chraoltóir faoi *alt 55*, cuirfidh an tÚdarás nó an Chúirt i gcuntas imthosca an tsáraithe nó na mainneachtana comhoibriú le himscrúdú atá i gceist, de réir mar a bheidh, agus tabharfaidh sé nó sí aird ar na nithe seo a leanas, de réir mar is cuí sna himthosca—

(*a*) an gá atá ann a chinntiú maidir le haon smachtbhanna airgeadais a fhorchuirfear—

(i) gur smachtbhanna cuí é agus go mbeidh sé i gcomhréir leis an sárú nó leis an mainneachtain comhoibriú leis an imscrúdú, agus

(ii) go mbeidh sé ina dhreasú leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar an ceanglas a sáraíodh a chomhlíonadh sa todhchaí,

(*b*) tromchúis an tsáraithe,

(*c*) láimhdeachas an chraoltóra sa bhliain airgeadais dar críoch an bhliain roimh an sárú agus cumas an chraoltóra an méid a íoc,

(*d*) a mhéid a mainníodh comhoibriú leis an imscrúdú,

(*e*) aon leithscéal nó míniú ón gcraoltóir mar gheall ar an sárú nó ar an mainneachtain comhoibriú leis an imscrúdú,

(*f*) aon ghnóchan (is gnóchan airgeadais nó gnóchan eile) a rinne an craoltóir nó aon duine a bhfuil leas airgeadais ag an gcraoltóir ann nó inti de dhroim an tsáraithe,

(*g*) oiriúnacht an trátha a craoladh an bunábhar clár lena mbaineann,

(*h*) an méid dochair a rinneadh nó an costas méadaithe a thabhaigh luchtanna féachana agus éisteachta, tomhaltóirí nó rannpháirtithe rannacha eile nó rannpháirtithe margaidh eile de dhroim an tsáraithe,

(*i*) ionchais an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an mbunábhar clár,

(*j*) ré an tsáraithe,

(*k*) sáruithe leantacha ag an gcraoltóir,

(*l*) an craoltóir do leanúint—

(i) den sárú, nó

(ii) den ní lena mbaineann imscrúdú a chraoladh tar éis fógra a fháil faoin imscrúdú faoi *alt 53(3)(a)*,

(*m*) a mhéid—

(i) arbh eol do bhainistíocht an chraoltóra, nó ar chóir gurbh eol di, go raibh an sárú ag tarlú nó go dtarlódh sé, agus

(ii) ba thríú páirtí nó aon imthosca iomchuí, nach raibh neart ag an gcraoltóir orthu, ba chúis le haon sárú,

(*n*) easnamh, mí-éifeachtacht nó mainneachtain leantach sásraí inmheánacha nó nósanna imeachta an chraoltóra arb é is cuspóir dóibh cosc a chur le sárú ag an gcraoltóir,

(*o*) a mhéid a bhí bearta déanta ag an gcraoltóir roimh ré chun dálaí seachtracha a bhféadfadh sárú tarlú de thoradh orthu, a aithint agus a mhaolú,

(*p*) méid agus tráthúlacht aon bhearta a rinneadh chun deireadh a chur leis an sárú atá i gceist, agus aon bhearta a rinneadh chun iarmhairtí an tsáraithe a leigheas,

(*q*) uiríll ón gcraoltóir maidir le méid cuí smachtbhanna airgeadais,

(*r*) cibé acu a rinne an Chúirt nó an tÚdarás smachtbhanna airgeadais a fhorchur cheana ar an gcraoltóir maidir le hiompar den tsamhail sin, agus

(*s*) aon fhasaigh a bheidh leagtha síos ag an gCúirt nó ag an Údarás i leith sáruithe nó mainneachtainí comhoibriú le himscrúdú roimhe sin.

Caibidil 3

Fógraí

Fógraí.

57.—(1) I gcás ina gceanglaítear fógra a thabhairt do chraoltóir nó do chonraitheoir faoin gCuid seo, díreofar chuig an gcraoltóir nó chuig an gconraitheoir é agus tabharfar don chraoltóir nó don chonraitheoir é ar cheann amháin de na slite seo a leanas—

(*a*) trína sheachadadh ar an gcraoltóir nó ar an gconraitheoir,

(*b*) trína fhágáil ag an seoladh ag a seolann an craoltóir nó an conraitheoir gnó,

(*c*) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an gcraoltóir nó chuig an gconraitheoir ag an seoladh ag a seolann an craoltóir nó an conraitheoir gnó,

(*d*) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógra tugtha ag an gcraoltóir nó ag an gconraitheoir, trína fhágáil ag an seoladh sin, nó trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha chuig an seoladh sin agus é dírithe chuig an gcraoltóir nó chuig an gconraitheoir, nó

(*e*) trína chur leis an bpost leictreonach nó le hinneall macasamhla, chuig feiste nó saoráid chun post leictreonach nó macasamhla a ghlacadh atá suite ag an seoladh ag a seolann an craoltóir nó an conraitheoir gnó nó, más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógra tugtha ag an gcraoltóir nó ag an gconraitheoir, ag an seoladh sin, ach sin sa chás amháin—

(i) go ndéanann—

(I) saoráid an tseoltóra chun post leictreonach a ghlacadh teachtaireacht a ghiniúint ina ndaingnítear go bhfuarthas an post leictreonach, nó

(II) inneall macasamhla an tseoltóra teachtaireacht a ghiniúint ina ndaingnítear go ndearnadh líon iomlán leathanach an fhógra a tharchur go rathúil,

agus

(ii) go dtugtar an fógra freisin i gceann amháin de na slite eile a luaitear in aon cheann de na míreanna roimhe seo.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, meastar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí ag a hoifig chláraithe, agus meastar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

(3) Aon chóip d'fhógra, ar a mbeidh deimhniú formhuinithe a airbheartaíonn a bheith sínithe ag imscrúdaitheoir faoi *Chaibidil 1* nó ag oifigeach imscrúdúcháin faoi *Chaibidil 2*, de réir mar a bheidh, á rá gur fíorchóip den fhógra an chóip féadfar, gan chruthú ar shíniú an duine sin, í a thabhairt ar aird i ngach cúirt nó os comhair an Údaráis agus i ngach imeacht dlí agus is fianaise í ar an bhfógra mura suífear a mhalairt.

(4) San alt seo, ciallaíonn "fógra" fógra faoin gCuid seo.

CUID 6

CONARTHAÍ CRAOLACHÁIN AGUS CONARTHAÍ SOLÁTHAIR LÁNAIS — CRAOLTÓIRÍ TRÁCHTÁLA AGUS POBAIL.

Léiriú (*Cuid 6*).

58.—(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn "ceadúnas craolacháin" ceadúnas arna dheonú faoi *alt 59*;

ciallaíonn "conradh craolacháin fuaime" conradh arna dhéanamh faoi *alt 63*;

ciallaíonn "conradh seirbhíse clár teilifíse" conradh arna dhéanamh faoi *alt 70.*

(2) Aon chonradh i leith craolacháin arna dhéanamh faoi achtachán a aisghairtear le *halt 3* ag CCÉ le duine eile atá i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a rith, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm amhail is dá mba faoin bhforáil chomhréire den Chuid seo a dhéanfaí é agus beidh éifeacht leis dá réir.

Ceadúnas craolacháin.

59.—(1) Ní údaróidh an tÚdarás do chonraitheoir craolacháin tarchuradóir craolacháin a oibriú agus seirbhís craolacháin a sholáthar faoi chonradh craolacháin mura ndéanfaidh agus go dtí go ndéanfaidh an Rialálaí Cumarsáide ceadúnas ("ceadúnas craolacháin") faoi alt 5 d'Acht 1926 a dheonú faoin bhfo-alt seo don Údarás i leith an tarchuradóra fuaime nó teilifíse lena mbaineann an conradh.

(2) Ní bheidh ceadúnas craolacháin bailí ach amháin ar feadh cibé tréimhse ama a mbeidh conradh craolacháin i bhfeidhm idir an tÚdarás agus conraitheoir craolacháin.

(3) Beidh coinníoll i ngach conradh craolacháin á cheangal ar an gconraitheoir craolacháin lena mbaineann an tarchuradóir craolacháin lena mbaineann a bhunú, a chothabháil agus a oibriú de réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chuirfidh an Rialálaí Cumarsáide ag gabháil leis an gceadúnas craolacháin lena mbaineann an conradh (lena n-áirítear aon athruithe arna ndéanamh air de réir *alt 60*), agus fad a dhéanfar na téarmaí agus na coinníollacha a chomhlíonadh, beidh d'éifeacht leis an gconradh tairbhí an cheadúnais a thabhairt don chonraitheoir craolacháin agus measfar aon tarchuradóir den sórt sin arna bhunú, arna chothabháil agus arna oibriú amhlaidh a bheith ceadúnaithe chun críocha Acht 1926.

(4) Beidh gach ceadúnas craolacháin ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal in oifig chláraithe an Údaráis ag cibé tráthanna a mheasfaidh an tÚdarás a bheith réasúnach le linn uaireanta oscailte oifige.

Ceadúnas craolacháin a athrú.

60.—(1) Féadfaidh an Rialálaí Cumarsáide aon téarma nó coinníoll de chuid ceadúnais craolacháin a athrú—

(*a*) más dealraitheach dó gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le dea-bhainistíocht minicíochtaí raidió,

(*b*) d'fhonn éifeacht a thabhairt d'aon chomhaontú idirnáisiúnta ar páirtí ann an Stát agus a bheidh daingnithe ag an Stát agus a bhaineann le craolachán,

(*c*) más dealraitheach dó gurb é leas an phobail déanamh amhlaidh,

(*d*) más dealraitheach dó gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le sábháilteacht nó slándáil daoine nó maoine,

(*e*) ar iarraidh a fháil ón Údarás tar éis dul i gcomhairle le haon chonraitheoir craolacháin dá ndéantar difear, nó

(*f*) ar iarraidh a fháil ón Údarás thar ceann conraitheora craolacháin.

(2) (*a*) Má bheartaíonn an Rialálaí Cumarsáide, ar aon chúis a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c) d'fho-alt (1)*, aon téarma nó coinníoll de chuid ceadúnais craolacháin a athrú faoin alt seo, déanfaidh an Rialálaí a bhfuil beartaithe ag an Rialálaí agus na cúiseanna atá leis a chur in iúl don Údarás, trí fhógra i scríbhinn. Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de 7 lá ón tráth a gheobhaidh sé an fógra, fógra a thabhairt don chonraitheoir craolacháin lena mbaineann maidir lena bhfuil beartaithe.

(*b*) Beidh de cheart ag an gconraitheoir craolacháin uiríll a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás maidir lena bhfuil beartaithe ag an Rialálaí Cumarsáide, laistigh de 21 lá tar éis don Údarás an fógra a sheirbheáil.

(*c*) Cuirfidh an tÚdarás aon uiríll den sórt sin chuig an Rialálaí Cumarsáide laistigh de 7 lá eile agus féadfaidh an Rialálaí Cumarsáide, tar éis na huiríll a bhreithniú, cibé breith a thabhairt maidir leo is dóigh leis is cuí.

(3) (*a*) Más rud é, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar na huiríll (más ann) ag conraitheoir craolacháin nó thar ceann conraitheora craolacháin a mbeidh fógra ina dtaobh tugtha dó ag an Údarás, go dtabharfaidh an Rialálaí Cumarsáide breith aon téarma nó coinníoll i gceadúnas a athrú, cuirfidh sé a bhreith in iúl don Údarás trí fhógra i scríbhinn.

(*b*) Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de 7 lá ón tráth a gheobhaidh sé breith an Rialálaí Cumarsáide, trí fhógra i scríbhinn, an bhreith sin a chur in iúl don chonraitheoir craolacháin.

(*c*) Ar an agus ón lá tar éis an fógra i dtaobh bhreith an Rialálaí Cumarsáide a sheirbheáil ar an gconraitheoir, beidh éifeacht leis an gceadúnas faoi réir an athraithe a dhéantar air leis an mbreith sin.

(4) I gcás ina gceanglaítear fógra a thabhairt faoin alt seo don Údarás nó do chonraitheoir craolacháin, díreofar chuig an Údarás nó chuig an gconraitheoir craolacháin é agus tabharfar don Údarás nó don chonraitheoir craolacháin é ar aon cheann amháin de na slite seo a leanas—

(*a*) trína sheachadadh ar an Údarás nó ar an gconraitheoir craolacháin,

(*b*) trína fhágáil ag an seoladh ag a ndéanann an tÚdarás nó an conraitheoir craolacháin gnó a sheoladh,

(*c*) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an Údarás nó chuig an gconraitheoir craolacháin ag an seoladh ag a ndéanann an tÚdarás nó an conraitheoir craolacháin gnó a sheoladh,

(*d*) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógra tugtha ag an Údarás nó ag an gconraitheoir craolacháin, trína fhágáil ag an seoladh sin nó trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha agus é dírithe chuig an Údarás nó chuig an gconraitheoir craolacháin chuig an seoladh sin, nó

(*e*) trína chur leis an bpost leictreonach nó le hinneall macasamhla, chuig feiste nó saoráid chun post leictreonach nó macasamhla a ghlacadh agus atá suite ag an seoladh ag a seolann an tÚdarás nó an conraitheoir craolacháin gnó nó, más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógra tugtha ag an Údarás nó ag an gconraitheoir craolacháin, an seoladh sin, ach sin sa chás amháin—

(i) go ndéanann—

(I) saoráid an tseoltóra chun post leictreonach a ghlacadh teachtaireacht a ghiniúint ina ndaingnítear go bhfuarthas an post leictreonach, nó

(II) inneall macasamhla an tseoltóra teachtaireacht a ghiniúint ina ndaingnítear go ndearnadh líon iomlán leathanach an fhógra a tharchur go rathúil,

agus

(ii) go dtugtar an fógra freisin i gceann amháin de na slite eile a luaitear in aon cheann de na míreanna sin roimhe seo.

(5) Chun críocha *fho-alt (4)*, maidir le cuideachta atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí, measfar gnáthchónaí a bheith uirthi ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a áit ghnó.

Staideanna práinne.

61.—(1) San alt seo, ciallaíonn "soláthraí líonra" duine a sholáthraíonn nó a oibríonn líonra cumarsáide leictreonaí a úsáidtear chun seirbhísí craolacháin a leathadh, a tharchur nó a atarchur chuig an bpobal.

(2) Fad a mhairfidh aon staid práinne náisiúnta, féadfaidh an tAire aon cheadúnas craolacháin nó ceadúnas ilphléacs mar a mhínítear in *alt 129* a chur ar fionraí agus, fad a leanfaidh aon fhionraí den sórt sin, féadfaidh an tAire aon seirbhís a bhí á soláthar faoin gceadúnas fionraithe a oibriú nó féadfaidh sé nó sí a cheangal go ndéanfar an tseirbhís sin a oibriú de réir mar a ordóidh sé nó sí.

(3) Beidh an chumhacht ag an Údarás a cheangal go gcomhoibreoidh conraitheoirí craolacháin agus soláthraithe líonraí leis na comhlachtaí poiblí iomchuí chun faisnéis iomchuí a scaipeadh ar an bpobal i gcás mór-staide práinne.

(4) Má fheidhmíonn agus aon uair a fheidhmíonn an tAire na cumhachtaí a thugtar dó nó di le *fo-alt (2)*, beidh an conraitheoir craolacháin nó an conraitheoir ilphléacs i dteideal na nithe seo a leanas a fháil ón Aire, le toiliú an Aire Airgeadais—

(*a*) cibé suimeanna is gá chun aon chaiteachais a íoc a thabhaigh an conraitheoir craolacháin nó an conraitheoir ilphléacs go cuí agus de riachtanas, ag féachaint do chineál na staide práinne, agus nach bhfuil, de bhíthin fheidhmiú na gcumhachtaí sin, ioncam ar fáil don chonraitheoir craolacháin nó don chonraitheoir ilphléacs ar shlí eile faoina gcomhair, agus

(*b*) cúiteamh as aon damáiste a rinneadh d'aon mhaoin de chuid an chonraitheora craolacháin nó an chonraitheora ilphléacs, is damáiste is inchurtha go díreach i leith fheidhmiú na gcumhachtaí sin.

(5) Ar iarraidh ón Aire, ordóidh an tÚdarás do chonraitheoir craolacháin am craolacháin a leithroinnt le haghaidh fógraí d'aon Aire den Rialtas agus thar ceann aon Aire den Rialtas, i gcás mór-staide práinne, i dtaca le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas. Comhlíonfaidh an conraitheoir craolacháin an t-ordachán.

(6) Ar iarraidh ón Aire, ordóidh an tÚdarás do sholáthraí líonra, ar mhodh a shonróidh an tÚdarás, fógraí craolacháin a iompar le haghaidh agus thar ceann aon Aire den Rialtas, i gcás mór-staide práinne, i dtaca le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas. Comhlíonfaidh an soláthraí líonra an t-ordachán.

(7) Le linn ordachán faoi *fho-alt (5)* nó *(6)* a chomhlíonadh, féadfaidh conraitheoir craolacháin nó soláthraí líonra fógra a chraoladh go bhfuair sé nó sí ordachán den sórt sin ón Údarás.

Srian ar chonradh craolacháin fuaime a dheonú.

62.—Ní mholfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí don Údarás go ndeonófar conradh craolacháin fuaime do dhuine a ciontaíodh i gcion faoi alt 3(3) (arna chur isteach le *halt 181(2)*) d'Acht 1926 nó faoi alt 3, 4 nó 5 d'Acht 1988 má tharla an ciontú tráth níos déanaí ná 12 mhí roimh an gcéad lá ar a mbeartaíonn an duine gabháil do ghníomhaíochtaí craolacháin fuaime lena mbaineann an t-iarratas ar an gconradh craolacháin fuaime.

Conarthaí craolacháin fuaime.

63.—Déanfaidh an tÚdarás, ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí, conarthaí ("conarthaí craolacháin fuaime") le daoine ("conraitheoirí craolacháin fuaime") faoina mbeidh sé de cheart ag na conraitheoirí craolacháin fuaime agus de dhualgas orthu, faoi réir na Coda seo, tarchuradóirí craolacháin fuaime a fhreastalóidh ar na limistéir a bheidh sonraithe sa chonradh craolacháin fuaime a bhunú, a chothabháil agus a oibriú chomh maith le seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar de réir mar a bheidh sonraithe sa chonradh craolacháin fuaime.

Conarthaí craolacháin fuaime pobail.

64.—Féadfaidh an tÚdarás, ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí, aicme de chonradh craolacháin fuaime ("conradh craolacháin fuaime pobail") a dhéanamh le 2 dhuine nó níos mó de phobal áitiúil nó de phobal comhleasa más deimhin leis—

(*a*) go bhfuil na daoine sin ionadaitheach, agus cuntasach, don phobal lena mbaineann, agus

(*b*) gur leis an gcuspóir seo a leanas agus leis sin amháin a dhéanfar bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha—

(i) díriú go sonrach ar leasanna an phobail lena mbaineann, agus féachaint le tairbhe shóisialach a sholáthar don phobal lena mbaineann, agus

(ii) luaíocht airgid a bhaint amach nach mó ná an méid is gá le réasún chun na caiteachais a íoc a thabhófar le linn an soláthar sin a dhéanamh.

Iarratais ar chonarthaí craolacháin fuaime.

65.—(1) D'fhonn forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú agus chun go mbunófar éagsúlacht seirbhísí i limistéar lena ndéanfar freastal ar réimse fairsing ábhar is díol spéise do dhaoine, lena n-áirítear ábhair is díol spéise do leasanna mionlaigh, déanfaidh an tÚdarás idirchaidreamh, agus rachaidh sé i gcomhairle, leis an Rialálaí Cumarsáide le linn don chomhlacht sin plean leithroinnte a ullmhú don raon minicíochtaí atá tiomnaithe do chraolachán fuaime.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, ag féachaint do phlean leithroinnte faoi *fho-alt (1)* agus tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, i leith na minicíochtaí raidió a bheidh ar fáil le haghaidh seirbhísí craolacháin fuaime—

(*a*) an limistéar (a bhféadfaidh an Stát uile nó aon chuid den Stát a bheith i gceist ann) a shonrú a ndéanfar iarratais ar chonradh craolacháin fuaime a lorg i ndáil leis, agus

(*b*) a ordú don Choiste um Dheonú Conarthaí iarratais ar chonarthaí craolacháin fuaime a lorg i leith an limistéir a shonrófar agus comhlíonfaidh an Coiste an t-ordachán sin.

(3) I gcás ina mbeartóidh an tÚdarás limistéar a shonrú faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás ceachtar den dá rud seo a leanas nó iad araon a sheoladh, nó socrú a dhéanamh go seolfar ceachtar acu nó iad araon—

(*a*) staidéar sa limistéar sin nó i measc pobail comhleasa chun spéis agus mianta an limistéir sin nó an phobail sin a fháil amach i leith seirbhísí craolacháin fuaime, nó

(*b*) staidéar maidir leis an tionchar rannach a bheadh ag conradh craolacháin fuaime breise sa limistéar sin.

(4) Déanfaidh an tÚdarás torthaí aon staidéir a sheolfar faoi *fho-alt (3)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bheidh á chothabháil ag an Údarás.

(5) Féadfaidh an tÚdarás a ordú don Choiste um Dheonú Conarthaí breithniú a dhéanamh ar thorthaí staidéir a sheolfar faoi *fho-alt (3)* i gcomhlíonadh ordacháin faoi *fho-alt (2)*, agus comhlíonfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí ordachán breise den sórt sin.

(6) Féadfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí ar ordachán a fháil ón Údarás faoi *fho-alt (2)*, de réir téarmaí aon ordacháin den sórt sin, trí fhógra poiblí cuireadh a thabhairt chun spéis a léiriú i ngnóthú conarthaí le haghaidh seirbhísí craolacháin fuaime faoin Acht seo. Ní mór aon léiriú spéise a dhéanamh laistigh de 60 lá ó dháta an fhógra sin agus ní mór a leagan amach go ginearálta i léiriú spéise

den sórt sin cén cineál seirbhíse a chuirfí ar fáil agus ní ghlacfar leis gur iarratas ar chonradh craolacháin fuaime é.

(7) Féadfar i bhfógra poiblí faoi *fho-alt (6)* a iarraidh ar na páirtithe leasmhara go léir a dtuairimí a nochtadh i dtaobh an chineáil seirbhíse craolacháin fuaime a bheidh beartaithe.

(8) Déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí, faoi réir na Coda seo, iarratais a lorg ar chonradh craolacháin fuaime chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar i ngach limistéar a bheidh sonraithe ag an Údarás faoi *fho-alt (2)* agus féadfaidh sé, faoi réir na Coda seo, a mholadh go ndéanfaidh an tÚdarás an conradh sin, agus leanfaidh an tÚdarás aon mholadh den sórt sin.

(9) I gcás go lorgóidh an Coiste um Dheonú Conarthaí iarratais ar chonradh craolacháin fuaime chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar sonróidh sé, trí fhógra poiblí, an limistéar a bhfuil an tseirbhís craolacháin fuaime le soláthar i ndáil leis de bhun an chonartha sin, agus tabharfaidh sé, tríd an bhfógra sin, cuireadh do dhaoine ar spéis leo seirbhís den sórt sin a sholáthar iarratas a dhéanamh ar chonradh den sórt sin.

(10) Le linn dó breithniú a dhéanamh ar iarratais go ndeonófaí conradh craolacháin fuaime déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí iarratais a chinneadh de réir *alt 66* agus sannfaidh sé scór i leith gach ceann de na critéir, nó i leith teaglaim de na critéir, a shonraítear in *alt 66(2)* agus cuirfidh an Coiste um Dheonú Conarthaí an sannadh sin in iúl do gach duine a thug le fios go bhfuil ar intinn aige nó aici iarratas a dhéanamh ar chonradh.

(11) Déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí, le linn dó teacht ar bhreith i dtaobh conradh craolacháin fuaime a dheonú, scór comhaontaithe a shannadh do gach ceann de na hiarratais a gheofar de réir *fho-alt (10)*.

(12) Is le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Choiste um Dheonú Conarthaí a chinnfear tuairim an Choiste um Dheonú Conarthaí ar scór a shannadh faoi *fho-alt (11)*.

(13) Maidir le gach fógra faoi *fho-alt (9)*—

(*a*) foilseofar é ar shuíomh gréasáin arna choimeád ag an Údarás, agus más cuí, i nuachtán a scaiptear sa limistéar a mbeidh freastal le déanamh air,

(*b*) sonrófar ann an nós imeachta a bheidh le leanúint d'fhonn iarratas a dhéanamh, agus

(*c*) sonrófar ann aon nithe eile is dealraitheach don Choiste um Dheonú Conarthaí is gá nó is iomchuí.

Iarratais go ndeonófaí conarthaí craolacháin fuaime agus conradh seirbhíse clár teilifíse a chinneadh.

66.—(1) Déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí, de réir na Coda seo, breithniú ar gach iarratas a bheidh faighte aige—

(*a*) ar chonradh craolacháin fuaime arna dhéanamh faoi *alt 65(8)*, nó

(*b*) ar chonradh seirbhíse clár teilifíse,

chun a chinneadh cé hé nó cé hí an t-iarratasóir is oiriúnaí, más ann, chun conradh craolacháin a dheonú dó nó di.

(2) Le linn don Choiste um Dheonú Conarthaí breithniú a dhéanamh ar iarratais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus a bheidh faighte aige agus a chinneadh cé hé nó cé hí an t-iarratasóir is oiriúnaí chun conradh craolacháin a dheonú dó nó di, beidh aird aige ar na nithe seo a leanas—

(*a*) carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus na stiúrthóirí, an bhainisteora, an rúnaí, nó oifigigh eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta sin agus carachtar, saineolas agus taithí na gcomhaltaí den chomhlacht sin agus na ndaoine a bhfuil teideal acu chuig úinéireacht thairbhiúil a scaireanna,

(*b*) leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais a bheidh ar fáil do gach iarratasóir agus a mhéid a bheidh an t-iarratas ag teacht le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta,

(*c*) cáilíocht, réimse agus cineál na gclár a bheartaíonn gach iarratasóir, nó mura mbeidh ann ach iarratasóir amháin, a bheartaíonn an t-iarratasóir sin, a sholáthar,

(*d*) líon, cáilíocht, réimse agus cineál na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann a bheartaítear a sholáthar,

(*e*) a mhéid a dhéanfaidh an t-iarratasóir, laistigh den tseirbhís craolacháin bheartaithe, deiseanna nua a chruthú le haghaidh daoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht agus go háirithe i leith chultúr na hÉireann,

(*f*) a inmhianaithe atá sé éagsúlacht seirbhísí a bheith ar fáil sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra chun freastal ar réimse fairsing ábhar is díol spéise do dhaoine, lena n-áirítear ábhair is díol spéise do leasanna mionlaigh,

(*g*) a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar líon as cuimse de sheirbhísí craolacháin fuaime, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, ar seirbhísí iad a mbeidh conradh craolacháin fuaime arna dheonú faoin gCuid seo ina leith,

(*h*) a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar líon as cuimse de sheirbhísí craolacháin fuaime, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra,

(*i*) a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar mhéid as cuimse de na meáin chumarsáide, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra,

(*j*) a mhéid a dhéanann an tseirbhís bheartaithe—

(i) freastal ar phobail is inaitheanta mar phobail áitiúla agus a mhéid atá tacaíocht aici ó na leasanna éagsúla sa phobal, nó

(ii) freastal ar phobail chomhleasa,

(*k*) aon nithe eile is dóigh leis an gCoiste um Dheonú Conarthaí is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú, agus

(*l*) i gcás go n-ordóidh an tÚdarás dó, aon cheann de na nithe seo a leanas—

(i) an méid atá an t-iarratasóir toilteanach a íoc leis an Údarás i leith an conradh craolacháin a dheonú mar íocaíocht amháin in airgead tirim, arna shonrú ag an iarratasóir i gcúrsa a iarratais nó a hiarratais,

(ii) an méid atá an t-iarratasóir toilteanach a íoc leis an Údarás i leith an conradh craolacháin a dheonú mar íocaíocht thréimhsiúil in airgead tirim, arna shonrú ag an iarratasóir i gcúrsa a iarratais nó a hiarratais,

(iii) an méid a bheidh an t-iarratasóir toilteanach a íoc leis an Údarás i leith an conradh craolacháin a dheonú mar íocaíocht thréimhsiúil in airgead tirim a chinnfear faoi threoir athróige, arna shonrú ag an iarratasóir i gcúrsa a iarratais nó a hiarratais.

(3) Le linn don Choiste um Dheonú Conarthaí breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht aon iarratasóra chun conradh craolacháin fuaime a dheonú dó nó di chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar i leith limistéir a bhfuil limistéar Gaeltachta ar áireamh ann, beidh aird ar leith aige ar bhuanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha.

(4) Le linn don Choiste um Dheonú Conarthaí breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht iarratasóra chun conradh craolacháin a dheonú dó nó di beidh aird aige—

(*a*) ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus

(*b*) ar thuarascálacha ón gCoiste um Chomhlíonadh.

(5) I gcás go dtabharfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí breith diúltú a mholadh conradh craolacháin a dheonú d'iarratasóir, cuirfidh an Coiste um Dheonú Conarthaí na nithe seo a leanas in iúl don iarratasóir—

(*a*) na cúiseanna atá leis an mbreith,

(*b*) scór an iarratasóra, agus

(*c*) scór aon iarratasóra ar éirigh leis nó léi.

(6) San alt seo, ciallaíonn "fógra" fógra faoi *alt 65 (9)*.

Mear-phróiseas iarratais chun conarthaí craolacháin fuaime a dheonú.

67.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "Coiste" an Coiste um Dheonú Conarthaí;

ciallaíonn "nós imeachta mear" nós imeachta dá bhforáiltear faoi *fho-alt (2)*;

ciallaíonn "sealbhóir" duine a shealbhaíonn conradh craolacháin fuaime is ábhar d'fhógra faoi *alt 65 (6)*.

(2) Más rud é, i dtuairim an Choiste, gur ón sealbhóir a fuarthas an t-aon fhreagra amháin a bheidh tugtha de mheon macánta de bhun fógra phoiblí faoi *alt 65(6)*, ansin féadfaidh an Coiste, dá rogha féin, beartú nós imeachta mear a agairt faoi *fho-alt (6)*.

(3) I gcás ina mbeartaíonn an Coiste nós imeachta mear a agairt, sonróidh sé go bhfuil ar intinn aige nós imeachta den sórt sin a agairt, trí fhógra arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a chothabhálann an tÚdarás, agus más cuí i nuachtán a scaiptear sa limistéar ar a mbeifear chun freastal.

(4) Má dhéanann duine, seachas an sealbhóir, laistigh de 28 lá ón tráth a fhoilsítear fógra faoi *fho-alt (3)*—

(*a*) aighneacht i scríbhinn á rá gur mian leis nó léi iarratas a dhéanamh ar dheonú conartha craolacháin fuaime don limistéar lena mbaineann, agus

(*b*) cibé suim a shonróidh an Coiste in aon fhógra faoi *fho-alt (3)* a thaisceadh ag an Údarás, ar suim í nach mó ná €25,000,

ansin rachaidh an Coiste ar aghaidh—

(i) le hiarratais ar dheonú conartha craolacháin fuaime don limistéar lena mbaineann a lorg faoi *alt 65(8)*, nó

(ii) leis an ní a tharchur chuig an Údarás le haghaidh treorach.

(5) Más rud é, i dtuairim an Choiste, go bhfuarthas iarratas faoi *alt 65* de dhroim aighneachta faoi *fho-alt (4)*, ansin déanfar aon suim a taisceadh faoi *fho-alt (4)* a aisíoc go hiomlán.

(6) I gcás nach bhfaighfear aon aighneacht i scríbhinn ná an taisce a bhainfidh léi faoi *fho-alt (4)*, féadfaidh an Coiste—

(*a*) a iarraidh ar an gCoiste um Chomhlíonadh tuarascáil a ullmhú ar chomhlíonadh théarmaí a chonartha craolacháin fuaime agus *Chuid 3* ag an sealbhóir,

(*b*) a iarraidh ar an sealbhóir togra a dhéanamh chun téarmaí a chonartha craolacháin fuaime nó a conartha craolacháin fuaime a leasú, agus

(*c*) leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar théarmaí a chonartha nó a conartha a mholadh don sealbhóir.

(7) Ní mór i dtogra a gheofar faoi *fho-alt (6)* aghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas—

(*a*) na nithe atá leagtha amach in *alt 66*, agus

(*b*) cibé nithe eile a mheasfaidh an Coiste a bheith iomchuí.

(8) Féadfaidh an Coiste, ar thogra a gheofar faoi *fho-alt (6)* a bhreithniú—

(*a*) na hathruithe conarthacha atá beartaithe ag an sealbhóir a dhiúltú agus dul ar aghaidh le hiarratais a lorg faoi *alt*

65(8) ó dhaoine eile i gcomhair an limistéir lena mbaineann,

(*b*) an ní a tharchur chuig an Údarás le haghaidh treorach, nó

(*c*) a mholadh don Údarás, agus leanfaidh an tÚdarás aon mholadh den sórt sin, go ndéanfadh an tÚdarás comhaontú leis an sealbhóir ar na téarmaí conartha leasaithe arna moladh ag an gCoiste.

(9) Ní faide ná 10 mbliana téarma aon fhadaithe ar chonradh ar a gcomhaontófar faoi *fho-alt (8)*.

(10) Déanfar na híocaíochtaí go léir a dhéanfar leis an Údarás faoi *fho-alt (4)(b)* agus a fhorghéillfidh an t-iarratasóir dá éis sin, a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste ar cibé modh a ordóidh an tAire Airgeadais.

Conarthaí craolacháin fuaime i gcomhair seirbhísí craolacháin fuaime sealadacha nó institiúideacha.

68.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí, in aon tréimhse 12 mhí, conradh craolacháin fuaime a dhéanamh le hiarratasóir chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar i cibé limistéar a shonrófar sa chonradh—

(*a*) ar feadh tréimhse nach faide ná 30 lá (cibé acu is laethanta comhleanúnacha iad nó nach ea) sa tréimhse 12 mhí sin, nó

(*b*) más iarratas ar chonradh craolacháin fuaime pobail an t-iarratas, ar feadh tréimhse nach faide ná 100 lá (cibé acu is laethanta comhleanúnacha iad nó nach ea) sa tréimhse 12 mhí sin.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí, conradh craolacháin fuaime a dhéanamh le hiarratasóir chun seirbhís craolacháin fuaime ísealchumhachta a sholáthar nach mbeartaítear freastal a dhéanamh léi ach amháin ar cibé foras oideachais aonair, ospidéal aonair, nó bunachas eile dá shamhail, a bheidh sonraithe sa chonradh.

(3) Ní bheidh feidhm ag *alt 39(1)(c)* maidir le conradh a dheonófar chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar faoin alt seo.

(4) Ní bheidh feidhm ag *ailt 65* agus *66* i gcás conradh chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar a ndéanfar iarratas ina leith, nó a dheonófar, faoin alt seo.

Téarmaí agus coinníollacha conartha craolacháin.

69.—(1) Féadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis an Údarás agus a shonróidh sé sa chonradh a bheith i ngach conradh craolacháin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an tÚdarás gach ceann nó aon cheann de na téarmaí nó de na coinníollacha seo a leanas a shonrú i gconradh craolacháin:

(*a*) an tréimhse a leanfaidh an conradh i bhfeidhm lena linn;

(*b*) cibé acu an féidir an conradh a athnuachan agus, más féidir, an chaoi inar féidir, na téarmaí ar ar féidir, agus an tréimhse ar féidir an conradh a athnuachan amhlaidh ina leith;

(*c*) coinníoll á thoirmeasc an conradh, nó aon leas ann, a shannadh;

(*d*) más cuideachta an conraitheoir craolacháin, coinníoll á thoirmeasc aon athrú a dhéanamh ar Mheabhrán nó Airteagail Chomhlachais na cuideachta nó ar cibé méid den Mheabhrán sin nó de na hAirteagail sin a bheidh sonraithe, nó á thoirmeasc aon athrú ábhartha a dhéanamh ar úinéireacht na cuideachta;

(*e*) coinníoll á cheangal ar an gconraitheoir craolacháin cláir den cháilíocht agus an réimse agus an cineál clár a sholáthar a bheartaigh sé nó sí a thairiscint san iarratas a rinne sé nó sí ar an gconradh a dheonú dó nó di;

(*f*) coinníoll á cheangal ar an gconraitheoir craolacháin fuaime an méid a shonraigh an conraitheoir ina iarratas nó ina hiarratas a íoc leis an Údarás.

(3) Mura mbeidh coinníoll den chineál a shonraítear i *mír (c)* nó *(d) d'fho-alt (2)* i gconradh craolacháin, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas:

(*a*) ní bheidh conradh craolacháin, nó aon leas i gconradh craolacháin, insannta, ná ní dhéanfar aon athrú ar Mheabhrán nó Airteagail Chomhlachais aon chuideachta ar conraitheoir craolacháin í, ná ní bheidh aon athrú ábhartha ar úinéireacht cuideachta den sórt sin, gan toiliú roimh ré i scríbhinn ón Údarás, agus féadfaidh an tÚdarás, más dóigh leis gur réasúnach déanamh amhlaidh, diúltú an toiliú sin a thabhairt;

(*b*) le linn dó breithniú a dhéanamh i dtaobh a thoiliú a thabhairt le sannadh ar chonradh craolacháin, le hathrú ar Mheabhrán nó Airteagail Chomhlachais cuideachta ar conraitheoir craolacháin í, nó le hathrú ábhartha ar úinéireacht cuideachta den sórt sin, beidh aird ag an Údarás ar na critéir a shonraítear in *alt 66 (2)* agus, i gcás inarb infheidhme é, in *alt 66 (4)*.

(4) Déanfar foráil le gach conradh craolacháin go ndéanfaidh an conraitheoir craolacháin cibé faisnéis (lena n-áirítear cóipeanna dá chuntais nó dá cuntais) a chur ar fáil a mheasfaidh an tÚdarás nó an Coiste um Chomhlíonadh a bheidh ag teastáil uaidh d'fhonn a chumasú dó a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhall.

(5) Beidh gach conradh craolacháin ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal in oifig chláraithe an Údaráis agus déanfaidh an tÚdarás, ar iarraidh a bheith déanta ag aon duine agus ar cibé suim (más ann) a éileoidh an tÚdarás le réasún a bheith íoctha, cóip den chonradh sin a thabhairt don duine sin.

(6) D'fhonn cailleadh bunábhair clár fuaime a sheachaint is cailleadh a bheadh mífhabhrach do chaomhnú taifid stairiúil ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann agus mar chéim thosaigh i dtaca le cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le bunábhar clár a tháirgtear sa Stát a chur i gcartlann, beidh téarma nó coinníoll i ngach conradh craolacháin fuaime á cheangal ar an gconraitheoir craolacháin fuaime taifeadadh a dhéanamh ar bhunábhar clár agus stóráil a dhéanamh ar earnálacha bunábhair clár, a fhéadfaidh an tÚdarás a iniúchadh, ar feadh téarma an chonartha craolacháin fuaime agus ar feadh tréimhse 6 bliana dá éis sin.

(7) Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de bhliain amháin tar éis an tAcht seo a rith, formáid agus earnálacha a fhorordú a leanfaidh conraitheoirí craolacháin fuaime chun bunábhar clár a stóráil agus a thaifeadadh mar a cheanglaítear faoi *fho-alt (6)*.

(8) Maidir leis na hearnálacha agus na méideanna bunábhair clár a cheanglaítear ar chonraitheoir craolacháin fuaime a thaifeadadh agus a stóráil, féadfaidh an tÚdarás iad a athrú ag féachaint don chineál agus don mhéid bunábhair clár a bheidh craolta ag an gconraitheoir craolacháin fuaime agus d'aon ualach airgeadais a ghabhann leis an taifeadadh sin agus an stóráil sin.

(9) Le linn don Údarás a dhualgais a chomhall faoi *fho-ailt (7)* agus *(8)*, beidh aird chuí aige ar lánas cláir:

(*a*) atá i nGaeilge,

(*b*) a bhaineann le cultúr agus le saol na hÉireann,

(*c*) a bhaineann le ceol, drámaíocht agus siamsaíocht na hÉireann,

(*d*) is nuacht, cúrsaí reatha nó clár faisnéise,

(*e*) atá in aon earnáil eile arna haithint ag an Údarás agus a measann an tÚdarás gur fiú í a chothabháil agus a chaomhnú.

(10) Féadfaidh an tÚdarás aon bhunábhar clár a thaifeadtar faoi *fho-alt (6)* a stóráil thar ceann conraitheora craolacháin fuaime nó duine a shealbhaigh conradh craolacháin fuaime.

(11) Ní sárú ar an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 taifeadadh agus stóráil a dhéanamh ar bhunábhar clár i gcomhlíonadh *fho-alt (6)* nó *(10)*.

(12) Tabharfaidh an tÚdarás tuairisc don Aire ar bhonn bliantúil i ndáil le comhlíonadh a dhualgas faoi *fho-ailt (7)*, *(8)*, *(9)* agus *(10)*.

(13) Aon mhéid a íocfaidh conraitheoir leis an Údarás, is méid a shonraigh an conraitheoir ina iarratas nó ina hiarratas, déanfar é a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste i cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais.

Conradh seirbhíse clár teilifíse.

70.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí, conradh ("conradh seirbhíse clár teilifíse") le duine nó le daoine ("conraitheoir seirbhíse clár teilifíse") a mbeidh sé de cheart aige, aici nó acu, agus de dhualgas air, uirthi nó orthu, seirbhís clár teilifíse a bhunú agus a chothabháil agus, faoi réir *alt 139*, a mbeidh sé de cheart aige, aici nó acu, agus de dhualgas air, uirthi nó orthu, faoi réir théarmaí an chonartha, tarchuradóirí craolacháin teilifíse a bhunú, a chothabháil agus a oibriú chun an tseirbhís clár teilifíse a tharchur mar sheirbhís saorchraolta.

(2) Áiritheoidh an tÚdarás, maidir le seirbhís clár teilifíse a chuirfidh conraitheoir seirbhíse clár teilifíse ar fáil faoin alt seo, go mbeidh sí mar seo a leanas i leith a cuid clár—

(*a*) beidh aird aici ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile, coimeádfaidh sí i gcuimhne a riachtanaí atá comhthuiscint agus síocháin ar fud oileán na hÉireann uile, áiritheoidh sí go léireoidh na cláir na hairíonna

éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta, agus beidh cás ar leith aici do na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe don Ghaeilge,

(*b*) tacóidh sí leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh,

(*c*) beidh aird aici ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, go háirithe luachanna agus traidisiúin de chuid Ballstát eile, agus

(*d*) beidh cion réasúnach de chláir nuachta agus cúrsaí reatha inti.

(3) Déanfaidh conraitheoir seirbhíse clár teilifíse na ceanglais atá leagtha amach i *míreanna (a)* go *(d) d'fho-alt (2)* a chomhlíonadh ina chuid clár nó ina cuid clár.

(4) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar *fo-alt (2)*, áiritheoidh an tÚdarás go ndéanfar cion réasúnach den tseirbhís clár teilifíse—

(*a*) a tháirgeadh sa Stát nó i mBallstát eile, agus

(*b*) a chaitheamh ar bhunábhar clár bunúil a tháirgfear sa Stát nó i mBallstát eile ag daoine seachas an conraitheoir, a fhochuideachta nó a fochuideachta, a mháthairchuideachta nó a máthairchuideachta nó eagraíochtaí craolacháin láithreacha.

(5) Maidir leis an gconradh seirbhíse clár teilifíse arna dhéanamh ag Líonra Teilifíse TV3 Teoranta ag trádáil mar TV3 agus CCÉ faoi alt 17 den Acht Raidió agus Teilifíse 1988 agus faoi alt 6 den Acht Craolacháin 1990, má bhíonn sé i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a rith, leanann sé de bheith ar marthain amhail is go ndearnadh é faoin alt seo.

(6) Áiritheoidh an tÚdarás, maidir le haon chonradh a dhéanfaidh sé faoin alt seo agus maidir le haon chonradh den sórt sin a athnuafaidh sé faoin Acht seo, go mbeidh téarma ann lena bhforálfar go mbeidh an bhrí chéanna leis an abairt "clár teilifíse neamhspleách", i gcás ina n-úsáidfear sa chonradh é, agus atá leis in *alt 116*.

Conarthaí soláthair lánais.

71.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, ní sholáthróidh duine teaglaim de bhunábhar clár chun ceachtar de na críocha atá leagtha amach i *bhfo-alt (2)* ar shlí seachas faoi réim agus de réir conartha soláthair lánais.

(2) Is iad na críocha lena mbaineann *fo-alt (1)*—

(*a*) ábhar a áireamh mar chuid d'ilphléacs,

(*b*) an chríoch a bhaineann lena tharchur mar sheirbhís craolacháin sa Stát, i gcuid den Stát nó in áit eile trí líonra cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear líonra satailíte, córas MMD, líonra trastíre fosaithe nó soghluaiste, líonra cáblatheilifíse, líonra teilifíse prótacail idirlín nó aon chineál eile líonra cumarsáide leictreonaí.

(3) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le soláthar den sórt sin arna dhéanamh—

(*a*) ag duine eiscthe chun críche aon socruithe den sórt sin, nó

(*b*) ag RTÉ, TG4, Bealach Thithe an Oireachtais, Bealach Scannán na hÉireann nó sealbhóir conartha craolacháin chun críocha seirbhíse saorchraolta.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, ar mholadh an Choiste um Dheonú Conarthaí, conradh ("conradh soláthair lánais") a dhéanamh le duine trína bhféadfaidh an duine sin teaglaim de bhunábhar clár a sholáthar chun na gcríoch dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*.

(5) Beidh i gconradh soláthair lánais—

(*a*) coinníoll lena gceanglaítear ar shealbhóir an chonartha aon chóid chraolacháin nó rialacha craolacháin a chomhlíonadh i leith an bhunábhair clár a sholáthraítear de bhun an chonartha, agus

(*b*) coinníoll lena n-údaraítear don Choiste um Chomhlíonadh a iarraidh ar shealbhóir an chonartha suim airgid (nach mó ná méid a bheidh sonraithe sa choinníoll mar an t-uasmhéid a fhéadfar a iarraidh amhlaidh a íoc amhlaidh) a íoc leis an Údarás, i leith an tsealbhóra do mhainneachtain téarma nó coinníoll áirithe den chonradh a chomhlíonadh, agus lena gceanglaítear ar an sealbhóir an iarraidh sin a chomhlíonadh.

(6) Beidh i gconradh soláthair lánais coinníoll lena bhforálfar, maidir le haon bhunábhar clár a chuirfear ar fáil de bhun an chonartha, más rud é—

(*a*) go sáraíonn sé Airteagal 22 nó 3b den Treoir ón gComhairle nó an tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989, nó

(*b*) gurb éard é gríosú chun cion a dhéanamh,

go bhféadfaidh an tÚdarás, nó, i gcás go ndearnadh bunábhar clár den sórt sin a chur ar fáil laistigh de 6 mhí ón tráth a rinne an duine céanna bunábhar clár den sórt sin a chur ar fáil roimhe sin, go ndéanfaidh sé, an conradh a fhoirceannadh.

(7) Féadfaidh an tÚdarás na conarthaí a fhéadfaidh sé a dhéanamh faoin alt seo a roinnt in aicmí éagsúla faoi threoir na gcoinníollacha éagsúla a fhéadfaidh sé a chur ag gabháil leis na conarthaí de bhun a chumhachtaí faoin Acht seo, agus féadfaidh sé teideal a chur ar gach aicme conartha den sórt sin trí cibé focail idirdhealaitheacha is dóigh leis is cuí a chur leis.

(8) Féadfaidh an tÚdarás, sula ndéanfaidh sé conradh soláthair lánais le duine, a cheangal ar an duine sin táille a íoc leis an Údarás de cibé méid is dóigh leis is cuí, má mhainníonn an duine sin an táille sin a íoc leis an Údarás, ní dhéanfaidh an tÚdarás an conradh leis nó léi.

(9) Féadfaidh an tÚdarás táillí éagsúla a shonrú le haghaidh cineálacha áirithe conraitheoirí soláthair lánais.

(10) Féadfaidh an tÚdarás méid aon táille a íocfar leis faoi *fho-alt (8)* a úsáid chun na caiteachais a íoc a thabhóidh sé le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh go ginearálta.

Conarthaí soláthair lánais pobail.

72.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh 2 chomhalta nó níos mó de phobal áitiúil nó de phobal comhleasa teaglaim de bhunábhar clár a chur ar fáil chun í a chraoladh mar sheirbhís craolacháin, faoi cheadúnas tarchurtha córais MMD nó dá réir, nó trí sholáthraí líonra chuí dá dtagraítear i *bhfo-alt 77(1)*.

(2) Faoi réir *fho-ailt (3)* agus *(4)*, féadfaidh an tÚdarás aicme de chonradh soláthair lánais ("conradh soláthair lánais pobail") a dhéanamh le 2 dhuine nó níos mó de phobal áitiúil nó de phobal comhleasa, trína bhféadfaidh na daoine sin teaglaim de bhunábhar clár a chur ar fáil chun na gcríoch dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, más deimhin leis—

(*a*) go bhfuil na daoine sin ionadaitheach, agus cuntasach, don phobal lena mbaineann, agus

(*b*) gur leis an gcuspóir seo a leanas agus leis sin amháin a dhéanfar bunábhar clár a chur ar fáil de bhun an chonartha—

(i) díriú go sonrach ar leasanna an phobail lena mbaineann, agus féachaint le tairbhe shóisialach a sholáthar don phobal lena mbaineann, agus

(ii) luaíocht airgid a bhaint amach nach mó é ná an méid is gá le réasún chun na caiteachais a íoc a thabhófar le linn an t-ábhar clár sin a chur ar fáil.

(3) Ní dhéanfaidh an tÚdarás conradh lánais pobail ach amháin tar éis dul i gcomhairle leis an duine ar dealraitheach don Údarás gurb é nó í a dhéanfaidh, nó de réir mar a bheidh, gurb é nó í an duine a gceanglófar air nó uirthi faoi *alt 76(4)* nó *77(8)*, an bunábhar clár arna chur ar fáil de bhun an chonartha a tharchur mar sheirbhís chraolacháin.

(4) Bunóidh an tÚdarás nósanna imeachta trína gcumasófar do dhaoine de phobail áitiúla aighneachtaí a dhéanamh go tráthrialta chuig an Údarás maidir leis na conarthaí áirithe ba cheart, dar leo, a dhéanamh faoin alt seo agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha áirithe ba cheart, dar leo, a bheith ar áireamh sna conarthaí sin agus á cheangal ar an Údarás sonraí a thabhairt, ar iad a iarraidh, d'aon daoine den sórt sin faoi aon tograí a bheidh foirmlithe, de thuras na huaire, ag an Údarás féin maidir le gach ceann de na nithe sin.

(5) Sula ndéanfaidh sé conradh soláthair lánais pobail, beidh aird ag an Údarás ar aon aighneachtaí a dhéanfar chuige faoi réim agus de réir nósanna imeachta arna mbunú faoi *fho-alt (4)* agus ar dealraitheach dó gur aighneachtaí iad atá iomchuí maidir leis an gconradh sin.

(6) Seolfaidh an tÚdarás suirbhé nó déanfaidh sé socrú le daoine den phobal áitiúil nó den phobal comhleasa lena mbaineann chun go seolfar suirbhé, a bheidh chomh cuimsitheach agus is féidir, i measc daoine den phobal sin d'fhonn—

(*a*) an méid a éascaítear don phobal sin páirt ghníomhach a ghlacadh i dteaglamú agus i dtarchur an bhunábhair clár arna sholáthar de bhun conartha soláthair lánais pobail,

(*b*) an méid a fhéachann na daoine sin ar aon seirbhís craolacháin ar a dtarchuirtear an bunábhar clár sin, agus

(*c*) tuairim na ndaoine sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) cáilíocht an bhunábhair clár sin, agus

(ii) cibé acu a dhíríonn nó nach ndíríonn an bunábhar sin go sonrach ar leasanna a bpobail,

a fháil amach agus beidh aird aige ar thorthaí suirbhé den sórt sin le linn dó breith a thabhairt, i ndáil le haon chonradh soláthair lánais pobail a bheartaíonn sé a dhéanamh le daoine den phobal sin díreach tar éis an suirbhé sin a sheoladh, maidir leis an duine a ndéanfaidh sé an conradh sin leis nó léi agus le cineál na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a chuirfidh sé sa chonradh sin.

(7) Má cheanglaítear ar shealbhóir ceadúnais córais tarchurtha MMD faoi *alt 76 (4)*, nó má cheanglaítear ar sholáthraí líonra chuí dá dtagraítear in *alt 77 (1)* faoi *fho-alt (8)* den alt sin, an bunábhar clár arna sholáthar de bhun conartha soláthair lánais pobail a tharchur mar sheirbhís craolacháin, maidir leis an sealbhóir nó le soláthraí seirbhíse líonra chuí—

(*a*) ní bheidh sé nó sí faoi dhualgas ar bith a chinntiú go gcomhlíonann an bunábhar téarmaí agus coinníollacha an chonartha sin nó ceanglais *Chuid 3*,

(*b*) ní mheasfar, chun críocha dhlí an chlúmhillte, bréige mailísí nó aon chineáil eile dliteanais shibhialta, de bhua an tarchuir sin, gurbh é nó í a d'fhoilsigh an bunábhar, nó

(*c*) ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le damáistí, de bhua an tarchuir sin, mar gheall ar aon sárú ar chóipcheart, ar chearta maoine intleachtúla eile nó ar chearta dlíthiúla eile aon duine.

Riachtanais phobail i leith craolacháin a mheasúnú.

73.—Féadfaidh an tÚdarás, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh a fháil ó phobal áitiúil nó ó phobal comhleasa, measúnacht a dhéanamh ar riachtanais phobail i leith craolacháin agus i measúnacht den sórt sin beidh an méid a gheofar amach i dtaobh a mhéid atá saoráidí, oiliúint agus acmhainní léiriúcháin ar fáil don phobal chun a chumasú don phobal freastal ar an tslí is fearr ar a leasanna féin maidir leis na riachtanais sin.

Eolaithe clár leictreonacha.

74.—(1) San alt seo, ciallaíonn "eolaí clár leictreonach" aon mheán leictreonach chun faisnéis a sholáthar do dhaoine den phobal i ndáil le sceideal bunábhair clár is ábhar d'aon seirbhís craolacháin agus ar meán leictreonach é is cuid dhílis den chóras leata agus glactha trína soláthraítear an tseirbhís craolacháin.

(2) Ní dhéanfaidh duine eolaí clár leictreonach a ullmhú nó a chur ar fáil lena úsáid seachas faoi réim agus de réir conartha um eolaí clár leictreonach.

(3) Féadfaidh an tÚdarás conradh a dhéanamh ("conradh um eolaí clár leictreonach") le duine trína bhféadfaidh an duine sin eolaí clár leictreonach amháin nó níos mó a ullmhú nó a chur ar fáil lena úsáid.

(4) Beidh i gconradh um eolaí clár leictreonach coinníoll á cheangal ar shealbhóir an chonartha rialacha faoi *alt 75* a chomhlíonadh i leith an eolaí clár leictreonaigh nó na n-eolaithe clár leictreonacha a bheidh ullmhaithe aige nó aici faoin gconradh sin.

(5) Beidh i gconradh um eolaí clár leictreonach coinníoll á cheangal ar shealbhóir an chonartha a chinntiú, go ndéantar leis an eolaí clár leictreonach nó leis na heolaithe clár leictreonacha a bheidh ullmhaithe faoin gconradh tús áite a thabhairt laistigh den eolaí nó de na heolaithe do shuí gach seirbhíse craolacháin arna soláthar sa Stát ag RTÉ, TG4, agus na seirbhíse arna soláthar faoi chonradh seirbhíse clár teilifíse ag an gconraitheoir clár seirbhíse teilifíse, i gcás go gcuirtear na seirbhísí craolacháin sin ar fáil ar an gcóras leata agus glactha, agus coinníoll breise go bhféadfaidh duine den phobal an t-eolaí clár leictreonach nó na heolaithe clár leictreonacha a úsáid go héasca chun rochtain a fháil ar fhaisnéis i ndáil leis na sceidil bunábhair clár is ábhar do gach ceann de na seirbhísí craolacháin réamhluaite.

(6) Maidir le sealbhóir conartha um eolaí clár leictreonach ní dhéanfaidh sé nó sí eolaí clár leictreonach a dhearadh ar shlí arb é an toradh a bheidh air deacracht a bheith ag úsáidire de chuid an eolaí le linn dó nó di an bunábhar clár arna sholáthar ag conraitheoir craolacháin, ag conraitheoir soláthair lánais nó ag craoltóir faoi *Chuid 7* a rochtain.

(7) Más cuí leis an Údarás déanamh amhlaidh ionas gur féidir le daoine den phobal iad féin a choimeád ar an eolas faoin rogha bunábhar clár atá ar fáil lena bhreathnú ar sheirbhísí craolacháin atá mar chuid d'ilphléacs (de réir bhrí *alt 129*) féadfaidh sé cuireadh a thabhairt chun spéis a léiriú i ngnóthú conartha um eolaí clár leictreonach.

(8) Féadfaidh an tÚdarás, tar éis gach léiriú spéise a gheofar ar scór cuiridh den sórt sin a scrúdú, conradh um eolaí clár a dhéanamh leis an duine arb iad a chuid tograí nó a cuid tograí le haghaidh eolaí clár leictreonaigh nó eolaithe clár leictreonacha den sórt sin is fearr a d'fhreastalódh, ina thuairim, ar riachtanais an phobail.

(9) Féadfaidh an tÚdarás ordachán a thabhairt do RTÉ nó do chonraitheoir ilphléacs á cheangal go ndéanfaidh RTÉ nó an conraitheoir eolaí clár leictreonach arna ullmhú faoi chonradh um eolaí clár leictreonach dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)* a áireamh mar chuid d'ilphléacs teilifíse, agus déanfaidh RTÉ nó an conraitheoir an t-ordachán a chomhlíonadh.

(10) Chun críocha an ailt seo ní mheasfar gur eolaí clár leictreonach seirbhís teilitéacs.

Rialacha maidir le conarthaí um eolaí clár.

75.—Féadfaidh an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, rialacha a ullmhú maidir leis an bhformáid ina bhféadfar an fhaisnéis i ndáil le sceidil bunábhair clár arna soláthar le heolaithe clár leictreonacha a thíolacadh agus maidir leis na socruithe a dhéanamh is gá chun ceanglais *alt 74(5)* a chomhlíonadh.

Seirbhísí craolacháin a tharchur trí chóras MMD.

76.—(1) Déanfaidh sealbhóir ceadúnais arna dheonú ag an Rialálaí Cumarsáide, ar ceadúnas é lena n-údaraítear bunábhar clár a leathadh trí mheán córais MMD, na nithe seo a leanas a leathadh trí na meáin sin—

(*a*) i gcás inar córas analóige é, go hiomlán nó go páirteach, an córas MMD a úsáideann an sealbhóir sin, an tseirbhís a sholáthraíonn an conraitheoir clár seirbhíse teilifíse faoi *alt 70* agus a iarrann an conraitheoir sin ar an sealbhóir a leathadh amhlaidh,

(*b*) i gcás inar córas digiteach é, go hiomlán nó go páirteach, an córas MMD a úsáideann an sealbhóir sin, gach seirbhís saorchraolta arna soláthar ag RTÉ agus ag TG4 agus an tseirbhís saorchraolta arna soláthar faoi *alt 70* ag an gconraitheoir clár seirbhíse teilifíse agus a iarrann an comhlacht sin nó an conraitheoir sin ar an sealbhóir a leathadh amhlaidh.

(2) Má éiríonn díospóid idir sealbhóir ceadúnais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus comhlacht nó conraitheoir dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i ndáil leis an suí a rinne an sealbhóir, i gcomórtas leis an suí a rinne sé nó sí ar sheirbhís craolacháin eile, ar sheirbhís saorchraolta, arna soláthar ag an gcomhlacht sin nó ag an gconraitheoir sin, ar an gcóras lena mbaineann ar suí é arna dhéanamh ar chóras MMD chun go gcomhlíonfaidh an sealbhóir iarraidh ón gcomhlacht nó ón gconraitheoir sin faoi *fho-alt (1)*, de réir mar a bheidh, déanfar an díospóid a tharchur chuig an Údarás lena cinneadh agus is cinneadh críochnaitheach cinneadh an Údaráis maidir leis an ní.

(3) Ní fhorchuirfidh sealbhóir ceadúnais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* muirear i ndáil le haon seirbhís dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur ar fáil do dhuine má fhorchuireann sé nó sí muirear ar an duine sin i ndáil le haon seirbhís eile a chur ar fáil don duine sin trí mheán an chórais MMD lena mbaineann.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar shealbhóir ceadúnais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* iomlán an bhunábhair clár, nó cuid de, a chuirtear ar fáil faoi chonradh soláthair lánais pobail sonraithe amháin nó níos mó a leathadh mar sheirbhís craolacháin trí mheán an chórais MMD lena mbaineann, ar conradh é nó ar conarthaí iad ar daoine den phobal áitiúil nó den phobal comhleasa ar a bhfreastalaítear leis an gcóras sin iad a sealbhóirí agus a iarrann ar an sealbhóir céadluaite iomlán an bhunábhair clár sin nó, de réir mar a bheidh, cuid de, a leathadh amhlaidh.

(5) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (4)* más córas analóige MMD é an córas a úsáideann sealbhóir an cheadúnais lena mbaineann.

(6) Aon duine a gcuirfidh an tÚdarás ceanglas faoi *fho-alt (4)* air nó uirthi comhlíonfaidh sé nó sí an ceanglas sin.

(7) Ní dhéanfaidh sealbhóir ceadúnais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* muirear a fhorchur i ndáil le haon seirbhís dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a chur ar fáil do dhuine, de bhun ceanglais a chuirfear air nó uirthi faoin bhfo-alt sin, má fhorchuireann sé nó sí muirear ar an duine sin i ndáil le haon seirbhís eile a chur ar fáil don duine sin trí mheán an chórais MMD lena mbaineann.

(8) Tabharfaidh an tÚdarás tuarascáil don Aire ar bhonn bliantúil i ndáil le hoibriú an ailt seo.

Oibleagáidí iompair éigeantaigh agus tairisceana éigeantaí.

77.—(1) (*a*) Sa Chuid seo ciallaíonn "líonra cuí" líonra cumarsáide leictreonaí arna sholáthar ag duine ("soláthraí líonra chuí") agus a úsáidtear chun seirbhísí craolacháin a leathadh ar an bpobal nó a tharchur chuig an bpobal.

(*b*) Chun críocha an ailt seo, maidir le conraitheoir ilphléacs i ndáil le hilphléacsanna dá dtagraítear in *alt 132(1)*, *(2)*, *(3)* agus *(4)* nó in *alt 133* ní soláthraí líonra chuí é nó í de bhua é nó í a bheith ina chonraitheoir ilphléacs nó ina

conraitheoir ilphléacs nó de bhua gníomhaíochtaí gaolmhara.

(*c*) Chun críocha an ailt seo, maidir le sealbhóir ceadúnais dá dtagraítear in *alt 76(1)*, a n-údaraítear lena théarmaí bunábhar clár a tharchur trí mheán córais MMD, ní soláthraí líonra chuí é nó í de bhua é nó í a bheith ina cheadúnaí nó ina ceadúnaí nó de bhua gníomhaíochtaí gaolmhara.

(*d*) Chun críocha an ailt seo, maidir le sealbhóir ceadúnais arna eisiúint faoi *alt 59* nó *121*, a n-údaraítear lena théarmaí bunábhar clár a tharchur, ní soláthraí líonra chuí é nó í de bhua é nó í a bheith ina cheadúnaí nó ina ceadúnaí faoin alt sin nó de bhua gníomhaíochtaí gaolmhara.

(2) I gcás inarb é tuairim an Údaráis, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh agus tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, nach bhfuil cineál nó aicme córais líonra, seachas córas líonra aonair, in úsáid ag líon suntasach úsáidirí deiridh mar an príomh-mheán acu chun tarchuir bunábhair clár a ghlacadh, féadfaidh sé a mholadh don Aire deireadh a chur, go hiomlán nó go páirteach, leis na hoibleagáidí arna leagan amach i *bhfo-ailt (3)*, *(4)*, *(5)*, *(6)*, (7), *(8), (9)* agus *(10)* ar an gcineál sin nó ar an aicme sin córais líonra. Féadfaidh an tAire ordú chuige sin a dhéanamh.

(3) Sa chás gur córas digiteach an líonra cuí, cinnteoidh an soláthraí líonra chuí go ndéanfar Bealach Thithe an Oireachtais agus Bealach Scannán na hÉireann a athchraoladh lena líonra cuí nó tríd.

(4) Cinnteoidh soláthraí líonra chuí go n-atarchuirfidh sé nó sí, lena líonra cuí nó tríd, gach seirbhís saorchraolta teilifíse a sholáthraíonn RTÉ agus TG4 de thuras na huaire agus an tseirbhís craolacháin a sholáthraíonn an conraitheoir clár seirbhíse teilifíse faoi *alt 70* agus a iarrfaidh an comhlacht nó an conraitheoir sin ar an soláthraí líonra chuí a atarchur amhlaidh.

(5) Má éiríonn díospóid idir an soláthraí líonra chuí agus RTÉ, TG4 nó an conraitheoir clár seirbhíse teilifíse i ndáil leis an suí a rinne an soláthraí líonra chuí, i gcomórtas leis an suí a rinne sé nó sí ar sheirbhís craolacháin eile, ar sheirbhís saorchraolta arna soláthar ag an comhlacht nó an conraitheoir sin, ar an gcóras lena mbaineann, ar suí é arna dhéanamh ar líonra cuí chun go gcomhlíonfaidh an soláthraí líonra chuí iarraidh ón gcomhlacht nó ón gconraitheoir sin faoi *fho-alt (4)*, déanfar an díospóid a tharchur chuig an Údarás lena cinneadh agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Údaráis ar an ní.

(6) Atarchuirfidh soláthraí líonra chuí gach seirbhís craolacháin fuaime náisiúnta a dhéanann RTÉ arna soláthar de thuras na huaire agus ag gach conraitheoir craolacháin fuaime, agus a n-iarrfaidh RTÉ nó an conraitheoir lena mbaineann ar an sealbhóir í a atarchur amhlaidh.

(7) Ní fhorchuirfidh an soláthraí líonra chuí aon mhuirear nó ní cheadóidh sé nó sí aon mhuirear a fhorchur i ndáil le haon seirbhís dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, *(4), (5)* nó *(6)*a chur ar fáil do dhuine má fhorchuireann sé nó sí muirear nó má cheadaíonn sé nó sí muirear a fhorchur ar an duine sin i ndáil le haon seirbhís eile a chur ar fáil don duine sin trí mheán an líonra chuí lena mbaineann.

(8) Féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar sholáthraí líonra chuí go dtarchuirfidh sé nó sí mar sheirbhís craolacháin, trí líonraí cuí sonraithe (cibé acu líonraí analóige nó digiteacha) arna gcothabháil ag an soláthraí líonra chuí, iomlán an bhunábhair clár nó cuid de, a chuirtear ar fáil faoi chonradh soláthair lánais pobail sonraithe amháin nó níos mó is conradh nó is conarthaí ar daoine den phobal áitiúil nó den phobal comhleasa ar a bhfreastalaítear leis an líonra cuí sin iad a sealbhóirí agus a iarrann ar an soláthraí líonra chuí céadluaite iomlán an bhunábhair clár sin nó, de réir mar a bheidh, cuid de, a tharchur.

(9) Aon duine ar a gcuirfidh an tÚdarás ceanglas faoi *fho-alt (8)*, déanfaidh sé nó sí de réir an cheanglais sin.

(10) Ní fhorchuirfidh soláthraí líonra chuí muirear nó ní cheadóidh sé nó sí muirear a fhorchur i ndáil le haon seirbhís dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)* a chur ar fáil do dhuine, de bhun ceanglais a bheidh déanta air nó uirthi faoin bhfo-alt sin, má fhorchuireann sé nó sí muirear nó má cheadaíonn sé nó sí muirear a fhorchur ar an duine sin i ndáil le haon seirbhís eile a chur ar fáil don duine sin trí mheán an líonra chuí lena mbaineann.

(11) Gan dochar do na ceanglais a fhorchuirtear faoi *fho-alt (5)*, cinnteoidh RTÉ, TG4 agus an conraitheoir clár seirbhíse teilifíse go ndéantar gach tráth a gcuid seirbhísí tairisceana éigeantaí a thairiscint lena n-atarchur (faoi réir comhaontú maidir le téarmaí úsáide atá cóir, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach) trí aon líonra cuí atá ar fáil lena ghlacadh ar shlí intuigthe ag daoine den phobal sa Stát go léir nó i gcuid de.

(12) Cinnteoidh RTÉ, TG4 agus an conraitheoir clár seirbhíse teilifíse go ndéantar gach tráth a gcuid seirbhísí tairisceana éigeantaí a thairiscint lena gcraoladh nó lena n-atarchur (faoi réir comhaontú maidir le téarmaí úsáide atá cóir, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach) trí gach seirbhís teilifíse satailíte.

(13) Ní thiocfaidh de thoradh ar shocraithe arna ndéanamh faoi *fho-alt (12)*, go mbeidh aon mhuirear breise ar aon suibscríobhaí le seirbhís teilifíse satailíte mar gheall ar aon seirbhís tairisceana éigeantaí a chur ar fáil don suibscríobhaí sin tríd an tseirbhís teilifíse satailíte.

(14) Faoi réir cheanglais aon chonartha arna dhéanamh faoi *alt 74,* cinnteofar le haon socrú arna dhéanamh faoi *fho-alt (12)* go dtabharfar tosaíocht san eolaí clár leictreonach trína bhfaighidh daoine den phobal rochtain ar an tseirbhís teilifíse satailíte do shuíomh na seirbhíse tairisceana éigeantaí chun críocha na seirbhíse teilifíse satailíte sin agus chun críocha aon seirbhíse teilifíse satailíte eile a úsáideann an t-eolaí clár leictreonach céanna freisin chun seirbhís teilifíse satailíte a chur ar fáil lena ghlacadh ar shlí intuigthe ag daoine den phobal sa Stát go léir nó i gcuid de.

(15) Tabharfaidh an tÚdarás tuarascáil don Aire ar bhonn bliantúil i ndáil le hoibriú an ailt seo.

(16) (*a*) Déanfaidh an tAire aon ordú faoi *fho-alt (2)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh ordú faoi bhráid an Tí sin de réir *mhír (a)*, rún a rith ag neamhniú an ordaithe.

(*c*) Maidir le neamhniú faoi *mhír (b)* ar ordú, tagann sé in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin ordú roimh an rún a rith.

(17) San alt seo—

ciallaíonn "seirbhís tairisceana éigeantaí" seirbhís teilifíse saorchraolta arna soláthar de thuras na huaire ag RTÉ, TG4 agus an tseirbhís saorchraolta a sholáthraíonn an conraitheoir clár seirbhíse teilifíse faoi *alt 70*;

ciallaíonn "atarchur" tarchur atá comhuaineach nach mór, gan athrú agus neamhghiorraithe;

ciallaíonn "seirbhís teilifíse satailíte" seirbhís arb éard atá inti, nó lena ngabhann, seirbhísí craolacháin teilifíse a leathadh nó a tharchur ó shatailít, is seirbhísí iad a dtairgtear ansin don phobal le hintinn go ndéanfaidh líon suntasach de na daoine sa Stát go léir nó i gcuid de ag a nglacfar na craoltaí ar shlí intuigthe na seirbhísí sin a úsáid mar a bpríomh-mhodh chun cláir theilifíse a ghlacadh.

Cionta (*Cuid 6*).

78.—(1) Aon duine a sháraíonn *alt 71(1)* nó *alt 74(2)*, tá cion déanta aige nó aici.

(2) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*, dlitear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €100,000 a chur air nó uirthi.

CUID 7

Craolachán Seirbhíse Poiblí

Caibidil 1

Corparáidí Craolacháin Seirbhíse Poiblí — Forálacha Comhchoiteanna

Comhlachtaí corpraithe.

79.—Leanfaidh gach corparáid de bheith ina comhlacht corpraithe ag a mbeidh comharbas suthain agus cumhacht agartha agus a bhféadfar é agairt agus ag a mbeidh cumhacht chun talamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

Séalaí corparáidí.

80.—(1) Déanfaidh corparáid, a luaithe is féidir tar éis an tAcht seo a rith, séala nua a sholáthar di féin.

(2) Fíordheimhneofar séala corparáide le síniú chathaoirleach na corparáide, nó síniú comhalta éigin eile den chorparáid a bheidh údaraithe ag an gcorparáid chun gníomhú chuige sin, agus síniú oifigigh den chorparáid a bheidh údaraithe ag an gcorparáid chun gníomhú chuige sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala corparáide, agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an chorparáid agus a bheith séalaithe le séala na corparáide

(a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir an ailt seo) agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan chruthúnas breise mura suífear a mhalairt.

An bord a cheapadh.

81.—(1) 12 is líon do chomhaltaí boird corparáide—

(*a*) a ndéanfaidh an Rialtas 6 díobh a cheapadh ar ainmniú ón Aire,

(*b*) faoi réir *fho-alt (2)*, a ndéanfaidh an Rialtas 4 díobh a cheapadh ar ainmniú ón Aire,

(*c*) a ndéanfaidh an Rialtas duine amháin díobh a cheapadh tar éis toghcháin de réir *alt 83*, agus

(*d*) ar duine díobh ardstiúrthóir na corparáide.

(2) I gcás ina bhfuil ceapachán le déanamh ag an Rialtas faoi *fho-alt (1)(b)* nó faoin mír sin ag eascairt as folúntas dá dtagraítear in *alt 84(12)*—

(*a*) cuirfidh an tAire an ceapachán beartaithe in iúl don Chomhchoiste Oireachtais,

(*b*) déanfaidh an tAire, maidir le ceapachán faoi *fho-alt (1)(a)*, ráiteas a chur ar fáil don Chomhchoiste Oireachtais ina léireofar taithí agus saineolas iomchuí na ndaoine nó an duine a bheidh ainmnithe ag an Aire lena gceapadh nó lena cheapadh nó lena ceapadh, nó a bheidh ceaptha ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire, agus cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is iomchuí,

(*c*) déanfaidh an Comhchoiste Oireachtais, laistigh den tréimhse 90 lá ón tráth a chuirfear an méid sin in iúl dó, ainmneacha na ndaoine nó ainm an duine a bheartaíonn sé ba chóir don Aire a ainmniú faoi *fho-alt (1)(b)* a chur in iúl don Aire agus tabharfaidh sé cúiseanna, amhail taithí agus saineolas iomchuí, i ndáil leis na daoine nó leis an duine beartaithe a bheidh ainmnithe,

(*d*) beidh aird ag an Aire ar an gcomhairle agus féadfaidh sé nó sí glacadh leis na daoine beartaithe a bheidh ainmnithe nó le cuid díobh nó leis an duine bheidh ainmnithe nó cinneadh a dhéanamh daoine eile nó duine eile de réir mar is cuí leis nó léi a ainmniú, agus

(*e*) a chinneadh nó a cinneadh a chur in iúl don Chomhchoiste Oireachtais.

(3) Fir a bheidh i 5 chomhalta ar a laghad de na comhaltaí ar bhord corparáide agus mná a bheidh i 5 chomhalta ar a laghad díobh.

(4) Féadfaidh an Comhchoiste Oireachtais, d'fhonn comhairle a chur ar fáil don Aire faoi *fho-alt (2)*, painéal a bhunú, go ceann cibé tréimhse, agus ar a mbeidh cibé líon daoine, is cuí leis an gComhchoiste Oireachtais.

(5) Maidir le daoine a chuirfear ar phainéal arna bhunú faoi *fho-alt (4)*—

(*a*) beidh taithí acu ar cheann amháin nó níos mó, nó beidh cumas léirithe acu i gceann amháin nó níos mó, de na nithe a luaitear in *alt 82(1)*,

(*b*) i ndáil le TG4, comhlíonfaidh siad ceanglais *alt 82(2)*, agus

(*c*) roghnófar iad d'fhonn a bheith ionadaitheach do leas an phobail i leith nithe a bhaineann le craolachán seirbhíse poiblí.

(6) Féachfaidh an Comhchoiste Oireachtais lena chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná i measc na ndaoine a chuirfear ar an bpainéal faoi *fho-alt (4)*.

(7) Is ar an gComhchoiste Oireachtais amháin a bheidh freagracht as iarrthóirí a roghnú agus a chur ar phainéal arna bhunú faoi *fho-alt (4)*.

Critéir le haghaidh comhaltais boird.

82.—(1) Ní cheapfar duine chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord corparáide mura mbeidh taithí aige nó aici ar réimse amháin nó níos mó, nó mura mbeidh cumas léirithe aige nó aici i réimse amháin nó níos mó, de na réimsí seo a leanas—

(*a*) gnóthaí na meán,

(*b*) craolachán seirbhíse poiblí,

(*c*) táirgeadh lánais craolacháin,

(*d*) teicneolaíochtaí na meán digiteach,

(*e*) gnóthaí ceardchumainn,

(*f*) gnóthaí gnó nó tráchtála,

(*g*) nithe a bhaineann le forbairt na Gaeilge,

(*h*) nithe a bhaineann le míchumas,

(*i*) ealaíona, ceol, spórt nó cultúr,

(*j*) eolaíocht, teicneolaíocht nó nithe comhshaoil,

(*k*) gnóthaí dlí nó rialála, agus

(*l*) gnóthaí sóisialta, oideachais nó pobail nó gnóthaí Gaeltachta,

is iomchuí maidir le maoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí.

(2) Ní cheapfar duine chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord TG4 mura bhfuil sé nó sí in ann cumarsáid a dhéanamh go hinniúil as Gaeilge.

(3) Ceapfar gach comhalta de bhord corparáide go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana.

(4) Le linn téarma ceapacháin a shocrú faoi *fho-alt (3)*, breithneoidh an Rialtas an gá atá le leanúnachas i gcomhaltas boird corparáide.

(5) Aon chomhalta de bhord corparáide a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire, beidh sé nó sí in-athcheaptha.

(6) Ní fhónfaidh comhalta de bhord corparáide níos mó ná 2 théarma oifige as a chéile.

(7) Féadfaidh comhalta de bhord corparáide éirí as a oifig nó as a hoifig aon tráth trí litir a bheidh dírithe chun an Rialtais agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta a bheidh sonraithe sa litir nó an tráth a gheobhaidh an Rialtas an litir, cibé acu is déanaí.

(8) Níl feidhm ag *fo-ailt (3)* go *(7)* maidir le comhaltas an ardstiúrthóra de bhord corparáide.

Comhalta foirne a cheapadh.

83.—(1) Déanfaidh an Rialtas comhalta amháin d'fhoireann gach corparáide a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord na corparáide, ar duine é nó í a bheidh tofa chun bheith ina chomhalta foirne nó ina comhalta foirne den bhord de réir an ailt seo.

(2) Aon chomhalta de bhord corparáide a cheapfar faoin alt seo, beidh sé nó sí, faoi réir an ailt seo, inainmnithe mar iarrthóir agus intofa i dtoghchán.

(3) Déanfar toghchán a luaithe is indéanta tar éis an tAcht seo a rith nó tar éis cibé tréimhse is faide ná sin a chomhaontófar idir an chorparáid agus ceardchumainn agus comhlachais foirne aitheanta.

(4) Tá feidhm ag *fo-ailt (5)* go *(16)* chun críocha toghcháin.

(5) (*a*) Is é nó is í rúnaí corparáide (nó duine a roghnóidh sé nó sí tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta) a bheidh ina cheann nó ina ceann comhairimh le haghaidh gach toghcháin comhalta foirne de chuid bhord na corparáide.

(*b*) Ní bheidh an ceann comhairimh i dteideal a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán nó iarrthóir sa toghchán a ainmniú nó gníomhú mar ghníomhaire d'iarrthóir sa toghchán nó leasanna iarrthóra sa toghchán a chur chun cinn.

(*c*) Féadfaidh an ceann comhairimh a údarú d'aon duine feidhmeanna ainmnithe a fheidhmiú thar a cheann nó thar a ceann agus tá feidhm ag *mír (b)* maidir le haon duine den sórt sin.

(6) (*a*) Déanfar vótaíocht a sheoladh i gcás go mbeidh níos mó ná iarrthóir amháin ann.

(*b*) Is le rúnbhallóid agus ar bhonn phrionsabal na hionadaíochta cionmhaire ar mhodh aonghutha inaistrithe a dhéanfar vótáil.

(*c*) Is é nó is í an ceann comhairimh a dhéanfaidh oifigigh cheannais ag an vótaíocht agus cléirigh vótaíochta a cheapadh.

(*d*) Is de réir socruithe a dhéanfaidh an ceann comhairimh a dhéanfar toghchán.

(*e*) Ceanglófar ar an gceann comhairimh fógra cuí a thabhairt don toghlacht maidir leis na socruithe seo agus áitreabh a ainmniú mar oifig toghcháin.

(7) (*a*) Socróidh an ceann comhairimh an lá ainmniúcháin agus tabharfaidh sé nó sí fógra maidir leis an toghchán tráth nach déanaí ná 4 sheachtain roimh an lá sin.

(*b*) Is ar lá nach luaithe ná 4 sheachtain tar éis an lae a chinnfear cáilitheacht vótálaithe agus iarrthóirí de réir *fho-ailt (13)* agus *(14)*, faoi seach, a bheidh an lá ainmniúcháin.

(8) Féadfaidh an ceann comhairimh a dhearbhú go bhfuil iarrthóir tofa mura mó an líon iarrthóirí a bheidh arna n-ainmniú go cuí ná aon iarrthóir amháin.

(9) Má chuirtear isteach ar ainmniúchán iarrthóirí nó ar aon vótaíocht nó mura féidir dul ar aghaidh leis nó léi, féadfaidh an ceann comhairimh an t-ainmniúchán nó an vótaíocht a chur ar atráth go ceann cibé tréimhse is dóigh leis nó léi is cuí chun a chumasú dó nó di, ar an tréimhse sin a bheith caite, dul ar aghaidh leis an ainmniúchán nó leis an vótaíocht nó é nó í a chríochnú.

(10) Ar fhógra a fháil ón gceann comhairimh i dtaobh ainm an iarrthóra a toghadh nó a dearbhaíodh a bheith tofa faoi *fho-alt (8)*, déanfaidh an Rialtas, de réir an ailt seo, an t-iarrthóir a cheapadh mar chomhalta de bhord na corparáide.

(11) Cuirfidh an ceann comhairimh na hiarrthóirí a bheidh fágtha in ord de réir na vótaí a creidiúnaíodh do gach duine díobh sa chomhaireamh deiridh ina raibh sé nó sí san iomaíocht.

(12) Íocfaidh corparáid costas déanta toghcháin ach amháin i gcás costais a thabhóidh iarrthóirí thar a gceann féin.

(13) Gach fostaí de chuid corparáide arb amhlaidh maidir leis nó léi, ar an lá a bheidh sonraithe ag an gceann comhairimh agus ar an lá a thógfar an vótaíocht—

(*a*) go bhfuil sé nó sí 18 mbliana d'aois ar a laghad, agus

(*b*) go raibh sé nó sí ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na corparáide ar feadh tréimhse leanúnaí bliana ar a laghad,

beidh sé nó sí i dteideal vótáil i dtoghchán.

(14) (*a*) Gach fostaí de chuid corparáide atá 18 mbliana d'aois ar a laghad agus is fostaí de chuid na corparáide ar feadh tréimhse leanúnaí 18 mí ar a laghad an lá a bheidh sonraithe ag an gceann comhairimh faoi *fho-alt (13)*, beidh sé nó sí inainmnithe mar iarrthóir sa toghchán.

(*b*) Féadfaidh siad seo a leanas iarrthóir a ainmniú—

(i) ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta nó 2 chomhlacht den sórt sin nó níos mó i gcomhpháirt, nó

(ii) líon íosta 20 vótálaithe cáilithe.

(*c*) Is ar an modh a shonróidh an ceann comhairimh a dhéanfar ainmniúcháin.

(*d*) Tabharfaidh an ceann comhairimh rialú ar bhailíocht ainmniúchán agus is breith chríochnaitheach breith an cheann comhairimh.

(15) Déanfaidh an ceann comhairimh liosta de vótálaithe agus d'iarrthóirí cáilithe.

(16) Déanfaidh an ceann comhairimh liosta de cheardchumainn agus comhlachais foirne aitheanta a ullmhú agus a chothabháil chun críocha an ailt seo.

(17) San alt seo ciallaíonn "toghchán" toghchán arna dhéanamh faoin alt seo chun comhalta foirne a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta foirne de bhord corparáide.

Téarmaí agus cur as oifig.

84.—(1) Íocfar le comhaltaí de bhord corparáide, as airgead a bheidh faoina réir ag an gcorparáid, cibé luach saothair (más ann) a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Íocfar le comhaltaí de bhord corparáide, as airgead a bheidh faoina réir ag an gcorparáid, cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh siad i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Faoi réir an Achta seo, beidh comhalta de bhord corparáide i seilbh oifige ar cibé téarmaí (seachas luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a íoc) a chinnfidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

(4) Cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar ráiteas i scríbhinn ina sonrófar saineolas nó taithí, téarmaí oifige agus luach saothair chomhaltaí na corparáide a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.

(5) Féadfaidh an Rialtas comhalta de bhord corparáide a chur as comhaltas boird na corparáide aon tráth más rud é, i dtuairim an Rialtais, go mbeidh an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, mar gheall ar easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó más dealraitheach don Rialtas gur gá é nó í a chur as comhaltas le go gcomhlíonfaidh an chorparáid a feidhmeanna go héifeachtach má ritheann, agus amháin má ritheann, gach Teach den Oireachtas rúin á iarraidh é nó í a chur as comhaltas.

(6) Scoirfidh comhalta de bhord corparáide de bheith, agus beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, ina chomhalta nó ina comhalta den chorparáid sin más rud é, maidir leis an gcomhalta sin—

(*a*) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,

(*b*) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

(*c*) ar é nó í a chiontú ar díotáil ag cúirt dlínse inniúla go ngearrfar téarma príosúnachta air nó uirthi,

(*d*) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, nó

(*e*) go ndícháileofar nó go srianfar é nó í ó bheith, ina stiúrthóir ar aon chuideachta.

(7) Maidir le comhalta foirne de chorparáid a cheapfar chun fónamh ar bhord na corparáide nó maidir le hardstiúrthóir na corparáide, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord na corparáide ar scor dá chonradh seirbhíse nó dá conradh seirbhíse leis an gcorparáid.

(8) I gcás ina mainneoidh comhalta de bhord corparáide—

(*a*) ar feadh tréimhse comhleanúnaí 6 mhí, freastal ar chruinniú den chorparáid, mura dtaispeánfaidh an comhalta chun sástacht an Aire gur de dheasca breoiteachta a mhainnigh sé nó sí freastal, nó

(*b*) ceanglais *alt 93* a chomhlíonadh, nó

(*c*) dearbhú a dhéanamh de réir cheanglais alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995,

féadfaidh an tAire le toiliú an Rialtais an comhalta a chur as oifig le hordú.

(9) (*a*) Aon ordú a dhéanfar faoi *fho-alt (8)*, leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh ordú faoina bhráid de réir *mhír (a)*, rún a rith ag neamhniú an ordaithe.

(*c*) Tiocfaidh neamhniú ordaithe faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ní a rinneadh faoin ordú roimh an rún a rith.

(10) Más rud é, maidir le comhalta de bhord corparáide arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire faoi *alt 81(10)(a)* nó tar éis toghcháin faoi *alt 83*, go bhfaighidh sé nó sí bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe nó go gcuirfear as oifig é nó í nó go scoirfidh sé nó sí ar aon chúis eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord na corparáide, féadfaidh an Rialtas ar ainmniú ón Aire, duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord na corparáide chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh go ceann a mbeidh fágtha de théarma comhaltais an chomhalta de bhord na corparáide, agus ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta de bhord na corparáide, arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire nó i ndiaidh toghcháin faoi *alt 83*, ar tharla an corrfholúntas dá dheasca nó dá deasca.

(11) Le linn dó duine a roghnú chun an corrfholúntas a tharlóidh de thoradh comhalta arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas tar éis toghcháin faoi *alt 83* do scor de bheith ina chomhalta nó ina comhalta a líonadh, roghnóidh an Rialtas an chéad iarrthóir cáilithe eile, más ann, faoi *alt 83(11)*. I gcás ina mbeidh an líon céanna vótaí creidiúnaithe do 2 iarrthóir nó níos mó de na hiarrthóirí, roghnóidh an Rialtas duine díobh trí chrannchur.

(12) Más rud é, maidir le comhalta de bhord corparáide arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire faoi *mhír (b) d'alt 81(1)*, go bhfaighidh sé nó sí bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe nó go gcuirfear as oifig é nó í nó go scoirfidh sé nó sí ar aon chúis eile, de

bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord na corparáide, féadfaidh an Rialtas ar ainmniú ón Aire, agus aird á tabhairt ag an Aire ar chomhairle an Chomhchoiste Oireachtais, duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord na corparáide chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh go ceann a mbeidh fágtha de théarma comhaltais an chomhalta de bhord na corparáide, agus ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta de bhord na corparáide arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas ar ainmniú ón Aire faoi *mhír (b) d'alt 81(1),* ar tharla an corrfholúntas dá dheasca nó dá deasca.

Cathaoirleach.

85.—(1) Déanfaidh an Rialtas, ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, comhalta de bhord corparáide a cheapadh, ar ainmniú ón Aire, chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach uirthi.

(2) Beidh cathaoirleach corparáide i seilbh oifige go dtí deireadh a thréimhse nó a tréimhse oifige mar chomhalta de bhord na corparáide, mura túisce a éagfaidh sé nó sí, nó a éireoidh sé nó sí as oifig an chathaoirligh nó a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach faoi *fho-alt (4)*.

(3) Féadfaidh cathaoirleach corparáide aon tráth éirí as a oifig nó a hoifig mar chathaoirleach trí litir a sheolfar chuig an Rialtas agus beidh éifeacht leis an éirí as, mura dtarraingeofar siar roimhe sin é i scríbhinn, nuair a thosóidh an chéad chruinniú eile den chorparáid a thionólfar tar éis don Rialtas an t-éirí as a chur in iúl don chorparáid.

(4) I gcás ina scoirfidh cathaoirleach corparáide le linn a théarma nó a téarma oifige mar chathaoirleach de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chorparáid, scoirfidh sé nó sí freisin de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcorparáid.

(5) Ní dhéanfar comhalta d'fhoireann corparáide a bheidh ceaptha ag an Rialtas mar chomhalta de bhord na corparáide nó ardstiúrthóir ar chorparáid a cheapadh mar chathaoirleach ar an gcorparáid.

Eisiamh ó chomhaltas boird.

86.—(1) Más rud é, maidir le comhalta de bhord corparáide—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig ceachtar Teach den Oireachtas nó mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chorparáid.

(2) Más rud é, maidir leis an duine arb é nó í an t-ardstiúrthóir ar chorparáid nó maidir le comhalta d'fhoireann corparáide—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig ceachtar

Teach den Oireachtas nó mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an gcorparáid agus ní íocfaidh an chorparáid leis nó léi, nó ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón gcorparáid, aon luach saothair nó liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh an duine sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(3) Aon duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord corparáide nó ina ardstiúrthóir nó ina hardstiúrthóir ar chorparáid nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann corparáide.

(4) Aon duine a cheapfar ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, den Choiste um Dheonú Conarthaí nó den Choiste um Chomhlíonadh beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta de bhord corparáide nó ina ardstiúrthóir nó ina hardstiúrthóir ar chorparáid nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann corparáide.

(5) Aon duine a shealbhaíonn fostaíocht, ach amháin le haghaidh saothair oideachais nó chun saothar cruthaitheach a thaibhiú, nó aon duine a bhfuil leas aige nó aici i ngnóthas a shealbhaíonn conradh faoin Acht seo, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta de bhord corparáide.

(6) Aon duine a shealbhaíonn fostaíocht in RTÉ beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta de bhord TG4.

(7) Aon duine a shealbhaíonn fostaíocht i TG4 beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta de bhord RTÉ.

(8) Aon duine a shealbhaíonn comhaltas de bhord RTÉ beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta de bhord TG4.

(9) Aon duine a shealbhaíonn comhaltas de bhord TG4 beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, nó scoireann sé nó sí de bheith, ina chomhalta nó ina comhalta de bhord RTÉ.

(10) Gan dochar do ginearáltacht *fho-alt (2)*, léifear an fo-alt sin mar fho-alt a thoirmisceann, *inter alia*, tréimhse a luaitear san fho-alt sin a ríomh mar sheirbhís leis an gcorparáid chun críocha aon sochar aoisliúntais.

Dualgais comhaltaí boird.

87.—Faoi réir cheanglais an Achta seo, déanfaidh gach comhalta de bhord corparáide a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh ar dhóigh—

(*a*) a bheidh ionadaitheach do leasanna an lucht féachana agus an lucht éisteachta,

(*b*) a chinnteoidh go ndéanfar gníomhaíochtaí na corparáide de bhun a cuspóirí mar atá leagtha amach in *alt 114(1)* nó *118(1)* a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach,

(*c*) a chinnteoidh go mbeidh bailiú agus cur i láthair nuachta agus cúrsaí reatha ag an gcorparáid cruinn agus neamhchlaon, agus

(*d*) a chosnóidh neamhspleáchas na corparáide ar thionchair Stáit, pholaitiúla agus tráchtála i dtaca le ceapadh, lánas agus táirgeadh clár, le heagarthóireacht a dhéanamh ar chláir nuachta agus cúrsaí reatha agus lena gcur i láthair, agus i dtaca le clársceidil a shainiú.

Cruinnithe.

88.—(1) Tionólfaidh bord corparáide cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

(2) Ag cruinniú de bhord corparáide—

(*a*) Is é nó is í an cathaoirleach ar bhord corparáide a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú má bhíonn sé nó sí i láthair, agus

(*b*) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, an cathaoirleach ar bhord corparáide i láthair, nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, déanfaidh na comhaltaí de bhord corparáide a bheidh i láthair duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(3) Déanfar gach ceist ag cruinniú de bhord corparáide a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den bhord a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(4) Féadfaidh bord corparáide gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a chomhaltaí.

(5) Faoi réir na Coda seo, déanfaidh bord corparáide a nós imeachta agus a chleachtas a rialáil le rialacha arna ndéanamh faoin alt seo.

(6) 7 is córam do chruinniú de bhord corparáide.

(7) Faoi réir aon rialach a dhéanfar faoi *fho-alt (5)*, féadfar cruinnithe de bhord corparáide a thionól ar an teileafón nó trí mheán leictreonach oiriúnach eile trínar féidir le gach comhalta den bhord cloisteáil agus trínar féidir gach comhalta den bhord a chloisteáil.

(8) Féadfaidh bord corparáide aon cheann dá fheidhmeanna a tharmligean chun fochoiste de bhord na corparáide faoi réir cibé coinníollacha is cuí le bord na corparáide.

Ardstiúrthóir.

89.—(1) Déanfaidh corparáid ó am go ham duine a cheapadh chun bheith ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an gcorparáid, is duine ar a dtabharfar, agus dá ngairtear sa Chuid seo, sa Ghaeilge, ardstiúrthóir nó, sa Bhéarla, *director general*.

(2) Maidir le hardstiúrthóir—

(*a*) déanfaidh sé nó sí riarachán na corparáide a sheoladh agus a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,

(*b*) gníomhóidh sé nó sí mar phríomheagarthóir i leith lánais arna fhoilsiú ag an gcorparáid de bhun a cuspóirí faoin Acht seo, agus

(*c*) comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile (más ann) a chinnfidh bord na corparáide.

(3) Ní mór toiliú an Rialtais a fháil sula ndéanfaidh corparáid ardstiúrthóir na corparáide a cheapadh nó a chur as oifig, nó sula n-athróidh corparáid luach saothair nó téarmaí agus coinníollacha sealbhaithe oifige an ardstiúrthóra.

(4) Maidir leis an duine a bhí, díreach roimh an Acht seo a rith, ina ardstiúrthóir nó ina hardstiúrthóir ar Radio Telefís Éireann, leanfaidh sé nó sí de bheith ina ardstiúrthóir nó ina hardstiúrthóir ar RTÉ.

(5) Maidir leis an duine a bhí, díreach roimh an Acht seo a rith, ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin ar TG4, leanfaidh sé nó sí de bheith ina ardstiúrthóir nó ina hardstiúrthóir ar TG4.

(6) Ní shealbhóidh ardstiúrthóir aon oifig nó fostaíocht eile nó ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó gan toiliú bhord na corparáide.

(7) Déanfaidh ardstiúrthóir cibé faisnéis (lena n-áirítear faisnéis airgeadais) a theastóidh ón gcorparáid ó am go ham a thabhairt do bhord na corparáide i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

(8) Féadfaidh cibé comhalta d'fhoireann na corparáide a bheidh ainmnithe ó am go ham ag bord na corparáide chun na críche sin feidhmeanna an ardstiúrthóra a chomhlíonadh má bhíonn an t-ardstiúrthóir as láthair nó nuair a bheidh post an ardstiúrthóra folamh.

(9) Déanfaidh ardstiúrthóir, ar feadh ré a cheapacháin nó a ceapacháin, fónamh mar chomhalta *ex officio* de bhord a chorparáide nó a corparáide.

Foireann.

90.—(1) Déanfaidh corparáid, chomh maith le hardstiúrthóir a cheapadh, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh sí ó am go ham a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann na corparáide ach, faoi réir *fho-alt (2)*, ní cheapfar duine faoin alt seo chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na corparáide mura mbeifear tar éis é nó í a roghnú trí chomórtas poiblí.

(2) Níl feidhm ag an gceanglas faoi *fho-alt (1)* i dtaobh duine a roghnú trí chomórtas poiblí, i ndáil leo seo a leanas:

(*a*) ceapachán arb éard é ardú céime do dhuine is comhalta d'fhoireann na corparáide cheana féin,

(*b*) oifig ar gá, i dtuairim na corparáide, saincháilíochtaí chuici nach gnách ag daoine, nó

(*c*) oifig ar go ceann tréimhsí teoranta amháin, is tréimhsí 2 bhliain ar a mhéid, a dhéantar ceapacháin chuici.

(3) Beidh comhalta d'fhoireann corparáide i seilbh a fhostaíochta nó a fostaíochta ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an chorparáid ó am go ham.

(4) Féadfaidh corparáid aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh trí aon duine dá comhaltaí foirne a bheidh údaraithe go cuí ag an gcorparáid chuige sin.

Aoisliúntas.

91.—(1) Déanfaidh corparáid, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí d'fhoireann na corparáide, nó i leith comhaltaí d'fhoireann na corparáide, lena n-áirítear an t-ardstiúrthóir.

(2) Socróidh scéim aoisliúntais an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh corparáid, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim aoisliúntais, lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Déanfaidh an chorparáid aon scéim aoisliúntais a chuirfidh an chorparáid faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, a chomhall de réir a téarmaí.

(5) Beidh i ngach scéim aoisliúntais foráil le haghaidh achomharc i gcoinne breithe a bhaineann le sochar aoisliúntais faoin scéim.

(6) Ní dheonóidh an chorparáid sochair aoisliúntais do dhuine nó i leith duine ar scor dó nó di de bheith ina ardstiúrthóir nó ina hardstiúrthóir nó de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na corparáide seachas—

(*a*) de réir scéime aoisliúntais, nó

(*b*) le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(7) Ní dhéanfar sochair aoisliúntais is féidir a dheonú do dhaoine, nó i leith daoine, a bhí, díreach sular bunaíodh Radio Éireann, ina n-oifigigh agus ina seirbhísigh don Aire, a eisíoc ar choinníollacha is lú fabhar ná na coinníollacha a mbeadh feidhm acu dá leanfaí de na sochair dá dtagraítear a íoc as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

(8) Déanfaidh an tAire Airgeadais cibé ranníoc a shonrófar, lena thoiliú nó lena toiliú, i scéim nó i scéimeanna faoin alt seo faoi chomhair na sochar aoisliúntais a bhaineann le seirbhís ináirithe a tugadh roimh lá bunaithe Radio Éireann agus is féidir a dheonú do dhaoine, nó i leith daoine, a bhí, díreach roimh an lá sin, ina n-oifigigh agus ina seirbhísigh de chuid an Aire, agus socróidh an scéim

nó na scéimeanna sin, leis an toiliú céanna, modh íoca agus tráthanna íoca an ranníoca sin.

(9) Déanfar aon airgead a cheanglaítear ar an Aire Airgeadais a íoc faoin alt seo a airleacan as an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis.

(10) (*a*) Leagfaidh an tAire scéim aoisliúntais (lena n-áirítear leasú uirthi) faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh scéim faoina bhráid de réir *mhír (a)*, an scéim a neamhniú.

(*c*) Tagann neamhniú scéime faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann an neamhniú difear d'aon ní a rinneadh faoin scéim roimh an rún a rith.

(11) San alt seo, ciallaíonn "scéim aoisliúntais" scéim faoin alt seo.

Cuntasacht an ardstiúrthóra agus an chathaoirligh do Choistí Oireachtais.

92.—(1) San alt seo, ciallaíonn "Coiste" Coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar (seachas an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann) nó fochoiste de chuid Coiste den sórt sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, freastalóidh ardstiúrthóir os comhair Coiste, ar iarraidh i scríbhinn ón gCoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta a chorparáide nó a corparáide.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, freastalóidh cathaoirleach corparáide os comhair Coiste, ar iarraidh i scríbhinn ón gCoiste, chun tuairimí bhord a chorparáide nó a corparáide a chur i láthair.

(4) Ní cheanglófar ar ardstiúrthóir nó ar chathaoirleach cuntas a thabhairt ar aon ní, nó tuairimí bhord a chorparáide nó a corparáide a chur i láthair i leith aon ní, atá, a bhí nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát.

(5) I gcás gurb é tuairim ardstiúrthóra nó cathaoirligh gur ní lena mbaineann *fo-alt (4)* aon ní a n-iarrtar air nó uirthi cuntas a thabhairt ina leith, nó tuairimí bhord na corparáide ina leith a chur i láthair, cuirfidh sé nó sí an tuairim sin in iúl don Choiste mar aon leis na cúiseanna atá leis an tuairim agus, mura dtabharfar an fhaisnéis don Choiste tráth a bheidh an t-ardstiúrthóir nó an cathaoirleach os a chomhair, tabharfar an fhaisnéis amhlaidh i scríbhinn.

(6) I gcás ina mbeidh an t-ardstiúrthóir nó an cathaoirleach tar éis a thuairim nó a tuairim a chur in iúl do Choiste de réir *fho-alt (5)* agus nach dtarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó i *bhfo-alt (3)* a mhéid a bhaineann sé le ní is ábhar don tuairim sin—

(*a*) féadfaidh an t-ardstiúrthóir nó an cathaoirleach, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Choiste an bhreith uaidh gan déanamh amhlaidh a chur in iúl dó nó di, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair chun an cheist i dtaobh an ní lena mbaineann *fo-alt (4)* é an ní a chinneadh, nó

(*b*) féadfaidh cathaoirleach an Choiste iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an Choiste,

agus féadfaidh an Ard-Chúirt an ní a chinneadh.

(7) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (6)*, ní fhreastalóidh an t-ardstiúrthóir nó an cathaoirleach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas nó chun tuairimí bhord na corparáide a chur i láthair i leith an ní sin.

(8) Má chinneann an Ard-Chúirt gur ní lena mbaineann *fo-alt (4)* é an ní, tarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó i *bhfo-alt (3),* ach má chinneann an Ard-Chúirt nach ní lena mbaineann *fo-alt (4*) é an ní, freastalóidh an t-ardstiúrthóir nó an cathaoirleach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní nó chun tuairimí bhord na corparáide a chur i láthair i leith an ní.

Comhaltaí corparáide do nochtadh leasanna áirithe.

93.—(1) Aon chomhalta de bhord corparáide—

(*a*) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chomhlacht nó gnólacht lena mbeidh conradh déanta ag an gcorparáid nó lena mbeartaíonn sí conradh a dhéanamh, nó

(*b*) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chonradh atá déanta ag an gcorparáid nó a bheartaíonn an chorparáid a dhéanamh,

nochtfaidh sé nó sí do bhord na corparáide go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa agus ní bheidh sé nó sí i láthair nuair a dhéanfaidh bord na corparáide aon bhreithniú nó breith a bhaineann leis an gconradh.

(2) I gcás go n-éireoidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú boird, eadhon—

(*a*) socrú ar páirtí ann an chorparáid nó socrú den sórt sin atá beartaithe, nó

(*b*) conradh nó comhaontú eile leis an gcorparáid nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,

ansin, maidir le haon chomhalta de bhord na corparáide a bheidh i láthair ag an gcruinniú agus a bhfuil leas aige nó aici sa ní ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin—

(i) nochtfaidh sé nó sí do bhord na corparáide ag an gcruinniú go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa,

(ii) ní imreoidh sé nó sí aon tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le haon tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt i ndáil leis an ní,

(iii) ní bheidh sé nó sí i láthair ag an gcruinniú nó ag an gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléifear an ní,

(iv) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh bord na corparáide maidir leis an ní, agus

(v) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith maidir leis an ní.

(3) I gcás ina ndéanfar leas a nochtadh faoin alt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag breithniú nó ag plé an ní lena mbaineann an nochtadh, ní dhéanfar an comhalta den bhord a dhéanfaidh an nochtadh a áireamh sa chóram i gcomhair an chruinnithe.

(4) Más rud é, ag cruinniú de bhord corparáide, go n-éireoidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh comhalta de bhord na corparáide é, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (2)* a chomhlíonadh, féadfaidh bord na corparáide an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an bhoird, agus i gcás ina gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(5) Chun críocha an ailt seo agus *alt 94* ní mheasfar leas a bheith ag duine in aon ní de bhíthin amháin leas a bheith ag an duine sin, nó ag aon chuideachta ina bhfuil leas aige nó aici, ar leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreoidh sé tionchar ar dhuine le linn dó nó di breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm i ndáil leis an ní a chomhlíonadh.

Foireann agus conraitheoirí le haghaidh seirbhísí do nochtadh leasanna áirithe.

94.—(1) Más rud é, maidir le comhalta d'fhoireann corparáide nó comhalta d'fhoireann fochuideachta nó stiúrthóir ar fhochuideachta nó conraitheoir le haghaidh seirbhísí, in earnáil arna sonrú roimh an bhfostú ag an gcorparáid, go bhfuil leas aige nó aici, ar shlí eile seachas ina cháil nó ina cáil mar dhuine den sórt sin, in aon chonradh, comhaontú nó socrú, nó in aon chonradh, comhaontú nó socrú beartaithe, ar páirtí nó páirtí beartaithe ann an chorparáid—

(*a*) nochtfaidh an duine sin a leas, agus cineál an leasa, do bhord na corparáide,

(*b*) ní ghlacfaidh an duine sin aon pháirt i gcaibidil an chonartha, an chomhaontaithe nó an tsocraithe nó in aon bhreithniú ag comhaltaí de bhord na corparáide nó ag comhaltaí d'fhoireann na corparáide nó ag conraitheoirí le haghaidh seirbhísí in earnáil arna sonrú roimh an bhfostú ag an gcorparáid i ndáil leis,

(*c*) ní imreoidh an duine sin tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt ar an ní, agus

(*d*) ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine i dtaca le conradh fostaíochta nó conradh beartaithe fostaíochta de chuid an duine sin mar chomhalta d'fhoireann na corparáide nó i dtaca le conradh nó conradh beartaithe le haghaidh seirbhísí de chuid an duine sin mar chonraitheoir le haghaidh seirbhísí don chorparáid.

(3) I gcás go mainneoidh duine lena mbaineann *fo-alt (1)* ceanglas den alt seo a chomhlíonadh, tabharfaidh an chorparáid lena mbaineann breith maidir leis an mbeart cuí (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) a bheidh le déanamh.

(4) San alt seo folaíonn "comhalta d'fhoireann" an t-ardstiúrthóir.

(5) San alt seo agus in *ailt 95*, *104* agus *116*, ciallaíonn "fochuideachta" fochuideachta de chuid corparáide.

Cód iompair.

95.—(1) Déanfaidh corparáid, a luaithe is féidir, cód iompair a tharraingt suas agus a ghlacadh maidir le srianta ar leasanna agus le hiompraíocht eiticiúil a mbeidh feidhm aige maidir le gach comhalta den bhord, gach comhalta den fhoireann, gach comhairleoir, gach comhalta de choiste comhairleach agus gach comhalta de chomhairle lucht féachana agus éisteachta de chuid na corparáide nó d'fhochuideachta de chuid na corparáide.

(2) Déanfaidh corparáid, a luaithe is féidir, cód iompair a tharraingt suas maidir le srianta ar leasanna agus le hiompraíocht eiticiúil a mbeidh feidhm aige maidir le cibé earnálacha conraitheoirí le haghaidh seirbhísí a shonróidh an chorparáid roimh an bhfostú.

(3) Déanfaidh corparáid aon chód iompair a tharraingeofar suas faoi *fho-alt (1)* agus *(2)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an gcorparáid.

Comhairle lucht féachana agus éisteachta.

96.—(1) Déanfaidh corparáid coiste a bhunú chun críocha an ailt seo, ar coiste é ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san alt seo, comhairle lucht féachana agus éisteachta.

(2) Is iad a bheidh ar an gcomhairle lucht féachana agus éisteachta 15 chomhalta arna gceapadh ag a corparáid.

(3) Ceapfaidh comhaltaí de bhord corparáide duine dá líon chun fónamh mar chomhalta dá comhairle lucht féachana agus éisteachta.

(4) Le linn di na comhaltaí dá comhairle lucht féachana agus éisteachta a cheapadh, féachfaidh corparáid lena chinntiú go mbeidh an chomhairle lucht féachana agus éisteachta ionadaitheach don phobal féachana agus éisteachta agus, go háirithe, do phobail Ghaeltachta agus do dhaoine faoi mhíchumas radhairc nó éisteachta.

(5) Le linn dó na comhaltaí dá comhairle lucht féachana agus éisteachta a cheapadh féachfaidh TG4 lena chinntiú go mbeidh na comhaltaí den chomhairle lucht féachana agus éisteachta in ann cumarsáid inniúil a dhéanamh as Gaeilge.

(6) Déanfaidh corparáid ó am go ham de réir riachtanas na hócáide comhalta dá comhairle lucht féachana agus éisteachta a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach uirthi.

(7) Ceapfar comhaltas comhairle lucht féachana agus éisteachta go ceann cibé tréimhsí, nach faide ná 5 bliana, is cuí leis an gcorparáid agus aon chomhalta den chomhairle lucht féachana agus éisteachta a cheapfar go ceann tréimhse is giorra ná 5 bliana beidh sé nó sí in-athcheaptha go ceann a mbeidh fágtha den tréimhse 5 bliana ó thosach a cheapacháin nó a ceapacháin nó ar feadh aon tréimhse is giorra ná sin.

(8) Féadfaidh comhalta de chomhairle lucht féachana agus éisteachta, aon tráth trí fhógra i scríbhinn chuig an gcorparáid, éirí as a chomhaltas nó a comhaltas. Féadfar comhaltas aon chomhalta den chomhairle lucht féachana agus éisteachta a fhoirceannadh aon tráth trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt dó nó di ag an gcorparáid.

(9) Tabharfaidh corparáid úsáid cibé acmhainní agus faisnéise dá comhairle lucht féachana agus éisteachta a theastóidh ón gcomhairle chun go gcomhlíonfaidh sí a feidhmeanna go cuí.

(10) Is í príomhfheidhm comhairle lucht féachana agus éisteachta tuairimí agus leasanna an phobail i gcoitinne maidir le craolachán seirbhíse poiblí ag an gcorparáid a chur in iúl do bhord a corparáide.

(11) Féadfaidh comhairle lucht féachana agus éisteachta a cheangal ar a corparáid go ndéanfaidh sí, nó go socróidh sí go ndéanfar, a mhéid is féidir le réasún, suirbhé ar leanaí agus daoine óga chun tuairimí agus ábhair spéise leanaí agus daoine óga maidir le craolachán seirbhíse poiblí ag an gcorparáid a fháil amach.

(12) Féadfaidh comhairle lucht féachana agus éisteachta a cheangal ar a corparáid go ndéanfaidh sí, nó go socróidh sí go ndéanfar, a mhéid is féidir le réasún, suirbhé ar dhaoine scothaosta chun tuairimí agus ábhair spéise daoine scothaosta maidir le craolachán seirbhíse poiblí ag an gcorparáid a fháil amach.

(13) Féadfaidh comhairle lucht féachana agus éisteachta, chun a feidhm faoi *fho-alt (10)* a fheidhmiú—

(*a*) cruinnithe poiblí a thionól, agus

(*b*) a cheangal go ndéanfaidh a corparáid méid is comhionann agus uair an chloig amháin de bhunábhar clár teilifíse agus, maidir le RTÉ, uair an chloig amháin de bhunábhar clár craolacháin fuaime, a chur ar fáil i ngach bliain, agus go ndéanfaidh an chorparáid an céanna a chraoladh cibé tráthanna ar a gcomhaontófar idir an chorparáid agus an chomhairle lucht féachana agus éisteachta.

(14) 8 is córam do chruinniú de chomhairle lucht féachana agus éisteachta.

(15) Faoi réir an ailt seo, beidh an chumhacht ag comhairle lucht féachana agus éisteachta a nós imeachta agus a cleachtas féin a rialáil le rialacha a dhéanfar faoin alt seo.

(16) Tabharfaidh comhairle lucht féachana agus éisteachta, tráth nach déanaí ná 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil bhliantúil don Aire, do bhord a corparáide agus don Údarás, ar a himeachtaí i gcaitheamh na bliana airgeadais roimhe sin. Féadfaidh comhairle lucht féachana agus éisteachta agus má iarrann an tAire uirthi déanamh amhlaidh, déanfaidh sí, tuarascálacha speisialta a thabhairt don Aire i gcaitheamh aon bhliana.

(17) Buailfidh ardstiúrthóir na corparáide lena mbaineann le comhairle lucht féachana agus éisteachta na corparáide uair amháin ar a laghad gach bliain.

(18) Buailfidh comhairle lucht féachana agus éisteachta le bord a corparáide uair amháin ar a laghad gach bliain.

(19) Féadfaidh corparáid cibé caiteachais as-póca a íoc le gach comhalta dá comhairle lucht féachana agus éisteachta a thabhóidh an comhalta sin go réasúnach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

Coistí comhairleacha.

97.—(1) Féadfaidh corparáid coistí comhairleacha a bhunú chun comhairle agus cabhair a thabhairt di i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

(2) I gcás ina mbeidh comhaltaí nach comhaltaí de bhord na corparáide nó d'fhoireann na corparáide ar choistí comhairleacha féadfar cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas a mheasann an chorparáid a bheith réasúnach, faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a íoc leis na comhaltaí sin.

(3) Féadfaidh corparáid nós imeachta a coistí comhairleacha a rialáil, ach faoi réir rialála den sórt sin, féadfaidh coiste comhairleach a nós imeachta féin a rialáil.

(4) Tabharfaidh corparáid agus a hardstiúrthóir aird ar an gcomhairle, ach ní bheidh siad faoi cheangal ag an gcomhairle, a thabharfaidh aon choiste comhairleach faoin alt seo.

Neamhspleáchas.

98.—Faoi réir cheanglais an Achta seo, beidh corparáid neamhspleách de bhun a cuspóirí.

Ráiteas straitéise.

99.—(1) A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an tAcht seo a rith, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh corparáid ráiteas straitéise a ullmhú agus a thíolacadh don Aire i cibé formáid a cheadóidh an tAire.

(2) Leagfar amach i ráiteas straitéise arna ullmhú faoi *fho-alt (1)* straitéis bhord na corparáide chun a cuspóirí a bhaint amach faoin Acht seo le linn na tréimhse lena mbaineann an ráiteas, ag féachaint d'acmhainní atá ar fáil don chorparáid.

(3) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir, tar éis ráiteas straitéise nó aon athmheas air faoin alt seo a thíolacadh dó nó di, a chur faoi deara cóip nó achoimre air a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Measúnachtaí tionchair rannaigh ag an Údarás.

100.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de 3 mhí tar éis iarraidh ar chomhairle a fháil i scríbhinn ón Aire maidir leis an tionchar rannach a bheadh ag togra faoin gCuid seo, an chomhairle sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, le linn dó comhairle a thabhairt don Aire ar an tionchar rannach a bheadh ag togra faoin gCuid seo, na nithe seo a leanas a bhreithniú—

(*a*) a mhéid atá tionchar ag an togra—

(i) ar infhaighteacht, rogha, cáilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí i gcomhair lucht féachana agus éisteachta, agus

(ii) ar sheirbhísí rannacha láithreacha,

(*b*) an tionchar a bheadh ag an togra ar fhorbairt rannach, ar nuálaíocht agus ar infheistíocht,

(*c*) an tionchar a bheadh ag an togra ar mhargaí gaolmhara, agus

(*d*) cibé nithe a chinnfidh an tÚdarás.

(3) Le linn don Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar rannach a bheadh ag togra faoin gCuid seo, breithneoidh sé cibé

tionchair a éireoidh laistigh de thréimhse 5 bliana tar éis iarraidh ar chomhairle a fháil i scríbhinn ón Aire faoi *fho-alt (1)*.

Ráiteas seirbhíse poiblí.

101.—(1) Déanfaidh corparáid, tar éis comhchomhairle poiblí, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an tAcht seo a rith, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, nó de réir mar a cheanglóidh an tAire, ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú ina leagfar amach na prionsabail a bheidh le comhlíonadh agus na gníomhaíochtaí a bheidh le gabháil de láimh ag an gcorparáid chun a cuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall.

(2) Déanfaidh corparáid ráiteas seirbhíse poiblí arna ullmhú faoi *fho-alt (1)* a chur faoi bhráid an Aire.

(3) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, agus tar éis ráiteas seirbhíse poiblí a bheidh faighte ón gcorparáid faoi *fho-alt (2)* a athbhreithniú in aghaidh a cuspóirí seirbhíse poiblí, a thoiliú nó a toiliú a thabhairt leis an ráiteas seirbhíse poiblí.

(4) Déanfaidh an tAire, ar thoiliú a thabhairt dó nó di le ráiteas seirbhíse poiblí, nó le haon athmheas air, a chur faoi deara cóip den ráiteas seirbhíse poiblí a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanas feidhmíochta.

102.—(1) Ullmhóidh corparáid, faoin 31 Eanáir gach bliain, ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanas feidhmíochta—

(*a*) de réir a cuspóirí,

(*b*) de réir aon ráitis straitéise arna ullmhú faoi *alt 99* agus atá fós ann, agus

(*c*) de réir aon ráitis seirbhíse poiblí arna ullmhú faoi *alt 101* agus atá fós ann,

agus lena n-áireofar na gníomhaíochtaí a mbeidh sé beartaithe ag an gcorparáid gealltanas a thabhairt ina leith sa bhliain airgeadais sin agus táscairí feidhmíochta gaolmhara.

(2) Díreoidh ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanas feidhmíochta arna ullmhú ag corparáid faoi *fho-alt (1)*, *inter alia*—

(*a*) ar chláir bhunúla do leanaí, arna gcoimisiúnú nó arna dtáirgeadh ag an gcorparáid, atá iomchuí maidir le riachtanais agus ábhair spéise shóisialacha agus chultúrtha leanaí in Éirinn agus lena n-áirítear cláir bheochana agus cláir Ghaeilge do leanaí, a bheidh le craoladh ag an gcorparáid,

(*b*) ar chláir Ghaeilge a bheidh le craoladh ag an gcorparáid,

(*c*) ar chláir eolaíochta agus teicneolaíochta a bheidh le craoladh ag an gcorparáid,

(*d*) ar irisí agus leabhair a bheidh le hullmhú, le foilsiú agus le dáileadh de bhun cuspóirí seirbhíse poiblí na corparáide, agus

(*e*) ar an gclos-bhunábhar taifeadta a bheidh le tiomsú, le foilsiú agus le dáileadh de bhun cuspóirí seirbhíse poiblí na corparáide.

(3) A luaithe is féidir tar éis an 31 Eanáir i ngach bliain, cuirfidh corparáid faoi bhráid an Aire agus an Údaráis ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanas feidhmíochta, arna ullmhú faoi *fho-alt (1)* agus, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Údarás, déanfaidh an chorparáid an ráiteas, nó achoimre air, a fhoilsiú a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin.

(4) Déanfaidh corparáid, faoin 31 Márta i ngach bliain, tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire agus an Údaráis faoi chomhall nó neamhchomhall aon ghealltanas a tugadh i ráiteas arna ullmhú faoi *fho-alt (1)* don bhliain airgeadais roimhe sin agus míniú ar aon difríocht a eascróidh.

(5) Áireoidh corparáid laistigh de thuarascáil a cheanglaítear faoi *alt 110* tuarascáil faoi chomhall nó neamhchomhall aon ghealltanas a bheidh foilsithe faoi *fho-alt (3)* don tréimhse lena mbaineann agus míniú ar aon difríocht a eascróidh.

Toiliú an Aire le seirbhísí nua agus le hathruithe ar bhealaí.

103.—(1) Féadfaidh corparáid, le toiliú an Aire, na cuspóirí i *míreanna (g)* agus *(h) d'alt 114(1)* nó *míreanna (g)* agus *(h) d'alt 118(1)*, de réir mar a bheidh a shaothrú.

(2) Féadfaidh corparáid, le toiliú an Aire, an líon bealaí craolacháin teilifíse nó fuaime a oibríonn sí a athrú.

(3) Féadfaidh corparáid, le toiliú an Aire, seirbhísí coimhdeacha a ghabháil de láimh.

(4) I gcás ina mbeartóidh an tAire a thoiliú nó a toiliú a thabhairt faoin alt seo—

(*a*) rachaidh an tAire i gcomhairle leis an gcorparáid lena mbaineann agus le cibé daoine eile is cuí leis nó léi,

(*b*) rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás i dtaobh an tionchair rannaigh a bheadh ag togra faoin alt seo,

(*c*) breithneoidh an tAire fiúntas poiblí an togra sin, agus

(*d*) foilseoidh an tAire, i cibé slí is cuí leis nó léi, ráiteas ina leagfar amach na comhchomhairliúcháin a rinneadh faoi *mhíreanna (a)* agus *(b)* agus léireoidh sé nó sí áit ina bhféadfar aon doiciméad a thug duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)* don Aire i gcúrsa comhairliúchán faoi na míreanna sin a iniúchadh.

(5) Féadfaidh duine dá dtagraítear i *míreanna (a)* nó *(b) d'fho-alt (4)*, ar dhoiciméad a thabhairt don Aire chun críocha *fho-alt (4),* a iarraidh ar an Aire doiciméad nó cuid de dhoiciméad a mheasann an duine a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de a fhágáil ar lár as doiciméid a chuirfear ar fáil don phobal lena n-iniúchadh faoi *mhír (d) d'fho-alt (4).*

(6) Féadfaidh an tAire, más deimhin leis nó léi go bhfuil an fhaisnéis atá i ndoiciméad nó i gcuid de dhoiciméad íogair ó thaobh na tráchtála de agus nach gá í a nochtadh chun go dtuigfidh an pobal breith a bheidh tugtha faoi *fho-alt (4),* an doiciméad nó an chuid de dhoiciméad a fhágáil ar lár as na doiciméid a chuirfear ar fáil don phobal lena n-iniúchadh faoi *mhír (d) d'fho-alt (4).*

(7) Chun críocha an ailt seo, is faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de aon fhaisnéis a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá nochtfaí í—

(*a*) go ndéanfadh sí dochar ábhartha do leasanna tráchtála an duine a sholáthair an fhaisnéis sin don Aire, nó do leasanna grúpa nó aicme daoine lena mbaineann an duine sin, nó

(*b*) go ndéanfadh sí dochar do staid iomaíochta duine i seoladh ghnó an duine.

(8) Déanfaidh an tAire, le linn dó nó di breith a thabhairt maidir le fiúntas poiblí togra faoin alt seo, na nithe seo a leanas a bhreithniú—

(*a*) tábhacht an togra i leith cuspóirí seirbhíse poiblí na corparáide a shaothrú,

(*b*) comhoiriúnacht an togra leis an Treoir ón gComhairle agus le moltaí ó Chomhairle na hEorpa i leith craolacháin seirbhíse poiblí,

(*c*) na costais agus na hioncaim a bhaineann leis an togra agus aon tionchar ar sholáthar seirbhíse poiblí láithreach,

(*d*) a mhéid a chabhraíonn an togra chun freastal do riachtanais daonlathais, chultúir, teanga, oideachais agus shóisialta shochaí na hÉireann, grúpaí aonair laistigh de shochaí na hÉireann, agus pobal Éireannach lasmuigh d'oileán na hÉireann,

(*e*) a mhéid a bheidh rochtain ag an bpobal ar an tseirbhís bheartaithe,

(*f*) a mhéid a aimseoidh an tseirbhís bheartaithe luchtanna féachana agus éisteachta gannfhreastail,

(*g*) rannchuidiú na seirbhíse nó na gníomhaíochta beartaithe chun leibhéal taithí an phobail i gcoitinne, nó grúpaí aonair laistigh de shochaí na hÉireann, ar chineálacha nua seirbhísí agus teicneolaíochtaí a ardú,

(*h*) rannchuidiú an togra le hiolarthacht na meán, agus

(*i*) cibé nithe a chinnfidh an tAire.

(9) Féadfaidh an tAire cibé téarmaí nó coinníollacha áirithe is cuí leis nó léi sna himthosca a chur ag gabháil le haon toiliú a thabharfar faoin alt seo.

(10) Ní bheidh feidhm ag ceanglais *fho-alt (2)* maidir le corparáid do bhunú bealach craolacháin teilifíse nó fuaime go ceann tréimhse nach faide ná 30 lá (cibé acu is laethanta as a chéile nó nach ea) in aon tréimhse 12 mhí.

(11) San alt seo ciallaíonn "seirbhísí coimhdeacha" corparáid do sholáthar seirbhísí—

(*a*) atá coimhdeach le cuspóirí seirbhíse poiblí na corparáide,

(*b*) nach raibh an chorparáid ag gabháil dóibh ar mhodh suntasach sna 5 bliana roimhe sin,

(*c*) ar gá caiteachas is mó ná €5 mhilliún gach bliain ag an gcorparáid ina leith, agus

(*d*) a mbeartaíonn an chorparáid maoiniú arna fháil ag an gcorparáid faoi *alt 123* a úsáid lena n-aghaidh,

ach ní fholaíonn sé soláthar seirbhíse ag corparáid de bhun *mhíreanna (d)*, *(f)* agus *(i) d'alt 114(1)* agus *mhíreanna (d)* agus *(f) d'alt 118(1)*.

Fochuideachtaí agus comhfhiontair a bhunú.

104.—(1) Féadfaidh corparáid, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás, fochuideachta nó fochuideachtaí a fháil, a fhoirmiú, a bhunú agus a dhiúscairt de bhun a cuspóirí faoin Acht seo.

(2) Féadfaidh corparáid nó fochuideachta dá cuid, ina haonar nó i dteannta duine eile, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás, foirmiú nó bunú cuideachta a chur chun cinn nó páirt a ghlacadh ann, agus dul i mbun comhfhiontar nó comhpháirtíochtaí de bhun a cuspóirí faoin Acht seo.

(3) Féadfaidh corparáid, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás, scaireanna nó leasanna eile i gcuideachta a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus teacht chun bheith ina comhalta de chuideachta.

(4) Is i cibé foirm a chinnfidh an chorparáid le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais a bheidh meabhrán agus airteagail chomhlachais fochuideachta.

(5) Féadfaidh an tAire téarmaí nó coinníollacha áirithe a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí sna himthosca a chur ag gabháil le haon toiliú a thabharfar faoin alt seo.

Dualgas corparáide maidir lena hioncam.

105.—Tá sé de dhualgas ar chorparáid a gnóthaí a sheoladh ar shlí a áiritheoidh go mbeidh a hioncam, ar an dáta is luaithe is féidir, agus go leanfaidh sé de bheith dá éis sin, leordhóthanach ar a laghad—

(*a*) chun na suimeanna go léir is inmhuirearaithe go cuí ar an gcuntas reatha a íoc, agus

(*b*) chun foráil chuí a dhéanamh maidir le caiteachas caipitiúil.

Fógráin.

106.—(1) Féadfaidh corparáid fógráin a chraoladh, admhálacha ar urraíocht a chraoladh, muirir agus coinníollacha a shocrú i leith craolachán den sórt sin agus, le linn na muirir a shocrú, féadfaidh sí foráil a dhéanamh le haghaidh imthosca éagsúla agus le haghaidh muirear speisialta breise a dhéanamh i gcásanna speisialta.

(2) Féadfaidh corparáid diúltú, go hiomlán nó go páirteach, d'aon fhógrán a thíolactar lena chraoladh.

(3) Faoi réir cheanglais *alt 41(2)*, déanfaidh corparáid le linn seirbhís craolacháin a sholáthar faoin gCuid seo, na nithe seo a leanas a shocrú, faoi réir ceadú a fháil ón Aire tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás—

(*a*) an t-am iomlán in aghaidh an lae chun fógráin a chraoladh, agus

(*b*) an tréimhse uasta a thabharfar d'fhógráin in aon uair an chloig.

(4) Déanfaidh an tAire, má iarrann an Coimisiún Reifrinn air nó uirthi amhlaidh tar éis don Choimisiún Reifrinn dul i gcomhairle le corparáid agus breithniú a dhéanamh ar aon tograí ón gcorparáid maidir le craolacháin i dtaca leis an reifreann, ar tograí iad a chuirfidh sí in iúl don Choimisiún Reifrinn, a ordú i scríbhinn don chorparáid am craolta a leithroinnt chun a éascú don Choimisiún Reifrinn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus déanfaidh an chorparáid de réir ordacháin faoin bhfo-alt seo.

(5) Féadfar muirir agus coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a shocrú faoi réir athruithe a rachaidh chun tairbhe d'fhógróirí a úsáideann an Ghaeilge ina bhfógráin.

(6) Léifear cumhacht faoin alt seo chun muirir agus coinníollacha a shocrú mar chumhacht a fholaíonn cumhacht chun aon mhuirir nó coinníollacha arna socrú faoin gcumhacht sin a chealú nó a athrú agus, i gcás go gcealófar muirir nó coinníollacha, muirir nó coinníollacha eile a shocrú in ionad na muirear nó na gcoinníollacha a cealaíodh.

(7) San alt seo léifear tagairtí d'fhógráin mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do bhunábhar teilishiopadóireachta agus d'ábhar fógraíochta i gcláir urraithe, is é sin le rá, cláir arna soláthar ag fógróir nó thar ceann fógróra chun críocha fógraíochta.

Iasachtaí.

107.—(1) Féadfaidh RTÉ, chun foráil a dhéanamh le haghaidh caiteachais reatha nó chaipitiúil, airgead a fháil ar iasacht ó am go ham (cibé acu ar urrús shócmhainní na corparáide nó ar shlí eile) nach mó a chomhiomlán ná €100,000,000 gan toiliú an Aire ná an Aire Airgeadais a bheith ag teastáil.

(2) Féadfaidh TG4, chun foráil a dhéanamh le haghaidh caiteachais reatha nó chaipitiúil, airgead a fháil ar iasacht ó am go ham (cibé acu ar urrús shócmhainní na corparáide nó ar shlí eile) nach mó a chomhiomlán ná €10,000,000 gan toiliú an Aire ná an Aire Airgeadais a bheith ag teastáil.

(3) Féadfaidh corparáid, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás, airgead a fháil ar iasacht ar mó a mhéid ná an méid a shonraítear i *bhfo-ailt (1)* nó *(2)* chun foráil a dhéanamh le haghaidh caiteachais reatha nó chaipitiúil—

(*a*) trí iasachtaí a fháil go sealadach ó fhorais airgeadais, nó

(*b*) trí stoc nó cineálacha eile urrúis a chruthú a eiseofar, a aistreofar, a ndéileálfar leo agus a fhuasclófar ar cibé slí agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an chorparáid le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(4) Féadfaidh an tAire cibé téarmaí nó coinníollacha áirithe is cuí leis nó léi sna himthosca a chur ag gabháil le haon toiliú a thabharfar faoi *fho-alt (3)*.

(5) Maidir leis na téarmaí ar a bhfaighfear airgead ar iasacht faoin alt seo, féadfaidh forálacha chun an t-airgead agus ús ar an airgead sin a mhuirearú ar an maoin go léir de gach cineál a bheidh dílsithe de thuras na huaire don chorparáid nó ar aon mhaoin áirithe de

chuid na corparáide, agus forálacha ag bunú thosaíocht na muirear sin eatarthu, a bheith iontu.

Idirbhearta idir an tseirbhís phoiblí agus deiseanna tráchtála.

108.—(1) Maidir leis na gníomhaíochtaí tráchtála a ghabhfaidh corparáid de láimh de bhun a cuspóra maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú—

(*a*) déanfar iad a oibriú ar mhodh éifeachtúil chun go ndéanfar ioncam a uasmhéadú, agus

(*b*) bainfear úsáid astu chun cúnamh airgid a thabhairt i leith a cuid cuspóirí seirbhíse poiblí.

(2) Maidir leis na hidirbhearta nó na socruithe go léir a dhéanfaidh corparáid amhail idir na gníomhaíochtaí a eascróidh astu seo a leanas—

(*a*) a cuid cuspóirí seirbhíse poiblí, agus

(*b*) a cuspóir maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú,

is ar neamhthuilleamaí agus ar bhonn tráchtála a dhéanfar iad.

(3) Ar ordachán ón Aire, déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh tuarascáil maidir le comhlíonadh cheanglais *fho-alt (2)* ag an gcorparáid a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

Cuntais agus iniúchadh.

109.—(1) Déanfaidh corparáid meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid an Aire i cibé foirm, i leith cibé tréimhsí agus ag cibé tráthanna a éileoidh an tAire agus déanfaidh sí aon fhaisnéis a éileoidh an tAire i ndáil leis na meastacháin sin, lena n-áirítear tograí agus pleananna todhchaí a bhaineann leis an gcorparáid do chomhlíonadh a feidhmeanna thar thréimhse blianta, a thabhairt don Aire de réir mar a éileofar.

(2) Déanfaidh ardstiúrthóir, faoi stiúradh bhord a chorparáide nó a corparáide, a chur faoi deara go gcoimeádfar, ar bhonn leanúnach, na leabhair nó na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách i leith na nithe seo a leanas—

(*a*) ioncam agus caiteachas uile na corparáide,

(*b*) foinsí an ioncaim sin agus ábhar an chaiteachais sin, agus

(*c*) maoin, sócmhainní agus dliteanais na corparáide.

(3) Ullmhóidh an t-ardstiúrthóir cuntais corparáide do gach bliain airgeadais de réir caighdeán cuntasaíochta agus ceadóidh bord na corparáide iad a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad lena gcur faoi bhráid na ndaoine seo a leanas lena n-iniúchadh—

(*a*) maidir le RTÉ, cibé iniúchóirí cuí-cháilithe a cheapfaidh bord RTÉ, agus

(*b*) maidir le TG4, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

(4) Déanfar cóip de na cuntais dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* agus den tuarascáil orthu ó na hiniúchóirí arna gceapadh ag bord RTÉ faoi *mhír (a) d'fho-alt (3)* nó ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, de réir mar a bheidh, a thíolacadh do bhord na corparáide iomchuí

agus don Aire a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad.

(5) Is í an tréimhse 12 mhí dar críoch 31 Nollaig in aon bhliain bliain airgeadais corparáide.

(6) Déanfaidh corparáid, má cheanglaíonn an tAire uirthi é, cibé faisnéis a cheanglóidh sé nó sí a thabhairt dó nó di i leith aon chláir comhardaithe, cuntais nó tuarascála de chuid na corparáide nó i ndáil le beartas agus oibríochtaí na corparáide seachas oibríochtaí ó lá go lá.

(7) (*a*) Aon uair a iarrfaidh an tAire orthu amhlaidh, ceadóidh corparáid, ardstiúrthóir na corparáide agus aon chomhalta iomchuí foirne de chuid na corparáide d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire leabhair chuntais nó taifid chuntais eile na corparáide a scrúdú i leith aon bhliana airgeadais nó tréimhse eile agus éascóidh siad aon scrúdú den sórt sin.

(*b*) San fho-alt seo ciallaíonn "comhalta iomchuí foirne" comhalta foirne de chuid na corparáide a ndearnadh dualgais a shannadh go cuí ina leith ar dualgais iad a bhaineann leis na leabhair chuntais nó na taifid chuntais eile dá dtagraítear i *mír (a)*.

(8) Cuirfidh ardstiúrthóir, faoi stiúradh bhord a chorparáide nó a corparáide, faoi deara go gcoimeádfar na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire ó am go ham.

(9) Gan dochar *d'fho-alt (3)* agus *d'alt 110*, cuirfidh corparáid chun an Aire a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais—

(*a*) ráiteas faoin úsáid a bhain sí as an airgead a íocadh léi faoi *alt 123* sa bhliain airgeadais sin de bhun a cuspóirí seirbhíse poiblí, agus

(*b*) ráiteas maidir leis an ioncam iomlán agus leis na costais iomlána a fuair an chorparáid sa bhliain airgeadais sin, ina ndéanfar idirdhealú idir an t-airgead a fuarthas nó a caitheadh i leith na nithe seo a leanas—

(i) gníomhaíochtaí de bhun a cuspóirí seirbhíse poiblí, agus

(ii) gníomhaíochtaí de bhun a cuspóra maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú.

(10) Déanfaidh corparáid ráiteas i dtaobh na bprionsabal agus na modhanna cuntasaíochta costais lenar sannadh costais agus ioncaim do na gníomhaíochtaí sin a chur san áireamh sa ráiteas a cheanglaítear faoi *fho-alt (9)*.

(11) Déanfaidh an tÚdarás, ar ordú ón Aire, agus tar éis dul i gcomhairle le corparáid, treoir don chorparáid a ullmhú agus a fhoilsiú ar treoir í maidir leis na prionsabail agus na modhanna cuntasaíochta costais a bheidh le breithniú ag an gcorparáid le linn ráiteas a ullmhú faoi *fho-alt (9)*.

(12) Is de chineál ginearálta aon treoir a eiseoidh an tÚdarás faoi *fho-alt (11)* agus ní shonrófar inti na míreanna áirithe a bheidh le cur

san áireamh le linn ráiteas a ullmhú faoi *fho-alt (9)*, is ráiteas lena mbaineann an treoir.

(13) Déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, ar ordú ón Aire, athbhreithniú ar a mhéid a chomhlíontar an treoir arna heisiúint ag an Údarás faoi *fho-alt (11)* le ráiteas a ullmhaítear faoi *fho-alt (9)*, agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar an gcéanna.

(14) Féadfaidh an tAire orduithe a thabhairt do chorparáid maidir le formáid ráitis a ullmhaítear faoi *fho-alt (9)*.

(15) Cuirfidh an tAire faoi deara na doiciméid a thabharfar dó nó di faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(16) San alt seo tá le "caighdeáin chuntasaíochta" an bhrí chéanna atá leis in alt 205A(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Tuarascálacha agus faisnéis.

110.—(1) Déanfaidh corparáid, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a thabhairt don Aire (dá ngairtear an "tuarascáil bhliantúil" san alt seo) i cibé foirm a cheadóidh an tAire, i dtaobh chomhlíonadh a feidhmeanna agus a gníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin, agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Aon uair a ordóidh an tAire amhlaidh, beidh cibé faisnéis bhreise i dtaobh chomhlíonadh fheidhmeanna agus ghníomhaíochtaí na corparáide i rith na bliana roimhe sin a shonróidh an tAire ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil freisin.

(3) Comhoibreoidh corparáid leis an Aire agus leis an Údarás le linn dóibh a gcuid feidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh faoin Acht seo lena n-áirítear gach faisnéis is gá a sholáthar dóibh.

(4) Ar laethanta cothrom trí bliana agus cúig bliana an 18 Aibreán 2007 déanfaidh RTÉ athbhreithniú ar sholáthar na seirbhíse craolacháin teilifíse agus na seirbhíse craolacháin fuaime dá dtagraítear i *mír (f) d'alt 114(1)*.

(5) Tabharfaidh RTÉ tuarascáil don Aire i dtaobh gach athbhreithnithe arna dhéanamh aige faoi *fho-alt (4)*.

(6) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de gach tuarascáil arna tabhairt dó nó di faoi *fho-alt (5)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Rochtain ar chartlanna.

111.—(1) Déanfaidh corparáid socruithe réasúnacha, í féin nó in éineacht le cibé duine nó daoine a roghnóidh sí, maidir le rochtain a bheith ag an bpobal ar chartlann nó ar leabharlann arna bunú nó arna cothabháil de bhun *alt 114(1)(e)* nó *alt 118(1)(e)* fara muirear nó gan mhuirear, ar muirear é nach mó ná an costas measta a ghabhann le míreanna atá sa chartlann nó sa leabharlann a chuardach agus a aisghabháil.

(2) Ní chuimseoidh socruithe arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* cóipeáil nó athúsáid bunábhair atá i gcartlann nó i leabharlann.

(3) Féadfaidh corparáid socrú a dhéanamh le craoltóir seirbhíse poiblí maidir leis an gcraoltóir seirbhíse poiblí d'athúsáid míreanna a bheidh in aon chartlann nó leabharlann arna cothabháil ag an gcorparáid, de bhun a chuspóirí seirbhíse poiblí agus a fheidhmeanna

faoin gCuid seo, fara muirear nó gan mhuirear, ar muirear é nach mó ná an costas measta a ghabhann leis na míreanna sin a chuardach agus a aisghabháil.

(4) Déanfaidh corparáid, tar éis dul i dteagmháil leis an Údarás, scéim a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú ag an Aire, is scéim chun tríú páirtithe d'úsáid agus do shaothrú taifid fuaime agus teilifíse, ar a bhfuil cóipcheart agus ceart gaolmhar ag an gcorparáid, a cheadúnú.

(5) Soláthrófar le scéim téarmaí agus coinníollacha ceadúnúcháin ar leithligh—

(*a*) chun críocha neamhthráchtála *bona fide* oideachais agus taighde,

(*b*) chun críocha tráchtála, agus

(*c*) chun críocha eile.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (4)*, féadfaidh corparáid—

(*a*) muirir, téarmaí agus coinníollacha níos fabhraí a shonrú i leith bunábhair clár a úsáidtear chun críche craoltaí Gaeilge, agus

(*b*) cibé téarmaí nó coinníollacha áirithe is cuí léi a chur ag gabháil le scéim.

(7) Déanfaidh an chorparáid aon leasú nó cúlghairm ar scéim a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú nó lena ceadú ag an Aire.

(8) Má cheadaíonn an tAire scéim, déanfaidh an chorparáid—

(*a*) í a fhoilsiú (lena n-áirítear foilsiú ar shuíomh gréasáin atá á chothabháil ag an gcorparáid), agus

(*b*) í a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(9) Cuirfidh an tAire faoi deara scéim arna ceadú faoi *fho-alt (4)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a déanta.

(10) Cinnteoidh an chorparáid go ndéanfar foráil maidir le díospóidí a eascraíonn i leith oibriú scéime a réiteach (trí eadráin neamhspleách nó ar shlí eile) ar mhodh is dóigh leis an Aire is cuí.

(11) Tabharfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, ar ordú ón Aire, tuarascáil don Aire ar chomhlíonadh an ailt seo ag an gcorparáid.

(12) San alt seo ciallaíonn "scéim" scéim a ullmhaítear agus a chuirtear faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (4)*.

Cód cleachtais cóirthrádála.

112.—(1) Beidh sé de dhualgas ar chorparáid cód cleachtais cóirthrádála (dá ngairtear "cód" san alt seo) a ullmhú agus a fhoilsiú laistigh de 15 mhí tar éis an tAcht seo a rith, agus gach ceathrú bliain ina dhiaidh sin, ina leagtar amach na prionsabail a chuirfidh sí i bhfeidhm le linn di téarmaí a chomhaontú chun bunábhar clár ó léiritheoirí neamhspleácha a choimisiúnú.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, le corparáid, agus le léiritheoirí neamhspleácha (nó le cibé daoine is dealraitheach don Údarás go bhfeidhmíonn siad dóibh), laistigh de 12 mhí tar éis an tAcht seo a rith agus gach ceathrú bliain ina dhiaidh sin, treoir a ullmhú agus a eisiúint don chorparáid maidir le formáid cóid a cheanglaítear faoi *fho-alt (1)*.

(3) Is de chineál ginearálta a bheidh an treoir a eiseoidh an tÚdarás faoi *fho-alt (2)* agus ní shonrófar inti na míreanna áirithe a bheidh le cur san áireamh i gcód lena mbaineann an treoir.

(4) Déanfaidh corparáid, tar éis an treoir a fuarthas faoi *fho-alt (2)* a bhreithniú, cód a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire chun a cheadaithe.

(5) Folóidh cód tagairt do mhodh feidhmithe na corparáide maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) coimisiúnú ilbhliantúil,

(*b*) cearta a fháil, agus

(*c*) clár ama do chaibidlí conarthacha.

(6) Tabharfaidh an chorparáid aghaidh, le linn di ceanglais *fho-alt (5)(b)* a chomhlíonadh, ar na socruithe a mbeartaíonn sí a ghlacadh maidir le ré agus eisiatacht na n-earnálacha éagsúla ceart a bhfuil sé ar intinn aici iad a fháil.

(7) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás, le linn dó nó di cód a bhreithniú;

(8) Ar é a bheith ceadaithe ag an Aire measfar an cód a bheith tagtha i bhfeidhm agus déanfaidh an chorparáid de réir cóid den sórt sin.

(9) Cinnteoidh corparáid go ndéanfar foráil do réiteach aighneas a eascróidh i leith forálacha cóid (trí eadráin neamhspleách nó ar shlí eile) ar mhodh is dealraitheach don Aire a bheith cuí.

(10) Déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, ar ordachán ón Aire, tuarascáil a thabhairt don Aire maidir le corparáid do chomhlíonadh cóid arna ullmhú faoin alt seo.

(11) Féadfaidh corparáid le toiliú an Aire, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás, leasuithe ar chód a athmheas agus a fhoilsiú.

(12) Comhoibreoidh RTÉ le léiritheoirí neamhspleácha le linn margaíocht a dhéanamh lasmuigh den Stát ar chláir craolacháin fuaime agus ar chláir theilifíse arna gcoimisiúnú ag RTÉ ó léiritheoirí neamhspleácha.

CAIBIDIL 2

Forálacha a bhaineann go sonrach le RTÉ

Raidió Teilifís Éireann.

113.—(1) Athraítear ainm Radio Telefís Éireann (a athraíodh le halt 3 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1966) agus tar éis an tAcht seo a rith tabharfar Raidió Teilifís Éireann air.

(2) Leanann Raidió Teilifís Éireann ar marthain.

Príomhchuspóirí agus cumhachtaí gaolmhara RTÉ.

114.—(1) Is iad cuspóirí RTÉ—

(*a*) seirbhís craolacháin teilifíse agus fuaime náisiúnta, ar de ghné seirbhíse poiblí, ar seirbhís saorchraolta í agus is seirbhís a chuirtear ar fáil, a mhéid is indéanta le réasún, don phobal uile ar oileán na hÉireann, a bhunú, a chothabháil agus a oibriú,

(*b*) suíomh gréasáin agus seirbhísí teilitéacs a bhunú agus a chothabháil i dtaca le seirbhísí RTÉ faoi *mhíreanna (a)*, *(c)*, *(d), (e), (f), (g), (h)* agus *(i)*,

(*c*) ceolfhoirne, cóir agus grúpaí taibhiúcháin cultúir eile a bhunú agus a chothabháil i dtaca le seirbhísí RTÉ faoi *mhíreanna (a)*, *(f), (g)* agus *(h)*,

(*d*) cabhrú agus comhoibriú leis na comhlachtaí poiblí iomchuí le linn dóibh ullmhú chun faisnéis iomchuí a scaipeadh ar an bpobal, agus le linn dóibh an scaipeadh sin a fhorghníomhú, i gcás mór-staide práinne,

(*e*) cartlanna agus leabharlanna ina mbeidh bunábhair a bhaineann le cuspóirí RTÉ faoin bhfo-alt seo a bhunú agus a chothabháil,

(*f*) seirbhís craolacháin teilifíse agus seirbhís craolacháin fuaime a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar seirbhísí iad de ghné seirbhíse poiblí agus is seirbhísí a chuirfear ar fáil, a mhéid a mheasann RTÉ gur indéanta le réasún sin a dhéanamh, do phobail Éireannacha lasmuigh d'oileán na hÉireann,

(*g*) seirbhísí craolacháin pobail, áitiúla nó réigiúnacha, ar seirbhísí de ghné seirbhíse poiblí iad, agus ar seirbhísí iad atá ar fáil ar bhonn saorchraolta, a bhunú, a chothabháil agus a oibriú a mhéid is indéanta le réasún, faoi réir thoiliú an Aire, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás,

(*h*) seirbhísí meán closamhairc neamhchraolacháin neamhlíneacha a bhunú agus a chothabháil, a mhéid is indéanta le réasún sin a dhéanamh, ar seirbhísí de ghné seirbhíse craolacháin poiblí iad, faoi réir thoiliú an Aire, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás (ach ní gá an toiliú sin i leith na seirbhísí sin atá coimhdeach le seirbhís craolacháin arna soláthar faoi *mhíreanna (a), (d), (f)*, agus *(g)*),

(*i*) ilphléacs náisiúnta nó ilphléacsanna náisiúnta a bhunú, a chothabháil agus a oibriú,

(*j*) a mhéid is indéanta le réasún sin a dhéanamh, cibé deiseanna tráchtála a shaothrú a eascróidh de bhun na gcuspóirí atá leagtha amach i *míreanna (a)* go *(i)*.

(2) Maidir le RTÉ, le linn na cuspóirí atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)* a shaothrú—

(*a*) beidh aird aige ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile, coimeádfaidh sé i gcuimhne a riachtanaí atá an chomhthuiscint agus an tsíocháin ar fud oileán na hÉireann uile, cinnteoidh sé go léireoidh na cláir na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na

hÉireann uile comhdhéanta, agus beidh aird ar leith aige ar na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe ar an nGaeilge,

(*b*) tacóidh sé leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart chun tuairimí a nochtadh, agus

(*c*) beidh aird aige ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, go háirithe Ballstáit eile.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, cinnteoidh RTÉ go ndéanfar le clársceidil na seirbhísí craolacháin dá dtagraítear san fho-alt sin—

(*a*) réimse cuimsitheach clár Gaeilge agus Béarla a chur ar fáil a fhreagróidh d'éagsúlacht chultúir oileán na hÉireann uile ar réimse é ina mbeidh cláir lena gcuirtear siamsa, eolas agus oideachas ar fáil, lena gcuirtear tuairisciú ar ghníomhaíochtaí spóirt, reiligiúin agus cultúir ar fáil agus lena bhfreastalaítear ar ionchais an phobail i gcoitinne mar aon le hionchais daoine den phobal a bhfuil spéiseanna speisialta nó spéiseanna mionlaigh acu agus ar cláir iad, i ngach cás, lena léirítear meas ar dhínit an duine,

(*b*) cláir nuachta agus chúrsaí reatha Gaeilge agus Béarla a sholáthar, lena n-áirítear cláir lena soláthraítear tuairisciú ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa, agus

(*c*) léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú nó cúnamh a thabhairt don chéanna agus nuáil agus turgnamh i gcraolachán a spreagadh nó a chur chun cinn.

(4) Is iad príomhchumhachtaí sainráite RTÉ de bhun na gcuspóirí a leagtar amach i *bhfo-alt (1)*—

(*a*) stáisiúin chraolacháin a bhunú, a chothabháil agus a oibriú agus gairis le haghaidh raidió-theileagrafaíochta a fháil, a shuiteáil agus a oibriú,

(*b*) faoi réir aon rialachán faoi Acht 1926, a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, cláir a chraolfaidh RTÉ agus cibé cláir eile a chinnfidh RTÉ a leathadh trí stáisiúin leaschraolta sreinge,

(*c*) cláir a thionscnamh agus cláir a fháil ó fhoinse ar bith,

(*d*) conarthaí, comhaontuithe agus socruithe a dhéanamh atá teagmhasach le cuspóirí RTÉ, nó a chuidíonn leo,

(*e*) cóipchearta, paitinní, ceadúnais, pribhléidí agus lamháltais a fháil agus a úsáid,

(*f*) nuacht agus faisnéis a bhailiú agus a bheith rannpháirteach i seirbhísí nuachta agus cibé seirbhísí eile a chuideoidh le cuspóirí RTÉ,

(*g*) a bheith rannpháirteach i cibé comhlachais idirnáisiúnta, agus cibé comhlachtaí oideachais, ceoil agus drámaíochta

agus cibé comhlachtaí eile a chuireann siamsaíocht nó cultúr chun cinn agus a chuideoidh le cuspóirí RTÉ,

(*h*) ceolchoirmeacha, siamsaí, gníomhaíochtaí oideachais agus gníomhaíochtaí eile i ndáil le seirbhís craolacháin nó chun aon chríche atá teagmhasach léi a eagrú agus a sholáthar agus fóirdheontais a thabhairt ina leith agus, i ndáil le haon cheolchoirm nó siamsa den sórt sin, cóiríocht a sholáthar nó a fháil agus, más mian é, táillí a ghearradh as dul isteach,

(*i*) cibé irisí, leabhair, páipéir agus ábhar clóite eile a fheicfear do RTÉ a chuideoidh lena chuspóirí nó a bheith teagmhasach leo a ullmhú, a fhoilsiú agus a dháileadh fara muirear nó gan mhuirear,

(*j*) socrú a dhéanamh le heagraíochtaí craolacháin eile nó le húdaráis chraolacháin eile maidir le cláir (cibé acu beo nó taifeadta) a leathadh, a ghlacadh, a mhalartú agus a leaschraoladh,

(*k*) bunábhar éisteachta agus féachana taifeadta a thiomsú, a fhoilsiú agus a dháileadh, fara muirear nó gan mhuirear,

(*l*) cláir nuachta agus cúrsaí reatha Gaeilge agus Béarla a sholáthar, lena n-áirítear cláir lena soláthraítear tuairisciú ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa,

(*m*) léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú nó cúnamh a thabhairt don chéanna agus nuáil agus turgnamh i gcraolachán a spreagadh nó a chur chun cinn,

(*n*) infheistiú a dhéanamh i scannáin, scannáin a thionscnamh nó scannáin a fháil,

(*o*) suímh ghréasáin a bhunú agus a chothabháil,

(*p*) líonra cumarsáide leictreonaí a bhunú agus a chothabháil faoi réir aon achtacháin nó aon rialach dlí,

(*q*) "seirbhís cumarsáide leictreonaí" a bhunú agus a chothabháil, arb é is brí leis seirbhís arb éard í, go hiomlán nó go formhór, comharthaí a sheoladh ar líonraí cumarsáide leictreonaí, faoi réir fhorálacha aon achtacháin nó aon rialach dlí,

(*r*) seirbhísí craolacháin RTÉ a chur ar fáil a mhéid is indéanta le réasún ar aon mhodh agus ar gach modh tarchuir, leaschraolta nó leata, cibé acu trí chraoladh (lena gcuimsítear líonraí craolacháin fuaime agus teilifíse trastíre, líonraí cábla nó líonraí satailíte), nó trí aon chineál meáin leictreonaigh (lena gcuimsítear líonraí seasta trastíre, líonraí soghluaiste trastíre, lena n-áirítear an tIdirlíon agus líonraí cumarsáide leictreonaí eile) agus cibé acu is eol anois é nó a cheapfar amach anseo é ar bhonn líneach nó neamhlíneach, agus

(*s*) aon chistí dá chuid a infheistiú ar aon mhodh a gcumhachtaítear le dlí d'iontaobhaí cistí iontaobhais a infheistiú.

(5) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní a choiscfidh ar RTÉ cláir arna ndéanamh lasmuigh den Stát a áireamh sna clársceidil.

(6) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní a choiscfidh ar RTÉ seirbhísí craolacháin a sholáthar nach spéis ach le daoine áirithe den phobal agus a chuirtear ar fáil ar bhonn suibscríofa nó íoc ar amharc faoina chuspóir maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú.

(7) Beidh na cumhachtaí sin go léir ag RTÉ is gá chun na cuspóirí a shonraítear i *bhfo-alt (1)* a chur i gcrích nó atá teagmhasach lena gcur i gcrích, agus nach bhfuil ar neamhréir leis an Acht seo.

(8) Déanfaidh RTÉ iarracht a chinntiú go bhfuil clársceidil na seirbhíse craolacháin teilifíse agus na seirbhíse craolacháin fuaime a bhunaítear agus a chothabháiltear de bhun *fho-alt (1)(f)*, a mhéid is indéanta le réasún, ionadaitheach do chlársceidil na seirbhísí craolacháin teilifíse agus fuaime náisiúnta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* agus in *alt 118(1)(a)*.

Bonneagar craolacháin.

115.—(1) Féadfaidh an tAire, ar iarraidh a fháil ón Údarás agus tar éis dul i gcomhairle le RTÉ, a cheangal ar RTÉ comhoibriú le sealbhóir ar chonradh craolacháin fuaime maidir le húsáid aon chrainn, túir, láithreáin nó suiteála nó saoráide eile a bhfuil gá léi i dtaca le saoráidí tarchuradóireachta a sholáthar le haghaidh seirbhísí craolacháin fuaime faoin gconradh craolacháin fuaime.

(2) Déanfaidh craoltóir fuaime cibé íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí eile le RTÉ i leith aon saoráidí a sholáthrófar faoi *fho-alt (1)* agus a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le RTÉ agus leis an Údarás.

Cuntas clár neamhspleách.

116.—(1) Coimeádfaidh RTÉ cuntas ar a dtabharfar cuntas na gclár neamhspleách (dá ngairtear "an cuntas" san alt seo).

(2) (*a*) Déanfaidh RTÉ airgead atá chun creidmheasa don chuntas a úsáid—

(i) chun déanamh clár teilifíse neamhspleách nó clár craolacháin fuaime neamhspleách a choimisiúnú,

(ii) chun foirmliú tograí ag daoine a thabhairt i gcrích chun go gcoimisiúnóidh RTÉ déanamh na gclár thuasluaite, agus

(iii) chun cuidiú le críoch a chur le cláir teilifíse neamhspleácha agus le cláir craolacháin fuaime nár choimisiúnaigh RTÉ a ndéanamh,

agus ní chun aon chríche eile.

(*b*) Déanfar an méid airgid a cheanglaítear ar RTÉ le *fo-alt (3)* a íoc isteach sa chuntas i mbliain airgeadais a chaitheamh, mura mbeidh sé dodhéanta déanamh amhlaidh, laistigh de 2 bhliain ón mbliain airgeadais sin.

(*c*) Ní dhéanfaidh RTÉ i mbliain airgeadais níos mó ná 10 faoin gcéad den mhéid airgid a cheanglaítear air le *fo-alt (3)* a íoc isteach sa chuntas sa bhliain airgeadais sin a úsáid chun na gcríoch a shonraítear i *bhfomhíreanna (ii)* agus *(iii)* de *mhír (a)*.

(3) Déanfaidh RTÉ, i ngach bliain airgeadais a luaitear i *gcolún (1)* de *Chuid 1* den Tábla a ghabhann leis an alt seo, méid airgid nach lú ná an méid airgid a luaitear i *gcolún (2)* os coinne lua na bliana airgeadais lena mbaineann a íoc isteach sa chuntas de réir *fho-alt (4)*.

(4) Déanfar an méid airgid a cheanglaítear le *fo-alt (3)* a íoc isteach sa chuntas i mbliain airgeadais a íoc amhlaidh i cibé líon tráthchodanna a mheasfaidh RTÉ is cuí ag féachaint dá dhualgas faoi *fho-alt (2)(b)*.

(5) Más rud é go mbeidh aon chuid den airgead a íocfar isteach sa chuntas faoi *fho-alt (3)* i mbliain airgeadais fágtha gan chaitheamh i ndeireadh tréimhse dhá bhliain ó dheireadh na bliana airgeadais sin, féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Údarás agus le RTÉ, a údarú do RTÉ an t-airgead sin nó cuid shonraithe de a aistarraingt as an gcuntas. Tiocfaidh airgead arna aistarraingt amhlaidh air sin chun bheith, agus beidh sé, ar fáil do RTÉ chun a chuspóirí seirbhíse poiblí a shaothrú i gcoitinne.

(6) Folaíonn tagairtí san alt seo do chaiteachas airgid atá sa chuntas tagairtí do dhul faoi oibleagáid dhlíthiúil an t-airgead sin a chaitheamh.

(7) (*a*) Féadfaidh an tAire, tar éis aird a thabhairt ar gach ceann de na nithe seo a leanas, eadhon—

(i) dliteanais airgeadais reatha agus ionchasacha RTÉ,

(ii) an éifeacht (más ann) a bheidh, de thuras na huaire, ag oibriú an ailt seo ar na nithe seo a leanas—

(I) RTÉ d'fhostú nó d'earcú foirne,

(II) RTÉ do chomhlíonadh a chuspóirí seirbhíse poiblí, agus

(III) fostú daoine chun cláir theilifíse nó cláir craolacháin fuaime neamhspleácha a dhéanamh,

an tsuim dá dtagraítear sa mhíniú ar 'méid cuí' i *bhfo-alt (8)(a)* a athrú ó am go ham le hordú agus fad a bheidh an t-ordú i bhfeidhm léifear *Cuid 1* den Tábla agus an míniú mar nithe a mbeidh éifeacht leo de réir an ordaithe.

(*b*) I gcás go mbeartófar ordú a dhéanamh faoin bhfo-alt seo, déanfar dréacht den ordú a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(8) (*a*) I *gCuid 1* den Tábla a ghabhann leis an alt seo ciallaíonn "méid cuí" suim €40,000,000 arna mhéadú de mhéid atá comhionann leis an gcéatadán cuí den tsuim sin.

(*b*) San fho-alt seo ciallaíonn "céatadán cuí" an difríocht idir an treoiruimhir praghsanna do thomhaltóirí i lár mhí Lúnasa 2008 agus an uimhir sin i lár mhí Lúnasa díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann arna sloinneadh mar chéatadán den uimhir chéadluaite.

(*c*) Más rud é ar an dara dáta a luaitear i *mír (b)* go mbeidh an treoiruimhir praghsanna do thomhaltóirí ag figiúr is lú

ná an figiúr ag a raibh sé ar an dáta céadluaite sa mhír sin, beidh éifeacht leis an míniú ar "an méid cuí" san fho-alt seo i leith na bliana airgeadais díreach i ndiaidh an dara dáta a luaitear amhail is dá gcuirfí "arna laghdú" in ionad "arna mhéadú" sa mhíniú sin.

(9) A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, tabharfaidh RTÉ tuarascáil don Aire—

(*a*) faoina ghníomhaíochtaí i rith na bliana airgeadais sin maidir le déanamh clár teilifíse nó craolacháin fuaime neamhspleách a choimisiúnú,

(*b*) faoi ainm nó céannacht chorparáideach daoine a choimisiúnaítear chun cláir theilifíse nó cláir craolacháin fuaime neamhspleácha a dhéanamh,

(*c*) faoi RTÉ d'oibriú an chuntais le linn na bliana airgeadais sin, agus

(*d*) faoi cibé nithe eile a bhaineann leis na nithe dá dtagraítear i *míreanna (a)*, *(b)* agus *(c)* agus a ordóidh an tAire.

(10) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(11) Chun críocha na Coda seo, ní mheasfar gurb é RTÉ a choimisiúnaigh déanamh cláir neamhspleách mura rud é, sula dtosóidh an obair ar dhéanamh an chláir, gur imigh RTÉ faoi oibleagáid dhlíthiúil 25 faoin gcéad ar a laghad de chostas a dhéanta a íoc.

(12) San alt seo ciallaíonn "clár neamhspleách" clár teilifíse nó craolacháin fuaime arna dhéanamh ag duine a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas, eadhon—

(*a*) go ndéanann sé nó sí, nó duine nó daoine thar a cheann nó thar a ceann, ar duine é nó í nó ar daoine iad a bhfeidhmíonn sé nó sí rialú ar a chuid nó ar a cuid nó ar a gcuid gníomhaíochtaí i leith nithe den sórt sin a chinneadh, gach ceann de na nithe seo a leanas a chinneadh maidir leis an gclár sin, eadhon—

(i) na daoine a ghlacfaidh páirt sa chlár sin,

(ii) na daoine a mbeidh baint acu leis an gclár sin a dhéanamh, agus

(iii) an trealamh agus na saoráidí a úsáidfear i dtaca leis an gclár sin a dhéanamh,

(*b*) nach fochuideachta de chuid craoltóra é nó í, agus

(*c*) nach cuideachta shealbhaíochta de chuid craoltóra é nó í.

(13) Chun críocha an mhínithe i *bhfo-alt (12),* más rud é—

(*a*) go sealbhaíonn dhá chraoltóir nó níos mó scaireanna i gcomhlacht corpraithe nó i gcuideachta shealbhaíochta de chuid comhlachta chorpraithe, nó

(*b*) gur féidir le gach ceann de dhá chraoltóir nó níos mó (is scairshealbhóirí i gcomhlacht corpraithe nó i gcuideachta shealbhaíochta de chuid comhlachta chorpraithe) trí chumhacht éigin is infheidhmithe aige a fheidhmiú gan toiliú nó comhthoiliú aon duine eile, sealbhóir ar stiúrthóireacht de chuid an chomhlachta chorpraithe nó, de réir mar a bheidh, de chuid na cuideachta sealbhaíochta, a cheapadh nó a chur as oifig,

ansin, d'ainneoin nach fochuideachta de chuid aon cheann de na craoltóirí sin an comhlacht corpraithe, measfar nach gcomhlíonann an comhlacht corpraithe an coinníoll a shonraítear i *mír (b)* den mhíniú sin más rud é—

(i) maidir leis an líon iomlán scaireanna a shealbhaíonn na craoltóirí sin sa chomhlacht corpraithe nó, de réir mar a bheidh, sa chuideachta shealbhaíochta, nó

(ii) maidir leis an líon iomlán stiúrthóireachtaí ar an gcomhlacht corpraithe nó, de réir mar a bheidh, ar an gcuideachta shealbhaíochta ar ina leith a fhéadfar cumhachtaí réamhráite na gcraoltóirí sin a fheidhmiú,

gur líon é de chineál, dá measfaí gur aon chuideachta amháin na craoltóirí sin, gurbh fhochuideachta dá cuid an comhlacht corpraithe, agus

(I) gur ceann de na craoltóirí sin RTÉ, nó

(II) go bhfuil gaolmhaireacht ghnó idir na craoltóirí sin ar de chineál í, i dtuairim RTÉ, gur dóigh go mbeidh de thoradh uirthi go ngníomhóidh na craoltóirí sin i dteannta a chéile i bhfeidhmiú a gceart faoi na scaireanna sin nó i bhfeidhmiú na gcumhachtaí sin.

(14) Chun críocha *fho-alt (13)(b)* measfar cumhacht a bheith ag craoltóir duine a cheapadh chun stiúrthóireachta a mbeidh an coinníoll a shonraítear i mír (*a*) nó (*b*) d'alt 155(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963 comhlíonta i ndáil léi, agus chun na críche sin déanfar tagairtí sna míreanna sin don chuideachta eile a fhorléiriú mar thagairtí don chraoltóir.

(15) Déanfaidh RTÉ i ngach bliain airgeadais a luaitear i *gcolún (1)* de *Chuid 2* den Tábla a ghabhann leis an alt seo céatadán den airgead a íoctar isteach sa chuntas nach lú ná an céatadán a luaitear i *gcolún (2)* os coinne lua na bliana airgeadais lena mbaineann, a úsáid—

(*a*) chun déanamh clár craolacháin fuaime neamhspleách a choimisiúnú,

(*b*) chun foirmliú tograí ag daoine a thabhairt i gcrích chun go gcoimisiúnóidh RTÉ déanamh na gclár thuasluaite, agus

(*c*) chun cuidiú le críoch a chur le cláir craolacháin fuaime neamhspleácha nár choimisiúnaigh RTÉ a ndéanamh,

agus ní chun aon chríche eile.

(16) Déanfaidh RTÉ 95 faoin gcéad ar a laghad den airgead a íoctar isteach sa chuntas a úsáid—

(*a*) chun déanamh clár teilifíse neamhspleách a choimisiúnú,

(*b*) chun foirmliú tograí ag daoine a thabhairt i gcrích chun go gcoimisiúnóidh RTÉ déanamh na gclár thuasluaite, agus

(*c*) chun cuidiú le críoch a chur le cláir craolacháin teilifíse neamhspleácha nár choimisiúnaigh RTÉ a ndéanamh,

agus ní chun aon chríche eile.

AN TÁBLA

Cuid 1

Cuntas na gclár neamhspleách

An bhliain airgeadais (1)	An méid airgid a íocfaidh RTÉ isteach sa chuntas (2)
2009	€40,000,000
Gach bliain airgeadais ina diaidh sin	An méid cuí

Cuid 2

Cláir craolacháin fuaime neamhspleácha

An Bhliain Airgeadais (1)	An céatadán íosta den airgead arna íoc isteach sa chuntas a bheidh le caitheamh ag RTÉ ar chláir craolacháin fuaime neamhspleácha (2)
2009	1.25 faoin gcéad
2010	1.50 faoin gcéad
2011	2.00 faoin gcéad
2012	2.50 faoin gcéad
Gach bliain airgeadais ina dhiaidh sin	3.00 faoin gcéad

CAIBIDIL 3

Forálacha a bhaineann go sonrach le TG4

Teilifís na Gaeilge a bhuanú.

117.—Leanann Teilifís na Gaeilge ar marthain.

Príomhchuspóirí agus cumhachtaí gaolmhara TG4.

118.—(1) Is iad cuspóirí TG4—

(*a*) seirbhís craolacháin teilifíse náisiúnta, ar de ghné seirbhíse poiblí í, ar seirbhís saorchraolta í agus is seirbhís a chuirtear ar fáil, a mhéid is féidir le réasún, don phobal uile ar oileán na hÉireann, a bhunú, a chothabháil agus a oibriú,

(*b*) suíomh gréasáin agus seirbhísí teilitéacs a bhunú agus a chothabháil i dtaca le seirbhísí TG4 faoi *mhíreanna (a)*, *(c)*, *(d)*, *(e)*, *(f)*, *(g)* agus *(h)*,

(*c*) cóir agus grúpaí taibhiúcháin cultúir eile a bhunú agus a chothabháil i dtaca le seirbhísí TG4 faoi mhíreanna *(a)*, *(f)*, *(g)* agus *(h)*,

(*d*) cabhrú agus comhoibriú leis na comhlachtaí poiblí iomchuí le linn dóibh ullmhú chun faisnéis iomchuí a scaipeadh ar

an bpobal, agus le linn dóibh an scaipeadh sin a fhorghníomhú, i gcás mór-staide práinne,

(*e*) cartlanna agus leabharlanna ina mbeidh bunábhair a bhaineann le cuspóirí TG4 faoin bhfo-alt seo a bhunú agus a chothabháil,

(*f*) seirbhís craolacháin teilifíse, ar de ghné seirbhíse poiblí í, agus is seirbhís a bheidh le cur ar fáil do phobail Éireannacha lasmuigh d'oileán na hÉireann, a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, a mhéid is indéanta le réasún,

(*g*) seirbhísí craolacháin pobail, áitiúla nó réigiúnacha, ar seirbhísí de ghné seirbhíse poiblí iad, agus ar seirbhísí iad atá ar fáil ar bhonn saorchraolta, a bhunú, a chothabháil agus a oibriú a mhéid is indéanta le réasún, faoi réir thoiliú an Aire, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás,

(*h*) seirbhísí meán closamhairc neamhchraolacháin neamhlíneacha, a bhunú agus a chothabháil, a mhéid is indéanta le réasún sin a dhéanamh, ar seirbhísí de ghné seirbhíse craolacháin poiblí iad, faoi réir thoiliú an Aire, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás, (ach ní gá toiliú den sórt sin i leith na seirbhísí sin atá coimhdeach le seirbhís craolacháin arna soláthar faoi *mhíreanna (a)*, *(d)*, *(f)* agus *(g)*),

(*i*) a mhéid is indéanta le réasún, cibé deiseanna tráchtála a shaothrú a eascróidh de bhun na gcuspóirí atá leagtha amach i *míreanna (a)* go *(h)*.

(2) Maidir le TG4, le linn na cuspóirí atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)* a shaothrú—

(*a*) beidh aird aici ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile, coimeádfaidh sí i gcuimhne a riachtanaí atá comhthuiscint agus síocháin ar fud oileán na hÉireann uile, cinnteoidh sí go léireoidh na cláir na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta, agus beidh cás ar leith aici do na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe do na Gaeltachtaí,

(*b*) tacóidh sí leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus

(*c*) beidh aird aici ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, lena n-áirítear go háirithe Ballstáit eile.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, cinnteoidh TG4 go ndéanfar, le clársceidil na seirbhísí craolacháin dá dtagraítear san fho-alt sin—

(*a*) réimse cuimsitheach clár a sholáthar, as Gaeilge go príomha, a léireoidh éagsúlacht cultúir oileán na hÉireann uile agus a mbeidh ar áireamh ann cláir a sholáthróidh siamsa, eolas agus oideachas, a sholáthróidh tuairisciú ar ghníomhaíochtaí spóirt, reiligiúin agus cultúir agus a fhreastalóidh ar ionchais daoine ó gach

aoisghrúpa sa phobal arb í an Ghaeilge a rogha teanga labhartha nó ar suim leo an Ghaeilge ar shlí eile,

(*b*) cláir nuachta agus cúrsaí reatha, as Gaeilge go príomha, a sholáthar,

(*c*) tuairisciú ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa a sholáthar, agus

(*d*) léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú nó cabhrú leis an gcéanna agus nuáil agus turgnamh i gcraolachán a spreagadh nó a chur chun cinn.

(4) Is iad príomhchumhachtaí sainráite TG4 de bhun na gcuspóirí atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)*—

(*a*) stáisiúin chraolacháin a bhunú, a chothabháil agus a oibriú agus gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta a fháil, a shuiteáil agus a oibriú,

(*b*) faoi réir aon rialachán faoi Acht 1926, a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, socrú a dhéanamh chun cláir a chraolfaidh TG4 agus cibé cláir eile a chinnfidh TG4 a leathadh trí stáisiúin leaschraolta sreinge,

(*c*) cláir a thionscnamh agus cláir a fháil ó fhoinse ar bith,

(*d*) conarthaí, comhaontuithe agus socruithe a dhéanamh a bhainfidh le, nó a chabhróidh le, cuspóirí TG4,

(*e*) cóipchearta, paitinní, ceadúnais, pribhléidí agus deonaíochtaí a fháil agus a úsáid,

(*f*) nuacht agus faisnéis a bhailiú agus a bheith rannpháirteach i seirbhísí nuachta agus i cibé seirbhísí eile a chabhródh le cuspóirí TG4,

(*g*) a bheith rannpháirteach i cibé comhlachais idirnáisiúnta, agus i cibé comhlachtaí oideachais, ceoil agus drámaíochta agus i cibé comhlachtaí eile a chothaíonn siamsa nó cultúr, a chabhródh le cuspóirí TG4,

(*h*) ceolchoirmeacha, siamsaí, gníomhaíochtaí oideachais agus gníomhaíochtaí eile i dtaca le seirbhís craolacháin nó chun aon chríche a bhainfidh léi a eagrú agus a sholáthar agus cúnamh airgid a thabhairt ina leith agus, i ndáil le haon cheolchoirm nó siamsa den sórt sin, cóiríocht a sholáthar nó a fháil agus, más inmhianaithe sin, muirir a ghearradh as dul isteach,

(*i*) cibé irisí, leabhair, páipéir agus ábhar clóite eile a mheasfaidh TG4 a chabhródh nó a bhainfeadh lena cuspóirí a ullmhú, a fhoilsiú agus a dháileadh fara muirear nó gan mhuirear,

(*j*) socrú a dhéanamh le heagraíochtaí craolacháin nó le húdaráis chraolacháin eile chun cláir (cibé acu beo nó taifeadta) a leathadh, a ghlacadh, a mhalartú agus a leaschraoladh,

(*k*) bunábhar éisteachta agus féachana taifeadta a thiomsú, a fhoilsiú agus a dháileadh, fara muirear nó gan mhuirear,

(*l*) cláir nuachta agus cúrsaí reatha Gaeilge agus Béarla a sholáthar, lena n-áirítear cláir a sholáthróidh tuairisciú ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa,

(*m*) léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú nó cabhrú leis an gcéanna agus nuáil agus turgnamh i gcraolachán a spreagadh nó a chur chun cinn,

(*n*) infheistíocht a dhéanamh i scannáin, iad a thionscnamh nó iad a fháil,

(*o*) suímh ghréasáin a bhunú agus a chothabháil,

(*p*) líonra cumarsáide leictreonaí a bhunú agus a chothabháil faoi réir aon achtacháin nó rialach dlí,

(*q*) "seirbhís cumarsáide leictreonaí" a bhunú agus a chothabháil arb é is brí leis seirbhís arb éard í, go hiomlán nó go formhór, seoladh comharthaí ar líonraí cumarsáide leictreonaí, faoi réir fhorálacha aon achtacháin nó rialach dlí,

(*r*) seirbhísí craolacháin TG4 a chur ar fáil a mhéid is indéanta le réasún ar aon mhodh agus ar gach modh tarchuir, leaschraolta nó leata, cibé acu trí chraoladh (a chuimsíonn líonraí craolacháin fuaime agus teilifíse trastíre, líonraí cábla nó líonraí satailíte), nó trí aon chineál meáin leictreonaigh (a chuimsíonn líonraí trastíre seasta, líonraí trastíre soghluaiste, lena n-áirítear an tIdirlíon agus líonraí cumarsáide leictreonaí eile) agus cibé acu atá sé ar eolas anois nó a fhionnfar ina dhiaidh seo é ar bhonn líneach nó neamhlíneach, agus

(*s*) aon chistí dá cuid a infheistiú in aon slí ina gcumhachtaítear le dlí d'iontaobhaí cistí iontaobhais a infheistiú.

(5) Féadfaidh TG4, d'fhonn an bunábhar clár a chraolann sí as Gaeilge a chomhlánú, bunábhar clár a fháil i dteangacha eile; le linn di an bunábhar sin a fháil, beidh aird ag TG4 ar an ngá le gné idirdhealaitheach na seirbhíse craolacháin dá dtagraítear i *mír (a) d'fho-alt (1)* a chothabháil agus freastal ar ionchais lucht féachana nach ndéanann seirbhísí craolacháin eile freastal orthu i gcoitinne.

(6) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní lena gcuirtear cosc ar TG4 cláir a dhéantar lasmuigh den Stát a áireamh sna clársceidil.

(7) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní lena gcuirtear cosc ar TG4 seirbhísí craolacháin a sholáthar nach díol spéise ar leith iad ach le daoine áirithe den phobal agus a chuirtear ar fáil ar bhonn suibscríofa nó íoc ar amharc faoina cuspóir maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú.

(8) Beidh ag TG4 na cumhachtaí sin go léir atá riachtanach nó teagmhasach chun na cuspóirí faoi *fho-alt (1)* a bhaint amach agus nach bhfuil ar neamhréir leis an Acht seo.

(9) Maidir le gach méid a íocfar le TG4 faoi *alt 123(4)*, ní úsáidfear é ach amháin chun leanúint dá cuspóirí seirbhíse poiblí.

Cuntasacht ardstiúrthóir TG4 don Choiste um Chuntais Phoiblí.

119.—Déanfaidh ardstiúrthóir TG4, cibé uair a cheanglóidh Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna, air nó uirthi déanamh amhlaidh, fianaise a thabhairt don Choiste sin ar gach ní a bhaineann le caiteachas TG4.

CAIBIDIL 4

Bunábhar Clár a Mhalartú agus Ceadúnú Speictrim

Dualgas bunábhar clár a sholáthar.

120.—(1) Déanfaidh RTÉ bunábhar clár Gaeilge a chur ar fáil do TG4 de réir cibé méideanna agus cibé tráthanna a chomhaontóidh siad, ar méideanna agus tráthanna iad a mbeidh de thoradh orthu, ina dtuairim, méid is comhionann le huair an chloig de bhunábhar clár den sórt sin a bheith á chur ar fáil go laethúil ag RTÉ do TG4.

(2) Chun críocha *alt 114(8)* déanfaidh TG4 bunábhar clár a bheidh ionadaitheach do chlársceidil na seirbhíse craolacháin teilifíse náisiúnta dá dtagraítear in *alt 118(1)(a)* a chur ar fáil do RTÉ de réir cibé méideanna agus cibé tráthanna a chomhaontóidh siad.

Ceadúnas craolacháin seirbhíse poiblí.

121.—(1) Ní dhéanfar na cumhachtaí a thugtar do RTÉ de bhua *alt 114(a)* agus *(b)* a fheidhmiú ach amháin faoi cheadúnas ("ceadúnas craolacháin seirbhíse poiblí") arna eisiúint chuig RTÉ nó a ghníomhaire ag an Rialálaí Cumarsáide agus de réir aon choinníollacha a chuirfidh an Rialálaí Cumarsáide ag gabháil leis an gceadúnas.

(2) Ní dhéanfar na cumhachtaí a thugtar do TG4 de bhua alt *118(4)(a)* agus *(b)* a fheidhmiú ach amháin faoi cheadúnas craolacháin seirbhíse poiblí arna eisiúint chuig TG4 nó a ghníomhaire ag an Rialálaí Cumarsáide agus de réir aon choinníollacha a chuirfidh an Rialálaí Cumarsáide ag gabháil leis an gceadúnas sin.

(3) Déanfar cóip de gach ceadúnas craolacháin seirbhíse poiblí a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir é tar éis an ceadúnas a eisiúint.

Staideanna Práinne.

122.—(1) Fad a mhairfidh aon staid práinne náisiúnta féadfaidh an tAire aon cheadúnas craolacháin seirbhíse poiblí agus aon cheadúnas faoi *alt 132(1)* nó *(2)* nó *alt 133(1)* nó *(2)* a chur ar fionraí agus, fad a leanfaidh aon fhionraí den sórt sin, féadfaidh an tAire aon seirbhís a bhí á cur ar fáil faoin gceadúnas fionraithe a oibriú nó féadfaidh sé nó sí a cheangal an tseirbhís sin a oibriú de réir mar a ordóidh sé nó sí.

(2) Gan dochar *d'alt 114(1)(d)* agus *d'alt 118(1)(d)* beidh sé ina dhualgas ar chorparáid, ar ordú ón Aire, cabhrú agus comhoibriú leis na comhlachtaí poiblí iomchuí le linn dóibh ullmhú chun faisnéis iomchuí a scaipeadh ar an bpobal, agus le linn dóibh an scaipeadh sin fhorghníomhú, i gcás mór-staide práinne.

(3) Má fheidhmíonn, agus aon uair a fheidhmíonn, an tAire na cumhachtaí a thugtar dó nó di le *fo-alt (1)* beidh corparáid i dteideal go bhfaighidh sí ón Aire, le toiliú an Aire Airgeadais—

(*a*) cibé suimeanna is gá chun aon chaiteachais a íoc, a bheidh tabhaithe go cuí agus de riachtanas ag an gcorparáid, ag féachaint do chineál na staide práinne, agus nach mbeidh ioncam ar fáil ar shlí eile don chorparáid faoina gcomhair de bhíthin fheidhmiú na gcumhachtaí sin, agus

(*b*) cúiteamh in aon damáiste a dhéantar d'aon mhaoin de chuid na corparáide, is damáiste is inchurtha go díreach i leith fheidhmiú na gcumhachtaí sin.

(4) Féadfaidh an tAire a ordú do chorparáid am craolacháin a leithroinnt i gcomhair fógraí arna ndéanamh le haghaidh, nó thar ceann, aon Aire den Rialtas, i gcás mór-staide práinne, i dtaca le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas, agus déanfaidh an chorparáid de réir an ordacháin.

(5) Féadfaidh corparáid, le linn ordachán a chomhlíonadh faoi *fho-alt (4),* fógra a chraoladh go bhfuair sí ordachán den sórt sin ón Aire.

Caibidil 5

Maoiniú Poiblí a Leithroinnt ar RTÉ agus ar TG4

Maoiniú poiblí a leithroinnt.

123.—(1) Féadfaidh an tAire, le ceadú an Aire Airgeadais, méid is comhionann le hiomlán na bhfáltas sa bhliain sin i leith na dtáillí ceadúnais teilifíse a íoc le RTÉ as airgead a sholáthróidh an tOireachtas i leith gach bliana airgeadais tar éis an tAcht seo a rith, lúide—

(*a*) aon chaiteachais a dheimhneoidh an tAire mar chaiteachais a thabhaigh sé nó sí sa bhliain sin i ndáil le bailiú na dtáillí sin, agus

(*b*) aon mhéid a bheidh íoctha faoi *alt 156(2).*

(2) Déanfaidh RTÉ an méid a íocfar le RTÉ i ngach bliain airgeadais faoi *fho-alt (1)* den alt seo a úsáid d'aon toisc—

(*a*) chun leanúint dá chuspóirí seirbhíse poiblí, agus

(*b*) chun íoc as méideanna a thoibhítear ar RTÉ faoi *alt 33.*

(3) Féadfaidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé méid a chinnfidh sé nó sí a bheith réasúnach a íoc le RTÉ chun díol as na caiteachais a thabhóidh RTÉ i dtaca le leanúint dá chuspóirí seirbhíse poiblí.

(4) Féadfaidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé méid a chinnfidh sé nó sí a bheith réasúnach a íoc le TG4 chun díol as na caiteachais a thabhóidh TG4—

(*a*) le linn a cuspóirí seirbhíse poiblí a shaothrú, agus

(*b*) le linn méideanna arna dtobhach ar TG4 faoi *alt 33* a íoc.

(5) Le linn don Aire cinneadh a dhéanamh faoi *fho-alt (4),* breithneoidh sé nó sí riachtanais maoinithe ilbhliantúla TG4.

124.—(1) San alt seo— Moltaí maidir le hathruithe ar mhaoiniú poiblí.

ciallaíonn "TPT" an treoir-phraghas do thomhaltóirí arna tiomsú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh;

ciallaíonn "bliain airgeadais" tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig;

ciallaíonn "(Δ TPT)" an t-athrú céatadánach bliantúil ar an TPT;

"modhnú ar tháille bhliantúil ceadúnais teilifíse" = (Δ CPI) + 1% - X;

ciallaíonn "X" an coigeartú arna mholadh ag an Údarás.

(2) Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú gach bliain ar a mhéid a chomhlíon corparáid, i rith na bliana airgeadais roimhe sin, na gealltanais i leith a cuspóirí seirbhíse poiblí a luadh i ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanas feidhmíochta don bhliain airgeadais sin agus ar leordhóthanacht nó neamh-leordhóthanacht maoinithe phoiblí chun a chumasú don chorparáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

(3) Comhoibreoidh corparáid leis an Údarás i bhfeidhmiú aon athbhreithnithe faoi *fho-alt (2)*.

(4) Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil a ullmhú ar thoradh aon athbhreithnithe faoi *fho-alt (2)* agus í a chur faoi bhráid an Aire faoin 30 Meitheamh gach bliain.

(5) Déanfaidh an tÚdarás, ar bhonn an athbhreithnithe faoi *fho-alt (2),* modhnú ar tháille bhliantúil ceadúnais teilifíse agus méid aon íocaíochta atá le déanamh le TG4 faoi *alt 123(4)* a mholadh i dtuarascáil don Aire.

(6) Foilseoidh an tAire freagra ar mholadh ón Údarás faoi *fho-alt (5)*.

(7) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na nithe seo a leanas—

(*a*) tuarascáil an Údaráis faoi *fho-alt (4)*,

(*b*) na moltaí a bheidh déanta ag an Údarás faoi *fho-alt (5)*, agus

(*c*) a fhreagra nó a freagra ar mholtaí an Údaráis faoi *fho-alt (6)*,

a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(8) Déanfaidh an tÚdarás laistigh de thréimhse nach faide ná 3 bliana tar éis an tAcht seo a rith, agus gach 5 bliana dá éis sin, nó de réir mar a ordóidh an tAire, athbhreithniú ar leordhóthanacht nó neamh-leordhóthanacht maoinithe phoiblí chun a chumasú do chorparáid freastal ar a cuspóirí seirbhíse poiblí.

(9) Le linn athbhreithniú faoi *fho-alt (8)* a dhéanamh, cuirfidh an tÚdarás na nithe seo a leanas i gcuntas—

(*a*) na hacmhainní airgeadais láithreacha atá ar fáil do chorparáid,

(*b*) an leibhéal reatha maoinithe phoiblí atá ar fáil do chorparáid,

(*c*) gur riachtanais de chineál ilbhliantúil iad riachtanais maoinithe phoiblí,

(*d*) an leibhéal maoinithe tráchtála atá ar fáil do chorparáid de bhun a cuspóra maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú,

(*e*) toradh aon athbhreithnithe faoi *fho-alt (2)*,

(*f*) an ráiteas seirbhíse poiblí do chorparáid a bheidh i bhfeidhm le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú,

(*g*) forbairtí idirnáisiúnta i gcraolachán seirbhíse poiblí,

(*h*) tuarascálacha ón gCoiste um Chomhlíonadh,

(*i*) cibé nithe eile a mheasfaidh an tÚdarás is iomchuí, agus

(*j*) cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is iomchuí agus a chuirfidh sé nó sí in iúl don Údarás.

(10) Comhoibreoidh corparáid leis an Údarás le linn dó athbhreithniú faoi *fho-alt (8)* a fheidhmiú.

(11) Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil a ullmhú ar thoradh aon athbhreithnithe faoi *fho-alt (8)*, agus í a chur faoi bhráid an Aire a luaithe is indéanta.

(12) Déanfaidh an tÚdarás, ar bhonn an athbhreithnithe faoi *fho-alt (8),* i dtuarascáil don Aire faoi *fho-alt (11)*, moladh maidir leis an méid riachtanach maoinithe phoiblí a mbeidh gá leis chun go bhféadfaidh an chorparáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

(13) Cuirfidh an tAire na nithe seo a leanas faoi bhráid an Rialtais—

(*a*) an tuarascáil ón Údarás faoi *fho-alt (11)*, agus

(*b*) an moladh a dhéanfaidh an tÚdarás faoi *fho-alt (12)*.

(14) Foilseoidh an Rialtas freagra ar mholadh an Údaráis faoi *fho-alt (12)*.

(15) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna díobh seo a leanas:

(*a*) an tuarascáil ón Údarás faoi *fho-alt (11)*,

(*b*) an moladh a dhéanfaidh an tÚdarás faoi *fho-alt (12)*, agus

(*c*) freagra an Rialtais ar mholadh an Údaráis faoi *fho-alt (14)*,

a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(16) Féadfaidh an tÚdarás gníomhaire a cheapadh chun aon ghníomhartha a dhéanamh agus chun aon fheidhmeanna a chomhall a n-údaraítear don Údarás leis an alt seo iad a dhéanamh nó a chomhall.

CAIBIDIL 6

Bealach Thithe an Oireachtais agus Bealach Scannán na hÉireann

Bealach Thithe an Oireachtais (*Houses of the Oireachtas Channel*).

125.—(1) Sa Chaibidil seo ciallaíonn "Comhchoiste Riaracháin" comhchoiste de Thithe an Oireachtais dár shann na Tithe sin an ról maidir le formhaoirsiú a dhéanamh ar chraoladh imeachtaí Thithe an Oireachtais.

(2) Féadfaidh Coimisiún Thithe an Oireachtais seirbhís craolacháin teilifíse ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, Bealach Thithe an Oireachtais nó, sa Bhéarla, *the Houses of the Oireachtas Channel*, ar de ghné seirbhíse poiblí í, ar seirbhís saorchraolta í agus is seirbhís a chuirtear ar fáil a mhéid is indéanta le réasún, don phobal uile ar oileán na hÉireann, a bhunú, a mhaoiniú agus a sholáthar.

(3) Déanfaidh Bealach Thithe an Oireachtais, mar phríomhfheidhm aige, tuairisciú a sholáthar ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais.

(4) Faoi réir thoiliú an Chomhchoiste Riaracháin, féadfaidh Bealach Thithe an Oireachtais tuairisciú a sholáthar ar nithe agus ócáidí atá coimhdeach le himeachtaí Thithe an Oireachtais.

(5) Féadfaidh Bealach Thithe an Oireachtais tuairisciú a sholáthar—

(*a*) ar imeachtaí údaráis áitiúil (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001),

(*b*) ar imeachtaí na gcomhlachtaí forfheidhmithe (de réir bhrí an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999),

(*c*) ar imeachtaí reachtas dlínsí eile lasmuigh den Stát,

(*d*) ar imeachtaí fhorais na Náisiún Aontaithe, na gComhphobal Eorpach agus Chomhairle na hEorpa, agus

(*e*) ar imeachtaí cibé comhlachtaí agus forais eile is cuí le Coimisiún Thithe an Oireachtais.

(6) Féadfaidh Coimisiún Thithe an Oireachtais cibé conarthaí a dhéanamh is gá chun Bealach Thithe an Oireachtais a bhunú agus a chothabháil.

(7) Ní chraolfaidh Bealach Thithe an Oireachtais fógráin ná bunábhar arbh éard é, dá ndéanfaí é a tharchur, tairiscint dhíreach don phobal chun earraí nó maoin eile (cibé acu réadach nó pearsanta) nó seirbhísí a dhíol leo nó a sholáthar dóibh.

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003.

126.—Leasaítear Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*cc*) costais chun na caiteachais a íoc a thabhóidh an Coimisiún i leith Bhealach Thithe an Oireachtais faoi *alt 125* den *Acht Craolacháin 2009*;".

Bealach Scannán na hÉireann (*Irish Film Channel*).

127.—(1) Féadfaidh Bord Scannán na hÉireann seirbhís craolacháin teilifíse ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, Bealach Scannán na hÉireann nó, sa Bhéarla, *the Irish Film Channel*, ar de ghné seirbhíse poiblí í, ar seirbhís saorchraolta í agus is seirbhís a chuirtear ar fáil, a mhéid is indéanta le réasún, don phobal uile ar oileán na hÉireann, a bhunú, a mhaoiniú agus a sholáthar.

(2) Déanfaidh Bealach Scannán na hÉireann, mar phríomhchuspóir aige, bunábhar clár a sholáthar arb éard a bheidh ann scannáin agus saothair scannánaíochta na hÉireann, na hEorpa agus na cruinne, lena n-áirítear, a mhéid is indéanta, scannáin agus saothair scannánaíochta Ghaeilge.

(3) Féadfaidh Bord Scannán na hÉireann cibé conarthaí a dhéanamh is gá chun Bealach Scannán na hÉireann a bhunú agus a chothabháil.

(4) Féadfaidh Bealach Scannán na hÉireann fógráin a chraoladh, admhálacha coimircíochta a chraoladh, muirir agus coinníollacha i leith craoltaí den sórt sin a shocrú agus, le linn dó na muirir a shocrú, féadfaidh sé socrú a dhéanamh le haghaidh cúinsí éagsúla agus maidir le muirir bhreise speisialta a ghearradh i gcásanna speisialta.

(5) Féadfaidh Bealach Scannán na hÉireann diúltú don mhéid iomlán nó do chuid d'fhógrán a thíolacfar le craoladh.

(6) Déanfaidh Bealach Scannán na hÉireann, le linn dó seirbhís craolacháin a sholáthar faoin alt seo, faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, na nithe seo a leanas a shocrú—

(*a*) an t-am laethúil iomlán chun fógráin a chraoladh, agus

(*b*) an tréimhse uasta a thabharfar d'fhógráin in aon tréimhse 3 huaire an chloig.

(7) Déanfar scannáin agus saothair scannánaíochta arna gcraoladh ag Bealach Scannán na hÉireann a chraoladh gan briseadh mar gheall ar fhógráin nó admhálacha coimircíochta.

(8) Déanfaidh an tAire, má iarrann an Coimisiún Reifrinn air nó uirthi amhlaidh tar éis don Choimisiún Reifrinn dul i gcomhairle le Bealach Scannán na hÉireann agus tar éis breithniú a dhéanamh ar aon tograí ó Bhealach Scannán na hÉireann le haghaidh craoltaí i dtaca leis an reifreann a chuireann sé in iúl don Choimisiún Reifrinn, ordú a thabhairt i scríbhinn do Bhealach Scannán na hÉireann am craolacháin a leithroinnt chun a urasú don Choimisiún Reifrinn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus déanfaidh Bealach Scannán na hÉireann de réir ordacháin faoin bhfo-alt seo.

(9) Féadfar muirir agus coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a shocrú faoi réir athruithe a rachaidh chun sochair d'fhógróirí a úsáidfidh an Ghaeilge ina bhfógráin.

(10) Léifear cumhacht faoin alt seo chun muirir agus coinníollacha a shocrú mar chumhacht a fholaíonn cumhacht chun aon mhuirir nó coinníollacha a bheidh socraithe faoin gcumhacht sin a chealú nó a athrú agus, i gcás ina gcealófar muirir nó coinníollacha, muirir nó coinníollacha eile a shocrú in ionad na gceann a cealaíodh.

(11) San alt seo léifear tagairtí d'fhógráin mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do bhunábhar teilishiopadóireachta agus d'ábhar

fógraíochta i gcláir faoi choimirce, is é sin le rá, cláir arna soláthar ag fógróir nó thar ceann fógróra chun críocha fógraíochta.

(12) Ní chuirfidh aon ní san alt seo cosc ar Bhealach Scannán na hÉireann seirbhísí Bhord Scannán na hÉireann a chur chun cinn nó craoladh na bpríomhscannán agus na bpríomhshaothar aige sa todhchaí a chur chun cinn.

Formhaoirsiú ar mhaoiniú poiblí Bhealach Thithe an Oireachtais agus Bhealach Scannán na hÉireann.

128.—(1) Déanfaidh Bord Scannán na hÉireann, roimh sheirbhís craolacháin a sholáthar i leith Bhealach Scannán na hÉireann agus gach 5 bliana dá éis sin, nó de réir mar a ordóidh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, ráiteas seirbhíse poiblí, nach mbeidh ar neamhréir leis an Acht seo, a ullmhú ina leagfar amach na prionsabail a bheidh le hurramú, agus na gníomhaíochtaí a bheidh le gabháil de láimh ag Bealach Scannán na hÉireann.

(2) Déanfaidh Coimisiún Thithe an Oireachtais, roimh sheirbhís craolacháin a sholáthar i leith Bhealach Thithe an Oireachtais agus gach 5 bliana dá éis sin, ráiteas seirbhíse poiblí, nach mbeidh ar neamhréir leis an Acht seo, a ullmhú ina leagfar amach na prionsabail a bheidh le hurramú, agus na gníomhaíochtaí a bheidh le gabháil de láimh ag Bealach Thithe an Oireachtais.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de thréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis an tAcht seo a rith, agus gach 5 bliana dá éis sin, athbhreithniú ar leordhóthanacht nó neamh-leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí chun a chumasú go gcomhallfar—

(*a*) feidhmeanna Bhealach Thithe an Oireachtais faoi *alt 125*, agus

(*b*) feidhmeanna Bhealach Scannán na hÉireann faoi *alt 127*.

(4) Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil ar thoradh aon athbhreithnithe faoi *fho-alt (3)* i leith Bhealach Thithe an Oireachtais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Chomhchoiste Riaracháin a luaithe is indéanta.

(5) Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil ar thoradh aon athbhreithnithe faoi *fho-alt (3)* i leith Bhealach Scannán na hÉireann a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a luaithe is indéanta.

CUID 8

Craolachán Digiteach agus an Craolachán Analóige a Mhúchadh

Mínithe (*Cuid 8*).

129.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn "Achtanna 1926 go 2009" *na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 2009*;

ciallaíonn "ilphléacs" córas leictreonach a chomhcheanglaíonn bunábhar clár agus sonraí gaolmhara agus sonraí eile i bhfoirm dhigiteach le chéile agus tarchur an bhunábhair agus na sonraí sin arna gcomhcheangal amhlaidh tríd an raidió-theileagrafaíocht go díreach nó go neamhdhíreach lena nglacadh ag an bpobal i gcoitinne;

ciallaíonn "ceadúnas ilphléacs" ceadúnas faoi *alt 132(1)* nó *(2)*, *alt 133(1)* nó *(2)*, nó ceadúnas ilphléacs teilifíse nó craolacháin fuaime;

ciallaíonn "ilphléacs craolacháin fuaime" ilphléacs ar bunábhar fuaime an bunábhar clár atá ann ar an gcuid is mó de;

ciallaíonn "ceadúnas ilphléacs craolacháin fuaime" ceadúnas arna eisiúint chun críocha *fho-alt (3) (4)* nó *(5) d'alt 133*;

ciallaíonn "ilphléacs teilifíse" ilphléacs ar bunábhar teilifíse an bunábhar clár atá ann ar an gcuid is mó de;

ciallaíonn "ceadúnas ilphléacs teilifíse" ceadúnas arna eisiúint chun críocha *fho-alt (3)* nó *(4) d'alt 132*;

ciallaíonn "conradh seirbhíse clár teilifíse" conradh arna dhéanamh faoi *alt 70*.

Feidhmeanna breise RTÉ.

130.—(1) (*a*) Déanfar, le hilphléacs teilifíse náisiúnta arna bhunú, arna chothabháil agus arna oibriú ag RTÉ faoi *alt 114(1)(i)*, socrú maidir leis na nithe seo a leanas a chraoladh ar mhodh digiteach—

(i) an tseirbhís craolacháin teilifíse náisiúnta ar a dtugtar de ghnáth RTÉ a hAon agus RTÉ a Dó,

(ii) TG4,

(iii) i gcás ina n-iarrfaidh an tAire é—

(I) Bealach Thithe an Oireachtais, agus

(II) Bealach Scannán na hÉireann,

(iv) cibé seirbhísí teilifíse eile, ar de ghné seirbhíse poiblí iad, a ainmneoidh an tAire le hordú, agus

(v) i gcás ina n-iarrfaidh RTÉ é nó ina n-iarrfaidh an tAire é, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, tarchuir sonraí is gá chun an chothabháil agus an feidhmiú agus an t-uasdátú oiriúnach ar threalamh glactha a theastaíonn chun na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír seo a ghlacadh agus chun féachaint orthu agus ar na hilphléacsanna dá dtagraítear in *alt 132(3)* agus *(4)* a chinntiú.

(*b*) Déanfaidh RTÉ—

(i) a chinntiú go mbeidh an t-ilphléacs teilifíse náisiúnta dá dtagraítear i *mír (a)* bunaithe mar ní dá dtabharfar tosaíocht, agus—

(I) cibé dáta a bheidh sonraithe ag an Aire le hordú, go mbeidh sé ag obair agus go mbeidh sé ar fáil ar bhonn saorchraolta ag 90 faoin gcéad a bheag nó a mhór den daonra, agus

(II) faoin 31 Nollaig 2011, nó cibé dáta is déanaí ná sin a bheidh sonraithe ag an Aire le hordú, go mbeidh sé ag obair agus go mbeidh sé ar fáil ar bhonn saorchraolta agus gur féidir tuairisciú a sholáthar leis go feadh an mhéid chéanna agus

a bheidh, ar an Acht seo a rith, tuairisciú ar fáil trí mheán analóige saorchraolta,

agus

(ii) ar iarraidh ón Aire, tuarascáil a thabhairt don Aire ar an dul chun cinn a rinne sé i ndáil leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach i *bhfomhír (i)*.

(*c*) Déanfaidh RTÉ bearta chun infhaighteacht trealaimh a chur chun cinn is trealamh lenar féidir ilphléacs teilifíse náisiúnta arna oibriú ag RTÉ faoi *alt 114(1)(i)* a ghlacadh, a aithint, a dhíchódú agus a thaispeáint.

(*d*) Ní choisceann aon ní san fho-alt seo ar RTÉ socrú a dhéanamh in ilphléacs arna bhunú, arna chothabháil agus arna oibriú ag RTÉ faoi *alt 114(1)(i)* chun bunábhar clár agus sonraí gaolmhara agus sonraí eile a chraoladh trí mheán digiteach seachas an bunábhar agus na sonraí a chraoltar mar chuid de sheirbhís a shonraítear i *mír (a)*.

(*e*) Gan dochar do cheanglais an ailt seo, féadfaidh RTÉ, le toiliú an Aire, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Údarás, maidir le hacmhainn bhreise ar ilphléacs arna bhunú, arna chothabháil agus arna oibriú ag RTÉ faoi *alt 114(1)(i)* a úsáid, bunábhar clár a chraoladh de bhun a chuspóra maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú.

(2) Déanfaidh TG4 cibé íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí eile a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, le RTÉ agus le TG4, a íoc le RTÉ i leith aon seirbhíse a sholáthraíonn RTÉ chun na gcríoch atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(a)* maidir le TG4 a chraoladh ar mhodh digiteach.

(3) Más rud é nach measfaidh TG4 gur leor an acmhainn dhigiteach a úsáideann RTÉ chun na gcríoch atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(a)* maidir le TG4 a chraoladh ar mhodh digiteach, féadfaidh an tAire, ar iarraidh ó TG4, a ordú do RTÉ méid sonrach acmhainne digití a úsáid.

(4) Déanfaidh Coimisiún Thithe an Oireachtais cibé íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí eile a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, le RTÉ agus le Coimisiún Thithe an Oireachtais, a íoc le RTÉ i leith aon seirbhíse a sholáthraíonn RTÉ chun na gcríoch atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(a)* maidir le Bealach Thithe an Oireachtais a chraoladh ar mhodh digiteach.

(5) Más rud é nach measfaidh Coimisiún Thithe an Oireachtais gur leor an acmhainn dhigiteach a úsáideann RTÉ chun na gcríoch atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(a)* maidir le Bealach Thithe an Oireachtais a chraoladh ar mhodh digiteach, féadfaidh an tAire, ar iarraidh ó Choimisiún Thithe an Oireachtais, a ordú do RTÉ méid sonrach acmhainne digití a úsáid.

(6) Déanfaidh Bord Scannán na hÉireann cibé íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí eile a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, le RTÉ agus le Bord Scannán na hÉireann, a íoc le RTÉ i leith aon seirbhíse a sholáthraíonn RTÉ chun na gcríoch atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(a)* maidir le Bealach Scannán na hÉireann a chraoladh ar mhodh digiteach.

(7) Más rud é nach measfaidh Bord Scannán na hÉireann gur leor an acmhainn dhigiteach a úsáideann RTÉ chun na gcríoch atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(a)* maidir le Bealach Scannán na hÉireann a chraoladh ar mhodh digiteach, féadfaidh an tAire, ar iarraidh ó Bhord Scannán na hÉireann, a ordú do RTÉ méid sonrach acmhainne digití a úsáid.

(8) Déanfaidh soláthraí seirbhíse teilifíse arna ainmniú ag an Aire faoi *fho-alt (1)(a)(iv)* cibé íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí eile a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, le RTÉ agus le soláthraí na seirbhíse teilifíse, a íoc le RTÉ i leith aon seirbhíse a sholáthraíonn RTÉ chun críocha *fho-alt (1)(a)(iv)*,

(9) Más rud é nach measfaidh soláthraí seirbhíse teilifíse faoi *fho-alt (1)(a)(iv)* gur leor an acmhainn dhigiteach a úsáideann RTÉ chun na gcríoch atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(a)(iv)*, féadfaidh an tAire, ar iarraidh ón soláthraí, a ordú do RTÉ méid sonrach acmhainne digití a úsáid.

(10) Ceanglóidh an tAire ar RTÉ, ar iarraidh ón Údarás agus tar éis dul i gcomhairle le RTÉ, socrú a dhéanamh in ilphléacs arna bhunú, arna chothabháil agus arna oibriú ag RTÉ faoi *alt 114(1)(i)*, maidir leis an tseirbhís clár teilifíse a sholáthraíonn an conraitheoir seirbhíse clár teilifíse faoin gconradh seirbhíse clár teilifíse a chraoladh ar mhodh digiteach.

(11) Má chuireann an tAire ceanglas ar RTÉ faoi *fho-alt (10)*, déanfaidh an conraitheoir seirbhíse clár teilifíse cibé íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí eile a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, le RTÉ agus leis an gconraitheoir seirbhíse clár teilifíse, a íoc le RTÉ i leith aon seirbhíse a sholáthraíonn RTÉ le linn an ceanglas sin a chomhlíonadh.

(12) Má chuireann an tAire ceanglas ar RTÉ faoi *fho-alt (10)* agus más rud é nach measfaidh an conraitheoir seirbhíse clár teilifíse gur leor an acmhainn dhigiteach a úsáideann RTÉ chun an tseirbhís clár teilifíse a chraoladh ar mhodh digiteach, féadfaidh an tAire, ar iarraidh ón gconraitheoir seirbhíse clár teilifíse agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, a ordú do RTÉ méid sonrach acmhainne digití a úsáid.

(13) Déanfar le hilphléacs náisiúnta fuaime arna bhunú, arna chothabháil agus arna oibriú ag RTÉ faoi *alt 114(1)(i)*, maidir le cibé seirbhísí craolacháin fuaime eile, ar de ghné seirbhíse poiblí iad, a ainmneoidh an tAire le hordú, a chraoladh ar mhodh digiteach.

(14) Déanfaidh soláthraí seirbhíse craolacháin fuaime arna ainmniú ag an Aire faoi *fho-alt (13)* cibé íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí eile a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, le RTÉ agus le soláthraí na seirbhíse craolacháin fuaime, a íoc le RTÉ i leith aon seirbhíse a sholáthraíonn RTÉ chun críocha *fho-alt (13)*.

(15) (*a*) Aon ordú arna dhéanamh faoin alt seo, déanfar é a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis é a dhéanamh.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae ar leagadh ordú faoina bhráid de réir *mhír (a)*, rún a rith ag neamhniú an ordaithe.

(*c*) Tiocfaidh an neamhniú ar ordú faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanfaidh sé difear d'aon ní a rinneadh faoin ordú roimh an rún a rith.

Feidhmeanna breise an Údaráis.

131.—(1) Is é feidhm an Údaráis socrú a dhéanamh, de réir na Coda seo, chun ilphléacsanna, lena n-áirítear ilphléacsanna náisiúnta, a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, i dteannta aon ilphléacsanna arna mbunú, arna gcothabháil agus arna n-oibriú ag RTÉ faoi *alt 114(1)(i)*.

(2) Chun críche *fho-alt (1)* déanfaidh an tÚdarás, conarthaí ("conarthaí ilphléacs") le daoine ("conraitheoirí ilphléacs") faoina mbeidh ceart ag na conraitheoirí ilphléacs agus dualgas orthu, faoi réir na Coda seo, ilphléacs a bhunú, a chothabháil agus a oibriú sa limistéar a bheidh sonraithe sa chonradh ilphléacs agus de réir théarmaí an chonartha.

(3) Is dualgas de chuid an Choiste um Chomhlíonadh é a chinntiú go gcomhlíonfaidh gach conraitheoir ilphléacs an Chuid seo.

(4) Is dualgas de chuid an Údaráis é féachaint le socrú a dhéanamh, mar ní dá dtabharfar tosaíocht, maidir le 3 ilphléacs teilifíse náisiúnta a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacsanna iad a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile sa Stát.

(5) Beidh ag an Údarás na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin gCuid seo a chomhlíonadh nó a ghabhann lena gcomhlíonadh, lena n-áirítear, go háirithe, an chumhacht chun dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide de réir mar is cuí leis.

Dualgas an Rialálaí Cumarsáide maidir le hilphléacsanna teilifíse trastíre digití.

132.—(1) Eiseoidh an Rialálaí Cumarsáide, ar iarraidh ó RTÉ, ceadúnas chuig RTÉ i leith ilphléacs teilifíse aonair a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacs é a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile sa Stát.

(2) Déanfaidh an Rialálaí Cumarsáide, ar iarraidh ó RTÉ agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Údarás maidir le riachtanais acmhainne digití TG4, an chonraitheora seirbhíse clár teilifíse, Bhealach Thithe an Oireachtais, Bhealach Scannán na hÉireann, agus aon seirbhíse teilifíse arna hainmniú faoi *alt 130(1)(a)(iv)*, ceadúnas a eisiúint chuig RTÉ i leith ilphléacs teilifíse amháin eile a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacs é a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile sa Stát.

(3) Eiseoidh an Rialálaí Cumarsáide, ar iarraidh ón Údarás, ceadúnais ilphléacs teilifíse chuig an Údarás faoi *Achtanna 1926 go 2009*, faoi réir na Coda seo, i leith 4 ilphléacs teilifíse a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacsanna iad a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile sa Stát, de réir conarthaí a dhéanfaidh an tÚdarás faoi *alt 136(2)*.

(4) Rachaidh an Rialálaí Cumarsáide i gcomhairle leis an Údarás i dtaobh a inmhianaithe atá sé go n-eiseoidh sé a thuilleadh ceadúnas ilphléacs teilifíse chuig an Údarás faoi *Achtanna 1926 go 2009*, faoi réir na Coda seo, i leith ilphléacsanna teilifíse breise a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacsanna iad a fhéadfar, a mhéid

is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile sa Stát, de réir conarthaí breise arna ndéanamh ag an Údarás faoi *alt 136(2)*.

(5) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní a chuirfidh cosc ar an Rialálaí Cumarsáide, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Údarás, ceadúnais eile a eisiúint faoi *Achtanna 1926 go 2009* lena n-údarófar bunábhar clár agus sonraí gaolmhara agus sonraí eile a chomhcheangal i bhfoirm dhigiteach, trí ilphléacs seachas ilphléacs lena mbaineann *fo-ailt (1)*, *(2)* nó *(3)*, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh an tÚdarás is gá a fhorchur i gconradh arna dhéanamh faoi *alt 71*.

Dualgas an Rialálaí Cumarsáide maidir le hilphléacsanna craolacháin fuaime trastíre dhigitigh.

133.—(1) Eiseoidh an Rialálaí Cumarsáide, ar iarraidh ó RTÉ, ceadúnas chuig RTÉ i leith ilphléacs craolacháin fuaime aonair a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacs é a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile sa Stát.

(2) Déanfaidh an Rialálaí Cumarsáide, ar iarraidh ó RTÉ agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Údarás ceadúnas a eisiúint chuig RTÉ i leith ilphléacs craolacháin fuaime amháin eile a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacs é a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile sa Stát.

(3) Eiseoidh an Rialálaí Cumarsáide, ar iarraidh ón Údarás, ceadúnas ilphléacs craolacháin fuaime chuig an Údarás faoi *Achtanna 1926 go 2009*, faoi réir na Coda seo, i leith ilphléacs craolacháin fuaime amháin a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacs é a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile sa Stát, de réir conarthaí a dhéanfaidh an tÚdarás faoi *alt 136(2)*.

(4) Eiseoidh an Rialálaí Cumarsáide, ar iarraidh ón Údarás, ceadúnais ilphléacs craolacháin fuaime chuig an Údarás faoi *Achtanna 1926 go 2009*, faoi réir na Coda seo, i leith hilphléacs craolacháin fuaime amháin nó níos mó a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacsanna iad a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile i limistéar den Stát a bheidh sonraithe ag an Údarás agus ar limistéar é a bhféadfaidh an Stát uile nó aon chuid den Stát a bheith i gceist ann, de réir conarthaí arna ndéanamh ag an Údarás faoi *alt 136(2)*.

(5) Rachaidh an Rialálaí Cumarsáide i gcomhairle leis an Údarás i dtaobh a inmhianaithe atá sé go n-eiseodh sé a thuilleadh ceadúnas chuig an Údarás faoi *Achtanna 1926 go 2009*, faoi réir na Coda seo, i leith ilphléacsanna craolacháin fuaime breise a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar ilphléacsanna iad a fhéadfar, a mhéid is indéanta le réasún, a tharchur ar mhodh trastíre digiteach chuig an bpobal uile i limistéar den Stát a bheidh sonraithe ag an Údarás agus ar limistéar é a bhféadfaidh an Stát uile nó aon chuid den Stát a bheith i gceist ann, de réir conarthaí breise arna ndéanamh ag an Údarás faoi *alt 136(2)*.

(6) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní a chuirfidh cosc ar an Rialálaí Cumarsáide, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Údarás, ceadúnais eile a eisiúint faoi *Achtanna 1926 go 2009* lena n-údarófar bunábhar clár agus sonraí gaolmhara agus sonraí eile a chomhcheangal i bhfoirm dhigiteach, trí ilphléacs seachas ilphléacs lena mbaineann *fo-ailt (1)*, *(2)*, *(3)* nó *(4)*, faoi réir cibé coinníollacha

a mheasfaidh an tÚdarás is gá a fhorchur i gconradh arna ndéanamh faoi *alt 71*.

Leasú ar chonarthaí craolacháin fuaime i gcomhair seirbhísí comhchraolacháin liostaithe.

134.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "Coiste" an Coiste um Dheonú Conarthaí;

ciallaíonn "seirbhís comhchraolacháin liostaithe" seirbhís craolacháin fuaime a bheidh ainmnithe chun críche leasú ar chonradh mar atá leagtha amach i *bhfo-alt (7)(b)*;

ciallaíonn "sealbhóir iomchuí" sealbhóir conartha craolacháin fuaime faoi *fho-alt (3)*.

(2) I gcás go n-ordóidh an tÚdarás don Choiste iarratais a lorg ar chonarthaí ilphléacs craolacháin fuaime faoi *alt 136*, féadfaidh an tÚdarás a ordú don Choiste freisin síneadh conartha comhchraolacháin a thairiscint do chonraitheoirí craolacháin fuaime láithreacha ar sealbhóirí iomchuí iad.

(3) I gcás go ndéanfaidh an Coiste, le linn iarratais a lorg ar chonarthaí ilphléacs craolacháin fuaime faoi *alt 136*, an limistéar tuairiscithe a shonrú faoi *alt 136(3)*, féadfaidh sé, de réir a nósanna imeachta féin, conraitheoirí craolacháin fuaime a shainaithint a mbeidh de cheart acu agus de dhualgas orthu, faoi chonarthaí craolacháin fuaime, tarchuradóirí craolacháin fuaime a bhunú, a chothabháil agus a oibriú i gcuid den limistéar tuairiscithe nó sa limistéar tuairisicithe uile a shonraítear faoi *alt 136(3)*, agus tabharfar sealbhóirí iomchuí ar na conraitheoirí craolacháin fuaime sin.

(4) Le linn sealbhóirí iomchuí a shainaithint faoi *fho-alt (3)*, féadfaidh an Coiste cibé nósanna imeachta a úsáid a mheasfaidh sé is gá, lena n-áirítear dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, agus is sainaithint chríochnaitheach aon sainaithint ag an gCoiste ar shealbhóir iomchuí.

(5) I gcás go mbeidh sealbhóir iomchuí sainaitheanta ag an gCoiste, molfaidh sé don Údarás go dtairgfear don sealbhóir iomchuí go ndéanfar é a ainmniú mar sheirbhís comhchraolacháin liostaithe chun a chinntiú go ndéanfar comhchraolacháin ar sheirbhísí conartha craolacháin fuaime ar ilphléacsanna craolacháin fuaime.

(6) I gcás go mbeidh molta ag an gCoiste don Údarás go dtairgfear do shealbhóir iomchuí go ndéanfar é a ainmniú mar sheirbhís comhchraolacháin liostaithe, tairgfidh an tÚdarás don sealbhóir iomchuí go ndéanfar leasú ar a chonradh craolacháin fuaime iomchuí ("leasú comhchraolacháin") agus beidh 60 lá ag an sealbhóir iomchuí chun glacadh go hiomlán leis an leasú nó chun diúltú go hiomlán dó.

(7) Féadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis an Údarás a bheith i leasú comhchraolacháin agus beidh na téarmaí agus coinníollacha seo a leanas ann:

(*a*) fadú ar an tréimhse ar lena linn a leanfaidh an conradh craolacháin fuaime láithreach de bheith i bhfeidhm,

(*b*) seirbhís craolacháin fuaime an chonraitheora craolacháin fuaime a ainmniú mar "seirbhís comhchraolacháin liostaithe" chun críocha na Coda seo,

(*c*) ceanglas ar an gconraitheoir craolacháin fuaime a sheirbhís craolacháin fuaime a sholáthar ionas gur féidir í a sholáthar mar chuid d'ilphléacs craolacháin fuaime dhigitigh faoin gCuid seo, agus

(*d*) ceanglas chun cibé comhaontuithe dá éis sin a dhéanamh le conraitheoirí ilphléacs craolacháin fuaime a shonróidh an tÚdarás, lena n-áirítear comhaontuithe i ndáil le táillí iomchuí a íoc leis an gconraitheoir, nó leis na conraitheoirí, ilphléacs craolacháin fuaime i ndáil leis na costais a ghabhann le hilphléacs a bhunú, a chothabháil agus a oibriú.

(8) Ní mó ná 6 bliana an fadú sa tréimhse ar lena linn a leanfaidh conradh craolacháin fuaime láithreach de bheith i bhfeidhm faoi *fhoalt (7)(a)*.

(9) I gcás ina mainneoidh sealbhóir iomchuí a oibleagáidí faoi *fhoalt (7)(c)* nó *(d)* a chomhlíonadh, measfar an leasú comhchraolacháin a ghabhann lena chonradh craolacháin fuaime a bheith ar neamhní.

Rialacháin lena bhforordaítear táillí.

135.—(1) Déanfar gach ceadúnas ilphléacs a eisiúint ar cibé táillí (más ann) a íoc a fhorordóidh an Rialálaí Cumarsáide i rialacháin, le toiliú an Aire.

(2) Féadfar, le rialacháin a dhéanfar faoin alt seo, na nithe seo a leanas a fhorordú i ndáil le gach ceadúnas den sórt sin nó i ndáil le haon aicme nó aicmí ar leith ceadúnas den sórt sin—

(*a*) na táillí a bheidh le híoc ar cheadúnais den sórt sin a dheonú nó a athnuachan, agus

(*b*) an t-am agus an modh chun na táillí sin a íoc.

(3) (*a*) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo, leagfaidh an Rialálaí Cumarsáide faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún a rithfear laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh rialachán faoina bhráid de réir *mhír (a)*, an rialachán a neamhniú.

(*c*) Tagann neamhniú rialacháin faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin rialachán roimh an rún a rith.

Iarratais ar chonarthaí ilphléacs.

136.—(1) D'fhonn bunú, cothabháil agus oibriú rianúil ilphléacsanna a áirithiú, déanfaidh an tÚdarás, ó am go ham ag féachaint do na minicíochtaí raidió atá ar fáil i gcomhair ilphléacsanna, an limistéar tuairiscithe (ar limistéar é a bhféadfaidh an Stát uile nó aon chuid den Stát a bheith i gceist ann) ina gcraolfar bunábhar clár agus sonraí gaolmhara agus sonraí eile de bhun conartha ilphléacs, a shonrú agus ordóidh sé don Choiste um Dheonú Conarthaí iarratais ar chonradh ilphléacs a lorg agus déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí de réir an ordacháin.

(2) Féadfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí, faoi réir na Coda seo, a mholadh don Údarás conarthaí ilphléacs den sórt sin a dhéanamh, agus leanfaidh an tÚdarás aon mholadh den sórt sin.

(3) I gcás ina lorgóidh an Coiste um Dheonú Conarthaí iarratais ar chonradh ilphléacs, sonróidh sé le fógra poiblí an limistéar tuairiscithe (a bheidh sonraithe ag an Údarás faoi *fho-alt (1)*) ina gcraolfar an bunábhar clár agus na sonraí gaolmhara agus na sonraí eile de bhun an chonartha sin (dá ngairtear "limistéar tuairiscithe uasta" san alt seo) agus iarrfaidh sé leis an bhfógra sin ar dhaoine ar spéis leo ilphléacs a bhunú agus a chothabháil iarratas a dhéanamh ar an gconradh sin.

(4) Maidir le gach fógra faoi *fho-alt (3)*—

(*a*) foilseofar é ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás agus, más cuí, i nuachtán a scaiptear sa limistéar ar a mbeifear chun freastal,

(*b*) sonrófar ann an nós imeachta a bheidh le leanúint d'fhonn iarratas a dhéanamh, agus

(*c*) sonrófar ann aon nithe eile is dóigh leis an gCoiste um Dheonú Conarthaí is gá nó is iomchuí.

(5) Féadfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí, i bhfógra faoi *fho-alt (3)*, an limistéar tuairiscithe íosta ina ndéanfar an bunábhar clár agus na sonraí gaolmhara agus na sonraí eile a chraoladh faoin gconradh a shonrú, ar limistéar tuairiscithe é a fhéadfaidh a bheith níos lú ná an limistéar tuairiscithe uasta a bheidh sonraithe san fhógra.

(6) D'ainneoin *fho-alt (3)*, i gcás ina ndéanfar limistéar tuairiscithe íosta a shonrú i bhfógra faoin bhfo-alt sin, is é an limistéar tuairiscithe ina ndéanfar an bunábhar clár agus na sonraí gaolmhara agus na sonraí eile a chraoladh de bhun aon chonartha arna dhéanamh ar scór an fhógra sin an limistéar tuairiscithe íosta arna shonrú amhlaidh, faoi réir an cheanglais go ndéanfaidh an duine dá ndeonófar an conradh gach iarracht a chinntiú go gcraolfar an bunábhar clár agus na sonraí gaolmhara agus na sonraí eile sa mhéid is mó is indéanta den limistéar tuairiscithe uasta.

(7) Más rud é go n-ordóidh an tÚdarás don Choiste um Dheonú Conarthaí iarratais ar chonarthaí ilphléacs craolacháin fuaime a lorg faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí, mar chuid den fhógra, a chur in iúl an mbeidh aon seirbhísí comhchraolacháin liostaithe ar áireamh ar an ilphléacs.

Iarratais go ndeonófaí conarthaí ilphléacs a chinneadh.

137.—(1) Déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí, de réir na Coda seo, gach iarratas ar chonradh ilphléacs a bheidh faighte aige de bhun fógra faoi *alt 136* a bhreithniú d'fhonn an t-iarratasóir is oiriúnaí, más ann, chun conradh ilphléacs a dheonú dó nó di a chinneadh.

(2) Le linn don Choiste um Dheonú Conarthaí na hiarratais a bheidh faighte aige a bhreithniú agus le linn dó an t-iarratasóir is oiriúnaí chun conradh ilphléacs a dheonú dó nó di a chinneadh, beidh aird ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí ar na nithe seo a leanas—

(*a*) carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus na stiúrthóirí, an bhainisteora, an rúnaí, nó oifigigh eile den sórt sin de chuid an chomhlachta sin agus carachtar, saineolas agus taithí na gcomhaltaí den chomhlacht sin agus na ndaoine

a bhfuil teideal acu chuig úinéireacht thairbhiúil a chuid scaireanna,

(*b*) leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais a bheidh ar fáil do gach iarratasóir agus a mhéid a bheidh an t-iarratas ag teacht le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta,

(*c*) réimse agus cineál an bhunábhair clár nó na dteaglamaí bunábhair clár a bheartaíonn an t-iarratasóir a bheith ar áireamh san ilphléacs agus an modh ina mbeartaíonn an t-iarratasóir a chinntiú go ndéanfar an bunábhair sin a áireamh san ilphléacs ar bhonn leanúnach,

(*d*) i gcás ilphléacs teilifíse, tograí ón iarratasóir chun fáil trealaimh ag daoine sa limistéar tuairiscithe beartaithe a chur chun cinn is trealamh a fhéadfaidh—

(i) na hilphléacsanna teilifíse go léir atá ar fáil, nó a bhfuil súil leis go mbeidh siad ar fáil, sa limistéar sin, lena n-áirítear an t-ilphléacs teilifíse náisiúnta dá dtagraítear in *alt 130(1)(a)*, a ghlacadh, a aithint agus, faoi réir an duine den lucht féachana do ghnóchan aon teideal is gá i gcomhair seirbhísí neamh-shaorchraolta, a dhíchódú agus a thaispeáint, agus

(ii) a chumasú do na daoine sin iad féin a choimeád ar an eolas maidir leis an rogha bunábhair clár a bheidh ar áireamh sna hilphléacsanna sin,

(*e*) méid an limistéir tuairiscithe a bheartaíonn an t-iarratasóir a bhaint amach,

(*f*) an togra teicniúil, lena n-áirítear tráthchlár maidir le cur chun feidhme, i ndáil leis an ilphléacs beartaithe a bhunú, a chothabháil agus a oibriú,

(*g*) i gcás ilphléacs craolacháin fuaime, na tograí ón iarratasóir chun áireamh aon seirbhísí comhchraolacháin liostaithe a éascú agus chun na seirbhísí sin a chur chun cinn,

(*h*) aon nithe eile is dóigh leis an gCoiste um Dheonú Conarthaí is gá chun bunú, cothabháil agus oibriú rianúil ilphléacsanna a áirithiú, agus

(*i*) a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó grúpaí daoine, rialú a bheith aige, aici nó acu ar mhéid as cuimse de na meáin chumarsáide, nó leas substaintiúil a bheith aige, aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra faoi *alt 136(3)*.

Téarmaí agus coinníollacha conarthaí ilphléacs.

138.—(1) Féadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an tÚdarás is cuí agus a shonróidh sé sa chonradh a bheith i ngach conradh ilphléacs.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*—

(*a*) féadfaidh an tÚdarás gach ceann nó aon cheann de na téarmaí nó na coinníollacha seo a leanas a shonrú i gconradh ilphléacs:

(i) i gcás conraitheora ilphléacs craolacháin fuaime, coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir ilphléacs aon tograí a bheidh déanta ina iarratas nó ina hiarratas a chur i ngníomh chun áireamh aon seirbhísí comhchraolacháin liostaithe a éascú agus chun na seirbhísí sin a chur chun cinn;

(ii) an tréimhse ar lena linn a leanfaidh an conradh i bhfeidhm;

(iii) an féidir an conradh a athnuachan agus, más féidir, an chaoi inar féidir, na téarmaí ar ar féidir, agus an tréimhse ar ina leith is féidir, an conradh a athnuachan amhlaidh;

(iv) coinníoll á thoirmeasc an conradh, nó aon leas ann, a shannadh gan toiliú roimh ré ón Údarás; agus

(v) más cuideachta an conraitheoir ilphléacs, coinníoll á thoirmeasc aon athrú a dhéanamh ar Mheabhrán nó ar Airteagail Chomhlachais na cuideachta nó ar an méid sin den Mheabhrán sin nó de na hAirteagail sin a shonrófar, nó á thoirmeasc aon athrú ábhartha a dhéanamh ar úinéireacht na cuideachta gan ceadú roimh ré ón Údarás;

agus

(*b*) féadfaidh an tÚdarás na coinníollacha seo a leanas a shonrú i gconradh den sórt sin:

(i) coinníoll á cheangal ar an gconraitheoir ilphléacs an raon agus an cineál clár a sholáthar a bheartaigh sé nó sí a thairiscint ina iarratas nó ina hiarratas ar dheonú an chonartha;

(ii) coinníoll á cheangal ar an gconraitheoir ilphléacs aon tograí a rinneadh ina iarratas nó ina hiarratas a chur i ngníomh i leith limistéar tuairiscithe an ilphléacs nó na n-ilphléacsanna;

(iii) coinníoll á cheangal ar an gconraitheoir ilphléacs na tograí a chur i ngníomh a rinneadh ina iarratas nó ina hiarratas ar dheonú an chonartha agus a bhaineann le fáil trealaimh ag daoine i limistéar tuairiscithe beartaithe an ilphléacs a chur chun cinn, is trealamh a fhéadfaidh na hilphléacsanna go léir a bheidh ar fáil sa limistéar sin a ghlacadh, a aithint agus, faoi réir duine den lucht féachana do ghnóchan aon teideal is gá i leith seirbhísí neamh-shaorchraolta, a dhíchódú agus a thaispeáint; agus

(iv) tar éis dul i gcomhairle leis an Rialálaí Cumarsáide, aon choinníoll á cheangal ar an gconraitheoir ilphléacs aon choinníoll teicniúil a chomhlíonadh, de réir mar a cheanglóidh an Rialálaí Cumarsáide i gcomhall a fheidhmeanna.

(3) Más rud é nach mbeidh coinníoll den chineál atá sonraithe i *bhfomhír (iv)* nó *(v) d'fho-alt (2)(a)* i gconradh ilphléacs, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas:

(*a*) ní bheidh an conradh ilphléacs, nó aon leas ann, insannta, ná ní dhéanfar aon athrú ar Mheabhrán nó Airteagail Chomhlachais cuideachta ar conraitheoir ilphléacs í, ná ní bheidh aon athrú ábhartha ar úinéireacht cuideachta den sórt sin, gan toiliú roimh ré i scríbhinn ón Údarás, agus féadfaidh an tÚdarás, más dóigh leis gur réasúnach déanamh amhlaidh, diúltú an toiliú sin a thabhairt á rá cad iad na forais atá leis an diúltú sin; agus

(*b*) le linn dó breithniú a dhéanamh i dtaobh a thoiliú a thabhairt le sannadh conartha ilphléacs, le hathrú ar Mheabhrán nó Airteagail Chomhlachais na cuideachta arb í an conraitheoir ilphléacs í, nó le hathrú ábhartha ar úinéireacht cuideachta den sórt sin, beidh aird ag an Údarás ar na critéir a shonraítear in *alt 137(2)*.

(4) Déanfar i ngach conradh ilphléacs—

(*a*) a fhoráil go n-íocfaidh conraitheoir ilphléacs leis an Údarás na táillí (más ann) a shonrófar ann, lena n-áirítear aon táillí is iníoctha ag an Údarás leis an Rialálaí Cumarsáide faoi *alt 135*, agus

(*b*) a fhoráil go gcuirfidh an conraitheoir ilphléacs cibé faisnéis ar fáil (lena n-áirítear cóipeanna dá chuntais nó dá cuntais) a mheasfaidh an tÚdarás nó an Coiste um Chomhlíonadh a bheidh ag teastáil uaidh d'fhonn a chumasú dó a fheidhmeanna faoin gCuid seo a chomhlíonadh.

(5) Beidh gach conradh ilphléacs ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal in oifig chláraithe an Údaráis agus déanfaidh an tÚdarás, ar iarraidh a bheith déanta ag aon duine agus ar cibé suim (más ann) a iarrfaidh an tÚdarás le réasún a bheith íoctha, cóip den chonradh sin a thabhairt don duine sin.

(6) Cinnteoidh an tÚdarás, más cuí leis é i gcomhthéacs leasanna duine den lucht féachana ar sheirbhísí ilphléacs agus i gcomhthéacs oibriú sásúil rianúil ilphléacsanna ag conraitheoirí ilphléacs, trí choinníollacha breise conartha ilphléacs, go n-oibreoidh gach conraitheoir ilphléacs teilifíse ilphléacsanna, agus aon seirbhísí gaolmhara, ar ina leith a rinne siad conarthaí ilphléacs i ndáil le hilphléacsanna dá dtagraítear in *alt 132(3)* agus *(4)*—

(*a*) ar mhodh nach gcoisceann ar dhaoine in aon limistéar leas a bhaint as aon fhoireann trealaimh glacadóireachta amháin a ghlacann gach aon ilphléacs teilifíse sa limistéar ar an aon fhoireann trealaimh glacadóireachta sin, agus

(*b*) ar mhodh trína bhféadfaidh aon fhoireann trealaimh amháin córais incriptiúcháin a iompar le haghaidh gach ilphléacs a fhéadfar a incriptiú, ach a mbeidh fáil air sa limistéar.

(7) Féadfaidh an tÚdarás coinníollacha a bhaineann le *fo-alt (6)* a shonrú i ngach conradh ilphléacs.

Craolachán analóige a mhúchadh.

139.—(1) D'fhonn breithniú a dhéanamh i dtaobh cé chomh fada ba chuí leanúint de sheirbhísí craolacháin teilifíse a sholáthar trí mheán analóige, déanfaidh an tAire—

(*a*) na nithe seo a leanas *inter alia* a choimeád faoi athbhreithniú—

(i) a mhéid atá ilphléacsanna ar fáil sa Stát,

(ii) a mhéid atá na seirbhísí a shonraítear i *bhfo-alt (2)* ar fáil sa Stát trí mheán digiteach,

(iii) a mhéid atá trealamh a fhéadfaidh na seirbhísí a shonraítear i *bhfo-alt (2)* a ghlacadh nuair a tharchuirtear iad trí mheán digiteach ar úinéireacht nó ina seilbh ag daoine sa Stát, agus

(iv) a mhéid is dócha a bheidh fáil ar ilphléacsanna agus ar na seirbhísí sin agus a bheidh an trealamh sin ar úinéireacht nó ina seilbh ag daoine sa todhchaí,

agus

(*b*) cibé tráth nó tráthanna a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí agus, in aon chás, gach 6 mhí ón Acht seo a rith go dtí an 31 Nollaig 2012, a iarraidh ar an Údarás agus ar RTÉ tuarascáil a thabhairt dó nó di maidir leis na nithe dá dtagraítear i *mír (a)*.

(2) Is iad na seirbhísí a shonraítear chun críocha *fhomhíreanna (ii)* agus *(iii) d'fho-alt (1)(a)*—

(*a*) an tseirbhís craolacháin teilifíse náisiúnta ar a dtugtar de ghnáth RTÉ a hAon agus RTÉ a Dó arna bunú agus arna cothabháil ag RTÉ,

(*b*) an tseirbhís craolacháin teilifíse náisiúnta arna bunú agus arna cothabháil ag TG4 faoi *alt 118(1)(a)*, agus

(*c*) an tseirbhís clár teilifíse a sholáthraíonn an conraitheoir seirbhíse clár teilifíse faoin gconradh seirbhíse clár teilifíse.

(3) Chun na críche a luaitear i *bhfo-alt (1)*, rachaidh an tAire, ar thuarascálacha a iarraidh faoi *fho-alt (1)(b)*, i gcomhairle—

(*a*) le cibé daoine a dhealraíonn don Aire a bheith ionadaitheach don lucht féachana is cuí leis an Aire, agus

(*b*) le cibé daoine eile is cuí leis an Aire,

maidir leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt 1(a)* agus freisin, más cuí leis an Aire, maidir leis na héifeachtaí is dóigh a bheidh ar an lucht féachana ag aon cheann de na seirbhísí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* do scor de bheith á gcraoladh trí mheán analóige.

(4) Féadfaidh an tAire, ag céim ar bith nó tar éis tuarascáil faoi *fho-alt (1)(b)* a bhreithniú, ordachán i dtaobh beartais a eisiúint faoi alt 13 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 maidir leis an dáta nó leis na dátaí ar le héifeacht uaidh nó uathu a chúlghairfidh an Rialálaí Cumarsáide ceadúnais arna ndeonú faoi *alt 121* nó *alt 59* i leith aon cheann de na seirbhísí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a sholáthar trí mheán analóige.

(5) Déanfaidh an Rialálaí Cumarsáide, ar an Acht seo a rith, agus de réir mar is gá faoi *alt 60(1),* téarma nó coinníoll de chuid ceadúnais arna eisiúint faoi *alt 59* a athrú chun a chinntiú go mbeidh,

in aon chonradh chun seirbhís dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(c)* a sholáthar trí mheán analóige agus a dhéanfaidh an tÚdarás ag céim ar bith, coinníoll nach bhféadfar, tar éis dáta nó dátaí ar ina leith a dhéanfaidh an tAire ordachán i dtaobh beartais mar atá leagtha amach i *bhfo-alt (4)* a eisiúint, an tseirbhís a sholáthar a thuilleadh trí mheán analóige.

(6) Déanfaidh RTÉ bearta chun a chinntiú go gcuirfear an lucht féachana uile ar sheirbhísí dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (2)* agus a chuirtear ar fáil trí mheán analóige ar an eolas maidir leis an dáta nó na dátaí a dhéanfar an craolachán analóige a mhúchadh, leis na cúiseanna atá leis nó leo, leis na hiarmhairtí, agus maidir le faisnéis phraiticiúil faoin dóigh ina bhféadfaidh an lucht féachana sin na seirbhísí sin a ghlacadh trí mheán digiteach tar éis an dáta nó na ndátaí sin.

(7) Déanfaidh an tÚdarás ón 1 Iúil 2009 go dtí an dáta nó na dátaí a dhéanfar an craolachán analóige a mhúchadh faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le seirbhísí teilifíse a ghlacadh trí mheán ilphléacs agus maidir leis an trealamh glacadóireachta is gá chun seirbhísí teilifíse den sórt sin a ghlacadh.

(8) Le linn a oibleagáidí faoi *fho-alt (7)* a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás dul i gcomhairle le conraitheoirí ilphléacs, le craoltóirí seirbhíse poiblí, leis an gconraitheoir seirbhíse clár teilifíse agus le monaróirí agus miondíoltóirí an trealaimh glacadóireachta sin.

(9) Chun a chinntiú go ndéanfar cómhalartú go réidh éifeachtúil idir soláthar seirbhísí teilifíse analóige agus teilifíse digití i gcomhthéacs an craolachán analóige a mhúchadh, beidh an chumhacht ag an Aire na nithe seo a leanas a dhéanamh é féin nó í féin, nó i dteannta aon duine eile—

(*a*) comhoibriú agus comhordú a chur chun cinn idir craoltóirí, conraitheoirí ilphléacs agus páirtithe leasmhara eile i ndáil leis an gcraolachán analóige a mhúchadh,

(*b*) taighde a choimisiúnú ar nithe a bhaineann leis an gcraolachán analóige a mhúchadh,

(*c*) eolas an phobail i ndáil le múchadh an chraolacháin analóige, agus leathadh faisnéise comhordaithe don phobal i ndáil leis, a chur chun cinn, agus

(*d*) bearta a oibriú, a bhainistiú nó a choimirciú, cibé acu go hiomlán nó go páirteach, arb é is aidhm leo éifeachtaí mhúchadh an chraolacháin analóige ar aicmí pobail nó daoine dá ndéantar dochar a mhaolú.

(10) Tá ag an Aire na cumhachtaí teagmhasacha, forlíontacha, coimhdeacha agus iarmhartacha sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun go bhfeidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí thuas.

(11) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, leis an Rialálaí Cumarsáide, le RTÉ agus le cibé daoine eile (más ann) is cuí leis nó léi, le hordú—

(*a*) cibé feidhmeanna breise a bhaineann le hullmhúchán le haghaidh an craolachán analóige a mhúchadh agus is cuí leis an Aire a thabhairt don Údarás, don Rialálaí Cumarsáide nó do RTÉ, faoi réir na gcoinníollacha (más ann) a shonrófar san ordú, agus

(*b*) cibé foráil a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is fóirsteanach maidir le nithe atá coimhdeach leis na feidhmeanna breise sin a thabhairt nó a eascraíonn as iad a thabhairt.

(12) (*a*) Leagfar ordú a dhéanfar faoi *fho-alt (11)* faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh ordú os a chomhair de réir *mhír (a)*, rún a rith ag neamhniú an ordaithe.

(*c*) Tiocfaidh an neamhniú faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin ordú roimh an rún a rith.

(13) I *bhfo-alt (6)* ciallaíonn "an dáta nó na dátaí a dhéanfar an craolachán analóige a mhúchadh" an dáta nó na dátaí ar le héifeacht uaidh nó uathu a chúlghairfidh an Rialálaí Cumarsáide aon cheadúnais a shonraítear i *bhfo-alt (4)*.

CUID 9

AN CEADÚNAS TEILIFÍSE

Mínithe (*Cuid 9*) — ordú — "áit shonraithe".

140.—(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn "árasán" aonad cónaithe lánscartha i bhfoirgneamh a chuimsíonn líon aonad den sórt sin;

tá le "gníomhaire eisiúna" an bhrí a shanntar dó le *halt 145(1)*;

ciallaíonn "oifigeach do ghníomhaire eisiúna" duine a cheapfar mar oifigeach do ghníomhaire eisiúna faoi *alt 146(1)*;

ciallaíonn "áitreabh" talamh, feithicil, déanmhas d'aon chineál, cibé acu atá sé nó nach bhfuil sé ceangailte leis an talamh nó ag gabháil leis agus folaíonn sé cuid d'fhoirgneamh a áitítear mar theaghais ar leithligh, cibé acu atá nó nach bhfuil aon chuid de nó aon chóiríocht, aosáid nó saoráid i dtaca leis i bpáirt ag an áititheoir le haon duine eile;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

tá le "fógra meabhrúcháin" an bhrí a shanntar dó in *alt 149(1)*;

folaíonn "áit shonraithe" árasán, árasán saoire nó aon seomra aonair a shonrófar le hordú faoi *fho-alt (2)*;

ciallaíonn "ceadúnas teilifíse" ceadúnas arna dheonú faoi *alt 143*;

ciallaíonn "gléas teilifíse" aon ghaireas leictreonach a fhéadfaidh seirbhísí craolacháin teilifíse a ghlacadh agus a thaispeáint a chraoltar lena nglacadh go coitianta (cibé acu atá nó nach bhfuil a úsáid chun na críche sin ag brath ar aon ní eile a úsáid ina theannta) agus aon bhogearraí nó aon chóimeáil arb é atá inti gaireas den sórt sin agus gaireas eile;

ciallaíonn "feithicil" feithicil seachas feithicil inneallghluaiste (de réir bhrí alt 3 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961) ar féidir cónaí inti agus ar carbhán nó teaghais shoghluaiste í.

(2) Féadfaidh an tAire le hordú a shonrú go bhfolaíonn áit shonraithe seomraí aonair nó líon áirithe seomraí aonair laistigh d'áitreabh a úsáidtear chun críocha tráchtála, teaghais-óstán, óstán, áit a úsáidtear de ghnáth i gcomhair siamsaíochta poiblí laistigh, áitreabh ceadúnaithe (de réir bhrí alt 2 den Acht Deochanna Meisciúla 2003), club cláraithe (de réir bhrí na bhfocal "registered club" in alt 13 den *Registration of Clubs (Ireland) Act* 1904) nó áit oibre.

Rialacháin agus orduithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais — *Cuid 9.*

141.—(1) Leagfar gach rialachán agus ordú a dhéanfar faoin gCuid seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(2) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh rialachán nó ordú faoina bhráid de réir *fho-alt (1)*, rún a rith ag neamhniú an rialacháin nó an ordaithe, de réir mar a bheidh.

(3) Tagann neamhniú rialacháin nó ordaithe faoi *fho-alt (2)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin rialachán nó faoin ordú roimh an rún a rith.

Srianta ar ghléas teilifíse a shealbhú.

142.—(1) Faoi réir na n-eisceachtaí a luaitear i *bhfo-alt (3)*, ní choimeádfaidh duine gléas teilifíse ná ní bheidh gléas teilifíse ina sheilbh aige nó ina seilbh aici in aon áit i gcríoch an Stáit ach amháin a mhéid a údaraítear le ceadúnas teilifíse a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire é a choimeád nó a shealbhú.

(2) Ní dhéanfaidh duine a mbeidh gléas teilifíse ina sheilbh aige nó ina seilbh aici faoi cheadúnas teilifíse gléas teilifíse den sórt sin a choimeád seachas de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha ar faoina réir a bheidh an ceadúnas sin deonaithe go sainráite nó a mheasfar é a bheith deonaithe de bhua na Coda seo.

(3) Níl feidhm ag an alt seo maidir le gléas teilifíse ar d'aicme nó de thuairisc é a ndearbhaítear de thuras na huaire le hordú ón Aire gur aicme nó tuairisc gléis teilifíse í nach mbeidh feidhm ag an alt seo maidir léi.

Ceadúnais teilifíse a dheonú.

143.—(1) Féadfaidh an tAire, faoi réir na Coda seo agus ar an táille fhorordaithe (más ann) a bheith íoctha, ceadúnas ("ceadúnas teilifíse") a dheonú d'aon duine chun gléas teilifíse a choimeád agus a bheith ina sheilbh aige nó ina seilbh aici in áitreabh nó in áit shonraithe i gcríoch an Stáit.

(2) Beidh gach ceadúnas teilifíse i cibé foirm, leanfaidh sé i bhfeidhm go ceann cibé tréimhse, agus beidh sé faoi réir cibé coinníollacha agus srianta (lena n-áirítear coinníollacha maidir le fionraí agus cúlghairm) a fhorordófar i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 144*.

(3) Ar an Acht seo a rith níl feidhm ag alt 5 d'Acht 1926 maidir le gléasanna teilifíse.

(4) Gach ceadúnas chun gléas teilifíse (de réir bhrí alt 1 d'Acht 1972) a choinneáil agus a shealbhú a deonaíodh faoi alt 5 d'Acht 1926 agus atá i bhfeidhm ar an Acht seo a rith leanfaidh siad i bhfeidhm ar feadh a mbeidh fágtha dá dtréimhse bhailíochta agus measfar gur faoin alt seo a deonaíodh iad agus tá feidhm ag an gCuid seo dá réir sin maidir le gach ceadúnas den sórt sin.

Rialacháin maidir le ceadúnais teilifíse.

144.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéantar, i ndáil le gach ceadúnas teilifíse nó le haon aicme nó aicmí áirithe ceadúnas teilifíse i leith áitreabh nó áiteanna sonraithe i gcoitinne nó i leith aicmí éagsúla den chéanna, na nithe seo a leanas go léir nó aon cheann díobh a fhorordú, is é sin le rá:

(*a*) an fhoirm ina mbeidh ceadúnas,

(*b*) an tréimhse a leanfaidh ceadúnas i bhfeidhm lena linn,

(*c*) an tslí ina ndéanfar, na téarmaí ar a ndéanfar, agus an tréimhse nó na tréimhsí dá ndéanfar ceadúnas a athnuachan,

(*d*) na himthosca ina ndéanfar nó na téarmaí faoina ndéanfar an ceadúnas a dheonú,

(*e*) na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag sealbhóir ceadúnais agus ar faoina réir a mheasfar an ceadúnas a bheith deonaithe,

(*f*) na himthosca agus an tslí ina bhféadfaidh an tAire ceadúnas a leasú, a fhionraí nó a chúlghairm,

(*g*) na táillí a bheidh le híoc ar cheadúnas a dheonú nó a athnuachan, lena n-áirítear aon lascaine ar tháillí, agus an tráth a bheidh, agus an tslí ina mbeidh, na táillí sin le híoc, agus

(*h*) nithe nach dtugtar teideal don sealbhóir ceadúnais, nó nach n-údaraítear dó nó di, le ceadúnas iad a dhéanamh.

(2) I gcás ina ndéantar rialacháin faoin alt seo lena bhforordaítear táillí a bheidh le híoc ar cheadúnas teilifíse a dheonú, féadfar táillí éagsúla a fhorordú i leith ceadúnas arna ndeonú i ndáil le haicmí éagsúla áitreabh nó áiteanna sonraithe agus i leith an lín gléasanna teilifíse a choimeádtar san áitreabh nó san áit shonraithe lena mbaineann an ceadúnas teilifíse.

(3) Ní dhéanfar rialachán ar bith faoin alt seo i ndáil le táillí gan toiliú roimh ré ón Aire Airgeadais.

(4) Ar an Acht seo a rith níl feidhm ag alt 6 d'Acht 1926 i ndáil le ceadúnais teilifíse agus aon rialacháin arna ndéanamh faoin alt sin roimh an Acht seo a rith a bheidh i bhfeidhm ar an Acht seo a rith i ndáil le ceadúnais teilifíse, leanann siad i bhfeidhm amhail is dá mba rud é go ndearnadh iad faoin alt seo.

Gníomhaire d'eisiúint ceadúnais teilifíse.

145.—(1) San alt seo ciallaíonn "gníomhaire eisiúna" an Post nó duine eile a ainmneoidh an tAire faoi *fho-alt (3)*.

(2) Faoi réir *fho-alt (12)*, féadfaidh gníomhaire eisiúna, ar an táille chuí ceadúnais a bheith íoctha, ceadúnas teilifíse a eisiúint thar ceann an Aire de réir na Coda seo.

(3) Féadfaidh an tAire, le hordú, duine seachas an Post a ainmniú chun bheith ina ghníomhaire eisiúna nó ina gníomhaire eisiúna chun críocha an ailt seo seachas *fo-alt (2)*.

(4) Féadfaidh gníomhaire eisiúna—

(*a*) táillí a bhailiú i leith ceadúnas teilifíse, agus

(*b*) daoine a chéannú a bhfuil gléasanna teilifíse acu nach bhfuil údaraithe le ceadúnas atá i bhfeidhm de thuras na huaire,

ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire.

(5) Féadfaidh gníomhaire eisiúna imeachtaí achoimre a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh i leith ciona faoi *alt 147(3)* nó *148*.

(6) Déanfaidh gníomhaire eisiúna cibé sonraí agus faisnéis a choimeád agus a thabhairt, agus sin i cibé formáid (lena n-áirítear formáidí leictreonacha), a theastóidh ón Aire i ndáil le feidhmiú cumhachtaí a thugtar don ghníomhaire eisiúna faoin gCuid seo.

(7) Déanfaidh gníomhaire eisiúna cibé méideanna a íoc leis an Aire a eascróidh i ndáil leis an ngníomhaire eisiúna do bhailiú táillí a bheidh dlite i leith ceadúnais teilifíse a eisiúint.

(8) Íocfaidh gníomhaire eisiúna go pras leis an Aire na méideanna arna mbailiú ag an ngníomhaire eisiúna i leith ceadúnais teilifíse a eisiúint.

(9) Íocfaidh an tAire suim chuí le gníomhaire eisiúna i leith obair a bheidh déanta ag an ngníomhaire eisiúna i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don ghníomhaire eisiúna faoin gCuid seo.

(10) Cinnfidh an tAire an tsuim chuí is iníoctha ag an Aire le gníomhaire eisiúna agus an tslí agus na heatraimh a mbeidh sí le híoc dá réir, tar éis dul i gcomhairle leis an ngníomhaire eisiúna.

(11) Féadfaidh gníomhaire eisiúna, le toiliú an Aire, foghníomhaire a cheapadh chun aon ghníomhartha a dhéanamh agus aon chumhachtaí a fheidhmiú (seachas *fo-alt (5)*) a údaraítear don ghníomhaire eisiúna a dhéanamh nó a fheidhmiú leis an gCuid seo.

(12) Féadfaidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ceadúnas teilifíse a eisiúint thar ceann an Aire chuig duine atá, de réir na scéime a riarann an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ar a dtugtar Ceadúnas Teilifíse in Aisce nó de réir aon scéime lena leasaítear nó lena n-ionadaítear an scéim sin, i dteideal ceadúnas teilifíse a fháil faoin scéim sin.

(13) Féadfaidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le toiliú an Aire, gníomhaire a cheapadh chun ceadúnas teilifíse a eisiúint chun críocha *fho-alt (12)*.

(14) Aon ní a bheith tosaithe ag an Aire, nó faoi údarás an Aire, roimh an Acht seo a rith, féadfaidh gníomhaire eisiúna, a mhéid a bhaineann sé leis na feidhmeanna faoin alt seo, é a sheoladh nó a chríochnú ar an tosach sin nó dá éis.

Iarraidh ceadúnas teilifíse a thaispeáint.

146.—(1) Féadfaidh gníomhaire eisiúna daoine a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh don ghníomhaire eisiúna chun críocha na Coda seo.

(2) Déanfaidh an gníomhaire eisiúna deimhniú a cheaptha nó a ceaptha a thabhairt, tráth a cheaptha nó a ceaptha, do dhuine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* agus le linn don duine sin cumhacht a thugtar le *fo-alt (3)* a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí, má iarrann aon duine a ndéanann an feidhmiú sin difear dó nó di é, an deimhniú sin a thabhairt ar aird don duine sin lena iniúchadh.

(3) Féadfaidh oifigeach do ghníomhaire eisiúna dul isteach in aon áitreabh nó in aon áit shonraithe aon tráth réasúnach chun a fhionnadh an bhfuil gléas teilifíse ann agus an bhfuil ceadúnas teilifíse i bhfeidhm de thuras na huaire i leith an áitribh nó na háite sonraithe á údarú gléas teilifíse a choimeád san áitreabh nó san áit shonraithe.

(4) Féadfaidh oifigeach do ghníomhaire eisiúna iarraidh ar aon duine a bheidh san áitreabh nó san áit ina bhfaighidh sé nó sí gléas teilifíse nó fianaise ar ghléas teilifíse an ceadúnas teilifíse a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire i leith an áitribh nó na háite sonraithe a thabhairt ar aird lena iniúchadh ag an oifigeach.

Dearbhú reachtúil.

147.—(1) Féadfaidh oifigeach do ghníomhaire eisiúna, más cuí leis nó léi agus aon uair is cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, a chur faoi deara fógra speisialta i scríbhinn (a mbeidh foirm dhearbhaithe ina theannta nó curtha i gceangal leis) a thabhairt go pearsanta d'aon duine, nó a sheirbheáil leis an bpost cláraithe ar aon duine, á cheangal ar an duine sin, laistigh de 28 lá tar éis an fógra a sheirbheáil air nó uirthi—

(*a*) cibé ní amháin nó níos mó de na nithe a luaitear thíos agus a shonrófar san fhógra, a lua ar an bhfoirm dhearbhaithe,

(*b*) an dearbhú a shíniú agus a chomhlánú thairis sin, agus

(*c*) é a thabhairt d'oifigeach sonraithe don ghníomhaire eisiúna, nó é a chur chuige nó chuici leis an bpost.

(2) Is iad na nithe a bhféadfar a cheangal ar dhuine faoin alt seo iad a lua i ndearbhú—

(*a*) cibé acu a choimeádann nó nach gcoimeádann sé nó sí gléas teilifíse nó atá nó nach bhfuil gléas teilifíse ina sheilbh aige nó ina seilbh aici,

(*b*) má choimeádann sé nó sí gléas teilifíse, nó má tá gléas teilifíse ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, an t-áitreabh nó an áit shonraithe ina gcoimeádann sé nó sí an céanna nó ina bhfuil sé aige nó aici,

(*c*) cibé acu atá nó nach bhfuil ceadúnas teilifíse aige nó aici atá i bhfeidhm an tráth sin,

(*d*) má tá ceadúnas den sórt sin aige nó aici, uimhir, dáta nó faisnéis aitheantais eile i leith an cheadúnais sin, agus

(*e*) aon ní eile a bhaineann le gléas teilifíse nó aon ghaireas a úsáidtear ina theannta a shealbhú.

(3) Gach duine ar a seirbheálfar fógra go cuí faoin alt seo déanfaidh sé nó sí, laistigh den tréimhse ama a luaitear, an fhoirm dhearbhaithe a bheidh ag gabháil leis an bhfógra nó i gceangal leis a chomhlánú go cuí agus mar is ceart de réir an fhógra agus de réir an ailt seo agus an dearbhú sin a thabhairt don oifigeach nó a chur chuig an oifigeach a bheidh ainmnithe chuige sin san fhógra. Má dhéanann an duine aon ráiteas sa dearbhú is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach déanann sé nó sí cion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €1,000 a chur air nó uirthi.

(4) I gcás go mainneoidh nó go bhfailleoidh duine, laistigh de 28 lá tar éis an fhoirm a sheirbheáil, an fhoirm dhearbhaithe a bheidh ag gabháil le fógra a tugadh dó nó di nó a cuireadh chuige nó chuici, nó a bheidh i gceangal leis, a chomhlánú go cuí, toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, go gcoimeádann sé nó sí gléas teilifíse nó go bhfuil gléas teilifíse ina sheilbh aige nó ina seilbh aici san áitreabh nó san áit shonraithe lena mbaineann an fógra agus nach bhfuil ceadúnas teilifíse i bhfeidhm i ndáil leis an áitreabh nó leis an áit shonraithe á údarú gléas teilifíse a choimeád nó a bheith ina sheilbh nó ina seilbh ag duine san áitreabh nó san áit shonraithe.

(5) Ar an Acht seo a rith, níl feidhm ag alt 7 d'Acht 1926 maidir le gléasanna teilifíse.

Cionta i dtaobh gan ceadúnas teilifíse a bheith ag duine.

148.—Aon duine a choimeádann gléas teilifíse nó a bhfuil gléas teilifíse ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó a úsáideann gléas teilifíse de shárú ar *alt 142*, déanann sé nó sí cion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair—

(*a*) i gcás an chéad chiona den sórt sin, fíneáil nach mó ná €1,000, a chur air nó uirthi, agus

(*b*) i gcás an dara cion nó cion dá éis den sórt sin, fíneáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.

Fógra meabhrúcháin agus fógra i dtaobh íocaíochta seasta.

149.—(1) Féadfaidh oifigeach don ghníomhaire eisiúna, más cuí leis nó léi agus aon uair is cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, fógra i scríbhinn ("fógra meabhrúcháin"), ina gcuirfear ceanglais *alt 142* in iúl, a chur leis an bpost chuig aon duine, nó a sheachadadh go pearsanta ar aon duine, a gcreideann sé nó sí go bhfuil gléas teilifíse á choimeád aige nó aici nó ina sheilbh aige nó ina seilbh aici in áitreabh nó in áit shonraithe seachas de réir ceadúnais teilifíse.

(2) I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag oifigeach do ghníomhaire eisiúna chun a chreidiúint go bhfuil cion faoi *alt 148* á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt (4)*, fógra ("fógra i dtaobh íocaíochta seasta") a sheirbheáil ar an duine go pearsanta nó leis an bpost san fhoirm fhorordaithe, ina luafar—

(*a*) go líomhnaítear go ndearna an duine an cion, agus

(*b*) go bhféadfaidh an duine, le linn na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra, íocaíocht den mhéid cuí a shonrófar san fhógra a dhéanamh leis an ngníomhaire eisiúna ag an seoladh a shonrófar san fhógra, agus an fógra agus fianaise go bhfuarthas ceadúnas teilifíse i leith áitribh nó áite sonraithe lena mbaineann an fógra a bheith ag gabháil leis an íocaíocht, agus

(*c*) nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe i rith na tréimhse a shonrófar san fhógra, agus—

(i) má dhéantar an íocaíocht a shonrófar san fhógra i rith na tréimhse sin, agus

(ii) má thugtar fianaise go bhfuarthas ceadúnas teilifíse bailí i leith áitribh shonraithe nó i leith áite sonraithe lena mbaineann an fógra,

nach dtionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(3) I gcás go dtabharfar fógra faoi *fho-alt (2)*—

(*a*) féadfaidh an duine a bhfuil feidhm ag an bhfógra maidir leis nó léi, i rith na tréimhse a shonrófar san fhógra, an íocaíocht a shonrófar san fhógra a dhéanamh leis an ngníomhaire eisiúna ag an seoladh a shonrófar san fhógra agus an fógra agus fianaise go bhfuarthas ceadúnas teilifíse i leith áitribh nó áite sonraithe lena mbaineann an fógra ag gabháil leis an íocaíocht,

(*b*) féadfaidh an gníomhaire eisiúna a shonrófar san fhógra an íocaíocht a ghlacadh, admháil a eisiúint uirthi agus an t-airgead a íocadh a choinneáil, agus ní bheidh aon íocaíocht a ghlacfar inghnóthaithe ag an duine a rinne í, agus

(*c*) ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe i rith na tréimhse a shonrófar san fhógra, agus—

(i) má dhéantar an íocaíocht a shonrófar san fhógra i rith na tréimhse sin, agus

(ii) má thugtar fianaise go bhfuarthas ceadúnas teilifíse bailí i leith áitribh shonraithe nó i leith áite sonraithe lena mbaineann an fógra,

ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(4) Ní sheirbheálfar fógra i dtaobh íocaíochta seasta ar an duine mura mbeidh 2 fhógra meabhrúcháin ar a laghad eisithe chuig an duine agus—

(*a*) go dtí go mbeidh tréimhse 28 lá caite ón tráth a eisíodh an chéad fhógra meabhrúcháin, agus

(*b*) tar éis na tréimhse sin, go dtí go mbeidh tréimhse 28 lá caite ón tráth a eisíodh an dara fógra meabhrúcháin.

(5) Aon íocaíocht a dhéanfar leis an ngníomhaire eisiúna faoi *mhír (a) d'fho-alt (3)*, déanfar í a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste i cibé modh a ordóidh an tAire Airgeadais.

(6) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi *alt 148* is ar an gcosantóir atá an dualgas a chruthú go ndearnadh íocaíocht de bhun fógra faoin alt seo.

(7) San alt seo, ciallaíonn "an méid cuí"—

(*a*) méid arb éard é an tríú cuid de mhéid na táille ceadúnais teilifíse arna chothromú síos go dtí an chéad slánmhéid euro, nó

(*b*) i gcás inar mó an méid sin ná an tríú cuid de mhéid uasta na fíneála a dhlífear a chur ar an duine ar é nó í a chiontú go hachomair faoi *alt 148*, is éard é an méid sin méid nach mó ná an tríú cuid de mhéid na fíneála sin mar a bheidh forordaithe agus féadfar méideanna éagsúla a fhorordú i leith aicmí éagsúla ceadúnas teilifíse.

Fógra meabhrúcháin - dáta éifeachtach ceadúnais teilifíse agus táillí ceadúnais a ghnóthú.

150.—(1) I gcás ina mbeidh an chéad fhógra meabhrúcháin faighte ag duine agus—

(*a*) gur shealbhaigh an duine ceadúnas teilifíse, laistigh den tréimhse 12 mhí roimh an bhfógra meabhrúcháin, i leith gléas teilifíse a choimeád nó a shealbhú san áitreabh nó san áit lena mbaineann an fógra, beidh éifeacht le haon athnuachan ar an gceadúnas ó thráth éagtha an cheadúnais roimhe sin, mura féidir leis an duine a dheimhniú don ghníomhaire eisiúna nár shealbhaigh sé nó sí gléas teilifíse san áitreabh nó san áit le linn an trátha ábhartha tar éis dul in éag don cheadúnas roimhe sin, nó

(*b*) nár shealbhaigh an duine ceadúnas den sórt sin, aon cheadúnas teilifíse a gheobhaidh an duine chun gléas teilifíse a choimeád nó a shealbhú san áitreabh nó san áit, beidh éifeacht leis ó dháta an fhógra nó ó cibé dáta is déanaí ná sin a chinnfidh an gníomhaire eisiúna.

(2) I gcás ina ndéanfaidh duine, tar éis an chéad fhógra meabhrúcháin a fháil, ceadúnas teilifíse a fháil tar éis an fhógra, nach bhfuil i gcomhréir le *fomhír (1)*, chun gléas teilifíse a choimeád agus a shealbhú san áitreabh nó san áit a bheidh sonraithe san fhógra, measfar éifeacht a bheith leis an gceadúnas ó dháta éagtha an cheadúnais roimhe sin nó ó dháta an chéad fhógra nó ó cibé dáta is déanaí ná sin a chinnfidh an gníomhaire eisiúna, de réir mar a bheidh. Féadfaidh an gníomhaire eisiúna aon cheadúnas a gheofar amhlaidh a athrú dá réir.

(3) Féadfaidh gníomhaire eisiúna aon táille a bheidh le híoc ag duine i leith ceadúnais teilifíse nach mbeidh faighte ag an duine chun gléas teilifíse a choimeád nó a shealbhú in áitreabh sonraithe nó in áit shonraithe aon tráth ábhartha, a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Cionta a ionchúiseamh.

151.—(1) Féadfaidh an tAire nó an gníomhaire eisiúna lena mbaineann imeachtaí achoimre i leith ciona faoin gCuid seo a thionscnamh.

(2) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi *alt 148* ina suífear go raibh gléas teilifíse in áitreabh áirithe nó in áit shonraithe áirithe lá áirithe, toimhdeofar, go dtí go suífidh an cosantóir a mhalairt, go raibh an gléas teilifíse, an lá sin, i seilbh an duine arbh é nó í áititheoir an áitribh nó na háite sonraithe an tráth sin.

(3) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi *alt 148* inar dealraitheach gur choimeád duine gléas teilifíse nó go raibh gléas teilifíse ina sheilbh aige nó ina seilbh aici an tráth lena mbaineann an t-ionchúiseamh, toimhdeofar, go dtí go suífidh an cosantóir a mhalairt, nach raibh, an tráth sin, ceadúnas teilifíse ar seilbh aige nó

aici a raibh éifeacht leis an tráth sin agus lenar ceadúnaíodh dó nó di an gléas teilifíse lena mbaineann an t-ionchúiseamh a choimeád nó a bheith ina sheilbh aige nó ina seilbh aici.

(4) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi *alt 148* ina suífear gur seoladh fógra faoi *alt 147* leis an bpost cláraithe, toimhdeofar, go dtí go suífidh an cosantóir a mhalairt, nár chomhlíon an duine ar seoladh an fógra chuige nó chuici amhlaidh ceanglais an ailt sin.

(5) San alt seo ciallaíonn "áititheoir", i ndáil le háitreabh, duine atá, mar úinéir, tionónta nó eile, ag áitiú an áitribh cibé acu ina aonar nó ina haonar, i gcomhpháirt nó go leithleach.

(6) Más rud é, maidir le cion faoin gCuid seo a bheidh déanta ag comhlacht corpraithe, go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, stiúrthóra, bainisteora, rúnaí nó oifigigh eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó aon duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, déanann sé nó sí, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, an cion sin agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne dá réir sin.

Leasuithe ilghnéitheacha.

152.—(1) Leasaítear alt 9 d'Acht 1988 i bhfo-alt (5) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "gléas teilifíse":

> "tá le 'gléas teilifíse' an bhrí a shanntar dó le *halt 140* den *Acht Craolacháin 2009*.".

(2) Leasaítear alt 2(1) den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "gléas teilifíse":

> "tá le "gléas teilifíse" an bhrí a shanntar dó le *halt 140* den *Acht Craolacháin 2009;*".

CUID 10

An Ciste Craolacháin

Mínithe (*Cuid 10*).

153.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn "soláthraí líonra chuí" comhlacht dá dtagraítear in *alt 77(1)*;

ciallaíonn "seirbhís teilifíse in aisce" seirbhís craolacháin teilifíse nach ngearrann an duine a sholáthraíonn an tseirbhís aon mhuirear as an gcéanna a ghlacadh, agus a bhfuil glacadh uirthi ar fáil do 90 faoin gcéad ar a laghad de dhaonra an Stáit;

ciallaíonn "bunábhar clár" bunábhar closamhairc nó clos-bhunábhar, lena n-áirítear bunábhar fógraíochta agus bunábhar den tsamhail sin, a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó ar taifeadadh é lena chraoladh, agus folaíonn sé íomhánna socra agus grianghraif arna dtáirgeadh as bunábhar den sórt sin nó i gcomhthéacs an bunábhar sin a thaifeadadh;

ciallaíonn "scéim" scéim arna hullmhú faoi *alt 154*.

An scéim um maoiniú craolacháin.

154.—(1) Déanfaidh an t-Údarás scéim nó roinnt scéimeanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú nó lena gceadú

aige nó aici, is scéim nó scéimeanna chun cistí a dheonú d'fhonn tacú leis na nithe seo a leanas go léir nó le haon ní acu—

(*a*) cláir nua teilifíse nó craolacháin fuaime, lena n-áirítear príomhscannáin, saothair bheochana agus drámaíocht faoi chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann, lena n-áirítear—

(i) an stair (lena n-áirítear an stair a bhaineann le limistéir nó grúpaí áirithe nó le gnéithe áirithe taithí, gníomhaíochta nó tionchair),

(ii) foirgnimh stairiúla,

(iii) an timpeallacht nádúrtha,

(iv) an daon-oidhreacht, oidhreacht na tuaithe agus an oidhreacht dhúchasach,

(v) na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha,

(vi) an Ghaeilge, agus

(vii) taithí na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta,

(*b*) cláir nua teilifíse nó craolacháin fuaime chun litearthacht aosach nó litearthacht ó thaobh na meán a fheabhsú,

(*c*) cláir nua teilifíse nó craolacháin fuaime a chothaíonn eolas agus tuiscint an phobail ar shaincheisteanna domhanda a imríonn tionchar ar an Stát agus ar thíortha seachas an Stát,

(*d*) cláir Ghaeilge faoi *mhíreanna (a), (b)* agus *(c)*,

(*e*) cartlannú bunábhar clár a tháirgtear sa Stát a fhorbairt, agus

(*f*) cibé bearta coimhdeacha is gá chun tacú le scéimeanna arna n-ullmhú faoi *mhíreanna (a), (b), (c)* nó *(d)*.

(2) Maidir le scéim—

(*a*) ní fhéadfar ach cláir theilifíse a mhaoiniú faoi *fho-alt (1)* léi, ar cláir iad a chraoltar—

(i) ar sheirbhís teilifíse in aisce a sholáthraíonn tuairisciú gar-uilechoiteann sa Stát, nó

(ii) ar sholáthraí líonra chuí nó ar chóras MMD mar chuid de chonradh soláthair lánais pobail faoi *alt 72*,

agus, seachas i gcás clár do leanaí nó clár oideachais nó clár Gaeilge arna gcraoladh ag craoltóirí tráchtála agus pobail, a chraoltar le linn buaic-amanna féachana,

(*b*) ní fhéadfar ach cláir craolacháin fuaime faoi *fho-alt (1)* a mhaoiniú léi, ar cláir iad a iompraítear ar sheirbhísí craolacháin fuaime faoi chonradh arna dhéanamh ag an Údarás nó arna n-oibriú ag RTÉ agus, seachas i gcás clár do leanaí nó clár oideachais nó clár Gaeilge arna

gcraoladh ag craoltóirí tráchtála agus pobail, a chraoltar le linn buaic-amanna féachana,

(*c*) féadfar maoiniú a chur ar fáil léi do thionscadail a bhaineann le nithe amhail taighde, measúnachtaí riachtanas, anailísí, staidéir féidearthachta agus treoirthionscadail i ndáil le *fo-alt (1)(e)*, lena n-áirítear cibé tionscadail a ghabhfaidh an tAire de láimh nó a ghabhfar de láimh thar a cheann nó thar a ceann, agus

(*d*) ní fhéadfar maoiniú a chur ar fáil léi do chláir a tháirgtear go príomha le haghaidh nuachta nó cúrsaí reatha.

(3) Féadfar a fhoráil le scéim—

(*a*) go ndéanfaidh daoine iarratais ar mhaoiniú faoi scéim,

(*b*) maidir le téarmaí agus coinníollacha ginearálta maoinithe, nó

(*c*) go mbeidh maoiniú i mbliain áirithe dírithe—

(i) ar aicmí áirithe clár teilifíse nó craolacháin fuaime dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* lena n-áirítear cláir de chineál sonraithe nó i dtaobh ábhair shonraithe nó cláir a chraoltar trí mheán áirithe (lena n-áirítear meáin de chineál áitiúil nó réigiúnach amhail teilifís nó raidió pobail), ach gan a bheith teoranta do chláir den sórt sin, nó

(ii) aicmí áirithe tionscadal dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(e)*.

(4) Féadfaidh an tÚdarás cibé téarmaí nó coinníollacha áirithe is dóigh leis is cuí sna himthosca a chur ag gabháil le haon mhaoiniú áirithe faoi scéim.

(5) Féadfaidh an tÚdarás, le linn dó scéim a ullmhú, aird a bheith aige ar riachtanais forbartha craoltóirí pobail.

(6) Beidh aird ag an Údarás, le linn dó scéim a ullmhú, ar an tuiscint agus an taitneamh a bhainfidh daoine, atá bodhar nó a bhfuil allaíre orthu, as cláir theilifíse.

(7) Féadfaidh an tAire a ordú don Údarás—

(*a*) scéim a bhaineann le haon ní i *bhfo-alt (1)* a ullmhú agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid, nó

(*b*) scéim a leasú nó a chúlghairm.

Déanfaidh an tÚdarás de réir an ordacháin.

(8) Cuirfidh an tÚdarás aon leasú nó cúlghairm ar scéim faoi bhráid an Aire lena cheadú nó lena ceadú ag an Aire.

(9) Má cheadaíonn an tAire scéim déanfaidh an tÚdarás—

(*a*) í a fhoilsiú (lena n-áirítear í a fhoilsiú ar mhodh leictreonach is féidir a léamh i bhfoirm inléite), agus

(*b*) í a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(10) (*a*) Déanfaidh an tAire scéim a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh scéim faoina bhráid de réir *mhír (a)*, rún a rith ag neamhniú na scéime.

(*c*) Tiocfaidh neamhniú scéime faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoi scéim roimh an rún a rith.

(11) Ar an Acht seo a rith, aon scéim a bheidh déanta ag CCÉ agus ceadaithe ag an Aire faoi alt 2 den Acht Craolacháin (Maoiniú) 2003 agus a bheidh i bhfeidhm ar an Acht seo a rith, leanann sí ar aghaidh agus meastar go ndearnadh í agus gur ceadaíodh í faoin alt seo.

Cuspóirí scéime.

155.—(1) Is iad seo a leanas cuspóirí scéime i ndáil le cláir dá dtagraítear in *alt 154(1)(a)*—

(*a*) cláir ardchaighdeáin a fhorbairt a bheidh bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann,

(*b*) na cláir sin a fhorbairt as Gaeilge,

(*c*) cur leis an bhfáil atá ag luchtanna féachana agus éisteachta sa Stát ar chláir dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b)*,

(*d*) éagsúlacht chultúr agus oidhreacht na hÉireann a léiriú,

(*e*) taifeadadh a dhéanamh ar oidhreacht bhéil na hÉireann agus ar ghnéithe d'oidhreacht na hÉireann atá ag dul i léig, atá i mbaol nó nach ndearnadh taifeadadh orthu roimhe seo, agus

(*f*) craolachán áitiúil agus pobail a fhorbairt.

(2) Is é cuspóir scéime i ndáil le cartlannú bunábhair clár a tháirgtear sa Stát a fhorbairt is scéim dá dtagraítear in *alt 154(1)(e)*, cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le bunábhar clár a chartlannú lena n-áirítear próisis agus formáidí stórála oiriúnacha a fhorbairt agus páirtithe leasmhara d'fháil rochtain ar bhunábhar agus oibleagáidí an Údaráis mar atá leagtha amach i *bhfo-ailt (6)*, *(7)*, *(8)* agus *(9) d'alt 69* a urramú.

(3) Le linn scéim a ullmhú agus iarratais ar mhaoiniú a bhreithniú beidh aird ag an Údarás ar chuspóirí scéime.

Méideanna a bheidh le híoc ag an Aire le scéim.

156.—(1) San alt seo ciallaíonn "glanfháltais" i ndáil le táillí ceadúnais teilifíse a fháil, na fáltais iomlána lúide aon chaiteachais i leith na bhfáltas sin a ndeimhníonn an tAire gur thabhaigh sé nó sí iad sa bhliain sin i ndáil leis na táillí a bhailiú.

(2) Féadfaidh an tAire, le ceadú an Aire Airgeadais, méid a íoc leis an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun críocha deontas faoi scéim agus chun aon riarachán a dhéanamh ar scéim nó chun críocha caiteachas réasúnach a bhaineann le scéim, i leith gach bliana airgeadais, ar méid é is comhionann le 7 faoin gcéad de ghlanfháltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnais teilifíse.

(3) Féadfaidh an tAire ó am go ham, le ceadú an Aire Airgeadais, cibé méid a íoc leis an Údarás, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, a chinnfidh sé nó sí a bheith réasúnach chun críocha deontas faoi scéim agus chun aon riarachán a dhéanamh ar scéim nó chun críocha caiteachas réasúnach a bhaineann le scéim.

Ciste craolacháin.

157.—(1) Déanfaidh an tÚdarás ciste a bhunú agus a chothabháil ar an lá bunaithe ar a dtabharfar an Ciste Craolacháin agus dá ngairtear an "Ciste" sa Chuid seo.

(2) Déanfaidh an tÚdarás an Ciste a bhainistiú agus a rialú agus is éard a bheidh ann cuntas reatha ("cuntas reatha") agus cuntas infheistíochta ("cuntas infheistíochta").

(3) Íocfar isteach sa chuntas reatha an t-airgead go léir a íocfar leis an Údarás faoi *alt 156(2)* agus *(3)* agus íocfar amach as an gcuntas reatha an t-airgead go léir i leith caiteachais ag an Údarás chun críocha deontas faoi scéim a bheidh ceadaithe go cuí faoi *alt 154* agus chun aon riarachán a dhéanamh uirthi nó chun críocha caiteachas réasúnach a bhaineann léi.

(4) Déanfar airgead a bheidh chun sochair an chuntais reatha, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dliteanas reatha, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

(5) Aon uair nach leor an t-airgead i gcuntas reatha an Chiste faoi chomhair dhliteanais reatha an chuntais sin, íocfar isteach sa chuntas sin, as cuntas infheistíochta an Chiste, cibé méid airgid is gá faoi chomhair na ndliteanas sin.

(6) Déanfar airgead atá i gcuntas infheistíochta an Chiste, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dhliteanais reatha agus dhliteanais ionchasacha an chuntais sin, a infheistiú agus déanfar na hinfheistíochtaí a réadú nó a athrú ó am go ham de réir riachtanas na hócáide agus déanfar na fáltais ó aon réadú den sórt sin, agus aon ioncam a gheofar i leith airgid a infheisteofar faoin bhfo-alt seo, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste nó a infheistiú faoin bhfo-alt seo.

(7) Déanfar costais riaracháin an Chiste arna dtabhú ag an Údarás a íoc as acmhainní an Chiste.

(8) Coimeádfaidh an tÚdarás gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a íocfar isteach sa Chiste agus ar gach eisíocaíocht as an gCiste lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus clár comhardaithe.

(9) A luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid an Údaráis, cuirfidh an tÚdarás cuntais an Chiste faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip d'achomaireacht ar na cuntais arna n-iniúchadh amhlaidh maille le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(10) A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí, tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid an Údaráis, déanfaidh an tÚdarás tuarascáil a thabhairt don Aire, i cibé slí a ordóidh an tAire, maidir le hoibriú an Chiste aige le linn na bliana airgeadais sin agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Athbhreithnithe ar scéim.

158.—(1) Déanfaidh an tÚdarás oibriú, éifeachtacht agus tionchar scéime a athbhreithniú tráth nach déanaí ná 3 bliana ón Acht seo a rith, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, nó cibé tráth eile a iarrfaidh an tAire, agus tabharfaidh sé tuarascáil i scríbhinn don Aire ar an athbhreithniú.

(2) Déanfaidh an tAire cóip de thuarascáil faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis an tuarascáil a thabhairt dó nó di.

(3) Déanfaidh an tAire tuarascáil a thabharfar dó nó di faoi *fho-alt (1)* a fhoilsiú (lena n-áirítear í a fhoilsiú trí mheán leictreonach is féidir a léamh i bhfoirm inléite).

Scéim a fhoirceannadh agus a dhíscaoileadh.

159.—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a ordú don Údarás, i gcás nach mbeidh ann ach scéim amháin, an scéim nó, i gcás ina mbeidh níos mó ná scéim amháin ann, na scéimeanna go léir agus an Ciste a bhunófar faoi *alt 157* a fhoirceannadh agus aon airgead a bheidh fágtha i leith an Chiste a íoc leis an Aire. Déanfaidh an tAire aon airgead den sórt sin arna íoc leis nó léi a íoc le RTÉ.

(2) I gcás ina n-ordóidh an tAire go ndéanfar an scéim nó na scéimeanna go léir, de réir mar a bheidh, agus an Ciste a fhoirceannadh de réir *fho-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí, ar é nó í a bheith deimhin de go ndearnadh an scéim nó na scéimeanna agus an Ciste a fhoirceannadh de réir an fho-ailt sin, an scéim nó na scéimeanna agus an Ciste a dhíscaoileadh le hordú (dá ngairtear "ordú díscaoilte" san alt seo).

(3) Ar thosach feidhme ordaithe díscaoilte ní fhéadfar aon scéim eile a dhéanamh faoi *alt 154*.

(4) (*a*) Leagfar ordú díscaoilte faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh ordú díscaoilte faoina bhráid de réir *mhír (a)*, rún a rith ag neamhniú an ordaithe.

(*c*) Tagann neamhniú ordaithe díscaoilte faoi *mhír (b)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin ordú roimh an rún a rith.

CUID 11

Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí

Mínithe (*Cuid 11*).

160.—(1) Sa Chuid seo—

tá le "craoltóir" an bhrí a shanntar dó sa Treoir ón gComhairle;

ciallaíonn "ainmnithe" ainmnithe le hordú ainmniúcháin;

ciallaíonn "ordú ainmniúcháin" ordú faoi *alt 162*;

ciallaíonn "ócáid" ócáid is díol suime don phobal i gcoitinne san Aontas Eorpach, i mBallstát nó sa Stát nó i gcuid shuntasach den Stát agus atá á heagrú ag eagraí ócáide atá i dteideal de réir dlí cearta

craolacháin na hócáide a dhíol agus folaíonn sé an ócáid go léir nó, i gcás gur tharla cuid di cheana féin, a bhfuil fágtha di;

ciallaíonn "eagraí ócáide" an duine atá i dteideal de réir dlí cearta craolacháin na hócáide a dhíol;

ciallaíonn "seirbhís teilifíse in aisce" seirbhís craolacháin teilifíse nach ngearrann an duine atá ag soláthar na seirbhíse aon mhuirear aon tráth as an gcéanna a ghlacadh agus atá ar fáil ar bhonn saorchraolta;

ciallaíonn "tuairisciú gar-uilechoiteann"—

(*a*) seirbhís teilifíse in aisce, a bhfuil glacadh uirthi ar fáil do 95 faoin gcéad ar a laghad de dhaonra an Stáit, nó

(*b*) más rud é aon tráth go bhfuil níos lú ná trí chraoltóir in ann an tuairisciú a cheanglaítear faoi *mhír (a)* a sholáthar, seirbhís teilifíse in aisce, a bhfuil glacadh uirthi ar fáil do 90 faoin gcéad ar a laghad de dhaonra an Stáit;

ciallaíonn "craoltóir cáilitheach" craoltóir a meastar faoi *fho-alt (2)* gur craoltóir cáilitheach é nó í;

ciallaíonn "cearta" i ndáil le hócáid ainmnithe a chraoladh, na cearta eisiacha nó neamheisiacha chun an ócáid a chraoladh;

tá le "craolachán teilifíse" an bhrí a shanntar sa Treoir ón gComhairle.

(2) Aon chraoltóir a sholáthraíonn tuairisciú gar-uilechoiteann ar ócáid ainmnithe, meastar gur craoltóir cáilitheach é.

(3) Chun críche *fho-alt (2)*, maidir le dhá chraoltóir nó níos mó a dhéanfaidh conradh nó socrú chun tuairisciú gar-uilechoiteann ar ócáid ainmnithe a sholáthar i gcomhpháirt, measfar gur craoltóir aonair iad i leith na hócáide sin.

(4) Féadfaidh craoltóir a iarraidh ar an Aire aon díospóid a réiteach maidir le méid na seirbhíse teilifíse in aisce atá á soláthar ag craoltóir sa Stát chun críche *fho-alt (2)* agus maidir leis an míniú ar "tuairisciú gar-uilechoiteann" i *bhfo-alt (1)*.

(5) Féadfaidh an tAire dul i gcomhairle le haon saineolaithe teicniúla nó daoine nó comhlachtaí eile is cuí leis nó léi sula réiteoidh sé nó sí díospóid faoi *fho-alt (4)*.

Feidhm.

161.—Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le hócáid ainmnithe a ainmnítear, roimh an 22 Aibreán 2003 nó dá éis, cibé acu atá nó nach bhfuil aon chomhaontú nó socrú déanta idir an t-eagraí ócáide agus craoltóir i leith an craoltóir d'fháil ceart chun na hócáide, agus i gcás ina ndearnadh comhaontú nó socrú den sórt sin roimh an 22 Aibreán 2003, i leith na gceart sin, cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh é tar éis an Treoir ón gComhairle maidir le hócáid a tharlaíonn tar éis an 13 Samhain 1999 (arb é an dáta é ar tugadh éifeacht d'Airteagal 3j den Treoir ón gComhairle leis an gCuid seo) a fhoilsiú.

Mórócáidí a ainmniú.

162.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú—

(*a*) ócáidí a ainmniú mar ócáidí a bhfuil tábhacht mhór leo don tsochaí agus ar chóir, ar mhaithe le leas an phobail,

an ceart a thabhairt do chraoltóir cáilitheach tuairisciú orthu a sholáthar ar sheirbhísí teilifíse in aisce, agus

(*b*) a chinneadh ar chóir tuairisciú ócáide arna hainmniú faoi *mhír (a)* a bheith ar fáil ar sheirbhísí teilifíse in aisce—

(i) ar bhonn beo, ar bhonn iarchurtha nó ar bhonn beo agus iarchurtha araon, agus

(ii) go hiomlán, go páirteach nó go hiomlán agus go páirteach araon.

(2) Le linn don Aire ainmniú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)(a)* beidh aird aige nó aici ar na himthosca go léir agus go háirithe ar gach ceann de na critéir seo a leanas:

(*a*) a mhéid atá ciallachas ginearálta speisialta ag gabháil leis an ócáid do mhuintir na hÉireann, agus

(*b*) a mhéid atá tábhacht chultúrtha ar leith, a aithnítear go ginearálta, ag gabháil leis an ócáid do mhuintir na hÉireann.

(3) D'fhonn a chinneadh cé mhéid atá na critéir i *bhfo-alt (2)* comhlíonta, féadfaidh an tAire na tosca seo a leanas a chur i gcuntas:

(*a*) an bhfuil foireann náisiúnta nó neamhnáisiúnta, nó Éireannaigh, páirteach san ócáid;

(*b*) cleachtas nó taithí san am a caitheadh maidir le tuairisciú teilifíse na hócáide nó ócáidí dá samhail.

(4) Déanfaidh an tAire na nithe seo a leanas a bhreithniú le linn dó nó di an cinneadh faoi *fho-alt (1)(b)* a dhéanamh:

(*a*) an cineál ócáide atá ann,

(*b*) an t-am laistigh den Stát atá an ócáid ar siúl, agus

(*c*) dálaí praiticiúla craolacháin.

(5) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta roimh ordú faoin alt seo a dhéanamh, a chúlghairm nó a leasú.

(6) I gcás ina mbeartaítear ordú faoin alt seo a dhéanamh, a chúlghairm nó a leasú, leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(7) Ar an Acht seo a rith, aon ordú a rinneadh faoi alt 2 den Acht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí) 1999 agus a bheidh i bhfeidhm ar an Acht seo a rith leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige agus measfar gur faoin alt seo a rinneadh é.

Comhchomhairle.

163.—(1) Roimh ordú ainmniúcháin a dhéanamh, déanfaidh an tAire—

(*a*) iarrachtaí réasúnacha chun dul i gcomhairle le heagraithe na hócáide agus le craoltóirí atá faoi dhlínse an Stáit chun críche na Treorach ón gComhairle,

(*b*) fógra faoin ócáid a bheartaíonn an tAire a ainmniú faoin alt sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aige nó aici agus, más cuí, i nuachtán a scaiptear sa Stát, agus

(*c*) tráchtaí a iarraidh ar dhaoine den phobal maidir leis an ainmniú beartaithe.

(2) Ní choiscfear ordú ainmniúcháin a dhéanamh más rud é nach féidir a shuíomh cé hé nó cé hí eagraí na hócáide nó go mainníonn an t-eagraí nó craoltóir atá faoi dhlínse an Stáit iarrachtaí an Aire dul i gcomhairle leis nó léi a fhreagairt.

Dualgais chraoltóirí maidir le mórócáidí ainmnithe.

164.—(1) I gcás ina bhfaighidh craoltóir atá faoi dhlínse an Stáit, nach craoltóir cáilitheach é nó í, cearta eisiacha chun ócáid ainmnithe a chraoladh, ní chraolfaidh an craoltóir sin an ócáid mura mbeidh an ócáid curtha ar fáil do chraoltóir cáilitheach, de réir an ordaithe ainmniúcháin lena mbaineann, ar í a iarraidh agus ar an gcraoltóir cáilitheach d'íoc rátaí margaidh réasúnacha.

(2) I gcás ina bhfaighidh craoltóir cáilitheach an ceart chun ócáid ainmnithe a chraoladh (faoin alt seo nó go díreach) craolfaidh an craoltóir cáilitheach an ócáid ar sheirbhís teilifíse in aisce a sholáthraíonn tuairisciú gar-uilechoiteann de réir an ordaithe ainmniúcháin lena mbaineann.

(3) San alt seo, ciallaíonn "ócáid ainmnithe" ócáid a bheidh ainmnithe in ordú ainmniúcháin.

Dualgais chraoltóirí maidir le hócáidí Ballstát.

165.—I gcás ócáid a bheith ainmnithe ag Ballstát eile mar ócáid a bhfuil tábhacht mhór léi don tsochaí sa Bhallstát sin agus ina mbeidh na bearta a bheidh déanta ag an mBallstát sin de réir Airteagal 3j.2 den Treoir ón gComhairle curtha in iúl ag an gCoimisiún Eorpach, ní dhéanfaidh aon chraoltóir atá faoi dhlínse an Stáit agus a fhaigheann cearta eisiacha chun na hócáide ainmnithe na cearta eisiacha a fheidhmiú ar shlí go gcuirfear ó chumas cuid shubstainteach den phobal sa Bhallstát sin na hócáidí a leanúint de réir na mbeart a bheidh déanta.

Leigheasanna sibhialta.

166.—(1) I gcás ina líomhnóidh craoltóir (an "craoltóir éagóraithe") go bhfuil aon ghníomhaíocht nó iompraíocht a thoirmisctear le *halt 164* nó *165* á seoladh, seolta nó ar tí a seolta ag craoltóir amháin eile nó níos mó (an "craoltóir eile"), beidh an craoltóir éagóraithe i dteideal iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar na leigheasanna seo a leanas in aghaidh an chraoltóra eile:

(*a*) ordú a shrianfaidh an craoltóir eile ar an ngníomhaíocht nó ar an iompraíocht a thoirmisctear le *halt 164* nó *165* a sheoladh, nó ar fhéachaint lena seoladh;

(*b*) dearbhú go bhfuil an conradh faoina bhfuair an craoltóir eile cearta eisiacha chun na hócáide ainmnithe ar neamhní;

(*c*) damáistí ón gcraoltóir eile;

(*d*) ordachán go dtairgfear an ceart chun tuairisciú teilifíse ar an ócáid a sholáthar don chraoltóir éagóraithe ar rátaí margaidh réasúnacha.

(2) Is trí fhoriarratas a dhéanfar iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus féadfaidh an Chúirt, nuair a bheidh an ní á bhreithniú aici, cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach a dhéanamh is dóigh léi is cuí.

Rátaí margaidh réasúnacha.

167.—(1) Chun críche *alt 164(1)*, más rud é nach bhfuil craoltóirí in ann a chomhaontú cad is rátaí margaidh réasúnacha ann maidir le tuairisciú teilifíse ócáide, féadfaidh ceachtar de na craoltóirí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair ar ordú ag cinneadh rátaí margaidh réasúnacha d'ócáid.

(2) Féadfar cibé forálacha iarmhartacha nó forlíontacha is dóigh leis an Ard-Chúirt is cuí a bheith in ordú faoi *fho-alt (1)*.

Féadfaidh craoltóir cáilitheach iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun cearta a fháil ó eagraí ócáide chun tuairisciú ar an ócáid ainmnithe a sholáthar ar sheirbhísí teilifíse in aisce sa Stát, etc.

168.—(1) I gcás ina ndearnadh ócáid a ainmniú, agus más rud é laistigh de 56 lá, nó cibé tréimhse is lú nó is mó ná sin a ordóidh an tAire, sula mbeidh an ócáid nó cuid di ar siúl, nach mbeidh comhaontú ná socrú déanta ag an eagraí ócáide le craoltóir cáilitheach chun a chumasú dó tuairisciú ar an ócáid nó ar chuid di a sholáthar ar sheirbhísí teilifíse in aisce sa Stát de réir mar a chinnfear faoi *alt 162(1)(b)* san ordú ainmniúcháin a d'ainmnigh an ócáid—

(*a*) faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh craoltóir cáilitheach iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair ar ordú a dhéanamh á ordú don eagraí ócáide cearta a thabhairt don chraoltóir cáilitheach chun cibé tuairisciú a sholáthar, agus ar cibé téarmaí, a shocróidh an Ard-Chúirt lena n-áirítear rátaí margaidh réasúnacha a shocrú, i leith na cearta sin a fháil, nó

(*b*) nach mbeidh, laistigh den tréimhse sin, iarratas déanta amhlaidh ag craoltóir cáilitheach, féadfaidh an t-eagraí ócáide iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair chun a iarraidh ar an Ard-Chúirt a iarraidh ar chraoltóirí cáilitheacha iarratas den sórt sin a dhéanamh.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (1)*, ó chraoltóir cáilitheach, a ordú don eagraí ócáide, ar cibé téarmaí is cóir agus is cuí leis an gCúirt, cearta chun tuairisciú na hócáide ainmnithe nó cuid di a sholáthar ar sheirbhísí teilifíse in aisce a thabhairt don chraoltóir cáilitheach de réir mar a chinnfear faoi *alt 162(1)(b)* san ordú ainmniúcháin a d'ainmnigh an ócáid, d'ainneoin nár shocraigh sí go fóill na téarmaí go léir le haghaidh na cearta chun tuairisciú a sholáthar faoi *fho-alt (1)* a fháil, lena n-áirítear rátaí margaidh réasúnacha a shocrú.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i gcás ina gcinneann eagraí ócáide, sula ndéantar iarratas faoi *fho-alt (1)*, gan tuairisciú a cheadú ar ócáid ná ar chuid di, arna chinneadh faoi *alt 162(1)(b)* san ordú ainmniúcháin lena n-ainmnítear an ócáid, ar aon seirbhís teilifíse a sholáthraíonn craoltóir. I gcás cinneadh a bheith déanta amhlaidh ag eagraí ócáide, ní mór don eagraí ócáide é sin a chur in iúl, a luaithe is féidir, don Aire.

(4) Féadfaidh an Ard-Chúirt nuair a bheidh téarmaí á socrú aici faoi *fho-alt (1)*, le linn rátaí margaidh réasúnacha a ríomh, a bheidh le híoc ag an gcraoltóir cáilitheach ar na cearta a fháil faoin bhfo-alt sin, ríomh na rátaí a tharchur chuig eadránaí arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Ard-Chúirt. Tabharfaidh an t-eadránaí tuarascáil don

Chúirt agus do na páirtithe, trí dhámhachtain a eisiúint, ina leagfar amach an méid a chinneann sé nó sí is rátaí réasúnacha margaidh.

(5) Déanfar eadráin faoi *fho-alt (4)* a sheoladh de réir cibé nósanna imeachta a chinnfidh an Chúirt a tharchuirfidh ríomh na rátaí chuig an eadránaí. Féadfaidh an Chúirt, le linn na nósanna imeachta sin a chinneadh, cibé ordacháin a thabhairt is dóigh léi is cóir agus is cuí chun an eadráin a phróiseáil, lena n-áirítear an tréimhse a shocrú ar laistigh di a bheidh dámhachtain an eadránaí le heisiúint.

(6) Más rud é, in iarratas faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) go mbeidh rátaí margaidh réasúnacha socraithe ag an Ard-Chúirt, nó go mbeidh dámhachtain eisithe ag eadránaí faoi *fho-alt (4)*, agus sula mbeidh ordú críochnaitheach déanta ag an Ard-Chúirt i leith an iarratais, nó

(*b*) sna himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, go léireoidh an Ard-Chúirt go socróidh sí na rátaí margaidh réasúnacha maidir le tuairisciú na hócáide tar éis don ócáid a bheith ar siúl, agus sula mbeidh an ócáid ar siúl,

féadfaidh an craoltóir cáilitheach an t-iarratas a tharraingt siar. Féadfaidh an Ard-Chúirt sna himthosca sin, ag féachaint don mhéid a bhí ar intinn ag an gcraoltóir a rinne an t-iarratas, cibé costais a dhámhachtain do cibé páirtí nó páirtithe san iarratas is dóigh léi is cuí.

(7) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar fhoriarratas dá cuid féin nó ar iarratas chuici ó eadránaí arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *fho-alt (4)*, cibé ordacháin a thabhairt ó am go ham i dtaca leis an eadráin is dóigh léi is cóir agus is cuí.

(8) I gcás ina ndéanfaidh níos mó ná craoltóir cáilitheach amháin iarratas faoi *fho-alt (1)* ar chearta chun tuairisciú ócáide ainmnithe nó cuid di a sholáthar agus ina mbeidh na téarmaí ar a bhféadfaidh craoltóir cáilitheach na cearta a fháil socraithe ag an Ard-Chúirt faoin alt seo, féadfaidh an t-eagraí ócáide an craoltóir cáilitheach dá dtabharfaidh sé na cearta a roghnú.

(9) I gcás ina mbeidh conradh láithreach ann i leith ócáide nó cuid di idir an t-eagraí ócáide agus craoltóir eile, nach craoltóir cáilitheach, cinnfidh an Ard-Chúirt, in iarratas chuici faoi *fho-alt (1)*, cé acu lenar cheart, agus cé na cionúireachtaí inar cheart, airgead a íoc i leith na rátaí margaidh réasúnacha a bheidh socraithe faoin alt seo i leith cearta chun na hócáide nó cuid di a fháil.

(10) D'fhonn a cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú féadfaidh an Ard-Chúirt, má mheasann sí gur gá é, comhaontú nó socrú láithreach, i leith ceart chun ócáide ainmnithe nó cuid di, idir an t-eagraí ócáide agus craoltóir nach craoltóir cáilitheach a choigeartú.

(11) Gan dochar *d'fho-alt (2)*, féadfaidh an Ard-Chúirt, nuair a bheidh aon ní faoin alt seo á bhreithniú aici, cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach a dhéanamh is dóigh léi is cuí.

Eadráin i leith rátaí margaidh réasúnacha i gcás go mbeidh eagraí ócáide toilteanach cearta craolacháin chun ócáide ainmnithe a dhíol le craoltóir cáilitheach.

169.—(1) I gcás go mbeidh eagraí ócáide toilteanach cearta a dhíol a chumasóidh do chraoltóir cáilitheach tuairisciú ócáide ainmnithe nó cuid di a sholáthar ar sheirbhísí teilifíse in aisce sa Stát, de réir mar a chinnfear faoi *alt 162(1)(b)* san ordú ainmniúcháin lenar ainmníodh an ócáid, ach nach mbeidh an méid comhaontaithe idir an craoltóir cáilitheach agus an t-eagraí ócáide a bheidh le híoc i leith na cearta a fháil, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas den alt seo.

(2) Féadfaidh an craoltóir cáilitheach nó an t-eagraí ócáide a iarraidh ar an bpáirtí eile comhaontú le headránaí a cheapadh chun rátaí margaidh réasúnacha a shocrú chun na cearta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fháil. Mura mbeidh comhaontú déanta ar eadránaí a cheapadh idir na páirtithe, féadfaidh an tAire eadránaí is dóigh leis nó léi a bheith cáilithe go hoiriúnach chuige seo a cheapadh laistigh de 21 lá tar éis do cheachtar páirtí fógra a thabhairt dó nó di nach bhfuil comhaontú den sórt sin déanta.

(3) Déanfaidh eadránaí a cheapfar faoi *fho-alt (2)* a dhámhachtain nó a dámhachtain a eisiúint i scríbhinn ar dámhachtain shealadach í faoi réir *fho-alt (4)*. Tabharfaidh an t-eadránaí fógra i dtaobh na dámhachtana do na páirtithe lena mbaineann.

(4) Maidir le haon dámhachtain arna heisiúint faoi *fho-alt (3)*, ní bheidh sí ina ceangal ar an gcraoltóir cáilitheach lena mbaineann mura rud é, laistigh den tréimhse 21 lá ón dáta a eiseofar dámhachtain an eadránaí faoi *fho-alt (3)*, gur thug an craoltóir cáilitheach fógra don eagraí ócáide lena mbaineann gur ghlac an craoltóir cáilitheach leis an dámhachtain.

Critéir chun rátaí margaidh réasúnacha a chinneadh.

170.—Le linn a chinneadh cad is rátaí margaidh réasúnacha nó téarmaí réasúnacha ann chun críocha an Achta seo, beidh aird, *inter alia,* ag an Ard-Chúirt nó ag eadránaí ar na nithe seo a leanas—

(*a*) táillí roimhe sin (más ann) le haghaidh na hócáide nó ócáidí dá samhail,

(*b*) an t-am den lá le haghaidh tuairisciú beo na hócáide,

(*c*) an tréimhse dá dtairgtear cearta,

(*d*) an t-ioncam ionchasach a ghabhann le tuairisciú beo nó iarchurtha na hócáide,

(*e*) críocha Airteagal 3j den Treoir ón gComhairle agus na cearta a thugtar do Bhallstáit na gComhphobal Eorpach chun feidhmiú ceart craolacháin a rialáil, agus

(*f*) cibé nithe eile is dealraitheach a bheith iomchuí.

Oibleagáid cóip de chomhaontú nó de shocrú maidir le cearta craolacháin a thabhairt don Aire.

171.—(1) Féadfaidh an tAire, i gcás go measann sé nó sí gurb é leas an phobail é, a ordú d'eagraí ócáide a rinne comhaontú nó socrú le craoltóir i leith ceart craolacháin ócáide ainmnithe cóip den chomhaontú nó den socrú a thabhairt don Aire, ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordachán.

(2) I gcás nach mbeidh comhaontú nó socrú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i scríbhinn, ní mór don eagraí ócáide, ar ordachán a fháil ón Aire, fógra faoin gcomhaontú nó faoin socrú a thabhairt don Aire agus a théarmaí agus a choinníollacha go léir a leagan amach.

Ordacháin agus fógra a sheirbheáil.

172.—(1) I gcás go gceanglaítear faoin gCuid seo ordachán nó fógra a thabhairt do dhuine, is i scríbhinn a bheidh sé agus déanfar é a dhíriú chuig an duine agus a thabhairt don duine ar cheann amháin de na slite seo a leanas—

(*a*) trína sheachadadh ar an duine,

(*b*) trína fhágáil ag an seoladh ag a seolann an duine gnó de ghnáth,

(*c*) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an duine ag an seoladh ag a seolann an duine gnó de ghnáth,

(*d*) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil ordachán nó fógraí tugtha ag an duine, trína fhágáil ag an seoladh sin nó trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an duine ag an seoladh sin,

(*e*) in aon chás inar dóigh leis an duine a mbeidh an t-ordachán nó an fógra á thabhairt aige nó aici gur gá é a thabhairt láithreach, trína chur, trí phost leictreonach nó trí inneall macasamhla, chuig feiste nó saoráid chun post leictreonach nó macasamhla a ghlacadh atá suite ag an seoladh ag a seolann an duine gnó de ghnáth nó, más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil ordachán nó fógraí tugtha ag an duine, chuig an seoladh sin, ach sin sa chás amháin—

(i) go ndéanann—

(I) saoráid an tseoltóra chun post leictreonach a ghlacadh teachtaireacht a ghiniúint á dhaingniú go bhfuarthas an post leictreonach, nó

(II) inneall macasamhla an tseoltóra teachtaireacht a ghiniúint á dhaingniú go ndearnadh líon iomlán leathanach an ordacháin nó an fhógra a tharchur go rathúil,

agus

(ii) go dtugtar freisin an t-ordachán nó an fógra ar cheann amháin de na slite eile atá luaite in aon cheann de na míreanna sin roimhe seo.

(2) Chun críocha an ailt seo—

(*a*) meastar go seolann cuideachta atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí gnó ag a hoifig chláraithe agus meastar go seolann gach comhlacht corpraithe agus comhlacht neamhchorpraithe eile gnó ag a phríomhoifig nó a phríomháit ghnó, agus

(*b*) meastar go seolann an tAire gnó ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Athbhreithniú ar ócáidí ainmnithe.

173.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an tAire athbhreithniú, ó am go ham, ar ócáidí ainmnithe agus ar ainmniú ócáidí faoi *alt 162*.

(2) Déanfar athbhreithniú faoi *fho-alt (1)* tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis an athbhreithnithe roimhe sin faoi alt 9 den Acht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí) (Leasú) 2003 agus gach 3 bliana dá éis sin.

CUID 12

Forálacha Idirthréimhseacha

CCÉ a dhíscaoileadh agus cosaint.

174.—(1) Díscaoiltear CCÉ ar an lá bunaithe.

(2) D'ainneoin aisghairm an Achta Raidió agus Teilifíse 1988, Acht 2001, an Achta Craolacháin (Maoiniú) 2003, an Achta Craolacháin (Leasú) 2007 nó aon achtacháin eile faoi *alt 3*, leanann CCÉ ar marthain go dtí go ndíscaoilfear é ar an lá bunaithe agus féadfaidh sé gníomhú faoi réir agus de réir na n-achtachán sin agus a fheidhmeanna faoi na hachtacháin sin a chomhlíonadh agus dá réir sin leanann na hachtacháin sin d'fheidhm a bheith acu maidir le CCÉ go dtí go ndíscaoilfear é.

(3) D'ainneoin aon cheann de choinníollacha a gceaptha, tá deireadh le téarma comhalta de CCÉ ar an lá bunaithe.

CGC a dhíscaoileadh agus cosaint.

175.—(1) Díscaoiltear CGC ar an lá bunaithe.

(2) D'ainneoin aisghairm Acht 2001 faoi *alt 3*, leanann CGC ar marthain go dtí go ndíscaoilfear é ar an lá bunaithe agus féadfaidh sé gníomhú faoi réir agus de réir an Achta sin agus a fheidhmeanna faoin Acht sin a chomhlíonadh agus dá réir sin leanann an tAcht sin d'fheidhm a bheith aige maidir le CGC go dtí go ndíscaoilfear é.

(3) D'ainneoin aon cheann de choinníollacha a gceaptha, beidh deireadh le téarma comhalta de CGC ar an lá bunaithe.

Forálacha idirthréimhseacha — CCÉ.

176.—(1) An talamh go léir a bhí dílsithe, díreach roimh an lá bunaithe, do CCÉ agus na cearta, na cumhachtaí agus na pribhléidí go léir a bhaineann nó a ghabhann leis an talamh sin, beidh siad, ar an lá sin, arna ndílsiú don Údarás, gan aon tíolacadh nó sannadh, go feadh an eastáit nó an leasa uile ar a raibh sé dílsithe do CCÉ díreach roimh an lá sin, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don talamh agus atá ar marthain agus inchomhlíonta.

(2) Ar an lá bunaithe, an mhaoin go léir seachas talamh, lena n-áirítear ábhair i gcaingean, a bhí, díreach roimh an lá sin, ina maoin de chuid CCÉ, beidh sí arna dílsiú don Údarás gan aon sannadh.

(3) Gach ábhar i gcaingean a aistrítear le *fo-alt (2)* chuig an Údarás féadfaidh an tÚdarás, tar éis an lae bunaithe, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm féin agus ní gá dó ná do CCÉ fógra faoin aistriú a dhéantar leis an bhfo-alt sin a thabhairt don duine atá faoi cheangal ag an ábhar i gcaingean.

(4) Na cearta agus na dliteanais go léir de chuid CCÉ a eascraíonn de bhua aon chonartha nó gealltanais (sainráite nó intuigthe) a rinne sé roimh an lá bunaithe, déanfar, ar an lá sin, iad a aistriú chuig an Údarás.

(5) Gach ceart agus dliteanas a aistreofar le *fo-alt (4)* chuig an Údarás féadfaidh an tÚdarás agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm féin, nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina aghaidh ina ainm féin, agus ní gá dó ná do CCÉ fógra faoin aistriú sin a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an bhfo-alt sin.

(6) Aon imeachtaí dlí a bheidh ar feitheamh díreach roimh an lá bunaithe ar páirtí iontu CCÉ, leanfar díobh ach an tÚdarás a chur in ionad CCÉ sna himeachtaí.

(7) Aon cheadúnais arna ndeonú ag an Rialálaí Cumarsáide do CCÉ, faoi achtachán a aisghairtear le *halt 3*, agus a bhí ar marthain ar an Acht seo a rith, leanann siad i bhfeidhm.

(8) Aon chonarthaí a rinne CCÉ faoi achtachán a aisghairtear le *halt 3* agus a bhí ar marthain ar an Acht seo a rith, leanann siad i bhfeidhm.

(9) Aon ní a bhí tosaithe ag CCÉ ach nach bhfuil tugtha chun críche aige roimh an lá bunaithe, féadfaidh an tÚdarás nó coiste reachtúil é a sheoladh nó a thabhairt chun críche ar an lá sin nó dá éis.

(10) Déanfar tagairtí do CCÉ in aon reacht nó in aon ionstraim arna déanamh faoi aon reacht a léamh ar an lá bunaithe mar thagairtí don Údarás.

Forálacha idirthréimhseacha — CGC.

177.—(1) Beidh cearta, dliteanais agus sócmhainní go léir CGC díreach roimh an lá bunaithe arna n-aistriú chuig an Údarás.

(2) Aon imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus ar páirtí iontu CGC díreach roimh an lá bunaithe, leanfar díobh in ainm an Údaráis.

(3) Aon imscrúduithe atá á ndéanamh ag CGC díreach roimh an lá bunaithe, leanfar díobh in ainm an Choiste um Chomhlíonadh.

(4) Aon ní a bhí tosaithe ag CGC ach nach mbeidh tugtha chun críche aige roimh an lá bunaithe, féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh é a sheoladh nó a thabhairt chun críche ar an lá sin nó dá éis.

Cuntais chríochnaitheacha CCÉ.

178.—(1) Déanfaidh an tÚdarás cuntais chríochnaitheacha CCÉ a tharraingt suas a luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe i cibé foirm a cheadóidh an tAire, agus i leith cibé tréimhse nó tréimhsí a shonróidh an tAire.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is féidir, cuntais a ullmhófar faoin alt seo a chur faoi bhráid iniúchóra lena n-iniúchadh agus, go díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip den chuntas ioncaim agus caiteachais agus den chlár comhardaithe agus de cibé cuntais eile (más ann) de na cuntais a ordóidh an tAire agus cóip de thuarascáil an iniúchóra ar na cuntais a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Toilithe Aire a tugadh i leith craoltóirí seirbhíse poiblí do leanúint i bhfeidhm.

179.—(1) Aon toilithe a dheonaigh an tAire do Radió Telefís Éireann nó do TG4 faoi achtachán a aisghairtear le *halt 3* agus a bheidh i bhfeidhm ar an Acht seo a rith leanfaidh siad i bhfeidhm.

(2) Aon cheadúnais a dheonaigh an Rialálaí Cumarsáide do Radió Telefís Éireann nó do TG4 faoi achtachán a aisghairtear le *halt 3* agus a bheidh i bhfeidhm ar an Acht seo a rith leanfaidh siad i bhfeidhm.

(3) Aon duine a cheap an Rialtas mar chomhalta de Radió Telefís Éireann nó de TG4 faoi achtachán a aisghairtear le *halt 3* agus is comhalta den sórt sin ar an Acht seo a rith leanfaidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin de bhord na corparáide.

CUID 13

Raidió-Theileagrafaíocht

Comhlua — Na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta.

180.—(1) Féadfar na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 2009 a ghairm de na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 1988 agus *d'ailt 181(1)* go *(7)* agus *(9)* agus *d'alt 182* le chéile.

(2) Féadfar na hAchtanna Craolacháin (Cionta) 1968 go 2009 a ghairm de na hAchtanna Craolacháin (Cionta) 1968 agus 1988, d'ailt 9 go 16 den Acht Craolacháin 1990 agus *d'alt 181(8)*, *(10)* agus *(11)* le chéile.

Leasú ar na hAchtanna Craolacháin agus Raidió-Theileagrafaíochta (fíneálacha a mhéadú, etc.)

181.—(1) Leasaítear alt 2 d'Acht 1926—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "an t-údarás iomchuí" (a cuireadh isteach le Cuid 1 de Sceideal 1 d'Acht 2007):

"ach amháin mar a fhoráiltear le halt 9, ciallaíonn 'údarás iomchuí'—

(*a*) i ndáil le gaireas raidió-theileagrafaíochta i longa agus i soithí a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil ar bord na long agus na soithí agus lena n-oibriú (lena n-áirítear na deimhnithe inniúlachta chun gaireas i gcomhair raidió-theileagrafaíochta a oibriú ar longa agus ar shoithí), an tAire Iompair, agus

(*b*) i ndáil le haon ní eile, an Coimisiún;",

(*b*) tríd an míniú ar "abhar foirleatha" a scriosadh, agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "stáisiún comharthaíochta":

"tá le 'gléas teilifíse' an bhrí a shanntar dó le *halt 140* den *Acht Craolacháin 2009*.".

(2) Leasaítear alt 3 d'Acht 1926 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 12(1)*(a)* d'Acht 1988):

"(3) Aon duine a choimeádfaidh, a mbeidh ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, a shuiteálfaidh, a chothabhálfaidh, a oibreoidh

nó a úsáidfidh, aon ghaireas (seachas gléas teilifíse) de shárú ar an alt seo, déanann sé nó sí cion agus dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(*d*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.".

(3) Leasaítear alt 10 d'Acht 1926 i bhfo-alt (8) (a cuireadh isteach le halt 12(1)*(d)*(ii) d'Acht 1988) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (*a*) agus (*b*):

"(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.".

(4) Leasaítear alt 11 d'Acht 1926 i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 12(1)(*f*) d'Acht 1988)—

(*a*) i mír (*a*) trí "€5,000" a chur in ionad "míle punt", agus

(*b*) i mír (*b*), trí "€250,000" a chur in ionad "fiche míle punt".

(5) Leasaítear alt 12 d'Acht 1926 i bhfo-alt (1) (arna leasú le halt 34(*e*) den Acht um Údarás Craolacháin 1960) trí "faoin *Acht Craolacháin 2009*" a chur in ionad "fé Chuid II den Acht so nó faoin Acht um Údarás Craolacháin, 1960".

(6) Leasaítear alt 12 d'Acht 1926 i bhfo-alt (3) (arna leasú le halt 12(1)*(g)* d'Acht 1988) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):

"(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.".

(7) Leasaítear alt 12A d'Acht 1926 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (12) (a cuireadh isteach le halt 12(1)*(h)* d'Acht 1988):

"(12) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.".

(8) Leasaítear alt 7(1) den Acht Craolacháin (Cionta) 1968—

(*a*) i mír *(a),* trí "€5,000" a chur in ionad "£1,000" (a cuireadh isteach le halt 18 d'Acht 1988), agus

(*b*) i mír *(b),* trí "€250,000" a chur in ionad £20,000" (a cuireadh isteach leis an alt sin).

(9) Leasaítear alt 10 d'Acht 1972—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

"(*a*) a mhainneoidh, gan chúis nó leithscéal réasúnach, déanamh de réir ceanglais in ordú faoi alt 5, nó",

(*b*) i bhfo-alt (3) (arna leasú le halt 12(2)*(a)* d'Acht 1988)—

(i) i mír *(a)*, trí "€2,000" a chur in ionad "cúig chéad punt", agus

(ii) i mír *(b)*, trí "€5,000" a chur in ionad "míle punt", agus

(*c*) i bhfo-alt (4)*(a)* (arna chur isteach le halt 12(2)*(b)* d'Acht 1988) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

"(i) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi fho-alt (2) dlífear—

(I) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(II) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.".

(10) Leasaítear Acht 1988—

(*a*) in alt 6, tríd an méid seo a leanas a chur isteach in ionad fho-alt (1):

"(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi alt 3, 4 nó 5 dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.".

(*b*) in alt 8, trí "€5,000" a chur in ionad "£1,000",

(*c*) in alt 9, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt (4):

"(4) Aon duine a sháróidh fo-alt (1), tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.".

(11) Leasaítear alt 11 den Acht Craolacháin 1990 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi alt 9 nó 10 dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.".

182.—Leasaítear Acht 1926 trí na hailt atá leagtha amach i *Sceideal 2* a chur in ionad ailt 5 go 9. Nithe a bhaineann le raidió-theileagrafaíocht.

CUID 14

ILGHNÉITHEACH

183.—Leasaítear alt 2 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000— Leasú ar mhínithe san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000.

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "craoladh":

"ciallaíonn 'craoladh' tarchur fuaimeanna, íomhánna nó sonraí nó aon teaglaim d'fhuaimeanna, d'íomhánna nó de shonraí, nó de na léirithe díobh, trí raidió, lena n-áirítear ar mhodh trastíre nó satailíte, cibé acu ar mhodh digiteach nó analóige, lena nglacadh go díreach ag an bpobal nó lena dtíolacadh do dhaoine den phobal, ach ní fholaíonn sé tarchur trí MMDS nó atarchur digiteach trastíre;",

(*b*) sa mhíniú ar "seirbhís clár cábla" trí " lena n-áirítear MMDS agus atarchur trastíre digiteach" a chur in ionad "lena n-áirítear MMDS",

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "bunachar sonraí":

"ciallaíonn 'atarchur trastíre digiteach' craoladh nó clár cábla a tharchuirtear ar dtús ó Bhallstát eile den LEE a ghlacadh agus atarchur láithreach ar bhonn incriptithe gan athrú trí ilphléacs;",

agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "MMDS":

"tá le 'ilphléacs' an bhrí a shanntar dó le *halt 129* den *Acht Craolacháin 2009*;".

184.—(1) Gan dochar d'fheidhmeanna an Aire faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, tá an chumhacht ag an Aire, agus measfar go raibh an chumhacht aige nó aici riamh, ina aonar nó ina haonar nó i dteannta aon duine eile, líonraí cumarsáide leictreonaí a mhaoiniú, a shuiteáil, a bheith ar úinéireacht aige nó aici agus a oibriú agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar, lena n-áirítear nuair is chun seirbhísí craolacháin a chur ar fáil na líonraí nó na seirbhísí sin. Feidhmeanna an Aire i ndáil le líonraí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

(2) Beidh ag an Aire na cumhachtaí teagmhasacha, forlíontacha, coimhdeacha agus iarmhartacha sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun go bhfeidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí thuas.

(3) Beidh feidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)* faoi réir na gceanglas go léir a fhorchuirtear ar shlí eile le dlí.

(4) Maidir leis na cumhachtaí dá dtagraítear i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)*, is cumhachtaí iad i dteannta, agus ní cumhachtaí iad in ionad,

aon chumhachtaí nó feidhmeanna eile de chuid an Aire faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile.

Leasú ar alt 5 d'Acht 1998 (fógrán, etc., ag an gCoimisiún Reifrinn).

185.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 5 d'Acht 1998:

"5.—(1) Níl feidhm ag *alt 41(3)* den *Acht Craolacháin 2009* maidir le fógráin a chraoltar ar iarraidh ón gCoimisiún i ndáil le ní dá dtagraítear in alt 3 maidir leis an reifreann.

(2) Déanfaidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, má iarrann an Coimisiún air nó uirthi amhlaidh, tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle le RTÉ agus TG4 agus breithniú a dhéanamh ar aon tograí ó RTÉ nó TG4 le haghaidh craoltaí i dtaca leis an reifreann a chuirfidh RTÉ nó TG4 in iúl don Choimisiún, a ordú i scríbhinn do RTÉ agus TG4 am craolacháin a leithroinnt chun a urasú don Choimisiún a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Déanfaidh RTÉ agus TG4 de réir an ordacháin.

(3) Déanfaidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, má iarrann an Coimisiún air nó uirthi amhlaidh tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle le hÚCÉ agus breithniú a dhéanamh ar aon tograí ó ÚCÉ le haghaidh craoltaí i dtaca leis an reifreann ag conraitheoirí craolacháin fuaime, ag conraitheoir seirbhíse clár teilifíse nó ag conraitheoirí soláthair lánais a chuirfidh ÚCÉ in iúl don Choimisiún, a ordú i scríbhinn d'ÚCÉ socrú a dhéanamh maidir le seirbhísí a sholáthar le haghaidh an Choimisiúin agus thar a cheann (fara muirear nó gan mhuirear) lena n-áirítear am craolacháin a leithroinnt chun a urasú don Choimisiún a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Déanfaidh ÚCÉ de réir an ordacháin.

(4) San alt seo—

ciallaíonn 'ÚCÉ' Údarás Craolacháin na hÉireann;

tá le 'RTÉ' agus 'TG4' an bhrí a shanntar dóibh, faoi seach, le *halt 2* den *Acht Craolacháin 2009*.".

SCEIDEAL 1 *Alt 3.*

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

Uimhir agus bliain	Gearrtheideal	Méid na haisghairme
Uimh. 45 de 1926	An tAcht Radio-Thelegrafaíochta 1926	Fo-alt 3A (arna chur isteach le halt 17 d'Uimh. 37 de 1976) agus Cuid II.
Uimh. 4 de 1956	An tAcht Radio-Thelegrafaíochta 1956	An tAcht iomlán
Uimh. 10 de 1960	An tAcht um Údarás Craolacháin 1960	An tAcht iomlán (seachas Cuid II den Tríú Sceideal)
Uimh. 4 de 1964	An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1964	An tAcht iomlán
Uimh. 7 de 1966	An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1966	An tAcht iomlán
Uimh. 2 de 1971	An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1971	An tAcht iomlán
Uimh. 5 de 1972	An tAcht Raidio-Theileagrafaíochta 1972	Ailt 2, 3, 4, 9, 12 agus 14 agus an Sceideal
Uimh. 1 de 1973	An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1973	An tAcht iomlán
Uimh. 33 de 1974	An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1974	An tAcht iomlán
Uimh. 37 de 1976	An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1976	Ailt 2 go 17 agus 21
Uimh. 36 de 1979	An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1979	An tAcht iomlán
Uimh. 24 de 1983	An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983	Ailt 76 go 79
Uimh. 19 de 1988	An tAcht Craolacháin agus Raidió-Theileagrafaíochta 1988	Ailt 2(2), 10, 11 agus 17 go 20
Uimh. 20 de 1988	An tAcht Raidió agus Teilifíse 1988	An tAcht iomlán
Uimh. 24 de 1990	An tAcht Craolacháin 1990	Ailt 5, 6, 7 agus 8
Uimh. 15 de 1993	An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1993	An tAcht iomlán
Uimh. 28 de 1999	An tAcht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí) 1999	An tAcht iomlán
Uimh. 4 de 2001	An tAcht Craolacháin 2001	An tAcht iomlán
Uimh. 13 de 2003	An tAcht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí) (Leasú) 2003	An tAcht iomlán
Uimh. 43 de 2003	An tAcht Craolacháin (Maoiniú) 2003	An tAcht iomlán
Uimh. 14 de 2005	An tAcht um Míchumas 2005	Alt 53
Uimh. 15 de 2007	An tAcht Craolacháin (Leasú) 2007	An tAcht iomlán
Uimh. 22 de 2007	An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007	Mír (b) sa tríú colún ag ítim 4 sa chéad cholún de Chuid 1 de Sceideal 1

Alt 182.

SCEIDEAL 2

Ailt 5 go 9 den Acht Radio-Thelegrafaíochta 1926

Ceadúnais a dheonú.

5.—(1) Féadfaidh an t-údarás iomchuí, faoi réir an Achta seo agus ar an táille fhorordaithe (más ann) a bheith íoctha, ceadúnas a dheonú d'aon duine chun gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta a choimeád agus a bheith ina sheilbh aige nó ina seilbh aici in aon áit shonraithe sa Stát nó chun gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta a choimeád agus a bheith ina sheilbh aige nó ina seilbh aici in aon long shonraithe nó in aon soitheach nó aerárthach sonraithe eile.

(2) Beidh gach ceadúnas a dheonófar faoin alt seo i cibé foirm, leanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh cibé tréimhse, agus beidh sé faoi réir cibé coinníollacha agus srianta (lena n-áirítear coinníollacha maidir le fionraí agus cúlghairm) a fhorordófar ina leith le rialacháin arna ndéanamh ag an údarás iomchuí faoi alt 6.

(3) Féadfaidh an t-údarás iomchuí, i gcás go ndealraíonn sé dó gurb iomchuí é ar mhaithe le húsáid éifeachtúil rianúil na raidió-theileagrafaíochta, teorainn a chur leis an líon ceadúnas le haghaidh aon aicme nó aicmí ar leith gairis le haghaidh raidió-theileagrafaíochta a dheonaítear faoin alt seo.

(4) Níl feidhm ag an alt seo maidir le gléasanna teilifíse.

(5) Chun críocha an Achta seo agus aon rialachán faoi alt 6, meastar feithicil í féin a bheith ina háit ar deighilt agus ar leithligh ón áitreabh ina gcoimeádtar an fheithicil de ghnáth, agus déanfar áit agus áit shonraithe a léamh dá réir sin san Acht seo agus in aon rialacháin den sórt sin.

Rialacháin maidir le ceadúnais.

6.—(1) Féadfaidh an t-údarás iomchuí rialacháin a dhéanamh lena bhforordaítear gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas i ndáil leis na ceadúnais go léir a dheonóidh sé faoi alt 5 nó i ndáil le haon aicme nó aicmí áirithe de na ceadúnais sin, is é sin le rá—

(*a*) foirm na gceadúnas sin,

(*b*) an tréimhse ar lena linn a leanfaidh na ceadúnais sin i bhfeidhm,

(*c*) an modh inar féidir, na téarmaí ar ar féidir, agus an tréimhse nó na tréimhsí ar ina leith is féidir na ceadúnais sin a athnuachan,

(*d*) na himthosca ina ndeonaítear nó na téarmaí faoina ndeonaítear na ceadúnais sin,

(*e*) na himthosca agus an modh ina bhféadfaidh an t-údarás sin na ceadúnais sin a fhionraí nó a chúlghairm,

(*f*) na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag sealbhóirí na gceadúnas sin agus ar faoina réir a meastar na ceadúnais sin a bheith deonaithe,

(*g*) na táillí a bheidh le híoc ar iarratas a dhéanamh ar na ceadúnais sin nó ar aicmí de na ceadúnais sin nó ar iad a dheonú nó a athnuachan, faoi réir cibé eisceachtaí a fhorordóidh an t-údarás iomchuí, agus an tráth a íocfar agus an modh ina n-íocfar na táillí sin,

(*h*) nithe nach dtugtar teideal, nó nach n-údaraítear leis na ceadúnais sin, don sealbhóir iad a dhéanamh.

(2) Féadfar a údarú agus a fhoráil le rialacháin a dhéantar faoin alt seo go ndeonófar ceadúnas faoi alt 5 faoi réir téarmaí, coinníollacha agus srianta speisialta d'aon duine a dheimhníonn don údarás iomchuí gur chun trialacha i raidió-theileagrafaíocht a dhéanamh agus chuige sin amháin a theastaíonn an ceadúnas ón duine.

(3) Más dealraitheach don údarás iomchuí gur fóirsteanach déanamh amhlaidh, féadfaidh sé le hionstraim i scríbhinn a aithint gur ceadúnas bailí ceadúnas arna eisiúint ag tír nó stát eile i leith aicme nó aicmí gairis le haghaidh raidió-theileagrafaíochta faoi réir cibé coinníollacha nó srianta maidir le húsáid an ghairis sin is cuí leis an údarás sin.

(4) (*a*) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae ar leagadh rialachán faoina bhráid de réir mhír (*a*), rún a rith an neamhniú an rialacháin.

(*c*) Tiocfaidh neamhniú rialacháin faoi mhír (*b*) in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin rialachán roimh an rún a rith.

Oibleagáid faisnéis áirithe a thabhairt.

7.—(1) Féadfaidh an t-údarás iomchuí, aon uair a mheasfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh, fógra speisialta a sheirbheáil ar dhuine, agus foirm dhearbhaithe ina theannta nó ar áireamh ann, á cheangal ar an duine—

(*a*) cibé ceann amháin nó níos mó de na nithe a shonraítear i bhfo-alt (2) agus a bheidh sonraithe san fhógra a lua ar an bhfoirm dhearbhaithe,

(*b*) an dearbhú a chomhlánú agus a shíniú, agus

(*c*) an dearbhú comhlánaithe a thabhairt d'oifigeach sonraithe den údarás sin nó a chur chuige nó chuici leis an bpost.

Ceanglaítear an fógra speisialta a bheith i scríbhinn agus a chur leis an bpost cláraithe.

(2) Is iad na nithe a d'fhéadfaí a cheangal ar dhuine faoin alt seo a lua i ndearbhú—

(*a*) cibé acu a choimeádann nó nach gcoimeádann sé nó sí, nó atá nó nach bhfuil ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, aon ghaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta (seachas gléasanna teilifíse),

(*b*) má choimeádann sé nó sí aon ghaireas den sórt sin nó má bhíonn aon ghaireas den sórt sin ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, cineál an ghairis sin, ainm agus seoladh an duine a dhíol an gaireas sin leis nó léi, a lig nó a fhruiligh chuige nó chuici é nó a sholáthair dó nó di ar shlí eile é agus an áit ina gcoimeádann sé nó sí an céanna nó ina a bhfuil an céanna ina sheilbh aige nó ina seilbh aici,

(*c*) cibé acu atá nó nach bhfuil ceadúnas arna dheonú faoi alt 5 agus atá i bhfeidhm an tráth sin aige nó aici,

(*d*) má tá ceadúnas den sórt sin aige nó aici, uimhir, dáta, agus oifig eisiúna an cheadúnais sin,

(*e*) aon ní a theastóidh ón gCoimisiún chun críche ordú faoi alt 5 den Acht Raidio-Theileagrafaíochta 1972, agus

(*f*) aon ní eile a bhaineann leis an raidió-theileagrafaíocht (seachas gléasanna teilifíse).

(3) Déanfaidh gach duine ar a ndéanfar fógra speisialta faoin alt seo a sheirbheáil go cuí, laistigh de 14 lá tar éis na seirbheála, an fhoirm dhearbhaithe don oifigeach a bheidh ainmnithe

chuige sin san fhógra a chomhlánú go cuí ceart de réir an fhógra agus an ailt seo. Má mhainníonn nó má fhaillíonn an duine an fhoirm a chomhlánú amhlaidh agus an dearbhú a thabhairt nó a sheoladh nó má dhéanann sé nó sí sa dearbhú aon ráiteas is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach, déanann sé nó sí cion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €1,000 a chur air nó uirthi.

(4) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi fho-alt (3) ina suífear gur cuireadh fógra sonrach leis an bpost cláraithe, toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt, nach ndearna an duine ar cuireadh an fógra chuige nó chuici ceanglais an fho-ailt sin a chomhlíonadh.

Barántais chuardaigh a eisiúint.

8.—(1) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, ar fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach don údarás iomchuí nó ó chomhalta den Gharda Síochána go bhfuil foras réasúnach lena chreidiúint go bhfuil gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta á choimeád nó á oibriú nó á úsáid in aon áit shonraithe, in aon fheithicil shonraithe nó in aon long shonraithe nó in aon soitheach sonraithe eile de shárú ar na *hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 2009* nó ar aon rialachán arna dhéanamh nó ar aon choinníoll arna fhorchur faoi na hAchtanna sin nó faoi na *hAchtanna Craolacháin (Cionta) 1968 go 2009*, barántas cuardaigh a eisiúint don oifigeach sin nó (le toiliú an údaráis iomchuí) don chomhalta sin den Gharda Síochána (de réir mar a bheidh) a bheidh sainráite agus a oibreoidh chun a údarú don oifigeach don údarás sin nó don chomhalta den Gharda Síochána dá ndeonófar an céanna—

(*a*) dul isteach, laistigh d'aon mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird, má iarrtar é, agus le forneart más gá, san áit, san fheithicil, sa long nó sa soitheach eile a bheidh ainmnithe san fhaisnéis,

(*b*) gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta a chuardach ansin agus gach gaireas den sórt sin nó aon fheithicil den sórt sin a gheofar ann a scrúdú, agus

(*c*) an gaireas sin go léir nó aon chuid de ar dealraitheach don oifigeach sin nó don chomhalta sin go gcoimeádtar, go n-oibrítear nó go n-úsáidtear é nó í de shárú ar na *hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 2009* nó ar aon rialachán arna dhéanamh, nó ar aon choinníoll arna fhorchur, faoi na hAchtanna sin nó faoi na *hAchtanna Craolacháin (Cionta) 1968 go 2009* a urghabháil agus a thabhairt chun siúil.

(2) Oibreoidh barántas cuardaigh a bheidh deonaithe faoin alt seo chun aon duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas, eadhon, aon chomhalta den Gharda Síochána nó oifigeach don údarás iomchuí nó aon duine eile a bheidh údaraithe ag an duine dá ndeonófar an barántas, a údarú chun bheith ina theannta nó ina teannta agus cabhrú leis nó léi le linn dó nó di na cumhachtaí a thugtar dó nó di leis an mbarántas a fheidhmiú.

(3) Féadfaidh oifigeach don údarás iomchuí aon ní a choinneáil, ar ní é a bheidh urghafa faoin alt seo agus a gcreideann sé nó sí gur fianaise é ar aon chion nó aon chion amhrasta faoi na *hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 2009*, nó faoi na *hAchtanna Craolacháin (Cionta) 1968 go 2009*, lena úsáid mar fhianaise in imeachtaí i ndáil le haon chion den sórt sin, go ceann cibé tréimhse is réasúnach ó dháta na hurghabhála nó, má thionscnaítear imeachtaí ina mbeidh an ní a urghabhadh amhlaidh ag teastáil lena úsáid i bhfianaise, go dtí go mbeidh deireadh leis na himeachtaí.

(4) Déanfaidh an t-údarás iomchuí, a luaithe is féidir tar éis aon imeachtaí a bheith críochnaithe, aon ní a urghabhadh agus a coinníodh faoin alt seo, a sheachadadh ar an duine arb é nó í a úinéir, mura rud é—

(*a*) go gcinnfidh an t-údarás iomchuí nach féidir leis a fháil amach cé leis nó cé léi an ní, agus sa chás sin beidh feidhm ag an *Police (Property) Act 1897* maidir leis an ní a urghabhadh agus a coinníodh amhlaidh, nó

(*b*) go mbeadh de thoradh ar an seachadadh sin go ndéanfaí sárú ar na *hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 2009* nó ar na *hAchtanna Craolacháin (Cionta) 1968 go 2009*, agus sa chás sin beidh feidhm ag an *Police (Property) Act 1897* maidir leis an ní a urghabhadh agus a coinníodh amhlaidh amhail is nárbh fhéidir leis an údarás iomchuí a fháil amach cé leis nó léi an ní.

(5) (*a*) Aon duine a dhéanann, trí ghníomh nó neamhghníomh, bac nó cosc a chur ar oifigeach don údarás iomchuí nó ar chomhalta den Gharda Síochána nó ar aon duine eile le linn dó nó di cumhacht a bheidh tugtha le barántas cuardaigh arna eisiúint faoin alt seo a fheidhmiú, déanann sé nó sí cion.

(*b*) Aon duine a dhéanann, le hintinn bac nó cosc a chur ar oifigeach don údarás iomchuí nó ar chomhalta den Gharda Síochána nó ar aon duine eile le linn

dó nó di cumhacht a bheidh tugtha le barántas cuardaigh arna eisiúint faoin alt seo a fheidhmiú, aon ní a shuíomh, a thógáil, a shuiteáil, a choimeád nó a choinneáil, déanann sé nó sí cion.

(*c*) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin bhfo-alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.

Rialacháin maidir le raidió-theileagrafaíocht i longa agus in aerárthaí.

9.—(1) Féadfaidh an t-údarás iomchuí rialacháin a dhéanamh maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas, is é sin le rá:

(*a*) ceangal a chur ar oibritheoirí agus ar dhaoine eile a bhíonn ag gabháil d'oibriú gairis le haghaidh raidió-theileagrafaíochta—

(i) ar gach long nó ar aon long atá cláraithe faoin Acht Loingis Thráchtála 1955, nó

(ii) ar gach aicme nó ar aon aicme long nó soithí a bhíonn ag loingsiú nó ag oibriú sa Stát,

deimhnithe inniúlachta a shealbhú;

(*b*) ceangal a chur ar oibritheoirí agus ar dhaoine eile a bhíonn ag gabháil d'oibriú gairis le haghaidh raidió-theileagrafaíochta ar gach aicme nó ar aon aicme aerárthaí atá ar úinéireacht nó ar léas ag daoine sa Stát deimhnithe inniúlachta a shealbhú;

(*c*) deonú agus athnuachan na ndeimhnithe inniúlachta sin, na téarmaí agus na coinníollacha ar a ndeonófar na deimhnithe sin, agus na cáilíochtaí a bheidh ag daoine dá ndeonófar na deimhnithe sin agus na scrúduithe agus na tástálacha eile faoina rachaidh siad;

(*d*) ré, cúlghairm agus fionraí deimhnithe inniúlachta a bheidh arna ndeonú faoi na rialacháin;

(*e*) bailíocht, ré, athnuachan, cúlghairm, agus fionraí deimhnithe inniúlachta a bheidh arna ndeonú ar shlí seachas faoi na rialacháin cibé acu ag an údarás iomchuí nó ag aon duine eile;

(*f*) na táillí a mhuirearófar as aon deimhnithe inniúlachta den sórt sin a dúradh a dheonú agus a athnuachan nó i dtaca leis an gcéanna agus bailiú agus diúscairt na dtáillí sin;

(*g*) rialáil agus rialú ar thráthanna agus ar mhodh oibre gairis le haghaidh raidió-theileagrafaíochta i longa atá cláraithe faoin Acht Loingis Thráchtála 1955 agus, le linn dóibh a bheith sa Stát, longa atá cláraithe lasmuigh den Stát agus longa agus soithí eile neamhchláraithe;

(*h*) rialáil agus rialú ar thráthanna agus ar mhodh oibre gairis le haghaidh raidió-theileagrafaíochta in aerárthaí atá ar úinéireacht nó ar léas ag daoine sa Stát agus, le linn dóibh a bheith sa Stát nó os a chionn nó ina uiscí teorann nó os a gcionn, aerárthaí nach bhfuil ar úinéireacht amhlaidh;

(*i*) éifeacht a thabhairt d'fhorálacha aon choinbhinsiúin idirnáisiúnta i ndáil le raidió-theileagrafaíocht a bheidh déanta ag an Rialtas agus comhlíonadh na bhforálacha sin a áirithiú (ach amháin a mhéid a bhaineann an céanna le longa nach bhfuil feidhm ag an alt seo ná ag rialacháin a dhéantar faoi maidir leo).

(2) Féadfar, le rialacháin a dhéanfar faoin alt seo—

(*a*) a fhoráil go mbeidh briseadh nó sárú aon rialacháin shonraithe den sórt sin ina chion, agus

(*b*) i ndáil le ciontuithe ar díotáil i leith ciona den sórt sin, a fhoráil go bhféadfaidh an chúirt a chiontóidh an cosantóir a ordú go bhforghéillfear leas an chosantóra, cibé acu mar úinéir nó ar shlí eile, i ngach gaireas nó in aon ghaireas ar deimhin leis an gcúirt go bhfuil briseadh nó sárú aon rialacháin shonraithe den sórt sin déanta ina leith nó dá bhíthin.

(3) (*a*) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh de 21 lá suí tar éis an lae ar leagadh rialachán faoina bhráid de réir mhír (*a*), rún a rith ag neamhniú an rialacháin.

(*c*) Tiocfaidh neamhniú rialacháin faoi mhír (*b*) in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin rialachán roimh an rún a rith.

(4) Aon duine a bheidh ciontach i gcion mar gheall ar bhriseadh nó sárú rialacháin a bheidh sonraithe, de bhua mhír (*a*) d'fho-alt (2), i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.

(5) Chun críocha an ailt seo—

(*a*) meastar long a bheith ag loingsiú nó ag oibriú sa Stát má choimeádtar í in uiscí na hÉireann de ghnáth (de réir bhrí alt 2 den Acht um Shábháilteacht Mhuirí 2005), agus

(*b*) meastar aerárthach a bheith ar úinéireacht nó ar léas ag duine sa Stát más rud é, agus más rud é amháin, go bhfuil sé ar úinéireacht nó ar léas ag duine—

(i) i gcás pearsan aonair, a bhfuil a áit chónaithe aige nó a háit chónaithe aici sa Stát, nó

(ii) i gcás comhlachais, cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) nó comhlachta eile (cibé acu corpraithe nó neamhchorpraithe), a bhfuil a phríomhoifig aige nó a príomhoifig aici sa Stát.

(6) San alt seo, ciallaíonn 'údarás iomchuí'—

(*a*) i ndáil le gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta ar longa nó ar shoithí eile, an tAire Iompair, agus

(*b*) i ndáil le gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta ar aerárthaí, an Coimisiún.